# MEASÚNÚ STRAITÉISEACH COMHSHAOIL
# DO
# PHLEAN FORBARTHA CONTAE CHIARRAÍ
# 2009-2015

## TUARASCÁIL CHOMHSHAOIL

**Ullmhaithe do:**

Comhairle Contae Chiarraí
Áras an Chontae
An Ráth Teas
Trá Lí
Co. Chiarraí

**Ullmhaithe ag:**

Fehily Timoney & Co
Core House
Bóthar an Phoill Dhuibh
An Tóchar
Corcaigh

**Bealtaine 2008**

# MEASÚNÚ STRAITÉISEACH COMHSHAOIL
# DO
# PHLEAN FORBARTHA CONTAE CHIARRAÍ

# 2009-2015

# TUARASCÁIL CHOMHSHAOIL

**Tá an tÚsáideoir Freagrach as Stádais Athbhreithnithe an Doiciméid Seo a Sheiceáil**

| Uimh. Athbh. | Cur síos ar na hathruithe | Ullmhaithe ag: | Seiceáilte ag: | Faofa ag: | Dáta: |
|---|---|---|---|---|---|
| B | Dréacht Eisiúint Cheisteanna Caibidil 1 – 5 don chliant | DE | | | 21.05.2008 |

*Cliant:* Comhairle Contae Chiarraí

*Eochairfhocail:* Plean Forbartha Contae Chiarraí, Measúnú Straitéiseach Comhshaoil, Tuarascáil um Thionchar ar an gComhshaol

*Sliocht:* Tuarascáil Comhshaoil ullmhaithe ag Fehily Timoney & Co do Phlean Forbartha Contae Chiarraí 2009 - 2015

# CLÁR

## LEATHANACH


**1. RÉAMHRÁ AGUS CÚLRA MSC ..... 108**

1.1 RÉAMHRÁ AGUS TÉARMAÍ TAGARTHA.....108

1.2 SAINMHÍNIÚ AGUS RÓL MSC .....109

1.3 REACHTAÍOCHT AGUS TREOIRLÍNTE .....109

1.4 PRÓISEAS MSC.....110

1.5 ATHBHREITHNIÚ AR CHOMHTHÁTHÚ AN PHLEAN FORBARTHA CONTAE AGUS MSC .....110

**2. MODHEOLAÍOCHT MSC ..... 113**

2.1 RÉAMHRÁ.....113

2.2 SCÓIPEÁIL: .....113

2.3 MODHEOLAÍOCHT NA TUARASCÁLA COMHSHAOIL .....114

2.4 DEACRACHTAÍ AR A DTÁNGTHAS .....115

**3. PRÓISEAS AN MSC DOICIMÉID, STRAITÉISÍ AGUS TREOIRLÍNTE POLASAÍ ÁBHARTHA NÁISIÚNTA AGUS IDIRNÁISIÚNTA..... 116**

3.1 RÉAMHRÁ.....116

3.1 DOICIMÉID POLASAÍ NÁISIÚNTA .....117

3.1.1 AN STRAITÉIS NÁISIÚNTA SPÁSÚLACHTA.....117

3.1.2 AN CLÁR FORBARTHA NÁISIÚNTA 2007-2013 .....117

3.1.3 IOMPAR 21 .....118

3.1.4 TREOIRLÍNTE UM PLEANÁIL RÉIGIÚNACH .....118

3.1.5 PLEANANNA FORBARTHA CONTAE AGUS CATHRACH.....118

3.1.6 PLEANANNA CEANTAIR ÁITIÚLA .....119

3.1.7 FORBAIRT INBHUANAITHE: STRAITÉIS D'ÉIRINN.....119

3.1.8 AG DÉANAMH FORBAIRT NA HÉIREANN INBHUANAITHE: ATHBHREITHNIÚ, MEASÚNÚ AGUS GNÍOMH SA TODHCHAÍ .....119

3.1.9 STRAITÉIS NÁISIÚNTA AR ATHRÚ AERÁIDE 2007-2012 .....120

3.1.10 PÁIPÉAR BÁN RIALTAIS – SOLÁTHAR TODHCHAÍ INBHUANAITHE FUINNIMH D'ÉIRINN .....120

3.1.11 PLÉPHÁIPÉAR – STRAITÉIS LE HEISILTIGH TRASTEORANN TRUAILLITHE AEIR 2010 A LAGHDÚ 121
3.1.12 CLÁR NÁISIÚNTA D'ÉIRINN AR THRUAILLITHEOIRÍ TRASTEORANN - UASDÁTÚ AGUS ATHBHREITHNIÚ ....121
3.1.13 PLEAN NÁISIÚNTA BITHÉAGSÚLACHTA (2002) ....122
3.1.14 ATHBHREITHNIÚ EATRAMHACH AR AN BPLEAN NÁISIÚNTA BITHÉAGSÚLACHTA ....122
3.1.15 TREOIRLÍNTE BAINISTÍOCHTA FORBARTHA (RCORA, 2007) ....122
3.1.16 TREOIRLÍNTE AR CHOSAINT OIDHREACHTA AILTIREACHTA ....122
3.1.17 TREOIRLÍNTE D'ÚDARÁIS PHLEANÁLA – FORBAIRT FUINNIMH GHAOITHE ....123
3.1.18 TREOIRLÍNTE AR DHLÚS CÓNAITHE ....123
3.1.19 TREOIRLÍNTE AR PHLEANÁIL MIONDÍOLA ....124
3.1.20 TREOIRLÍNTE AR THITHÍOCHT INBHUANAITHE TUAITHE ....124
3.1.21 TREOIRLÍNTE AR AERÓGA TELECHUMARSÁIDE AGUS STRUCHTÚIR THACAÍOCHTA ....124
3.1.22 TREOIRLÍNTE AR CHAIRÉIL AGUS GHNÍOMHAÍOCHTAÍ COIMHDEACHA ....125
3.1.23 TREOIRLÍNTE AR CHAIGHDEÁIN DEARTHA D'ÁRASÁIN NUA ....125
3.1.24 SEACHADADH TITHE, BHUANÚ POBAL ....125
3.1.25 FORBAIRT INBHUANAITHE CÓNAITHE I GCEANTAIR UIRBEACHA – DRÉACHT-THREOIRLÍNTE126
3.1.26 STAIDÉAR NÁISIÚNTA UM FUÍOLLUISCE UIRBEACH ....126
3.1.27 AG ATHRÚ ÁR MBEALAÍ (1998) ....127
3.1.28 COSC AR AGUS ATHCHÚRSÁIL DRAMHAÍOLA: AG SEACHADADH ATHRAITHE ....127
3.1.29 STOCÁIREAMH AGUS GLUAISEACHT AR AGHAIDH ....127
3.1.30 STRAITÉIS NÁISIÚNTA DRAMHAÍOLA IN-BHITHMHILLTE ....128
3.2 PRÍOMH REACHTAÍOCHT EORPACH AGUS DOICIMÉID PHOLASAÍ ....128
3.2.1 TREOIR NA NGNÁTHÓG ....128
3.2.2 TREOIR MAIDIR LE HÉIN ....129
3.2.3 TREOIR UM CHREATCHLÁR UISCE ....129
3.2.4 TREOIR UM FHUÍOLLUISCE UIRBEACH ....130
3.2.5 TREOIR NÍOTRÁITÍ ....130
3.2.6 TREOIR AR DHRAMHAÍL ....130
3.2.7 TREOIR UM LÍONADH TALÚN ....131
3.2.8 COINBHINSIÚN NA HEORPA UM CHOSAINT NA HOIDHREACHTA SEANDÁLAÍOCHTA ....131
3.2.9 COINBHINSIÚN *GRANADA* UM CHOSAINT OIDHREACHTA AILTIREACHTA NA HEORPA ....131
3.2.10 COINBHINSIÚN TÍRDHREACHA NA HEORPA ....132
3.2.11 COINBHINSIÚIN IDIRNÁISIÚNTA AGUS CONARTHAÍ ....132

3.2.12 CLÁR 21 ..... 132
3.2.13 PRÓTACAL KYOTO ..... 133
3.2.14 PLEAN FEIDHMIÚCHÁIN *JOHANNESBURG* ..... 133
3.2.15 COINBHINSIÚN NA NA AR ÉAGSÚLACHT BITHEOLAÍOCHTA ..... 133
3.2.16 COINBHINSIÚN *OSPAR* ..... 134
3.2.17 COINBHINSIÚN ESPOO ..... 134
3.2.18 PRÓTACAL AR MHEASÚNÚ STRAITÉISEACH COMHSHAOIL (MSC) ..... 134
3.2.19 COINBHINSIÚN EOECNA MAIDIR LE COSAINT CULTÚIR AGUS OIDHREACHTA NÁDÚRTHA AN DOMHAIN 135

**4. ACHOIMHRE DE PHLEAN FORBARTHA CONTAE CHIARRAÍ 2009 - 2015 .... 136**

4.1 RÉAMHRÁ ..... 136
4.2 ÁBHAR AGUS CUSPÓIRÍ PLEAN FORBARTHA CONTAE CHIARRAÍ ..... 136
4.3 GNÍOMHARTHA STRAITÉISEACHA PLEANÁLA DON TODHCHAÍ ..... 139
4.3.1 RÉAMHRÁ ..... 139
4.3.2 STRAITÉIS NÁISIÚNTA SPÁSÚLACHTA (SNS) 2000 - 2020 ..... 139
4.3.3 AN CLÁR FORBARTHA NÁISIÚNTA 2007-2013 ..... 139
4.3.4 TREOIRLÍNTE PLEANÁLA RÉIGIÚNACHA DO RÉIGIÚN AN IAR-DHEISCIRT 2004 - 2010 ..... 139
4.4 SUÍOMH AGUS NÁDÚR NA FORBARTHA MOLTA LE LINN SHAOLRÉ AN PHLEAN. ..... 141
4.4.1 PROIFÍL DAONRA ..... 141
4.4.2 TITHÍOCHT ..... 142
4.4.3 AN STRAITÉIS LONNAÍOCHTA ..... 142
4.5 CUSPÓIRÍ COSANTA COMHSHAOIL ..... 143

**5. MEASÚNÚ AR THIONCHAR STRAITÉISEACH COMHSHAOIL PHLEAN FORBARTHA CONTAE CHIARRAÍ ..... 145**

5.1 RÉAMHRÁ ..... 145
5.2 MEASÚNÚ BUNLÍNE ..... 145
5.3 TÁSTÁIL SHUNTASACH ..... 145
5.4 BEARTAIS MAOLAITHEACHA ..... 146
5.5 CUSPÓIRÍ COMHSHAOIL, SPRIOCANNA AGUS TÁSCAIRÍ ..... 146
5.6 FORBAIRT CHUSPÓIRÍ MSC ..... 146
5.7 COMHOIRIÚNACHT INMHEÁNACH CHUSPÓIRÍ MSC ..... 146
5.7.1 FORBAIRT CHUSPÓIRÍ COMHSHAOIL, SPRIOCANNA AGUS TÁSCAIRÍ ..... 146

5.8 CLÁR MONATÓIREACHTA ..... 146
5.9 MEASÚNÚ STRAITÉISEACH COMHSHAOIL ..... 146

**GLUAIS ..... 146**

**7. MEASÚNÚ AR THIONCHAR AN PHLEAN FORBARTHA CONTAE AR AN GCOMHSHAOL UISCEACH ..... 146**

7.1. RÉAMHRÁ ..... 146
7.2. MEASÚNÚ BHONNLÍNE ..... 146
7.3. FORBAIRT AR CHUSPÓIRÍ COMHSHAOIL, AR SPRIOCANNA AGUS AR THÁSCAIRÍ DON TIMPEALLACHT UISCEACH ..... 146
7.4. MEASÚNÚ AR THIONCHAIR SUNTASACHA IS DÓICHÍ A BHEIDH AG AN BPLEAN AR AN TIMPEALLACHT UISCEACH ..... 146
7.5. CÉIMEANNA MAOLAITHE CHUN LAGHDÚ / DEIREADH A CHUR LE TIONCHAIR AN PHLEAN AR AN TIMPEALLACHT UISCEACH ..... 146
7.6. CLÁR MONATÓIREACHTA D'UISCE ..... 146
*1.1.1. Airgeadas ..... 146*

---

## LIOSTA NA bhFIGIÚIRÍ

---

**LEATHANACH**

FIGURE 1.1 STUDY AREA LOCATION ..... **ERROR! BOOKMARK NOT DEFINED.**

---

## LIOSTA NA dTÁBLAÍ

# LEATHANACH

# 1. RÉAMHRÁ AGUS CÚLRA MSC

## 1.1 Réamhrá agus Téarmaí Tagartha

Is é seo an Tuarascáil Chomhshaoil do Mheasúnú Straitéiseach Comhshaoil (MSC) Dhréacht-Phlean Forbartha Contae Chiarraí (2009-2015). Is í an aidhm dó na mór-thionchair a d'fhéadfadh a bheith ag an bplean molta ar chomhshaol Chontae Chiarraí le linn shaolré an Phlean, a leagan amach. Aithníonn an tuarascáil seo mór-thionchair comhshaoil an phlean seo ar an gcomhshaol agus pléann sé beartais maolaitheachta chun na tionchair seo a laghdú. Ba chóir féachaint ar an bplean seo i gcomhar le dréacht-Phlean Forbartha Contae Chiarraí.

Leantar próiseas MSC faoi réir reachtaíochta agus treoirlínte náisiúnta chun bainistíocht phleanála agus chomhshaoil a fheabhsú i gContae Chiarraí.

Fehily Timoney agus Co Teo., Comhairleoirí Comhshaoil agus Innealtóireachta, Core House, Bóthar an Phoill Dhuibh, An Tóchar, Corcaigh, an MSC a reáchtáil agus a d'ullmhaigh an tuarascáil seo, thar ceann Chomhairle Contae Chiarraí. Déantar tagairt do Fehily Timoney agus Co Teo mar FTC sa tuarascáil seo.

Rachaidh an Tuarascáil Chomhshaoil seo ar taispeáint phoiblí in éineacht leis an Dréachtplean Forbartha Contae. Déanfar athbhreithniú ar aighneachtaí a fhaightear le linn na tréimhse comhairliúcháin seo, agus déanfar measúnú ar thionchar comhshaoil na n-aighneachtaí seo ar an gcomhshaol, más ann dóibh. Déanfar an Tuarascáil Chomhshaoil a leasú dá réir agus ullmhófar aguisín.

Cuirfear é seo ar taispeáint don phobal le linn an dara tréimhse comhairliúcháin. Ar an gcuma chéanna, déanfar measúnú ar aighneachtaí sa bhreis a fhaightear le linn an dara tréimhse comhairliúcháin agus ullmhófar an dara aguisín don Tuarascáil Chomhshaoil. Ar deireadh, nuair a ghlactar leis an bPlean Forbartha Contae, foilseofar an Tuarascáil Chomhshaoil agus an t-aguisín. Beidh tuarascáil neamhtheicniúil agus Ráiteas MSC leis an tuarascáil seo.

Tá MSCanna ar leith á n-ullmhú do Phleananna Ceantair Áitiúla Lios Tuathail, Chill Airne agus Thrá Lí in 2008 agus in 2009.

## 1.2 Sainmhíniú agus Ról MSC

Is próiseas córasach é Measúnú Straitéiseach Comhshaoil do thuar, measúnú agus maolaitheacht, ag an gcéim iomchuí is luaithe, na tionchair chomhshaoil ag pleananna nó cláir náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla sula nglactar leo. Is í an aidhm atá leis ná deis a thabhairt don phobal agus do pháirtithe eile leasmhara a dtuairimí a nochtadh, agus a bheith coiméadta ar an eolas maidir le cinntí faoi Phlean Forbartha agus conas a rinneadh iad. Ceadaíonn sé comhtháthú breithniúcháin comhshaoil ag staid luath i ndéanamh cinntí comhshaoil.

Déanfear cruth agus suíomh forbartha i gContae Chiarraí a chinneadh trí fheidhmiúchán an Phlean Forbartha Contae. Tríd an bPlean a bheith faoi réir MSC, beifear ábalta forbairt a threorú i dtreo na n-áiteanna a n-oireann sé dóibh agus go bhfuil úsáid talún a oireann d'fhorbairt agus chuig timpeallachtaí glactha láidre.

## 1.3 Reachtaíocht agus Treoirlínte

Is próiseas riachtanach de chuid Dlí na hEorpa é an MSC. Tá sé rialaithe ag Treoir 2001/42/EC ar Measúnú Éifeachtaí Pleananna agus Cláir Áirithe ar an gComhshaol. Tugadh an Treoir isteach i ndlí pleanála um úsáid talún na hÉireann trí na Rialacháin Pleanála agus Forbartha (Measúnú Straitéiseach Comhshaoil) 2004 (S.I. Uimhir. 436 de 2004). Déanann na Rialacháin Pleanála agus Forbartha 2001 a leasú chun an próiseas MSC a thabhairt isteach i bpleanáil úsáide-talún. 'Na Rialacháin MSC' a thabharfar orthu sa Tuarascáil Chomhshaoil. Tá gá le MSC nuair atá Pleananna Forbartha Contae á gcur le chéile

Úsáideadh na foinsí treorach seo a leanas le linn na Tuarascálacha Comhshaoil a bheith á n-ullmhú agus le linn an phróisis fhoriomlán MSC do Phlean Forbartha Contae Chiarraí.

- An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúíl, Cur i bhfeidhm na treorach MSC (2001/42/EEC) Measúnú ar Éifeachtaí Pleananna agus Cláir Áirithe ar an gComhshaol, Treoracha chuig Údaráis Réigiúnacha agus Údaráis phleanála ar chur i bhfeidhm an Treoir (2004)
- Forbairt Modheolaíochtaí ar Mheasúnú Straitéiseach Comhshaoil (MSC) do Phleananna agus Cláir in Éirinn, Tuarascáil Sintéis, An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (2003)
- Measúnú Comhshaoil ar Phleananna Forbartha, Comhairle Eatramhach Pleanála, *Scottish Executive Social Research*, Lúnasa 2003.
- **An Ghníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil**, seicliosta próisis MSC (Dréacht) (2008)

## 1.4 Próiseas MSC

I gcomhthéacs táirge Plean Forbartha, tá próiseas an MSC comhdhéanta de na príomhchéimeanna seo a leanas:

- **Scagadh:** Chun a dhéanamh amach cad iad na pleananna agus cláir a mbeidh tionchar suntasach acu ar an gcomhshaol
- Scóipeáil: Teagmháil a dhéanamh le comhairleoirí reachtúla chun príomhcheisteanna buartha go mba chóir déileáil leo a aithint sa mheasúnú comhshaoil den Phlean Forbartha
- Measúnú: tá torthaí an mheasúnaithe anseo ar na héifeachtaí suntasacha ar an gcomhshaol i gcur i bhfeidhm an Plean agus déanann sé cur síos ar na beartais monatóireachta ar na príomhéifeachtaí a aithníodh
- Comhairliúchán: Chun aighneachtaí a cheadú ón bpobal agus páirtithe leasmhara don Dréachtplean agus aon Tuarascálacha Comhshaoil a bhaineann leis
- Ráiteas MSC Chun a aithint conas atá breithniúcháin agus comhairliúcháin comhshaoil comhtháite sa Phlean Forbartha Contae deiridh.

## 1.5 Athbhreithniú ar chomhtháthú an Phlean Forbartha Contae agus MSC

Ullmhaíodh an Tuarascáil Chomhshaoil seo comhuaineach leis an athbhreithniú ar an bPlean Forbartha Contae, a deineadh idir Aibreán agus Bealtaine 2008. Baineadh amach

comhtháthú an MSC agus an t-athbhreithniú trí dhlúth idirchaidreamh idir foireann ag soláthar an MSC agus an Plean Forbartha féin. Ina measc bhí príomhchéimeanna an chuimsithe, athbhreithniú an suímh reatha i gContae Chiarraí agus measúnú cuspóirí Phlean Forbartha an Chontae. Beidh sonraí iomlána maidir le conas a rinneadh comhtháthú ar an MSC agus próiseas déanta an phlean sa ráiteas deiridh den MSC a fhoilseofar ag deireadh an phróisis seo.

Rinneadh teagmháil leis na heagraíochtaí seo a leanas le linn próisis scóipeála na Tuarascála Comhshaoil:

**Comhairleoirí Reachtúla**

- An Ghníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil
- Aonad Forbairt Iarratas**,** An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil
- An tAonad Comhordaithe, An Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha

**Comhairleoirí Neamh-Reachtúla**

- Rannóg na dTuillte, Oifig na nOibreacha Poiblí
- Bord Iascaigh an Iar Dheiscirt
- Comhairle Contae Chorcaí
- Comhairle Contae an Chláir
- Comhairle Contae Luimnigh
- Ceantar Abhantrachta an Iar Dheiscirt
- Ceantar Abhantrachta na Sionainne
- Fáilte Ireland:
- An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta

Bhí na daoine seo a leanas ó Chomhairle Contae Chiarraí sa áireamh chomh maith i scóipeáil na tuarascála seo:

- Tom Sheehy, Stiúrthóir Seirbhísí, Comhairle Contae Chiarraí
- Cathy Fisher, Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Contae Chiarraí
- Michael Connolly, Seandálaí, Comhairle Contae Chiarraí
- Maeve Keegan, GIS, Comhairle Contae Chiarraí
- Paul Stack, Innealtóir Sinsearach, An Roinn Pleanála, Comhairle Contae Chiarraí
- Maura Joy, Rannóg Seirbhísí Uisce, Comhairle Contae Chiarraí
- Denis O'Connor, Innealtóir Sinsearach Comhshaoil, Comhairle Contae Chiarraí

- Donal, Murphy, Pleanáil Chun Cinn, Comhairle Contae Chiarraí
- Marguerite Enright, Pleanáil Chun Cinn, Comhairle Contae Chiarraí
- Brian Sweeney, Oibreacha Sheirbhísí Uisce, Innealtóir Sinsearach, Comhairle Contae Chiarraí
- John Breen, Stiúrthóir Pobail agus Fiontair, Stiúrthóir Tithíochta, Comhairle Contae Chiarraí

Chomh maith leis sin, bhuail foireann Fehily Timoney agus Co le Tadhg O'Mahony ó Roinn MSC an ACC chun an próiseas MSC a phlé i gcomhthéacs dréachtphlean Forbartha Contae Chiarraí agus cosaint an chomhshaoil i gCiarraí.

**Figiúir 1.1 Suíomh Ceantair Staidéir**



## 2. MODHEOLAÍOCHT MSC

### 2.1 Réamhrá

Déanann an rannóg seo cur síos ar conas a tugadh faoin MSC do Phlean Forbartha Contae Chiarraí.

Ó rinneadh an tAcht um Pleanáil agus Forbairt a leasú ag Rialacháin MSC, caithfear MSC a dhéanamh mar chuid d'ullmhúchán nó athbhreithniú Phlean Forbartha Cathrach nó Contae.

### 2.2 Scóipeáil:

Éilíonn Rialacháin an MSC go n-ullmhófaí tuarascáil cuimsithe**.** Is í an aidhm atá leis an gcuimsiú ná a chinntiú go n-aithnítear na ceisteanna comhshaoil i dtreo gur féidir déileáil leo go hiomchuí sa Tuarascáil Chomhshaoil.

In Aibreán 2008 ullmhaíodh tuarascáil chuimsithe i gcomhar le Comhairle Contae Chiarraí. Bhí an cuimsiú mar chuid den chomhairliúchán doiciméideach don Phlean Forbartha, a seoladh chuig na comhairleoirí reachtúla agus páirtithe leasmhara eile lena dtuairimí d'fháil. Ina dhiaidh seo, eagraíodh cruinniú scóipeála don tuarascáil chomhshaoil idir FTC agus ionadaithe ó Chomhairle Contae Chiarraí go déanach in Aibreán 2008. Tá torthaí na céime seo leagtha amach i gCaibidil 6 den tuarascáil seo.

B'é toradh na scóipeála ná díriú ar na ceisteanna comhshaoil is mó is dóichí a mbeidh tionchar acu de thoradh feidhmiúchán an Phlean. San áireamh iontu seo tá, ach níl siad teoranta do:

- Caighdeán uisce d'uisce dromchla (aibhneacha agus locha) agus screamhuisce.
- 
- Daonra agus sláinte daonna
- Sócmhainní ábhartha, go háirithe infreastruchtúr reatha agus seirbhísí
- Sócmhainní cultúrtha, seandálaíocht, ailtireacht agus oidhreacht thionsclaíoch san áireamh.

Rinne an próiseas scóipeála breithniú leis ar roghanna, chuspóirí comhshaoil, spriocanna, táscairí agus socruithe monatóireachta an phlean. B'é toradh na scóipeála ná aird agus acmhainní a dhíriú ar na ceisteanna comhshaoil is tábhachtaí faoi bhráid an chontae de thoradh feidhmiúchán an Phlean.

Tá torthaí na scóipeála agus an chomhairliúcháin leagtha amach i gCaibidil 6 den tuarascáil seo.

## 2.3 Modheolaíocht na Tuarascála Comhshaoil

Tá na modheolaíochtaí agus acmhainní a úsáideadh chun bun eolas a bhailiú, roghanna a mheas, cuspóirí, spriocanna, táscairí a fhorbairt agus an measúnú comhshaoil a thabhairt chun críche sonraithe i gCaibidil 5 agus achoimre déanta orthu i dTábla 2.1 thíos. Chomh maith leis sin, déanann Caibidil 6 den Tuarascáil Chomhshaoil seo cur síos ar thús an phróisis chomhairliúcháin.

**Tábla 2.1: Caibidil ábhartha do Phríomhchéimeanna MSC**

| Príomhchéimeanna MSC | Caibidil den Tuarascáil Chomhshaoil |
|---|---|
| 1. Athbhreithniú comhthéascúil chun naisc a aithint le polasaithe idirnáisiúnta agus náisiúnta eile, pleananna ceantair áitiúla agus cláir agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar an bPlean Forbartha. Spriocanna comhshaoil a bheadh ábhartha don Phlean a aithint. | Caibidil 4 |
| 2. Cur síos a dhéanamh ar an mbunlíne comhshaoil, na mórcheisteanna comhshaoil a aithint agus fadhbanna a bheadh le measúnú agus an éabhlóid a d'fhéadfadh a bheith ar an mbunlíne in éagmais athbhreithnithe ar an bPlean | Caibidil 7 - 14 |
| 3. Cuspóirí, spriocanna agus táscairí MSC a aithint, ar a bhféadfaí feidhmiúchán an Plean a thástáil agus bunús monatóireachta a sholáthar | Caibidil 7 - 14 |
| 4.Malairtí a aithint chun déileáil leis na príomhcheisteanna | Caibidil 15 |

| | |
|---|---|
| comhshaoil agus cuspóirí an Phlean a chur i bhfeidhm | |
| 5. Tionchair comhshaoil an Plean a thuar, a mheasúnú agus a mhaolú | Caibidil 7 - 14 |
| 6. Tuarascáil Chomhshaoil a chur le chéile ina mbeadh an t-eolas thuas. | |
| 7. Comhairliúchán: Cinneadh a dheánamh cé leis a raghfaí i gcomhairle, conas tuairimí a fhreagairt agus conas iad a chomhtháthú sa Phlean deiridh. | Caibidil 6 |
| 8. Monatóireacht a dhéanamh ar thionchar comhshaoil feidhmiúchán an Phlean. | Caibidil 7 - 14 |

(Oiriúnaithe ó Therivel, 2004)

## 2.4 Deacrachtaí ar a dtángthas

Éilíonn Rialacháin an MSC go ndéanfaí aon deacrachtaí ar a dtiocfaí le linn ullmhúchán ar an Tuarascáil Chomhshaoil a thaifead. Níor thángthas ar aon mhór-easnaimh eolais go mbeadh mórthionchair acu ar na sonraí a fuarthas nó ceisteanna maidir le maolaitheacht Níor tháinig aon deacrachtaí eile chun solais.

## 3. PRÓISEAS AN MSC DOICIMÉID, STRAITÉISÍ AGUS TREOIRLÍNTE POLASAÍ ÁBHARTHA NÁISIÚNTA AGUS IDIRNÁISIÚNTA

### 3.1 Réamhrá

Sonraíonn roinnt alt difriúla sna Rialacháin Pleanála agus Forbartha 2001 ábhar tuarascáil chomhshaoil atá mar chuid de phróiseas MSC. Déanann siad seo go léir tagairt do Sceideal 2B na Rialacháin, a leagann amach nádúr na riachtanais seo níos grinne. Léiríonn Alt (e) den Sceideal sin nach mór don tuarascáil:

> *Cuspóirí comhshaoil, bunaithe ar leibhéal idirnáisiúnta, Aontais Eorpaigh nó náisiúnta, atá ábhartha don phlean agus an t-slí go bhfuil na cuspóirí seo agus aon bhreithniúcháin comhshaoil curtha san áireamh le linn ullmhúcháin plean.*

Lóisteálfaidh agus achoimreoidh an chéad roinn eile doiciméid polasaí náisiúnta agus idirnáisiúnta, straitéisí agus treoirlínte atá ábhartha do phróiseas an MSC.

Tá formhór na ndoiciméad atá leagtha amach thíos sonraithe in Aguisín C de Threoirlínte MSC an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtas Áitiúil d'Údaráis Áitiúla agus Údaráis phleanála[1]. Tá ábhair ábhartha a foilsíodh le déanaí curtha isteach mar is iomchuí. Tá doiciméid liostáilte in Aguisín C ach go bhfuil doiciméid eile tar éis teacht chun tosaigh orthu ó foilsíodh Treoirlínte MSC in 2004 fágtha ar lár.

Is í aidhm an athbhreithnithe comhthéascúil ná an creatchlár polasaí agus reachtaíochta as a bhforbraítear Plean Forbartha an Chontae a bhreithniú. Ní mór don phlean, ar a laghad, riachtanais comhshaoil na hEorpa agus Náisiúnta a chomhlíonadh. Ní mór do na spriocanna de na pleananna agus polasaithe seo a bhaint amach agus ní féidir leis a bheith i gcomhlint leo.

---

[1] An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtas Áitiúil (2004) Cur i bhfeidhm Treoir MSC (2001/42/EC): Measúnú Éifeachtaí Pleananna agus Cláir Áirithe ar an gComhshaol.Department of the Environment, Heritage and Local Government (2004) Implementation of SEA Directive (2001/42/EC): Assessment of the Effects of Certain Plans and Programmes on the Environment.

## 3.2 Doiciméid Polasaí Náisiúnta

### 3.2.1 An Straitéis Náisiúnta Spásúlachta

Tá an Straitéis Náisiúnta Spásúlachta 2002-2020 (SNS) le creatchlár straitéiseach pleanála 20 bliain a chur ar fáil chun áisiú a dhéanamh ar fhorbairt patrúin shóisialta, eacnamaíochta agus fisiciúil níos cothroime in Éirinn. Freagra díreach ab ea an SNS ar dhlús forbartha i gceantair áirithe d'Éirinn a tharla ar chostas suíomh eile, mar a leanann laige eacnamaíochta. Is é a sprioc ná córas forbartha réigiúnach níos cothroime a chur ar fáil, ag cabhrú le gach ceantar ar fud na tíre a acmhainne iomlán a bhaint amach.

Tá sé ar intinn go ndéanfadh an SNS treoir straitéiseach uas-sraithe a sholáthar a luíonn isteach le déanamh-polasaí ginearálta an rialtais agus isteach i gcreatchlár Pleanála Forbartha réigiúnach agus áitiúil. Tugann an SNS tacaíocht do fhorbairt geatabhealaí réigiúnacha i gCorcaigh, Luimneach/Sionainn, Gaillimh, Port Láirge, Dún Dealgan, Sligeach, Leitir Ceanainn/Doire agus Baile Átha Luain/ an Tulach Mhór/ An Muileann gCearr, ag aithint tionchair chriticiúil agus an gá atá le dlúthú i mór-réigiún Bhaile Átha Cliath. Tá tacaíocht naoi mol le bheith ag na geatabhealaí**:** Béal an Átha/ Caisleán an Bharraigh, An Cabhán, Inis, Cill Chainnigh, Mala, Muineacháin, Trá Lí/Cill Airne, Tuaim agus Loch Garman. Chun na haidhmeanna seo a chur chun cinn, leagann an SNS síos sraith polasaithe maidir le fostaíocht, tithíocht, forbairt tuaithe, rochtain ar sheirbhísí agus caighdeán saoil/comhshaoil.

### 3.2.2 An Clár Forbartha Náisiúnta 2007-2013

Foilsíodh an Clár Forbartha Náisiúnta i mí Eanáir 2007, ag teacht in áit plean 2000-2006. Molann sé infheistíocht de €184 billiún in infreastruchtúr eacnamaíochta agus sóisialta na hÉireann. Neamhchosúil le Clár 2000, a thuar mór mhaoiniú ón AE, taispeánann Clár 2006 gur ó fhoinsí intíre a cuirfear an t-airgead seo ar fáil don chuid is mó. Tá béim ar leith curtha ar easnaimh infreastruchtúir eacnamaíochta agus shóisialta i réimsí mar iompar, fuinneamh, tithíocht, soláthar uisce, oideachas agus sláinte. Tá an t-idirnasc idir CFN agus beartais forbartha réigiúnach sa Straitéis Náisiúnta Spásúlachta ann le cathracha geatabhealaí agus mol bhailte a fhorbairt chun spriocanna fáis eacnamaíochta a bhaint

amach sna réigiún agus soláthar a dhéanamh do mhórinfheistíocht in eacnamaíocht na tuaithe.

### 3.2.3 Iompar 21

Leagann an tionscnamh polasaí seo, a seoladh in 2005, amach conas a chaithfear suim tuartha de €34billiún ar chóras iompair na hÉireann. Clúdaíonn sé bóithre náisiúnta, seirbhísí iarnróid agus busanna agus aerfoirt réigiúnacha. Baineann sé leis an tréimhse ó 2006 go 2016, comhdhéanta de dhá chláir infheistíochta – clár náisiúnta agus clár ar leith do mhórcheantar Bhaile Átha Cliath. Ar cheann dá phríomhspriocanna tá tacú leis an Straitéis Náisiúnta Spásúlachta trí cheangail a fhorbairt idir Mór-Cheantar Bhaile Átha Cliath agus ionaid aitheanta comhdhéanta de gheatabhealaí agus moil an SNS.

### 3.2.4 Treoirlínte um Pleanáil Réigiúnach

Iarrtar go mbeadh An Straitéis Náisiúnta Spásúlachta le feiscint sna Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha (TPR) a chuirfidh na hocht réigiún in Éirinn[2] ar fáil. Feidhmíonn na TPR mar phríomhdhroichead beartais idir thosaíochtaí forbartha náisiúnta agus pleanáil údaráis áitiúil-bhunaithe agus tá siad ann le beartais a chur ar bun a aistríonn ábhar agus tosaíochtaí an SNS isteach ina mbeartais réigiúnacha agus áitiúla. Soláthraíonn na TPR treoir straitéiseach ar leibhéal réigiúnach, ag cabhrú le húdaráis áitiúla i bhfrámáil Pleananna Forbartha Contae, Cathrach agus Ceantair Áitiúil.

### 3.2.5 Pleananna Forbartha Contae agus Cathrach

Thug an tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000 isteach córas níos **céimithe** agus plean-stiúrtha do rialú forbartha, ag eascairt ó straitéisí náisiúnta go pleananna ceantair áitiúla. Is é an Plean Forbartha bunsraith an chórais, ag iompú polasaithe náisiúnta agus réigiúnach ina gcleachtais. Braitheann scála, suíomh, agus nádúr beagnach gach sórt forbartha nua ar chomhthéacs an ábhair sa Phlean Forbartha, agus ní mór go mbeadh comhoiriúnacht leis an bPlean Forbartha ar cheann de na príomh-fhachtóirí i measúnú ar iarratais phleanála.

---

Féach An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtas Áitiúl (2005) Cur i bhfeidhm Treoirlínte Dea Chleachtais Pleanáil Réigiúnach, Feabhra 2005

Seasann Pleananna Forbartha go ceann sé bliana agus ní mór pleananna a cuirtear ina n-áit a chur le chéile faoi réir doiciméad an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtas Áitiúil 2007, Pleananna Forbartha – Treoirlínte d'Údaráis phleanála.

### 3.2.6 Pleananna Ceantair Áitiúla

Tá Pleananna Ceantair Áitiúla (PCA) riachtanach do shuímh le daonra níos mó ná 2,000 duine agus a ainmnítear mar bhailte sa daonáireamh is déanaí. D'fhéadfaí iad a fhorbairt leis do bhailte atá le cur ar láithreán athfhorbraíochta nó láithreán úrnua. Is í aidhm na PCA ná áisiú a dhéanamh ar fhorbairt inbhuanaithe ceantair, sa tslí seo ag seachaint mion-leathnú agus leathnú gan tuiscint agus ag cinntiú go bhfuil an t-infreastruchtúr sóisialta nó fisiciúil lena bhfuil gá á sholáthar in éineacht le forbairt cónaithe. Tá PCA leis ann le heolas pleanála ar aghaidh a chur ar fáil do soláthróirí infreastruchtúir atá iomchuí dá gcláir infheistíochta i soláthar seirbhísí don todhchaí.

### 3.2.7 Forbairt Inbhuanaithe: Straitéis d'Éirinn

Leagann Straitéis Forbairt Inbhuanaithe na hÉireann 1997, ina bhfuil breis is 200 leathanach, creatoibre straitéiseach amach do gach ceann de phríomhchatagóirí eacnamaíochta na hÉireann. Is í príomhaidhm an doiciméid seo – go bhfuil tógtha air ag roinnt doiciméad polasaí eile náisiúnta pléite sa rannóg seo – ná forbairt inbhuanaithe a bhaint amach trí fhás eacnamaíochta a chothromú le tiomantas leanúnach i gcur chun cinn caighdeáin chomhshaoil.

### 3.2.8 Ag déanamh forbairt na hÉireann inbhuanaithe: Athbhreithniú, Measúnú agus Gníomh sa Todhchaí

Ag déanamh forbairt na hÉireann inbhuanaithe: Foilsíodh Athbhreithniú, Measúnú agus Gníomh sa Todhchaí mar chuid de ionchur na tíre ag Cruinniú Mullaigh ar Forbairt Inbhuanaithe in 2002. Tógann sé ar thuarascáil 1997, Forbairt Inbhuanaithe. Straitéis d'Éirinn, agus é mar aidhm prionsabail na forbartha inbhuanaithe a lárnú níos mó mar thoradh ar dhúshláin chomhshaoil náisiúnta lena bhfuil ceangal le fás eacnamaíochta. Tá athbhreithniú déanta ar an dul chun cinn go dáta ón gCruinniú Mullaigh, agus tá anailís déanta ar impleachtaí na ndúshlán comhshaoil náisiúnta agus idirnáisiúnta reatha, le sraith

tosaíochtaí do pholasaithe forbartha inbhuanaithe a leagan amach don tréimhse go dtí 2010.

### 3.2.9 Straitéis Náisiúnta ar Athrú Aeráide 2007-2012

Forbraíonn an Straitéis Náisiúnta ar Athrú Aeráide 2007-2012 ar Straitéis Athrú Aeráide 2000, ag cur san áireamh an t-athbhreithniú in *Ireland's Pathway to Kyoto Compliance (2006)*. Is é a aidhm ná a thaispeáint conas a bhainfidh Éire amach a thiomantais Kyoto 2008-2012 and bearta eile polasaí lena bhfuil gá a aithint don tréimhse ó 2012 agus i ndiaidh 2020.

Taispeánann an Straitéis, rannóg ar rannóg, conas a bhainfear amach tiomantas 2008-2012 trí raon beartas reatha agus beartais bhreise, beartais le chéile a laghdóidh astuithe gáis cheaptha teasa na hÉireann cothrom le os cionn 17 milliún tonna de charbón dé-ocsaíd. Don tréimhse ó 2012 go 2020, déanann an Straitéis cur síos ar roinnt slite ar conas freagra a thabhairt ar thiomantas an AE le astuithe gáis cheaptha teasa a laghdú ar a laghad 20% de leibhéal 1990.

### 3.2.10 Páipéar Bán Rialtais – Soláthar Todhchaí Inbhuanaithe Fuinnimh d'Éirinn

Déileálann an doiciméad seo, dár fo-theideal Creatchlár Polasaí Fuinnimh 2007-2020, le conas mar a fhreagraíonn Éirinn do cheisteanna soláthar idirnáisiúnta fuinnimh i gcomhthéacs dianteorann ar sholáthar bhreosla dúchasach**.** Leagann an Páipéar Bán amach sraith spriocanna straitéiseacha, ag aithint go n-allmhairítear 90% den fhuinneamh reatha. San áireamh iontu seo tá gníomhartha maidir le slandáil soláthar fuinnimh, ar a bhfuil mar thosaíocht ach go háirithe, forbairt breis idir-ceangail leictreach le tíortha eile Eorpacha. San áireamh sna beartais eile tá dearbhú éagsúlachta breosla, uasghrádú gréasáin traschuir náisiúnta, ag spreagadh taiscéalaíochta agus pleanála teagmhasach maidir leis an bhféidearthacht go gcuirfí isteach ar sholáthar fuinnimh. Téama eile ná solathar agus úsáid fuinnimh inbhuanaithe, le polasaithe molta chun déileáil le hathrú aeráide agus éifeacht fuinnimh. Maidir le húsáid breoslaí inathnuaite, moltar ionchur uaillmhianach de 33% do ghiniúint leictreachais faoi 2020.

### 3.2.11 Plépháipéar – Straitéis le hEisiltigh Trasteorann Truaillithe Aeir 2010 a laghdú

Leagann Plé Pháipéar 2003 an Rialtais le déanamh de réir Uasmhéid Eisiltigh Náisiúnta, ar a dtugtar Straitéis le hEisiltigh Trasteorann Truallaithe a Laghdú faoi 2010, amach conas mar atá sé beartaithe ag Éire a tiomantas maidir le laghdaithe a bhaint amach faoi 2010, ar na ceithre thruaillitheoir aeir trasteorainn. Éileamh is ea é nítrigín ocsaíd, comhdhúl orgánach soghalaithe, amóinia agus dé-ocsaíd sulfair ag Prótacal *Gothenburg* 1999, toisc go gcuireann na truaillitheoirí seo le aigéadú réigiúnach, eotrafú, agus truailliú aeir áitiúil trasna na hEorpa. Is tiomantas é seo atá sa bhreis ar gheallúintí ar leithligh maidir le Prótacal Kyoto. Deánann an Plé Doiciméad athchoimre ar oibleagaidí na hÉireann don am faoi láthair agus don todhchaí, ag déanamh anailíse ar an acmhainn le heisiltigh a laghdú i gcomhthéacs costas eacnamaíochta agus buntáistí na mbeartas riachtanacha. Tagann an páipéar chun tátail gur dúshlán a bheidh i dteacht ar spriocanna nítrigín ocsaíd agus comhdhúl orgánach soghalaithe, agus spriocanna amóinia agus dé-ocsaíd sulfair á mbaint amach gan mórán stró.

### 3.2.12 Clár Náisiúnta d'Éirinn ar Thruaillitheoirí Trasteorann - Uasdátú agus Athbhreithniú

Leagann, Nuashonrú agus Athbhreithniú Chlár Náisiúnta d'Éirinn faoi Alt 6(3) de Threoir 2001/81/EC ar son laghdaithe leanúnacha Náisiúnta ar Astuithe Truaillitheoirí Trasteorainn faoi 2010, foilseacháin 2007 amach dul chun cinn na hÉireann i laghdú ceithre thruaillitheoir trasteorann aeir. nítrigín ocsaíd, comhdhúl orgánach soghalaithe, amóinia agus dé-ocsaíd sulfair. Tá doicimeádú déanta ar laghdaithe suntasacha earnálacha ginte cumhachta, iompair agus talmhaíochta agus tuartha measta go leanfaidh eisiltigh na gceithre thruaillitheoir ag titim sa tréimhse suas go 2010 agus ina dhiaidh sin. Feictear go bhfuil Éire ag déanamh de réir na dtreoirlínte, ach amháin do nítrigín ocsaíd. Luaitear, áfach, go bhfuil gá le breis beartais lena chinntiú go dtarlaíonn an laghdú atá riachtanach in nítrigín ocsaíd de réir dlí an AE.

### 3.2.13 Plean Náisiúnta Bithéagsúlachta (2002)

Seoladh Plean Náisiúnta Bithéagsúlachta na hÉireann in Aibreán 2002, a ullmhaíodh mar fhreagra ar Choinbhinsiún na NA ar an Éagsúlacht Bitheolaíochta. Leagann an plean amach creatoibre caomhnaithe agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta thar tréimhse cúig bliana. Tá 91 gníomh sonrach i measc a chúig théama agus rannóg déag chun na spriocanna seo a chur chun cinn.

### 3.2.14 Athbhreithniú Eatramhach ar an bPlean Náisiúnta Bithéagsúlachta

Seoladh Athbhreithniú Eatramhach ar an bPlean Náisiúnta Bithéagsúlachta i mí na Samhna 2005. Leagann an t-athbhreithniú amach an dul chun cinn atá déanta maidir leis na 91 gníomh den chéad Phlean Náisiúnta Bithéagsúlachta. San iomlán, fuarthas go raibh 23 gníomh curtha i bhfeidhm, le cur i bhfeidhm 60 ceann eile ar siúl fós. Fuarthas go raibh ocht ngníomh nach raibh mórdhul chun cinn déanta leo.

### 3.2.15 Treoirlínte Bainistíochta Forbartha (RCORA, 2007)

Foilsíodh Bainistíocht Forbartha – Treoirlínte d'Údaráis phleanála i mí an Mheithimh 2007, ag teacht in áit 'an leabhair buí' a bhí ann roimhe ar a tugadh Comhairle agus Treoirlínte Smachtú Forbartha a heisíodh in 1982. Tá na treoirlínte seo ábhartha do gach sórt iarratas pleanála, é ar intinn cabhrú le foireann theicniúil agus riaracháin na n-údarás pleanála araon, chomh maith le hiarratasóirí agus a gcomhairleoirí, ar fheidhmiú an phróiseas pleanála. Tá siad ann leis chun dea-chleachtais a chur chun cinn taobh istigh d'údaráis phleanála. Díríonn Bainistíocht Forbartha – Treoirlínte d'Údaráis phleanála ar an bpróiseas pleanála seachas polasaí pleanála, rud atá éagsúil le mórán treoirlínte eile ar rialú forbartha. Feidhmíonn siad mar sin mar threoir riachtanach d'éinne ar mian leo idirghníomhú leis an gcóras pleanála.

### 3.2.16 Treoirlínte ar Chosaint Oidhreachta Ailtireachta

Soláthraíonn an doiciméad Cosaint Oidhreachta Ailtireachta 2004 – Treoirlínte d'Údaráis phleanála treoir ábhartha i gcomhthéacs Cuid IV den Acht um Pleanáil agus Forbartha 2000. Is freagra iad na treoirlínte seo ar Rannóg 52 den Acht, a éilíonn go n-eiseofaí treoirlínte d'údaráis phleanála ar an ngá struchtúir tábhachtacha ailtireachta, stairiúla nó eile

a chosaint agus ar chaomhnú carachtair ailtireachta ceantar caomhnaithe. Tá critéir sna Treoirlínte seo le cur i bhfeidhm nuair atá údarás áitiúil ag roghnú foirgneamh lena chur san áireamh ina Thaifead ar Struchtúir Chaomhnaithe. Tugtar treoir leis maidir le heisiúint dearbhaithe ar struchtúir chaomhnaithe, chomh maith le déanamh amach tionchar iarratais phleanála ar struchtúir cosanta agus taobh amuigh d'fhoirgnimh araon laistigh de Cheantair Caomhnaithe Ailtireachta.

Chlúdaigh foilseachán eile ceisteanna maidir le séipéil agus ardeaglaisí i dtús báire: Cosaint Oidhreacht Ailtireachta d'Áiteanna Adhartha Poiblí – Treoirlínte d'Údaráis phleanála. Tá seo san áireamh anois mar Chaibidil 5 den Chosaint Oidhreachta Ailtireachta – Treoirlínte D'Údaráis phleanála.

### 3.2.17 Treoirlínte d'Údaráis phleanála – Forbairt Fuinnimh Ghaoithe

Cuireann na Treoirlínte seo comhairle ar fáil d'údaráis phleanála ar conas ba chóir glacadh le fuinneamh gaoithe i bpolasaithe Plean Forbartha agus ar an mbreithniúchán ar iarratais ar chead pleanála d'fheirmeacha gaoithe. Tá sé mar sprioc cur chuige comhsheasmhachta náisiúnta a chinntiú in aithint suíomh iomchuí d'fhorbairt feirmeacha gaoithe agus mar a chaitear le hiarratais phleanála. Tagann siad in áit treoirlínte eile a in 1996.

### 3.2.18 Treoirlínte ar Dhlús Cónaithe

Foilsíodh Dlús Cónaithe – Treoirlínte d'Údaráis phleanála in 1999 i gcomhthéacs imní maidir le leathnú uirbeach gan smacht. Cuireann an foilseachán seo béim ar an ngá atá le polasaithe um Plean Forbartha chun dlús cónaithe níos airde a chur chun cinn i gceantair iomchuí mar láithreán athfhorbraíochta**,** chomh maith le suímh in aice le lár bailte nó conair iompar poiblí. Ní mór d'údaráis phleanála chomh maith a bpolasaithe a athbhreithniú maidir leis an dlús a ceadaítear d'fhorbairt ar shuímh láithreán úrnua.

Maidir lena bhfeidhmeanna rialaithe ar fhorbairtí, éilítear ar údaráis phleanála a bheith níos báúla maidir le moltaí ó thaobh ard-dlúis cónaithe, é sin ráite, go n-aithnítear go bhfuil dlús ard míchuí faoi dtoscaí áirithe. Nuair a meastar dlúis ard a bheith inmhianaithe, cuireann

na Treoirlínte béim ar an ngá atá le dearadh agus leagan amach ardchaighdeáin, chomh maith le timpeallacht cónaithe ardchaighdeáin, ag áireamh infreastruchtúr miondíola, sóisialta, iompair agus áineasa imleor. Cé go bhfuil mórán dá bhfuil sna Treoirlínte seo fós ábhartha, tá sé buartha go bhforbródh na Treoirlínte Forbartha Cónaithe Inbhuanaithe (féach thíos) atá le teacht an polasaí náisiúnta a thuilleadh.

### 3.2.19 Treoirlínte ar Phleanáil Miondíola

Leagann an Plean Miondíola – Treoirlínte d'Údaráis Phleanála a foilsíodh i mí Eanáir 2005 amach polasaí pleanála náisiúnta maidir le hábhar ábhartha-miondála i bPleananna Forbartha agus ar conas go mba chóir iarratais phleanála ar fhorbairt miondíola a bhreithniú. Is freagra iad ar an mór-éileamh ar margadh oscailte miondíola de bharr an fás san eacnamaíocht náisiúnta, an gá atá le cothromaíocht idir soláthar aonaid móra agus bheaga miondíola agus an brú ar fhorbairt ionaid lasmuigh de bhailte.

### 3.2.20 Treoirlínte ar Thithíocht Inbhuanaithe Tuaithe

Foilsíodh Treoirlínte do Thithíocht Tuaithe – Treoirlínte d'Údaráis Phleanála in Aibreán 2005, a bhfuil baint acu le Pleananna Forbartha agus rialú forbartha araon agus breithniú ar iarratais phleanála. Déileálann na Treoirlínte le ceisteanna deacra polaitiúla ar conas mar ba chóir an t-éileamh láidir tuaithe ar thithíocht tuaithe a chomhoiriúiniú le cuspóirí comhshaoil agus an gá atá le forbairt inbhuanaithe. Ní mór cothromaíocht a bhaint amach idir an gá atá ann deireadh a chur le bánú na tuaithe in aghaidh forbartha míchuí faoin tuath ag a mbíonn tionchar diúltach, mar shampla damáiste don chomhshaol, cur isteach ar amharc agus ceisteanna sábháilteachta ar bhóithre. Ar an iomlán, éilíonn an doiciméad aire in aghaidh polasaithe teanna rialaithe, ró-shaintreorach forbartha, a dteipeann orthu riachtanais áitiúla a chur san áireamh.

### 3.2.21 Treoirlínte ar Aeróga Telechumarsáide agus Struchtúir Thacaíochta

Tá treoirlínte seo 1996 ann chun cabhrú le hÚdaráis phleanála i gcothromú an gá atá ann le soláthar seirbhísí teileachumarsáide in aghaidh comhshaoil áitiúil agus imní gaolmhara le

sláinte phoiblí. Cé gur minic go mbítear i bhfábhar tailte arda ar chúiseanna teicniúla, tá gá soiléir le breithniú ar dhéanamh ar thionchair ábhartha eile, leithéidí díspreagadh a dhéanamh ar chrainn aeróige saor-sheasaimh i gceantair cónaithe nó in aice le scoileanna. Cuirtear béim leis ar chrainn a bheith á roinnt ag soláthróirí seirbhísí éagsúla.

### 3.2.22 Treoirlínte ar Chairéil agus Ghníomhaíochtaí Coimhdeacha

Foilsíodh an Doiciméad Cairéal agus Gníomhaíochtaí Coimhdeacha – Treoirlínte d'Údaráis phleanála in Aibreán 2004, ag an am céanna le tosú Ailt 261 den Acht Pleanála agus Forbartha 2000. Thug an t-alt seo isteach córas cláraithe do gach cairéal seachas iad sin ar tugadh cead pleanála dóibh le cúig bliana anuas. Chomh maith le bheith ag soláthar treorach ar fheidhmiú córais chláraithe, clúdaíonn an foilseachán seo chomh maith polasaithe cairéal-ábhartha nach mór a chlúdach sa Phlean Forbartha agus ceisteanna ábhartha don ábhar agus breithniú iarratais phleanála do chairéil nua. Tá sraithe moltaí dea-chleachtais sna Treoirlínte, iad siúd a bhaineann le glór, bainistíocht smúite agus creathadh**,** bainistiú tráchta, cosaint screamhuisce agus caomhnú tírdhreacha. Tugtar treoir leis ar mheasúnú ráite tionchair chomhshaoil.

### 3.2.23 Treoirlínte ar Chaighdeáin Deartha d'Árasáin Nua

Foilsíodh na treoirlínte seo i mí Mheán Fómhair 2007. Tá sé beartaithe go gcuirfidís chun cinn tithíocht uirbeach inbhuanaithe, trína chinntiú go soláthraíonn dearadh agus leagan amach árasáin nua lóistín shásúil do raon éagsúil de chineálacha agus méideanna teaghlach – ag áireamh teaghlaigh le leanaí – thar thréimhse meán go fad téarma.

### 3.2.24 Seachadadh Tithe, Bhuanú Pobal

Soláthraíonn ráiteas polasaí 2007 Seachadadh Tithe, Buanú Pobal príomh-bhunchloch i gcreatchlár polasaí do chur chuige comhtháite ar thithíocht agus phleanáil. Aithnítear éileamh láidir leanúnach ar thithíocht mar mhórdhúshlán maidir le pleanáil tithíochta nua agus na seirbhísí a ghabhann leo. Clúdaíonn comharsanachtaí inbhuanaithe úsáid éifeachtach talún agus dearadh uirbeach ard chaighdeáin, comhtháite go héifeachtach le soláthar infreastruchtúir fhisiciúil agus shóisialta iomchuí. Trí chomhshaol d'ardchaighdeán a sholáthar, cuireann comharsanachtaí inbhuanaithe le solathar suíomh tarraingteacha chun

tacú le cuspóirí an SNS do chineál níos comhleanúnaí d'fhorbairt réigiúnach an todhchaí.

### 3.2.25 Forbairt Inbhuanaithe Cónaithe i gCeantair Uirbeacha – Dréacht-Threoirlínte

Foilsíodh na treoirlínte seo agus é d'aidhm iad a bheith ina n-ábhar plé, i mí Feabhra 2008. Déileálann siad leis an tuairimíocht go bhféadfadh go n-ardódh riachtanais tithíochta ón leibhéal reatha de 1.8 milliún aonad chuig os cionn 2.5 milliún faoi 2020. Aithníonn an t-ardú mór seo i stoc tithíochta an gá atá le freastal air i slí a thugann tacaíocht d'fhorbairt inbhuanaithe, comharsanachtaí comhtháite taobh istigh de chathracha, bailte agus sráidbhailte na hÉireann. Déanann na dréacht-treoirlínte cur síos ar na príomhphrionsabail pleanála nach mór a bheith i bPlean Forbartha agus pleananna ceantair áitiúla, agus a bheidh ina bpointí tagartha níos déanaí i bpróiseas ullmhúcháin agus measúnaithe iarratas pleanála d'fhorbairt cónaithe i gceantair uirbeacha. Iarrtar ar Údaráis phleanála a chinntiú gurbh é an plean ceantair áitiúil ar glacadh leis an t-aon chreatchlár polasaí éifeachtach faoina breithneofar moltaí do mhór-fhorbairtí.

Gabhann doiciméad treorach um dhearadh cónaithe leis na dréacht treoirlínte, a thugann samplaí de dhea-chleachtas i gcomhthéacsanna éagsúla uirbeacha, a shíneann ó mhór shuímh láithreán athfhorbraíochta uirbeacha chuig forbairtí líonta sráidbhailte. Cé nár glacadh leis go foirmeálta (Aibreán 2008), tá iarrtha ar údaráis phleanála breithniú a dhéanamh ar na caighdeáin deartha molta agus Pleananna Forbartha agus pleananna ceantair áitiúla á n-ullmhú nó á n-athrú, go háirithe nuair a dhéanann a bpleananna reatha tagairt do na sean-chaighdeáin.

### 3.2.26 Staidéar Náisiúnta um Fuíolluisce Uirbeach

Foilsíodh an staidéar seo in 2005, agus é ar an staidéar is mó ar infreastruchtúr fuíolluisce poiblí na hÉireann. Chuimsigh an staidéar cur le chéile, mapáil, measúnú agus anailís ar chórais draenála uirbeacha, áiseanna cóireála fuíolluisce san áireamh. D'ullmhaíodh fardal d'infreastruchtúr an fhuíolluisce uile, a chlúdaigh a staid agus a fheidhmiúchán.. Rinneadh anailís ar easnaimh chórais séarachais agus fearais chóireála, ag tógáil ceann den reachtaíocht ábhartha agus acmhainn chomhshamhlaithe na n-uiscí glactha. Tá moltaí déanta maidir leis an ngá atá le clár náisiúnta athshlánaithe infreastruchtúr fuíolluisce agus

tá treoirlínte ar mhaoiniú forbairtí sa todhchaí san áireamh iontu.

### 3.2.27 Ag Athrú Ár mBealaí (1998)

Leagann Bainistíocht Dramhaíola – Ag Athrú Ár mBealaí, a foilsíodh in 1998, amach creatchlár polasaí náisiúnta maidir le glacadh agus cur i bhfeidhm a bpleananna bainistíochta dramhaíola ag údaráis áitiúla. Cuireann sé béim ar an ngá atá ag bainistíocht dramhaíola na hÉireann bogadh ó líonadh talún, ag féachaint ar ról deiridh an líonta talún mar ionad diúscairte do dhramhaíl fuílligh nach féidir a ath shaothrú ná a athchúrsáil amháin. Sonraíonn sé go bhfuil gá le gréasán beag náisiúnta de shuímh réigiúnacha líonta talún, ar a ndéanfaí freastal trí líon áiseanna bailithe dramhaíola áitiúla agus fearais múirínithe a mhéadú. Déanann Ag Athrú Ár mBealaí athrá ar na spriocanna ar laghdú leanúnach ar úsáid líonadh talún do dhramhaíl in-bhithmhillte atá leagtha síos i dTreoirlínte um Líonadh Talún an AE, ach a chuireann breis spriocanna náisiúnta leis, mar shampla athshaothrú dramhaíola tógála agus scartála.

### 3.2.28 Cosc ar agus Athchúrsáil Dramhaíola: Ag Seachadadh Athraithe

Ag tógáil ar Ag Athrú Ár mBealaí, díríonn ráiteas polasaí 2002, Cosc agus Athchúrsáil Dramhaíola – Ag Seachadadh Athraithe ar malairt infreastruchtúir ar an líonadh talún a éilítear in Éirinn, chomh maith le slite chun córais láimhseála dramhaíola a fheabhsú, mar bhailiúcháin dramhaíola scagtha agus athchúrsáil, tionscnaimh um chosc ar dhramhaíl agus mar sin de. Díríonn sé aird ar an ngá atá le gréasán d'áiseanna nua bailithe, sortála agus cóireála ábhar athchúrsála d'fhorbairt, chomh maith le sraith áiseanna nua cóireála bitheolaíocha a fhorbairt le próiseáil a dhéanamh ar dhramhaíl orgánach agus glas.

### 3.2.29 Stocáireamh agus Gluaiseacht Ar Aghaidh

Athbhreithniú próisis náisiúnta i bhforbairt infreastruchtúir nach líonadh talún dramhaíola é ab ea Bainistíocht Dramhaíle – Stocáireamh agus Gluaiseacht Ar Aghaidh 2004. Tógann sé ceann de na leibhéil mhóra infheistíochta i mbailiúchán dramhaíola orgánaigh agus próiseáil dramhaíola bitheolaígh. Feictear go bhfuil sé seo fíor thábhachtach mar ní hamháin go gcuireann dramhaíl in-bhithmhillte go mór le dramhaíl chathrach, ach is ábhar

é a bhféadfaí a aisghabháil**.** Díríonn an foilseachán seo chomh maith ar an ngá atá le soláthar infreastruchtúir breise dramhaíola nach líonadh talún é le déileáil le dramhaíl tráchtála agus tionsclaíoch.

### 3.2.30 Straitéis Náisiúnta Dramhaíola In-bhithmhillte

Foilsíodh an Straitéis Náisiúnta do Dhramhaíl In-bhithmhillte in Aibreán 2006, toisc é a bheith mar dhualgas ar Éirinn faoin Treoir um Líonadh talún. Aidhm is ea é leagan amach a dhéanamh na trí sprioc um malairt ar líonadh talún den Treoir a fheidhmiú. Cé go n-aithnítear dul chun cinn suntasach i dtionscnaimh forbartha athchúrsála agus athshaothrú dramhaíola, aithnítear go bhfuiltear ag brath ar líonadh talún ar leibhéal náisiúnta go substaintiúil. Luann sé go bhfuil gá le cumas mór athchúrsála agus cóireála bitheolaígh chun freastal ar riachtanais an AE chun dramhaíl in-bhithmhillte cathrach a aistriú ó líonadh talún.

## 3.3 Príomh Reachtaíocht Eorpach agus Doiciméid Pholasaí

Tá liosta gearr de phríomh-reachtaíochtaí an AE in Aguisín C de Threoirlínte an Roinn Comhshaoil chuig údaráis phleanála ar phróiseas an MSC.

### 3.3.1 Treoir na nGnáthóg

Tá Treoir Chomhairle na nAirí ar Chaomhnú Gnáthóg Nádúrtha agus Flóra Scéine agus Fána (92/43/EEC) ar an tionscnamh is tábhachtaí de chuid an AE chun tacú le bithéagsúlacht náisiúnta agus idirnáisiúnta. Is aidhm dó stádas caomhnaithe liosta de phríomhghnáthóga a chosaint agus a athchóiriú. Ina measc d'Éirinn, tá portaigh ardaithe, bratphortaigh ghníomhacha**,** turlaigh, dúnta gainimhe, machair (machaírí gainimheach leibhéalta ar chóstaí an tuaiscirt agus an iarthair), fraochmhánna, lochanna, aibhneacha, coillte, inbhir agus góilíní. Éilíonn an Treoir d'Éirinn agus baill stáit eile an AE na gnáthóga seo d'ainmniú mar limistéir speisialta caomhnaithe (LSC). Tá na Limistéir Speisialta Cosanta (LSC) faoi Treoir AE um Éanlaithe agus na CSP ina gcomhdhéantasaigh ar an ngréasán ar a dtugar *Natura 2000.*

Éilíonn an Treoir ar stáit an AE réamhliosta a chur le chéile de LSC atá molta agus iad seo

a chur in iúl do Choimisiún na hEorpa. A luaithe agus a aontaítear tábhacht suíomh leis an gCoimisiún, ní mór go leanfadh chóras é seo, a saineodh an suíomh mar LSC go foirmeálta. Má ainmnítear go foirmeálta suíomh, ní mór é a chosaint agus, sa chás gur gá, aghaidh a thabhairt ar chuspóirí caomhnaithe breise. Ní mór éifeachtaí aon phlean nó tionscnaimh a d'fhéadfadh cur isteach ar stádas an tsuímh a mheasúnú go foirmeálta**.**

Tá an Treoir tras-suite i nDlí na hÉireann ag Rialacháin na bPobal Eorpacha (Gnáthóga Nádúrtha) 1997 (S.I. Uimhir 94 – 1997).

### 3.3.2 Treoir maidir le hÉin

Cuireann Treoir na Comhairle ar Caomhnú Éanlaithe Fiáine (97/409/EEC) de dhualgas ar stáit an AE go leor ceantair a chaomhnú, a chothabháil agus a ath-bhunú chun an ghnáthóg a chosaint do gach speiceas éan. Tá riachtanais breise sainordaithe maidir le liosta príomhspéiceas éan leagtha amach in Aguisín 1 na Treorach, agus éileamh ar stáit an AE limistéir faoi chosaint speisialta (LCS) a ainmniú dóibh. D'Éirinn, ciallaíonn seo nach mór cosaint a chur ar fáil do speiceas mar an eala ghlórach agus spéicis imirceacha mar lachain agus géanna. Éilítear go n-ainmneofaí príomhcheantair bhogaigh, go háirithe iad seo a mheallann líon mór éan imirceacha gach bliain. Sa tslí céanna le héilimh CSC faoi Treoir na nGnáthóg, ní mór do phleananna nó tionscnaimh a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar na CSC measúnú foirmeálta a dhéanamh dá n-impleachtaí comhshaoil ar na láithreáin ainmnithe. Tá an Treoir tras-suite i nDlí na hÉireann ag Rialacháin na bPobal Eorpacha (Gnáthóga Nádúrtha) 1997

### 3.3.3 Treoir um Chreatchlár Uisce

Aontaíodh Treoir 2000/60/EC ag bunú Creatchláir do Ghníomh Pobail i Réimse Polasaí Uisce in 2000. Rinne sé roinnt Treoir roimhe seo a chuíchóiriú, ag cur taithí beagnach 20 bliain de reachtaíocht AE maidir le huisce san áireamh. Tá sé ar intinn go gcuirfeadh an Treoir creatchlár cuimsitheach ar bun maidir le bainistíocht acmhainní uisce i ngach stát de chuid an AE, ag clúdach uisce dromchla, comhshaoil inbhir agus screamhuisce. I measc na bpríomhchuspóirí tá caighdeán maith uisce a choiméad san áit ina bhfuil sé cheana féin, chomh maith le caighdeán uisce d'fheabhsú san áit ina bhfuil sé tite. Ní mór do stáit an AE a chinntiú go nglactar le cur chuige comhordaithe chun cuspóirí na Treorach a bhaint

amach. Taobh amuigh de chosaint agus d'fheabhsú caighdeán uisce agus éiceachóras uisce, tá sé ar intinn go gcuirfeadh an Treoir chun cinn úsáid inbhuanaithe acmhainní uisce ardchaighdeáin. Tá an Treoir tras-suite i nDlí na hÉireann ag Rialacháin na bPobal Eorpacha (Gnáthóga Nádúrtha) 2003 (S.I. Uimhir 722 – 2003).

### 3.3.4 Treoir um Fhuíolluisce Uirbeach

Tháinig feidhm leis an Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh (91/271/EEC) i bhfeidhm i mí an Mheithimh 1993. Is aidhm di a chinntiú nach mbeadh tionchar diúltach ag diúscairt fuíolluisce uirbeach gan rialú ar chaighdeán uisce uisceach, mar a thagann ó fhearas cóireála séarachais, abair. Sainordaíonn sé go gcuirfí córais bailiúcháin agus cóireála iomchuí in áit faoi dhátaí áirithe bunaithe ar mhéid an cheantair uirbigh. Éilíonn sé chomh maith go mbeadh córais cóireála tánaisteach ann faoi sraith dátaí sonraithe. Sa chás go bhfuil an comhshaol glactha íogair, agus faoi réir eisceachtaí áirithe, ní mór beartais cóireála sa bhreis a chur in áit.

Tá an Treoir tras-suite i nDlí na hÉireann ag Rialacháin 2001 (S.I. Uimhir 254 – 2001).

### 3.3.5 Treoir Níotráití

Tugadh Treoir na Comhairle maidir le Cosaint Uiscí in aghaidh Truaillithe de dheasca Níotráití ó fhoinsí Talmhaíochta (91/676/EEC) chun críche in 1991**.** Is aidhm di gach éiceachóras uisceach a chosaint ó thruailliú de thoradh eisiltigh stoic agus ró-úsáid leasuithe. Tá leibhéil shuntasacha niotraigín sna hábhair seo ar fad, agus éilíonn an Treoir go n-ainmneodh stáit an AE comhshaoil uisceacha íogaireacha mar chreasa soghonta níotráití Tá gníomhchláir le cur ann chun caighdeán an uisce a chosaint agus a fheabhsú. Caithfear cód cleachtais a chur le chéile, ag clúdach beartais ábhartha cosanta mar tréimhsí iomchuí le leasú a leathadh agus tógáil áras stórála.

Tá an Treoir tras-suite i nDlí na hÉireann ag Rialacháin na bPobal Eorpacha (Dea-Chleachtas Talamhaíochta d'Uisce) 2006 (S.I Uimhir 378 de 2006).

### 3.3.6 Treoir ar Dhramhaíl

Eisíodh an Treoir ar Dhramhaíl (2006/12/EC) den chéad uair in 1975 agus rinneadh athbhreithniú air in 1991. Sainordaíonn sé go bhfoilseodh stáit an AE pleananna bainistíochta dramhaíola. Éilíonn sé córas ceadúnais agus clárúcháin a chur in áit chun infreastruchtúr bainistíochta dramhaíola a cheadú, chomh maith le riachtanais bhunúsacha nach mór a shásamh a leagan síos do na húdaráis reachtúla seo a eisiúint.

### 3.3.7 Treoir um Líonadh Talún

Chomh maith le caighdeáin leathana-AE a leagan amach do dhearadh agus d'fheidhmiú líonadh talún, tugann Treoir na Comhairle um Líonadh Talún (91/31/EEC) sraith spriocanna a mbeadh laghdú substaintiúil de líonadh talún dramhaíola in-bhithmhillte cathrach ag tíortha an AE. Ag úsáid an méid dramhaíola curtha i líonadh talún ag stáit an AE in 1995 mar bhunlíne, éilíonn sé go laghdófaí an dramhaíl in-bhithmhillte atáthar ag cur go líonadh talún de réir a chéile go 35% de leibhéal 1995 thar tréimhse 15 bliain. Is gá do gach ballstát den AE straitéis náisiúnta a fhoilsiú ar conas a bhainfear amach é seo.

### 3.3.8 Coinbhinsiún na hEorpa um Chosaint na hOidhreachta Seandálaíochta

Cuireadh Coinbhinsiún na hEorpa um Chosaint na hOidhreachta Seandálaíochta le chéile in *Valletta* in 1992 agus tháinig sé i bhfeidhm in 1995. Shínigh Éire an Coinbhinsiún in 1997. Tháinig an Coinbhinsiún in áit cheann eile a aontaíodh in 1969, leathnaíodh a scóip chun déileáil le damáiste do shócmhainní seandálaíochta de thoradh tionscnaimh thógála. Éilíonn sé go gcuirfeadh lucht a sínithe córais dleathacha ar bun chun an oidhreacht seo a chosaint, ag leagan síos bun scóip na n-éilimh riachtanacha. Ina measc seo tá riachtanais do dhaoine atá i mbun imfhiosrúcháin seandálaíochta ceadúnas a fháil, nach mór an fiosrúchán a dhéanamh ag daoine atá cáilithe go cuí, go gcaithfidh ráitis ar an tionchar ar an gcomhshaol ceisteanna seandálaíochta a chur san áireamh etc.

### 3.3.9 Coinbhinsiún *Granada* um Chosaint Oidhreachta Ailtireachta na hEorpa

Daingnithe ag Éirinn in 1997, tá sé ar intinn ag an gCoinbhinsiún um Chosaint Oidhreachta Ailtireachta na hEorpa 1985 polasaithe do chaomhnú agus d'fheabhsú oidhreacht na

hEorpa a neartú agus a chur chun cinn. Tá dhá aidhm ag an gCoinbhinsiún, ag cur polasaithe oidhreachta ailtireachta chun cinn chomh maith le beartais comhoibrithe a chothú ar fud na hEorpa. Ag clúdach séadchomharthaí, grúpaí foirgintí agus suímh thábhachtacha, éilíonn an Coinbhinsiún **fardal náisiúnta** den oidhreacht seandálaíochta atá le forbairt. Ní mór beartais cosanta dlithiúla a chur ar bun, le córas foirmeálta ceada riachtanach d'oibreacha a chuireann isteach ar shuímh agus struchtúir chosanta. Tá gá le breithniúcháin ar caomhnú oidhreachta ailtireachta a bheith i bpróiseas pleanála baile agus réigiúnach sínitheoirí an Choinbhinsiúin.

### 3.3.10 Coinbhinsiún Tírdhreacha na hEorpa

Glacadh le Coinbhinsiún Tírdhreacha na hEorpa i *Florence* agus dhaingnigh Éire é in 2002. Cuireann sé chun cinn cosaint, bainistiú agus pleanáil tírdhreacha an AE, mar fhreagra ar imní ar fud na hEorpa go raibh caighdeán agus éagsúlacht tírdhreacha ag titim. Is í bun aidhm an Choinbhinsiúin ná údaráis áitiúla a spreagadh glacadh le polasaithe agus beartais ar leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta chun tírdhreacha a chosaint agus a bhainistiú ar fud na hEorpa. Éilíonn sé go mbeadh réimse tírdhreacha i bpleananna spásúil agus i bpolasaithe comhshaoil tíre agus go gcuirfí cuspóirí d'ardchaighdeán tírdhreacha le chéile.

### 3.3.11 Coinbhinsiúin Idirnáisiúnta agus Conarthaí

### 3.3.12 Clár 21

Ba é Clár 21 an príomhthoradh a bhí ar Chomhdháil na Náisiún Aontaithe ar Comhshaol agus Forbairt a bhí ar bun i *Rio de Janerio* in 1992. Ghlac an Chomhdháil sin le coincheap na forbartha inbhuanaithe, ag éileamh nár mhór d'fhás eacnamaíochta a bheith ag teacht le riachtanais glúin na linne seo agus an todhchaí araon agus go mba chóir go mbeadh cosaint comhshaoil ina chuid lárnach den phróiseas forbartha. Is gá tacú leis na prionsabail seo trí chur chuige cáiréiseach, a chinntíonn nach ceadú é an easnamh ar chinnteacht iomlán eolaíochta le beartais a chur ar athló chun íosghrádú an chomhshaoil a chosc. .
Tá béim curtha ar an bpríomhról atá ag measúnú tionchar comhshaoil maidir le gníomhaíochtaí a bhféadfadh tionchar suntasach a bheith acu ar an gcomhshaol. Is í aidhm do Chlár 21 Áitiúil forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn ar leibhéal áitiúil agus réigiúnach.

### 3.3.13 Prótacal Kyoto

Is comhaontú é Prótacal Kyoto a rinneadh faoi Choinbhinsiún Chreatchlár na Náisiúin Aontaithe ar Athrú Aeráide. Cinneadh é i mí na Nollag 1997 agus tháinig sé i bhfeidhm ar an 16 Feabhra 2005. Is aidhm dó astuithe gáis cheaptha teasa a laghdú go substaintiúil mar fhreagra ar athrú aeráide. Ní mór do thíortha forbartha, tíortha ar a dtugtar stáit Aguisín 1, a n-astuithe gáis cheaptha teasa a laghdú ar mheán de 5% eatarthu, faoina leibhéil do 1990. D'fhéadfadh go mbeadh tír Aguisín 1 a theipeann ar chuspóirí Kyoto a bhaint amach a bheith faoi réir pionóis, cé go ndéanann an Prótacal soláthar leis do mheicníochtaí solúbtha a cheadaíonn ceannach liúntais astuithe gáis cheaptha teasa ó stáit eile. Leagann an Straitéis Náisiúnta ar Athrú Aeráide amach conas atá Éire rannpháirteach sa phróiseas seo.

### 3.3.14 Plean Feidhmiúcháin *Johannesburg*

Leagann an tionscnamh polasaí idirnáisiúnta seo amach gníomhphlean d'fheidhmiúchán gníomhaíochtaí ar glacadh leo ag Cruinniú Mullaigh Domhanda ar Fhorbairt Inbhuanaithe in 2002. Clúdaíonn sé toipicí mar bhochtaineacht, athrú patrúin neamhinbhuanaithe de tháirge agus tomhaltóireacht, bainistíocht acmhainní nádúrtha, forbairt inbhuanaithe agus ghnéithe eile d'fheidhmiúchán ar Chlár 21.

### 3.3.15 Coinbhinsiún na NA ar Éagsúlacht Bitheolaíochta

Ba thoradh dhíreach é Coinbhinsiún na NA ar Éagsúlacht Bitheolaíochta ar Cruinniú Mullaigh na Cruinne i *Rio de Janerio.* Tháinig sé i bhfeidhm in 1993, daingnithe ag Éirinn in 1996. Is é a chuspóir ná bithéagsúlacht domhanda a chaomhnú, chomh maith le rochtain cothrom a chinntiú ar acmhainní géiniteacha an domhain. Éilíonn seo go bhforbródh gach páirtí straitéisí, pleananna agus cláir do chaomhnú agus úsáid inbhuanaithe éagsúlachta bitheolaíoch agus go mba chóir iad seo a chomhtháthú i dtionscnaimh eile náisiúnta go bhféadfadh go mbeadh impleachtaí bithéagsúlachta acu. Ní mór cláir monatóireachta agus ceantair cosanta iomchuí ainmnithe a chur ar bun, agus ba chóir rialú a dhéanamh ar speiceas deoranta atá ina mbagairt ar chórais éiceolaíochta. In Aibreán 2002, thug Páirtithe an Choinbhinsiúin tiomantas go n-éireodh leo, faoi 2010, laghdú a bhaint amach sa ráta reatha caillteanas de bithéagsúlacht ar leibhéal domhanda, réigiúnach agus náisiúnta.

### 3.3.16 Coinbhinsiún *OSPAR*

Ba í an aidhm a bhí le Coinbhinsiún OSPAR 1992 ná comhoibriú idirnáisiúnta a spreagadh chun comhshaol mara an Atlantaigh Thuaidh-Thoir a chosaint Tháinig sé in áit Coinbhinsiún Oslo 1972 ar dhumpáil dramhaíola ar muir agus Coinbhinsiún Paris 1974 ar acmhainní talamh-bhunaithe truaillithe muirí. Dhaingnigh Éire é in 1997 agus tháinig sé i bhfeidhm in 1998. Ní mór do shínitheoirí an Choinbhinsiúin céimeanna a thógaint chun truailliú muirí a chosc agus a deireadh a chur leis agus ceantair muirí a chosaint, sa tslí seo ag cosaint sláinte an duine daonna agus ag cosaint éiceachóras na mara. Nuair is féidir, ní mór ceantair damáistithe mara a athchóiriú. Beidh na prionsabail réamh-aireach agus íoc mar a thruaillítear araon i bhfeidhm. Tógfar gach céim ar féidir chun truailliú a chosc agus a ghlanadh amach ó fhoinsí talamh-bhunaithe, le cómheasúnaithe ar chaighdéan comhshaol na mara á ndéanamh ag stáit rannpháirteacha.

### 3.3.17 Coinbhinsiún ESPOO

Tugtar Coinbhinsiún *ESPOO (EIA)* leis ar an gCoinbhinsiún ar Measúnú ar Thionchar ar an gComhshaol i gComhthéacs Trasteorann. Tháinig feidhm leis an gCoinbhinsiún i mí Mheán Fhómhair 1997, agus dhaingnigh Éire é in 2002. Éilíonn sé ar Rannpháirtithe beartais iomchú agus éifeachtacha chun mór-tionchair shuntasacha comhshaoil trasteorann ó ghníomhaíochta tionsclaíochta agus eile molta a chosc, a laghdú agus a rialú. Ní mór é seo a bhaint amach i gcomhthéacs go mbeadh beartais dlíthiúla agus eile in áit ag gach tír chun a chinntiú go mbeadh tionscnaimh aitheanta a bhféadfadh droch-thionchar suntasach trasteorann a bheith acu, faoi réir ag measúnú tionchar comhshaoil sula dtabharfaí aon chead foirmeálta dá dtosaithe. Ní mór stáit go bhféadfadh tionscnamh molta cur isteach orthu a chur ar an eolas agus tig leo bheith rannpháirteach sa phróiseas MTC. Cuireann an Coinbhinsiún chun cinn leis cleachtais MTC a shíneadh chun go gclúdófaí ní hamháin tionscnaimh ach polasaithe, pleananna agus cláir stáit.

### 3.3.18 Prótacal ar Mheasúnú Straitéiseach Comhshaoil (MSC)

Glacadh leis an bPrótacal ag cruinniú Páirtithe Choinbhinsiún *ESPOO* ar an 21 Bealtaine 2003 le linn Comhdhála Aireachta Comhshaoil don Eoraip i *Kiev*. Forbraíonn sé ó Choinbhinsiún *ESPOO* trí éileamh ar Pháirtithe measúnú a dhéanamh ar a

ndréachtphleananna agus a gcúis clár ó thaobh iarmhairtí comhshaoil agus gaolmhar don tsláinte ag baint úsáide as measúnú straitéiseach comhshaoil (MSC). Shínigh Éire in 2003 é.

### 3.3.19 Coinbhinsiún EOECNA maidir le Cosaint Cultúir agus Oidhreachta Nádúrtha an Domhain

Cuireadh an Coinbhinsiún seo le chéile in 1972 agus dhaingnigh Éire é in 1991. Ní hamháin go gclúdaíonn sé séadchomharthaí, grúpaí foirgintí agus láithreáin ag a bhfuil luach do-sháraithe domhanda ach suímh nádúrtha mór-thábhachtacha chomh maith. Iarrtar ar pháirtithe na láithreáin seo a aithint agus a chinntiú go gcosnaítear agus go gcaomhnaítear iad do na glúine atá le teacht. Cuireadh Coiste Oidhreachta Domhanda ar bun chun moltaí na bpáirtithe stáit indibhidiúla don Choinbhinsiúin a fhaomhadh le cur ar Liosta Oidhreachta Domhanda.

## 4. ACHOIMHRE DE PHLEAN FORBARTHA CONTAE CHIARRAÍ 2009 - 2015

### 4.1 Réamhrá

Éilíonn Acht Pleanála agus Forbartha (2000 – 2006) go gcuirfeadh údarás pleanála Plean Forbartha le chéile gach sé bliana. Is í aidhm an phlean ná straitéis fhoriomlán a leagan amach do phleanáil chóir agus d'fhorbairt inbhuanaithe an cheantair. Ní mór ráiteas i scríbhinn agus léarscáileanna a bheith sa phlean a thugann cur síos grafach ar na cuspóirí atá istigh ann.

Tá dréacht Phlean Forbartha Chontae Chiarraí (PFC) ullmhaithe mar fhreagra ar:

- Éilimh na nAchtanna Pleanála agus Forbartha mar atá leagtha amach thuas

- An gá atá le creatchlár a sholáthar d'fhorbairt an Chontae sa todhchaí, atá comhsheasamhach le polasaithe pleanála straitéiseacha ard-leibhéil an Chlár Forbartha Náisiúnta 2007 – 2012, Straitéis Náisiúnta Spásúlachta 2000 – 2020, Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha 2004 – 2020, Meitheal Chiarraí 2002 – 2011, Plean Feidhmíochta Rochtana do Chách Údaráis Áitiúla Chiarraí 2008-2015 agus Beartas Forbartha 2005 – 2015 Údarás na Gaeltachta san áireamh.

Glacadh leis an bPlean Forbartha Contae reatha i mí na Nollag 2003. D'ullmhaíodh an plean atá ag teacht ina áit faoi réir éilimh Ailt 10 (2) na nAchtanna Pleanála agus Forbartha agus déanann sé soláthar do phleanáil chóir agus d'fhorbairt inbhuanaithe Chontae Chiarraí do na blianta 2009 – 2015. Déanann na hailt seo a leanas sa chaibidil seo achoimre ar phríomheilimintí an phlean.

### 4.2 Ábhar agus Cuspóirí Plean Forbartha Contae Chiarraí

Tá an Plean Forbartha Contae atá ag teacht in áit plean a bhí ann, bunaithe ar an gcreatchlár straitéiseach seo a leanas do pholasaithe agus chuspóirí lena bhfuil gá chun an contae a fhorbairt.

*Is é príomhaidhm an Phlean Forbartha Contae ná caighdeán saoil feabhsaithe a sholáthar do mhuintir an chontae ar fad agus a bheith ag rialú forbartha i slí inbhuanaithe. Is féidir é seo a bhaint amach trí chur chun cinn ar dheiseanna sóisialta, cultúrtha agus fostaíochta, iompar éifeachtach, dóthain tithíochta agus áiseanna pobail comh maith le comhshaol sláinte, sábháilte agus glan, gach ceann acu ag cur le caighdeán maith saoil. Cuireann an Plean Forbartha Contae na spriocanna seo chun cinn."*

Tá ábhair an dréacht Plean Forbartha liostáilte i dTábla 4.1.

**Tábla 4.1 Ábhar Straitéiseach Phlean Forbartha Contae Chiarraí**

- Straitéis fhoriomlán
- Straitéis lonnaíochta agus Polasaithe Forbartha Tuaithe
- Tithíocht
- Fostaíocht, Gníomhaíocht Eacnamaíochta agus Miondíol
- Turasóireacht
- Acmhainní Nádúrtha
- Iompar agus Infreastruchtúr
- Sóisialta, Pobal, Cultúr, Áineasa, Áiseanna agus an Ghaeltacht
- Oidhreacht Tógtha
- Comhshaol Nádúrtha
- Criosú agus Tírdhreach
- Dearadh Uirbeach agus Bainistíocht Forbartha

Tá cuspóirí straitéiseacha an Phlean Forbartha nua sonraithe i dTábla 4.2.

**Tábla 4.2: Cuspóirí Straitéiseacha Dréacht-Phlean Forbartha Contae Chiarraí (2009 – 2015)**

- Caighdeán saoil feabhsaithe a sholáthar do shaoránaigh an cheantair trí acmhainn eacnamaíochta an cheantair a chur chun cinn, a chomhshaol

nádúrtha agus tógtha a chosaint agus a oidhreacht chultúrtha a chosaint.

- Soláthar a dhéanamh d'fhorbairt an cheantair i slí atá inbhuanaithe agus a chosnaíonn a shócmhainní sóisialta, cultúrtha, comhshaoil agus eacnamaíochta do na glúine atá le teacht.
- Soláthar a dhéanamh d'fhás cothrom ar fud an cheantair trí chur chun cinn neartú pobail tuaithe agus soláthar infreastruchtúir chun áisiú a dhéanamh ar chruthú fostaíochta sna ceantair seo.
- Bailte agus sráidbhailte ar fud an chontae a neartú, an t-infreastruchtúr a soláthraítear a fheabhsú, an mhais chriticiúil atá riachtanach chun soláthar seirbhísí taobh istigh díobh a choiméad agus a leathadh, agus iad a dhéanamh níos tarraingtí mar áiteanna maireachtála.
- Forbairt ar Mhol Thrá Lí Chill Airne a chur chun cinn mar shlí le bunús eacnamaíochta Chiarraí a neartú agus gníomhú mar fhócas d'infheistíocht a thiocfadh isteach.
- A chinntiú go bhfanfaidh na soláthair reatha, criosú úsáid-talún san áireamh, de na Pleananna Ceantair Áitiúla i bhfeidhm, go dtí do ndéantar a n-athbhreithniú le linn shaolré an Plean seo.
- Dearadh d'ardchaighdeán a sholáthar i bhforbairt phríobháideach agus phoiblí, ag méadú caighdeán an réimse poiblí ach ag an am céanna ag coimeád carachtar, foirm agus patrún lonnaíochta na sráidbhailte.
- An t-infreastruchtúr tacaíocht d'fhorbairt agus do shíneadh deiseanna fostaíochta a sholáthar, ag cur san áireamh tionscadail eolasbhunaithe dúchasacha.
- Oidhreacht teanga agus cultúrtha an Chontae a chosaint agus an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga beo pobail.
- Bearta fuinnimh inathnuaite agus patrúin lonnaíochta a chur chun cinn chun caomhnú fuinnimh agus pobail inbhuanaithe agus patrúin taistil a chur chun cinn sa todhchaí.
- Tírdhreach an Chontae a chosaint mar shócmhainn eacnamaíochta chomh maith lena áilleacht intreach agus a luach áineasa.
- Áisiú, chomh fada agus is féidir faoi réir ag pleanáil chóir agus forbairt inbhuanaithe, baill teaghlaigh ar a gcuid talún féin

## 4.3 Gníomhartha Straitéiseacha Pleanála don Todhchaí

### 4.3.1 Réamhrá

Tá Plean Forbartha Contae Chiarraí suite taobh istigh de chéimiúlacht polasaithe Náisiúnta agus Réigiúnacha (féach Caibidil 3). Ní mór don phlean a bheith comhsheasamhach le cuspóirí na ngníomhartha straitéiseacha ard-leibhéil seo, agus ag an am céanna ní mór don PFC ina thuras aon chláir nó tionscnaimh a bheidh ann a thiomáint. Tá cur síos ar na polasaithe seo sna hailt seo a leanas a léiríonn conas a cuireadh le chéile na cuspóirí atá sa dréacht-Phlean Forbartha Contae.

### 4.3.2 Straitéis Náisiúnta Spásúlachta (SNS) 2000 - 2020

Leagann an Straitéis Náisiúnta Spásúlachta (SNS) amach creatchlár pleanála 20 bliain a dearadh le go mbainfí amach forbairt shóisialta, eacnamaíochta agus fhisiciúil agus fás daonra níos cothroime in Éirinn. Déanann an SNS soláthar do threoir d'fhorbairt don todhchaí trí lonnaíochtaí a aithint a d'fhéadfadh freastal ar fhás sa todhchaí chun forbairt chothrom réigiúnach a bhaint amach. Geatabhealaí agus moil a thugtar ar na suímh seo. Tá aird tugtha ar chur le chéile polasaithe agus cuspóirí sa dréacht- Phlean Forbartha Contae sa doiciméad seo.

### 4.3.3 An Clár Forbartha Náisiúnta 2007-2013

Cuireann an Clár Forbartha Náisiúnta 2007 – 2013 creatchlár chun cinn d'fhorbairt réigiúnach le fócas ar leith ar infheistíocht i ngeatabhealaí agus moil na Straitéise Náisiúnta Spásúlachta. Dearadh na suímh forbartha seo chun gníomhú mar cheantair fáis forbartha mar a cuirfear chun cinn infreastruchtúr agus infheistíocht mar thiománaithe eacnamaíochta don réigiún ina iomláine. Thug cur le chéile polasaithe agus cuspóirí sa dhréacht- Phlean Forbartha Contae aird ar an gClár Forbartha Náisiúnta.

### 4.3.4 Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha do Réigiún an Iar-Dheiscirt 2004 - 2010

Le feidhm a thabhairt don SNS, foilsíodh Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha do na hocht

réigiún d'Éirinn. Clúdaíonn TPR Réigiún an Iar-Dheiscirt Contaetha Chorcaí agus Chiarraí agus Cathair Chorcaí. Leagann a doiciméad seo amach creatchlár pleanála don tréimhse 2004 – 2010 agus dearadh é chun cothrom spásúil níos fearr a bhaint amach d'fhorbairt shóisialta, eacnamaíochta agus fhisiciúil ar fud an réigiúin.

Tá mórán fo-straitéisí/ tionscnamh molta mar chuid de na Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha atá ábhartha do Chontae Chiarraí. Tá siad seo leagtha amach i dTábla 4.2.

**Tábla 4.3: Straitéisí/ tionscnaimh molta mar chuid den PTR do Chontae Chiarraí**

- Forbairt inbhuanaithe Mhala agus Thrá Lí/ Chill Airne a fhorbairt mar mholbhaile beosach, ag cruthú maise criticiúil daonra, fostaíochta agus seirbhísí a cheadóidh dóibh infheistíocht agus daoine a mhealladh, ag tacú le ról na nGeatabhealaí agus ag cur forbairt chothrom réigiúnach ar fáil taobh istigh den Iar-Dheisceart, trí fhuinneamh a thabhairt do bhailte níos lú agus ceantair thuaithe taobh istigh dá raon cumhachta.
- Forbairt bhailte eile agus cheantar tuaithe, agus a n-acmhainn iomlán a chinntiú, tacú leis na Moil agus na Geatabhealaí agus todhchaí inbhuanaithe a chinntiú do cheantair thuaithe an Réigiúin.
- Córais iompair uasghrádaithe d'ard chaighdeán a chur ar bun, ag nascadh Geatabhealaí agus Moil chun cabhrú lena bhfás agus a bhforbairt.
- Chun an tIar-Dheisceart a thógail mar eacnamaíocht eolasbhunaithe trí roinnt eolais agus fios an chúraim ar gach leibhéal.
- Leorleibhéil seirbhísí a sholáthar i mbailte agus sráidbhailte roghnaithe taobh amuigh de an Geatabhealaí agus na Moil, chun cabhrú leis na bailte agus sráidbhailte mais chriticiúil daonra, fostaíochta agus seirbhísí a fhorbairt, chun feidhmiú mar ionaid seirbhísí doe na ceantair chúltíre thuaithe.

## 4.4 Suíomh agus nádúr na forbartha molta le linn shaolré an Phlean.

### 4.4.1 Proifíl Daonra

Léiríonn sonraíocht a d'ullmhaigh an Oifig Staidrimh ó Dhaonáireamh 2006 gurbh é 5.5% fás an daonra i gCiarraí idir 2002 agus 2006 (Tábla 3.3). Léiríonn Tábla 3.4 na patrúin fáis i naoi bpríomhshuíomh i gContae Chiarraí. Léiríonn Tábla 4.5 raon tuar do leibhéil daonra ó 2011, ag tuar méaduithe ó 1.9% go 9.3%.

**Tábla 4.4: Méaduithe daonra idir 2002 agus 2006, Contae Chiarraí**

| 2002 | 2006 | | | Céatadán Athraithe 2002-2006 |
|---|---|---|---|---|
| Duine | Duine | Fireann | Baineann | |
| 132,527 | 139,835 | 70,641 | 69,194 | 5.5 % |

**Tábla 4.5 Treochtaí daonra idir 2002 agus 2006**

| Toghcheantar (RT) | 2002 | 2006 | | | Céatadán Athraithe 2002-2006 |
|---|---|---|---|---|---|
| | Duine | Duine | Fireann | Baineann | |
| Baile Chill Airne | 12,087 | 13,497 | 6,668 | 6,829 | 11.7 % |
| Baile Lios Tuathail | 3,589 | 3,901 | 1,863 | 2,038 | 8.7 % |
| Baile Thrá Lí | 20,375 | 20,288 | 9,886 | 10,402 | -0.4 % |
| Ceantar Tuaithe Chathair Saidhbhín | 8,828 | 9,152 | 4,744 | 4,408 | 3.7 % |
| Ceantar Tuaithe an Daingin | 9,228 | 9,496 | 4,809 | 4,687 | 2.9 % |
| Ceantar Tuaithe an Neidín | 7,198 | 6,987 | 3,621 | 3,366 | -2.9 % |
| Ceantar Tuaithe Chill Airne | 26,097 | 28,413 | 14,469 | 13,944 | 8.9 % |
| Ceantar Tuaithe Lios Tuathail | 18,774 | 19,441 | 10,049 | 9,392 | 3.6 % |
| Ceantar Tuaithe Thrá Lí | 26,351 | 28,660 | 14,532 | 14,128 | 8.8 % |

(Foinse: Daonáireamh 2006, Imleabhar 1 Daonra rangaithe de réir Ceantair, LOS, Aibreán 2007)

**Tábla 4.6: Daonra Tuartha- 2011**

| Tuar is ísle | Meán- íseal- thuar | Ard-thuar |
|---|---|---|
| 142,500 | 146,600 | 152,800 |

(Foinse: Lár Oifig Staidrimh (1999) Tuar Daonra agus Fórsa Oibre 2001 – 2003, Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath)

### 4.4.2 Tithíocht

Léiríonn sonraí daonáireamh 2006 go bhfuil 2.74 duine in aghaidh an tí i gContae Chiarraí. An príomhchineál tithíochta cónaithe ná teach/ bungaló, 92% de iomlán na gcóiríocht éagsúla. Tá miondealú ar an gcóiríocht curtha ar fáil i dTábla 4.7

**Tábla 4.7: Miondealú ar chineál cóiríochta i gContae Chiarraí**

| Cóiríocht | Teach Bungaló | Árasán Árasán | Seomra | Carabhán/ Soghluaiste | Níl luaite | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Líon na dtithe príobháideacha i gCiarraí | 44,333 | 2,176 | 150 | 367 | 1,084 | 48,110 |

### 4.4.3 An Straitéis Lonnaíochta

Cuireann an straitéis foriomlán do Chontae Chiarraí ráiteas sothuigthe**,** comhtháite ar fáil de pholasaithe agus de chuspóirí nach mór a chur i bhfeidhm chun go mbainfí amach an fhís de chonas atá an contae le forbairt sa todhchaí. Tá sé mar phríomhaidhm ag an straitéis forbartha agus lonnaíochta atá mar chuid den phlean an contae a chomhdhlúthú mar áit atá tarraingteach le maireachtáil, oibriú agus am a chaitheamh ann, agus chun áisiú a dhéanamh ar chaighdeán ard saoil a bhaint amach do mhuintir an chontae agus do chuairteoirí trí fhorbairt inbhuanaithe gníomhaíochta breise eacnamaíochta agus sóisialta i gcomhshaol ardchaighdeáin.

Chun go mbainfeadh an contae amach na spriocanna seo, ní mór dó leibhéal áirithe daonra a mhealladh agus a choiméad taobh istigh den chontae. Cé go n-athróidh an leibhéal daonra nó mais chriticiúil ag brath ar cé acu an baile nó sráidbhaile é, tá sé fíorthábhachtach go bhfuil polasaithe in áit ar gach leibhéal lonnaíochta taobh istigh den straitéis lonnaíochta.

Tá an straitéis lonnaíocht don Phlean tar éis molcheantar amháin, sé phríomh cheantar feidhmeach agus cúig cheantar feidhmeach áitiúil a aithint, Tá na ceantair seo leagtha amach i dTábla 4.8 thíos.

**Tábla 4.8: Ceantair Fheidhmeach agus Ról Moltach0}**

| Molcheantar | Príomhcheantar Feidhmeach | Ceantar Feidhmeach Áitiúil |
|---|---|---|
| Mol Thrá Lí Chill Airne | An Daingean | Baile an Bhuinneánaigh |
| | Cathair Saidhbhín | Caisleán an Ghriaire |
| | Oileán Ciarraí | An Ráth Mhór |
| | An Neidín | An tSnaidhm |
| | Cill Orglan | An Coireán |
| | Lios Tuathail | |

Leagann foilseachán An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil – Treoirlínte Tithíochta Tuaithe Inbhuanaithe (2005) amach na príomhpholasaithe Náisiúnta maidir le tithíocht tuaithe. Tá an doiciméad tar éis údaráis phleanála a spreagadh le ceantair atá faoi bhrú uirbeach a aithint agus chun forbairt a rialú ag na suímh seo trí fhorbairt a choiméad do dhaoine go bhfuil nasc traidisiúnta acu leis an gceantar. Tá Pleananna Ceantair Áitiúla ullmhaithe ag Comhairle Contae Chiarraí do lonnaíochtaí ar fud an Chontae a aithníonn talamh d'fhorbairt cónaithe.

## 4.5 Cuspóirí Cosanta Comhshaoil

Sa bhreis ar na cuspóirí lonnaíochta atá leagtha amach sa Phlean, tá mórán polasaithe agus na cuspóirí a ghabhann leo, náisiúnta, Eorpach agus cosaint comhshaoil náisiúnta ann. Mar shampla, tá Éire ar cheann de shínitheoirí prótacal Kyoto agus Treorach na nGnáthóg.

Éilíonn an reachtaíocht a rialaíonn cur le chéile Phlean Forbartha Ceantair go mbeadh an plean comhsheasamhach leis na cuspóirí seo.
Clúdaíonn Caibidil 7 – 14 den tuarascáil seo na gnóthaí seo níos doimhne.

## 5. MEASÚNÚ AR THIONCHAR STRAITÉISEACH COMHSHAOIL PHLEAN FORBARTHA CONTAE CHIARRAÍ

### 5.1 Réamhrá

Cuireann Sceideal 2B de Rialacháin MSC ar fáil an t-eolas nach mór a bheith i dTuarascáil Comhshaoil. Tá cur síos air seo sa chéad rannóg eile.

### 5.2 Measúnú Bunlíne

Éilíonn Sceideal 2B(b) de Rialacháin MSC sonraí ar staid reatha an chomhshaoil. Tá measúnú bunaigh de gach ceann de na gnéithe comhshaoil ag teastáil, bithéagsúlacht, daonra, sláinte daonna, fásra/ainmhí, ithir, uisce, aer agus aeráid, sócmhainní ábhartha, oidhreacht chultúrtha, tírdhreach agus idirchaidirimh, san áireamh. Éilíonn na rialacháin measúnú ar éabhlóid an chomhshaoil in éagmais an Phlean, agus aithint san áit nach bhfuil sonraí ar fáil.

### 5.3 Tástáil Shuntasach

Éilíonn Alt (f) de Sceideal 2B(b) de Rialacháin MSC an measúnú ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag an bPlean ar an gcomhshaol. Úsáideadh na critéir seo a leanas chun suntas an tionchair a aithint.

- <u>Tionchair dhearfacha nó diúltacha:</u>
  Feabhsaíonn tionchar dearfach caighdeán an chomhshaoil, trí mar shampla, caighdeán an uisce d'fheabhsú, gnáthóga leochaileacha a chosaint, nó áiseanna a sholáthar do dhaoine.

  Íslíonn tionchar diúltach caighdeán an chomhshaoil, trí mar shampla, éagsúlacht speiceas a laghdú nó gnáthóg a chailliúint, ísliú caighdeán aeir nó caighdeán uisce. Is féidir tionchar diúltach a laghdú go mór nó a dhíothú trí ghlacadh le beartais cuí laghdaithe.

- Tionchair Fadtéarmach agus Gearrthéarmach
  Seasfaidh tionchar gearrthéarmach de ghnáth ar feadh tréimhse tionscnaimh mar shampla tógáil bóthair nó fearas cóireála fuíolluisce.

  Is é an tionchar fadtéarmach de ghnáth an tionchar fuílligh a fhanann tar éis do bhearta laghdaithe a bheith curtha in áit. D'fhéadfadh sé leanúint 10 mbliana nó níos faide.

- Tionchar Suntasach
  Braitheann suntas foriomlán tionchair ar dhá fhactóir- méid an chur isteach (méid) agus leochaileacht an glacadóirí. D'fhéadfadh leochaileacht an ghlacadóra a bheith bunaithe ar stádas dlíthiúl an tsuímh, mar shampla, suíomh *Natura 2000* nó Ceantar Oidhreachta Nádúrtha. D'fhéadfadh sé a bheith ag brath leis ar a chóngaraí is atá sé d'ionaid an daonra, scoileanna, ospidéil srl. Nó, d'fhéadfadh sé a bheith bunaithe ar thábhacht acmhainní, mar shampla, screamhuisce do sholáthar uisce óil poiblí nó suíomh tábhachtach seandálaíochta. Braithfidh méid an tionchair ar a fhaid a leanfaidh sé agus a mhinice a tharlaíonn sé.

Ní mór fiosrúchán a dhéanamh ar na héifeachtaí suntasacha is dóichí a bheadh ag feidhmiúchán an Phlean ar an gcomhshaol, ag cur san áireamh tionchar ar bhithéagsúlacht, sláinte daonna, éiceolaíocht, ithir, uisce, aer agus aeráid, oidhreacht chultúrtha, tírdhreach agus a n-idirghníomhaíocht seo. Ba chóir éifeacht na dtoipicí seo ar an Plean a chur san áireamh mar ghearrthéarma, fadtéarma, sealadach, buan agus dearfach agus diúltach.

Tá na critéir measúnaithe bunaithe ar chinneadh an tionchair 'suntasach a d'fhéadfadh a bheith' ag polasaithe agus cuspóirí an phlean ar na Cuspóirí Comhshaoil mar a taispeáintear i dTábla 5.1. Tá an tionchar suntasach a d'fhéadfadh tarlú ar aon cheann de na Cuspóirí Comhshaoil bunaithe ar chinneadh saineolaithe d'fhoireann an MSC agus suntas agus fad an tionchair a d'fhéadfadh a bheith i gceist.

## 5.4 Beartais Maolaitheacha

Tá eolas maidir le beartais maolaitheacha riachtanach de réir Alt (g) Sceideal 2B(b) de MSC**,** a chuirfear ann chun aon drochthionchair a bheadh ann de dheasca cur i bhfeidhm an Phlean a laghdú/ a dhíothú.

## 5.5 Cuspóirí Comhshaoil, Spriocanna agus Táscairí

Tá sé riachtanach de réir Alt (e) Sceideal 2B(b) de MSC cuspóirí, spriocanna agus táscairí cosanta comhshaoil a bheith in áit, agus athrú a leanúint agus tionchair an phlean molta ar an gComhshaol a thuar.

Leagann cuspóirí agus spriocanna amach aidhmeanna agus tairsigh ar chóir a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar thionchar Phlean molta ar an gcomhshaol. Úsáidtear táscairí chun a thaispeáint agus cumarsáid a dhéanamh maidir le tionchar i slí simplí agus éifeachtach. Is féidir táscairí d'úsáid chomh maith chun bunús a chur le clár monatóireachta don Phlean, agus chuirfeadh na torthaí eolas ar fáil don chéad athbhreithniú eile. Leagfar amach go mion na cláir monatóireachta molta do gach toipic comhshaoil i gCaibidil 7 – 14.

Rinneadh dhá mheasúnú mar chuid den Tuarascáil Comhshaoil seo:

- Scrúdú ar chomhsheasamhacht inmheánach na gcuspóirí comhshaoil atá sa Tuarascáil Chomhshaoil chun réimsí a d'fhéadfadh a bheith i gcomhlint le gach cuspóir ar leith a aithint.

- Scrúdú ar chomhsheasamhacht na gcuspóirí comhshaoil sa Tuarascáil Chomhshaoil agus polasaithe agus spriocanna an Phlean, chun réimsí a d'fhéadfadh a bheith i gcoimhlint idir an Plean agus MSC a aithint.

## 5.6 Forbairt chuspóirí MSC

Tá na cuspóirí comhshaoil comhdhéanta de pholasaithe Idirnáisiúnta, Eorpacha agus náisiúnta ar ghnéithe éagsúla den chomhshaol. Tá mórán de na polasaithe seo tras-suite i nDlí na hÉireann agus tá siad éigeantach anois agus ní mór iad a chomhtháthú agus a chur i bhfeidhm i bPleananna Forbartha ar leibhéal contae.

Tá liosta na gcuspóirí comhshaoil atá in úsáid sa tuarascáil seo bunaithe ar thoipicí atá leagtha amach in Alt F de Sceideal 2B Rialacháin MSC a bhféadfadh mórthionchar a bheith

ag an bPlean orthu.  Ina measc tá:

- bithéagsúlacht (fásra & ainmhí)
- Daonra/sláinte daonna
- Geolaíocht/ ithir
- uisce
- aer/ fachtóirí aeráide
- sócmhainní ábhartha
- oidhreacht chultúrtha
- tírdhreach
- agus an t-idirchaidreamh idir na fachtóirí seo.

I gcomhthéacs athbhreithnithe an phlean i gCaibidil 3,  Tá na chéad chuspóirí comhshaoil mínithe, mar chuid den gcleachtas scóipeála a rinneadh don MSC seo agus i gcomhairle le comhairleoirí reachtúla. Tá cur síos air seo i gCaibidil 6.  Tá an fócas orthu seo is ábharthaí don Phlean seo, is iad sin uisce, bithéagsúlacht, daonra, oidhreacht chultúrtha, sócmhainní ábhartha agus tírdhreach.  Tugtar míniú breise ar na cuspóirí comhshaoil seo sa dara colún de Tábla 5.1.  Aithnítear nach mórcheisteanna iad fachtóirí mar aer agus aeráid sa chontae agus go bhfuil sé níos iomchuí iad a scrúdú ar leibhéal níos airde ag an ACC agus RCORÁ. Ar a shon sin, tá roinnt cuspóirí comhshaoil ann a bhaineann le hastuithe gáis cheaptha teasa san áireamh sa mheasúnú seo.

**Tábla 5.1:  Cuspóirí Ábhartha Comhshaoil**

| | |
|---|---|
| **Uisce** | Cosc a chur le haon laghdú ar stádas aon uiscí agus ar a laghad 'stádas maith' a bhaint amach in uiscí faoi 2015. |
| **Bithéagsúlacht** | Bithéagsúlacht a choiméad agus a fheabhsú. |
| **Oidhreacht Chultúrtha** | Cosaint agus caomhnú oidhreachta cultúrtha a chur chun cinn, ailtireacht, seandálaíocht, stair agus teanga san áireamh |
| **Tírdhreach** | Tírdhreacha nádúrtha agus stairiúla luachmhara a chaomhnú agus a fheabhsú agus ghnéithe taobh istigh daoibh. |
| **Daonra agus Sláinte Daonna** | Caighdeán saoil daoine a fheabhsú bunaithe ar chomhshaoil cónaithe , oibre agus áineasa ard-chaighdeáin agus ar phatrúin inbhuanaithe taistil |

| | |
|---|---|
| **Ithir agus geolaíocht** | Caighdeán na n-ithir a choiméad agus acmhainní geolaíochta a chaomhnú. |
| **Sócmhainní ábhar** | Úsáid an infreastruchtúir reatha a mhéadú agus pleanáil a dhéanamh do riachanais an todhchaí |
| **Aer agus aeráid** | Gach cineál foirm de thruailliú aeir a laghdú agus astuithe gáis cheaptha teasa a rialú. |

## 5.7 Comhoiriúnacht inmheánach chuspóirí MSC

Tá scrúdú déanta ar chomhoiriúnacht inmheánach chuspóirí MSC chun acmhainn réimsí comhsheasmhachta agus coimhlinte eatarthu a aithint, i dtreo is gur féidir bunús maith a bheith le haon chinntí a déantar ina dhiaidh seo. Go ginearálta, tá na hocht gCuspóir Comhshaoil i dTábla 5.1 comhsheasamhach lena chéile. Mar shampla tá an cuspóir maidir le caighdeán uisce d'fheabhsú comsheasmhach le feabhsú na bithéagsúlachta agus cosaint sláinte daonna. I gcásanna áirithe, níl aon chaidreamh soiléir idir na cuspóirí, ar nós aon nasc díreach idir feabhsú caighdeán ithir agus tionchar ar athrú aeráide. Ar a shon sin, d'fhéadfadh coimhlint áirithe a bheith idir sócmhainní ábhartha, tírdhreacha agus ithreach. Tá seo amhlaidh toisc, mar shampla, go mbogtar ithir agus carraigeacha á mbogadh as an talamh le linn oibre ar chairéil agus d'fhéadfadh tionchar amhairc a bheith aige seo. Maidir leis na coimhlintí seo molfaidh an Tuarascáil Chomhshaoil seo beartais maolaitheacha.

**Tábla 5.2: Comhsheasmhacht inmheánach idir chuspóirí MSC**

| | U | B | O | T | D | I | . | A |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **1. Uisce**<br>'Stádas maith' ar a laghad a bhaint amach ins na huiscí go léir faoi réir na Treorach ar Chreatchlár Uisce | | ✓ | **0** | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| **2. Bithéagsúlacht**<br>Bithéagsúlacht a choiméad agus a fheabhsú. | ✓ | | ✓ | ✓ | X | ✓ | **?** | ✓ |
| **3. Oidhreacht Chultúrtha**<br>Cosaint agus caomhnú na hoidhreachta cultúrtha | **0** | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ | **?** | **0** |
| **4. Tírdhreach**<br>Caomhnú agus cosaint tírdhreacha nádúrtha agus stairiúla | ✓ | ✓ | ✓ | | **X** | **X** | **X** | ✓ |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **5. Daonra agus Sláinte Daonna**<br>Caighdeán saoil a fheabhsú | ✓ | X | ✓ | X | | ✓ | ✓ | ✓ |
| **6. Ithir agus geolaíocht**<br>Caighdeán na n-ithir a choiméad agus acmhainní geolaíochta a chaomhnú. | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | X | 0 |
| **7. Sócmhainní ábhartha**<br>Infreastruchtúr reatha a mhéadú agus pleanáil a dhéanamh do riachanais an todhchaí | ✓ | ? | ? | X | ✓ | X | | ✓ |
| **8. Aeráid agus aer**<br>Gach sórt truaillithe aeir a laghdú<br>Lorg carbóin a laghdú | ✓ | ✓ | 0 | ✓ | ✓ | 0 | ✓ | |

Eochair

| | |
|---|---|
| ✓ | Cuspóirí comhthacaíochta |
| ✓ | Cuspóirí comhsheasmhach |
| ? | Ní féidir an suíomh a mheas |
| 0 | Nil aon chaidreamh soiléir idir na cuspóirí |
| X | Cuspóirí i gcoimhlint |

**5.7**

## 5.7.1 Forbairt Chuspóirí Comhshaoil, Spriocanna agus Táscairí

Is í aidhm na dtáscairí ná monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an Phlean i gcuspóirí agus spriocanna comhshaoil aitheanta sa tuarascáil seo a bhaint amach. Tá modheolaíocht forbartha agus roghnaithe na dtáscairí MSC do Phlean Forbartha Contae Chiarraí bunaithe ar:

- Fadhbanna reatha comhshaoil a aithint
- Gearr-liostáil ar líon teoranta príomhtháscairí chun a bheith in ann an phróiseas

monatóireachta a bhainistiú

Tá déanamh amach na dtáscairí atá in úsáid sa tuarascáil seo bunaithe ar mheasúnú bunaigh agus ar an bpróiseas scóipeála. Ba chóir a thabhairt faoi deara, áfach, go bhfuil tionchar leis ar an socrú deiridh ag táscairí atá ar fáil cheana féin agus táscairí ábhartha agus cláracha reatha monatóireachta. Sa chás nach raibh sonraí ar fáil, ceann de na moltaí a dhéanann an tuarascáil seo ná córas bailithe agus monatóireachta a chur ann.

## 5.8 Clár Monatóireachta

Faoi Alt 10 agus Roinn (i) de Sceideal 2B de Rialacháin MSC, tá sé riachtanach monatóireacht a dhéanamh chun droch thionchair nach bhfacthas a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh leis an bPlean seo a aithint ag staid luath. Ceadaíonn sé seo gníomh leighis a dhéanamh. Cuireann monatóireacht cosc ar thionchar an Phlean a thomhas ina n-aghaidh siúd a tuaradh. Ceadaíonn sé mór fhadhbanna a aithint agus déileáil leo in am, agus bun eolas comhshaoil a bhailiú d'athbhreithniú Plean an todhchaí. Cinntíonn sé leis go mbaintear amach bearta laghdaithe molta agus nach dtarlaíonn aon tionchair gan choinne (Therivel, 2004).

Tá an mhodheolaíocht atá in úsáid i bhforbairt chlár monatóireachta do Phlean Forbartha Chontae Chiarraí bunaithe ar úsáid táscairí agus spriocanna, dáileadh freagrachtaí agus leagan amach am tráthanna iomchuí. Tá idirghabháil ann leis sa chás go dtarlaíonn rud éigin gan choinne.

Déantar monatóireacht trí thuairisciú ar tháscairí agus spriocanna a cuireadh le chéile do ghnéithe éagsúla comhshaoil agus a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar threochtaí sa bhunlíne, a cheadaíonn tionchar dearfach agus diúltach ar an gcomhshaol a thomhas. Léiríonn na táscairí athruithe a d'fhéadfaí a chur i leith forfheidhmiú an Phlean. Is féidir go bhfeidhmeodh na táscairí leis i gcásanna áirithe mar chórais rabhaidh luath, go háirithe, so chás go dtarlaíonn tionchair gan choinne nó go n-éiríonn coinníollacha níos measa nó níos tapúla ná mar a bhíothas ag súil leis. Mar shampla, déanann táscairí ar chaighdeán uisce cur síos ar threochtaí i bhfeabhsú agus dul in olcas caighdeán uisce araon. Mura mbaintear amach táscairí d'ardchaighdeán agus go bhfeictear go bhfuil uisce ag dul in olcas go tobann beidh gá le hidirghabháil láithreach.

Díreoidh monatóireacht ar ghnéithe den chomhshaol go bhféadfadh go mbeadh tionchar suntasach orthu ag an bPlean. Tá táscairí agus spriocanna aitheanta do na príomhcheisteanna comhshaoil sna réimsí staidéir, siad sin uisce, bithéagsúlacht, oidhreacht chultúrtha agus tírdhreach (Caibidil XXX-XXX) Tá na táscairí a roghnaíodh ar leibhéal áirithe, ábhartha don Phlean, agus tá siad bailithe agus tuairisc déanta orthu ag Áisíneachtaí éagsúla Rialtais, mar ACC, OOP, Seirbhísí Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus ranna éagsúla taobh istigh de Chomhairle Contae Chiarraí.

Tá mórán den eolas atá ag teastáil faoi na táscairí bailithe go gníomhach agus tuairiscithe ar leibhéal atá sásúil chun riachtanais an Phlean seo a bhaint amach. Tá rialtacht na monatóireachta leagtha amach ag reachtaíocht ábhartha.

## 5.9 MEASÚNÚ STRAITÉISEACH COMHSHAOIL

Déanfaidh caibidil xxx go xxx den Tuarascáil Chomhshaoil tionchar an Plean ar chuspóirí comhshaoil a mheas. Beidh toipic comhshaoil amháin i ngach caibidil mar uisce, bithéagsúlacht, daonra, srl. Clúdóidh an measúnú na toipicí riachtanacha de réir Sceideal 2B de na Rialacháin. Beidh an leagan amach seo a leanas ar na caibidil.

- Measúnú Bunaidh

Déanfaidh an rannóg seo cur síos ar an mbunlíne reatha don toipic idir lámha. Aithneoidh sé aon fhadhbanna atá ann go háirithe iad siúd a bhaineann le suímh ainmnithe mar Limistéir Speisialta Cosanta nó Limistéir Speisialta Caomhnaithe. Déanfar cur síos ar an éabhlóid a d'fhéadfadh a bheith ar an gcomhshaol reatha gan impleachtaí an Phlean agus aithneofar easnaimh sonraí in eolas comhshaol.

- Fadhbanna Reatha Comhshaoil

D'aithin eolas a bailíodh le linn an mheasúnaithe bunaidh fadhbanna reatha comhshaoil. Úsáidtear iad chun na cuspóirí comhshaoil a leagan amach agus a chur ina gceart.

- Éabhlóid an Chomhshaoil atá ann in Éagmais PFC

Éilíonn na Rialacháin ráiteas ar conas a dhéanfadh an comhshaol atá ann éabhlóidiú in éagmais an phlean.

- Cuspóirí Comhshaoil

Bunaithe ar eolas sa mheasúnú bunlíne agus aon fhadhbanna comhshaoil reatha a aithníodh, ullmhaítear liosta cuspóirí, spriocanna agus táscairí comhshaoil.

- Measúnú Tionchair

Déantar measúnú ar na polasaithe atá sa Phlean Forbartha ar na cuspóirí comhshaoil. Tá na leathanaigh measúnaithe tionchair in Aguisín 3 ach déanfar cur síos orthu sa rannóg seo den Tuarascáil Chomhshaoil. Leanfaidh an tástáil um shuntas na treoirlínte atá tugtha in Alt 5.5.

- Bearta Maolaitheacha chun tionchair shuntasacha a laghdú/leigheas

Molfaidh an rannóg seol beartais laghdaithe atá ar fáil do Chomhairle Contae Chiarraí nó do chonraitheoirí chun cabhrú le tionchair shuntasacha a laghdú/dhíothú.

- Clár Monatóireachta

Clár monatóireachta chun treochtaí an todhchaí a mheas i measúnú bunlíne ar tionchar an Phlean ar an gcomhshaol.

---

## GLUAIS

---

**Truaillitheoirí Aeir**

Substaintí nó fuinneamh eistilithe isteach san atmaisféar i méid agus i dtréimhse a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh don duine daonna, plandaí nó ainmhithe, damáiste do ábhair agus struchtúir, athraithe in aimsir agus aeráid nó cur isteach ar shaolré shealúchas.

**Caighdeán Aeir**

Comhchruinniú de thruaillitheoir thar tréimhse sonrach a bheadh i gcoinne reachtaíochta Náisiúnta dá sárófaí é.

**Antrapaigineach**

Ginte agus coiméadta, nó ar a laghad faoi mhór thionchar, ag gníomhaíochtaí daonna.

**Uiscíoch**

Carraig de stratum ina bhfuil screamhuisce a cheadaíonn don screamhuisce sníomh tríd. Ag brath ar a chomhdhéanamh geolaíochta, beidh dlús coiméadta-uisce (póiriúlacht) ag an uiscíoch agus tréscaoilteacht a mbíonn tionchar aige ar ráta acmhainneachta sní an screamhuisce..

**Ceantar Caomhnaithe Ailtireachta**

Ceantar bailedhreach nó struchtúr a leanann suim ailtireachta, stairiúil, seandálaíochta, ealaíne, cultúrtha, eolaíochta, sóisialta nó teicniúil é.

**Bithéagsúlacht**

Tomhas de mhéid agus de uimhir agus de mhinicíocht an éiceachóras agus speiceas i gceantar ar leith. Is féidir leis tagairt a dhéanamh d'éiceachórais domhanda, réigiúnach nó áitiúil.

**Láithreáin Athfhorbraíochta**

Láithreán i gceantar uirbeach ar a bhfuil tógtha cheana féin a d'fhéadfadh a bheith fabhtach.

**Dobharcheantar**

Ceantar as a dtarraingíonn áit a dhaonra nó an ceantar ar a bhfreastalaíonn scéim uisce/séarachais. Is ceantar talún óna dtéann draenáil le abhann.

**Éiceachóras**

Córas idirghníomhach comhdhéanta de phobal éiceolaíochta agus an comhshaol ina mhaireann sé.

**Eotrófú**

An próiseas nó treocht de shaibhriú cothaitheach go háirithe ag niotraigín nó fosfair, a leanann díghrádú éiceachóras é go minic trí iomarca cothaitheachta. Is féidir leis tarlú go nádúrtha, ach tarlaíonn sé de ghnáth ó eisreabhadh talamhaíochta agus séarachas.

**Cuspóirí Seachtracha**

Cuspóirí nach mór don phlean aird a thabhairt orthu. Is minic go bhfaightear mar oidhreacht iad ó phleananna, polasaithe nó cláir ar leibhéal níos airde.

**FTC**
Fehily Timoney & Co., na comhairleoir a fostaíodh chun an MSC seo a dhéanamh.

**Láithreán úrnua**
Píosa talún nach bhfuil aon fhorbairt déanta air.

**Cosaint screamhuisce**
Cosaint ar uiscíoch screamhuisce. Tá forbairtí áirithe faoi réir rialaithe speisialta taobh istigh de cheantair aitheanta in aice le huiscíocha**.**

**Gnáthóg**
Áit ina maireann orgánach, sort comhshaoil ina maireann speiceas agus/nó pobal áirithe; is minic a fheictear a saintréithe mar sórt áirithe plandaí, saintréithe fisiciúila, nó meascán daoibh seo, mar shampla, foraois, talamhféaraigh, riasc agus gnáthóga bogacha.

**Ceantair Oidhreachta Nádúrtha**
Láithreáin ainmnithe faoin Acht um Fhiadhúlra (Leasaithe 2000. Measann Rannóg na bPáirceanna agus Fiadhúlra den RCORÁ go bhfuil sé fíor thábhachtach i gcomhthéacs na hÉireann.

**Láithreán *Natura 2000***
Gréasán éiceolaíochta Eorpach de láithreáin ainmnithe ag Treoir na nGnáthóg (Limistéir Speisialta Caomhnaithe ) agus Treoir maidir le hÉanlaith (Limistéir Speisialta Cosanta ).

**Infrastructure**
Draenáil, soláthairtí uisce, fearais cóireála séarachais, gréasáin séarachais, soilsiú, línte gutháin, soláthar leictreachais, iarnróid, foirgintí, scoileanna, áiseanna pobail agus áiseanna áineasa.

**Pleananna Ceantair Áitiúil**
Plean ullmhaithe agus glactha de réir Roinn 18 de na nAchtanna Pleanála agus Forbartha,

2000-2006. Ní mór na pleananna seo d'ullmhú do bhailte ainmnithe le daonra níos mó ná 3,000 duine taobh istigh de cheantar feidhme an údaráis.

**Séadchomhartha Taifeadta**

Séadchomhartha seandálaíochta cosanta faoin Acht um Shéadchomharthaí Náisiúnta (Leasaithe), 1994.

**Cuspóirí**

Ráiteas ar leith is ea cuspóir atá ina thagarmharc sothomhaiste, ar féidir é d'úsáid chun dul chun cinn céimithe a mheasúnú, i mbaint amach polasaithe agus spriocanna taobh istigh de Phlean Forbartha.

**Polasaithe**

Ráitis leathan iad seo a leagann amach rogha modh gníomhaíochta.

**Struchtúir Chosanta**

Foirgneamh, gné, láithreán nó struchtúr aitheanta sa Phlean Forbartha mar gur fiú é a chosaint nó a chaomhnú faoi réir ag Cuid 4 de na hAcht Pleanála agus Forbartha, 2000-2006.

**Eisreabhadh**

Déantar cur síos air de ghnáth mar chainéal sní (sní srutháin) ó láithreán nó dobharcheantar, ach go mbaineann údair éagsúla úsáid as ag tagairt do shíomh os cionn talún agus gach sníomh.

**Amháin *Salmonid***

Is é is abhainn Salmonid ann ná iad siúd atá aitheanta faoi Threoir an AE ar Chaighdeán Uisce Úr Chun Tacú le Beatha Éisc (78/659/EE). Ní mór d'Údarás Áitiúil caighdeáin uisce a choiméad agus truailliú sna huiscí seo a rialú.

**Scóipeáil**

An próiseas chun liosta ceisteanna ábhartha a dhéanamh amach atá riachtanach le plé i dtuarascáil. Déantar scóipeáil i gcomhairle le líon áirithe comhairleoirí.

**Limistéir Speisialta Caomhnaithe (LSC)**
Láithreáin atá rialaithe faoi Threoir na nGnáthóg 92/43/EEC a meastar a bheith tábhachtach ag leibhéal na hÉireann agus na hEorpa araon.

**Limistéir Speisialta Cosanta (LSC)**
Láithreáin atá ainmnithe do chosaint speiceas éanlaithe faoi Threoir ón AE maidir le héanlaithe (79/409/EEC).

**Measúnú Straitéiseach Comhshaoil**
Measúnú foirmeálta, córasach ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar an gcomhshaol ag feidhmiú phlean nó chlár. Déantar an measúnú seo sula ndéantar cinneadh glacadh le plean nó clár.

**Rialacháin MSC**
Rialacháin Pleanála agus Forbartha (Measúnú Straitéiseach Comhshaoil) 2004 (S.I. Uimhir. 436 de 2004), a chuireann isteach san Acht Pleanála agus Forbartha, na riachtanais atá le MSC a dhéanamh.

**Forbairt Inbhuanaithe**
Forbairt a bhaineann amach riachtanais an am i láthair gan comhghéilleadh a dhéanamh ar ábaltacht glúine atá le teacht a riachtanais féin a bhaint amach.

**Treoir um Chreatchlár Uisce (TCU)**
Rinneadh an TCU a thras-shuí i nDlí na hÉireann faoi Rialacháin Phobail na hEorpa (Polasaí Uisce) 2003 (S.I. Uimhir. 722 de 2003). Leagann an TCU cuspóir amach stádas maith a bhaint amach do gach eagraíocht uisce agus is é a aidhm a chinntiú nach dtiocfaidh aon laghdú ar stádas aon uiscí faoi 2015.

# 6. COMHAIRLIÚCHÁN

## 6.1 Réamhrá

Faoi Airteagal 13D de Rialacháin an Mheasúnaithe Straitéisigh Thimpeallachta 2004 (SEA), tá dualgas ar Chomhairle Contae Chiarraí fógra a thabhairt do na húdaráis timpeallachta agus an Tuarascáil Timpeallachta a chuimsiú. Ceadaíonn Alt (c) den Airteagal seo do na húdaráis áitiúla aighneacht a dhéanamh nó tuairim a thabhairt ar an eolas atá le cur san áireamh sa Tuarascáil Timpeallachta. Bhain Comhairle Contae Chiarraí úsáid as an ardán seo chun dul i gcomhairle leis na húdaráis timpeallachta fhorordaithe agus le comhlachtaí leasmhara féideartha eile sular ullmhaigh sí an Tuarascáil Timpeallachta seo. Thug Comhairle Contae Chiarraí fógra do na trí údarás timpeallachta reachtúla i Nollaig 2007. Anuas ar seo seoladh tuarascáil chuimsithe chuig liosta de chomhairlí (comhlachtaí reachtúla agus leasmhara) in Aibreán 2008 atá sonraithe in Alt 6.2.

## 6.2 Comhairliúchán le linn an phróisis SEA

Déanann an Treoir SEA foráil do chomhairliúchán leis na comhlachtaí forordaithe seo a leanas le linn an phróisis SEA:

- Na húdaráis timpeallachta fhorordaithe (Airteagal 6)
- Comhairliúchán Trasteorainn (Airteagal 7)
- An pobal trí chéile (Airteagal 6)

Chuathas i gcomhairle leis na húdaráis timpeallachta seo a leanas don SEA seo:

- An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
- An tAonad Forbartha Feidhmchlár, An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil
- An tAonad Comhordaithe, an Roinn Cumarsáide Mara agus Acmhainní Nádúrtha

Comhairlí breise don phróiseas SEA ab ea:

- An Rannóg Tuile, Oifig na nOibreacha Poiblí
- Bord Iascaigh Réigiúnach an Iardheiscirt

- Bord Iascaigh Réigiúnach an Oirthir
- Ceantar Abhantraí an Iardheiscirt
- Ceantar Abhantraí na Sionainne
- Fáilte Ireland
- An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta

Tugadh faoi chomhairliúcháin trasteorainn le contaetha máguaird a bhféadfaidh tionchar a bheith ag eilimintí an Phlean seo orthu, e.g. soláthar bonneagair. Comhairlí Contae an Chláir, Chorcaí agus Luimní a bhí i gceist.

Anuas ar seo chuaigh foireann an SEA agus foireann déanta an Phlean i gcomhairle go hinmheánach ar bhonn forleathan leis na Rannóga sin de Chomhairle Contae Chiarraí a raibh spéis acu sa SEA.

Tugtar liosta iomlán thíos de phearsanra Chomhairle Contae Chiarraí a bhí páirteach sa phróiseas comhairliúcháin:-

- Tom Sheehy, Stiúrthóir Seirbhísí, Comhairle Contae Chiarraí
- Cathy Fisher, Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Contae Chiarraí
- Michael Connolly, Seandálaí, Comhairle Contae Chiarraí
- Maeve Keegan, Córas Faisnéise Geografaí (GIS), Comhairle Contae Chiarraí
- Paul Stack, Innealtóir Sinsearach, An Roinn Pleanála, Comhairle Contae Chiarraí
- Maura Joy, An Roinn Seirbhísí Uisce, Comhairle Contae Chiarraí
- Denis O Connor, Innealtóir Sinsearach, Timpeallacht, Comhairle Contae Chiarraí
- Donal Murphy, Pleanáil ar Aghaidh, Comhairle Contae Chiarraí
- Marguerite Enright, Pleanáil ar Aghaidh, Comhairle Contae Chiarraí
- Brian Sweeney, Oibríochtaí Seirbhísí Uisce, Innealtóir Sinsearach, Comhairle Contae Chiarraí
- John Breen, Stiúrthóir Fiontraíochta agus Pobail, Stiúrthóir Tithíochta, Comhairle Contae Chiarraí.

Cuireadh tuairimí agus barúlacha na rannóg éagsúil seo san áireamh mar chuid leanúnach agus lárnach den ullmhúchán maidir leis an Tuarascáil Timpeallachta seo. Tá scéim an phrósis seo tugtha san imlíne thíos i bhFigiúr 6.1.




**Figiúr 6.1: Scéimléaráid de Chomhairliúchán Cuimsithe**

## 6.3 Fráma ama do chomhairliúcháin a chríochnú

Ní mór don fhráma ama atá ceadaithe do chomhairliúchán in Éirinn a bheith de réir na bhframaí ama reachtúla do Phlean Forbartha a ullmhú atá leagtha amach san Acht Pleanála agus Forbartha 2000 (RCORÁ,2004). Beartaíodh plean comhairliúcháin don SEA seo, a rith i gcomhthreo le próiseas an Phlean Forbartha. Tá imlíne ar an bplean comhairliúcháin SEA i dTábla 6.1

**Tábla 6.1: Forbhreathnú ar phlean comhairliúcháin don SEA den Dréachtphlean Forbartha Contae**

| Céimeanna SEA | Cé leis a dtéitear i gcomhairle maidir le | Comhairliúchán Trasteorainn | Toradh |
|---|---|---|---|

| | cúinse sa tír seo | | |
|---|---|---|---|
| Cuimsiú SEA | Dul i gcomhairle agus bualadh le húdaráis reachtúla, foireann pleanála agus comhairlí inmheánacha. Tuairimí a thugtar a thabhairt san áireamh. | Dul i gcomhairle le húdaráis i gcontaetha eile ar dhócha go mbeadh éifeacht orthu. | Tuarascáil Chuimsithe an SEA |
| Tuarascáil Timpeallachta agus dréacht den CDP | Dul i gcomhairle le baill thofa de CCC agus leis an bpobal trí chéile. Tuairimí a tugadh a chur san áireamh. | Torthaí comhairliúcháin trasteorainn a thabhairt san áireamh | Tuarascáil Timpeallachta |
| Plean ar Glacadh leis Ráiteas SEA Monatóireacht | Eolas curtha ar fáil d'Údaráis Reachtúla Eolas curtha ar fáil don Phobal | Eolas curtha ar fáil do chontaetha máguaird a ndeachthas i gcomhairle leo. | - Tuarascáil Timpeallachta Leasaithe nó Aguisíní don Tuarascáil Timpeallachta Achoimre – Neamhtheicniúil.<br>-Ráiteas SEA |

Fad agus a bhí comhairliúchán ar siúl an t-am ar fad, bhí an próiseas cuimsithe ar cheann de na bearta is lárnaí agus i torthúla sa SEA seo agus tá sé sonraithe thíos anseo.

## 6.4 Beart Cuimsithe

Mar chuid den bheart cuimsithe ar tugadh faoi don SEA seo ullmhaíodh Tuarascáil Chuimsithe bunaithe ar athbhreithniú litríochta ar bhonn forleathan ar na cáipéisí cuí , ina measc:

- Tacar sonraí timpeallachta
- Tacar sonraí GSI ar leochaileacht screamhuisce, fo-ithreacha agus buncharraige
- Bunachar Sonraí Talamhúsáide Corrine

- Bunachar sonraí na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra do láithreáin shainithe
- Bunachar sonraí tuile an OPW
- Bunachar sonraí Láithreán agus Séadchomharthaí an RCORÁ

## 6.5 Freagairtí do Chomhairliúcháin

Tá achoimre ar fhreagairtí comhairlí do thuarascáil chuimsithe an SEA tugtha thíos. Léiríonn Tábla 6.2 na limistéir ina raibh páirt ag freagairtí cuimsithe i bhforbairt cuspóirí agus táscairí sa Tuarascáil Timpeallachta.

### 6.5.1 An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Fuarthas freagairt ón GCC tar éis na chéad aighneachta cuimsithe a chuir Comhairle Contae Chiarraí isteach. Freagairt chineálach SEA a bhí sa fhreagairt. Is mar seo a leanas atá na Moltaí cuimsithe;

- Ba chóir go dtabharfadh an SEA gach cuspóir agus gach caighdeán timpeallachta cuí a leagadh síos san áireamh, ó thaobh na reachtaíochta cuí AE agus Náisiúnta, do na hábhair timpeallachta atá le measúnú agus a bhfuil cur síos le déanamh orthu.
- Ba chóir go ndéanfaí cur síos ar na naisc idir an P/P agus Pleananna timpeallachta cuí eile e.g.- Pleananna do Bhainistíocht Riosca Tuilte, Pleananna Talamhúsáide, Pleananna Bithéagsúlachta/ Oidhreachta, Pleananna Bainistíochta faoin Treoir maidir le Gnáthóga srl.
- Agus cur síos á dhéanamh ar staid na timpeallachta faoi láthair, ba chóir cur síos ar an hábhair timpeallachta i gcomhthéacs na nithe seo a leanas:
    - Stádas reatha na timpeallachta,
    - Fadhbanna reatha timpeallachta agus mar is cuí aon saincheisteanna is dócha a bheidh ann sa todhchaí
    - Éabhlóid gné(ithe) áirtithe den timpeallacht muna mbeadh plean ann.
    - Impleachtaí cuspóirí ginearálta an P/P ar ghnéithe áirithe na n-ábhar timpeallachta a bhfuil cur síos á ndéanamh orthu.
- Ba chóir cur síos ar staid reatha na timpeallachta ag baint úsáid as na sonraí, tuarascálacha agus an t-eolas timpealllachta is deireanaí agus is mó atá nuashonraithe.
- Ba chóir go mbeadh sonraí, eolas agus tuarascálacha na Chreat-treorach Uisce (WFD) mar chuid mhaith den chur síos ar ghnéithe ábharacha de staid reatha ghnéithe na timpeallachta a bhfuil baint acu le huisce.

- Agus an SEA á dhéanamh caithfear na sonraí agus eolas timpeallachta go léir a thabhairt san áireamh atá léirithe ar léirscáileanna bunaithe ar GIS.
- Nuair a aithnítear easnaimh shuntasacha ó thaobh sonraí, abair an féidir tabhairt fúthu go réadúil sa phróiseas SEA.
- Nuair atá cur síos á dhéanamh ar staid reatha na timpeallachta, ba chóir cur síos ar an idirghaol idir ghnéithe ábhartha éagsúla na timpeallachta.

Ba chóir cinneadh a dhéanamh i gcomhairle leis an An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ar an gceanglas go ndéanfaí Measúnú Cuí ar an P/P de réir Airteagail 6(3) na Treorach maidir le Gnáthóga.

- I gcás na láithreán Eorpach/Natura 2000 atá laistigh de limistéar an P/P agus ar dócha go mbeidh tionchar ag an P/P orthu, ba chóir go gcinnfí infhaighteacht agus stádus Pleananna Bainistíochta de réir na Treorach maidir le Gnáthóga. Sa chás go bhfuil Pleananna Bainistíochta ar fáil, ba chóir go dtabharfaí na cleachtais agus na cuspóirí bainistíochta atá beartaithe /leagtha amach san áireamh sa Mheasúnú Cuí nuair is gá, sa SEA , agus in ullmhúchán an P/P.
- Sa chás go gcinnfí nach mbeidh saincheist(eanna) timpeallachta cuimsithe sa phróiseas SEA, Ní mór fírinniú glan a chur sa Tionscal Timpeallachta maidir leis na fáthanna nár measadh é a bheith dóchúil tionchar féideartha a bheith ag an P/P ar na saincheisteanna timpeallachta áirithe.
- I ndiaidh an chéad bhearta chuimsithe SEA, moltar go socródh agus go n-éascódh údarás déanta an Phlean agus/nó a ghníomhairí /chomhairlí ceardlanna foirmiúla SEA le heochairphearsanra laistigh de na húdaráis reachtúla agus neamhreachtúla, nuair is féidir agus nuair is cuí.
- Nuair atá roghanna eile á mbreithniú agus á measúnú laistigh den P/P ní mór do na roghanna eile a mholtar a bheith réasúnta agus réadúil.
- Chun Dea-Chleachtais i gcomhthéacs comhairliúcháin a chur chun cinn sa SEA, moltar go dtabharfaí deis don phobal aighneachtaí a dhéanamh ar shaincheisteanna a mbeidh an próiseas SEA ag díriú orthu.
- Nuair atá éifeachtaí suntasacha dóchúla an P/P ar raon iomlán na saincheisteanna timpeallachta is dócha a mbeidh tionchar acu orthu á measúnú, an raon iomlán éifeachtaí mar atá leagtha amach in Iarscríbhinn I na Treorach SEA - ba chóir go go mbeadh éifeachtaí tánaisteacha, carnacha, sineirgisteacha, gearrtéarma, meántéarma, buana, dearfacha agus diúlatacha i measc na n-éifeachtaí suntasacha dóchúla agus ba chóir go ndéanfaí measúnú agus tuairisc orthu.
- Nuair a aithnítear éifeachtaí codarsnacha suntasacha ba chóir go mbeadh nasc soiléir ann le beart(a) maolaithe atá ábhartha agus cuí.
- Ba chóir go mbeadh socruithe monatóireachta leagtha amach go soiléir in éineacht le freagrachtaí, minicíocht mhonatóireachta, anailís, agus tuairisciú ar mhonatóireacht. Ba chóir úsáid de chláir mhonatóireachta timpeallachta atá ann

cheana a uasmhéadú. Ba chóir go mbeadh tairseacha cuí agus ábhartha mar chuid de na socruithe monatóireachta agus mar chuid den chlár gaolmhar, a thósódh ag feidhmiú nuair a bheadh gá le ghníomhú leasúcháin don ghné áirithe den timpeallacht a bhfuil monatóireacht á déanamh uirthi.

- Ba chóir an Tuarascáil Timpeallachta a ullmhú de réir na faisnéise sainiúla atá sonraithe in Airteagal 5 (1-3 go huile) ar Thuarascáil Timpeallachta agus de réir Iarscríbhinn 1 den Treoir SEA.
- Ba chóir Ceardlanna Foirne SEA agus P/P cuí a reáchtáil ag eochairchéimeanna le linn an dá phróiseas lena chinntiú go mbeidh teagmháil, idirghníomhú agus roinnt eolais iomlán le heochairbhaill an dá fhoireann agus lena chinntiú go mbeidh lán-chomhtháthú ann ó thaobh cúrsaí timpeallachta.
- Sa chás go ndéantar eochairchinntí le linn an phróisís SEA e.g. ábhair timpeallachta a chuimsiú/gan iad a chuimsiú, malairt(í) tosaíochta a roghnú srl. ba chóir na cinntí seo a dhoiciméadú mar chuid den phróiseas foriomlán SEA/P/P.
- Cuirtear chuig an Modheolaíocht /Treoir seo a leanas tú chomh maith le Treoir SEA eile agus Treoir lena baineann atá ábhartha agus cuí, ar chóir duit breathnú uirthi le linn an phróisis SEA.

### 6.5.2 An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

Ní bhfuarthas freagairt ar bith.

### 6.5.3 An Roinn Cumarsáide Mara agus Acmhainní Nádúrtha

Fuarthas admháil go raibh an tuarascáil chuimsithe faighte arna dhátú 15 Aibreán 2008.

### 6.5.4 An Rannóg Tuilte, Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW)

I bhfreagairt Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) arna dhátú 01 Bealtaine 2008 leagann siad béim ar an bhforbairt shuntasach a bhí i gCiarraí a bhfuil riosca tuilte níos airde ná mar a bheadh inghlactha aici. Iarrann Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí go léireofaí an cúinse seo sa chuid den Tuarascáil Timpeallachta ar thuilte .

### 6.5.5 Bord Iascaigh Réigiúnach an Iardheiscirt (SWRFB)

Fuarthas freagairt ón SWRFB arna dhátú 21 Nollaig 2007. Is mar seo a leanas atá na moltaí ar an bhfreagairt seo;

Criosú

Ba cheart go bhfreastalódh criosú talamhúsáide amach anseo ar an ngá le tuilemhánna a choineáil saor ó líonadh ag cabhrú ar an slí seo le tuilte a shrianadh agus coisc a chur ar thionchair thíos i dtreo bhéal na habhann e.g.. creimeadh, trasnaíocht ar éiceachóras abhann e.g.. Leagann an SWRFB béim ar an imní atá orthu maidir leis an bprionsabal ceadúnais phleanála a bhronnadh d'ardú leibhéal na talún nuair is láithreáin ísle agus tuilemhánna don chuid is mó atá i gceist. Baineann an t-imní atá ar an mBord leis an gcaoi go ndealraíonn sé go bhfuil ceadúnais á mbronnadh ar bhealach neamhrialta gan measúnú foriomlán a bheith déanta maidir leis

a) an tionchar atá ag aistriú (ardú) cuid den tuilemhá ar dhraenáil agus hidreolaíocht laisitigh d'abhantracha ar leith nó
b) An céatadán den tuilemhá is féidir a aistriú in abhantrach ar bith gan athruithe hiodrálacha suntasacha tulchnagtha bheith ann.

Mholfadh an Bord go mbunófaí comhrianú tuilemhá 100 bliain i ngach cás agus nach líonfaí tailte faoin gcomhrian seo.

Ba chóir go dtabharfaí isteach limistéir chosanta do chriosanna bruachánacha agus go dtabharfaí isteach sruthchúrsaí laistigh de lonnaíochtaí freisin. Feabhsóidh siad luach aeistéitiúil agus áineasa aibhneacha agus cabhróidh siad le cáilíocht uisce a chosaint trí crios maoláin agus fócas ar uiscebhealaí a sholáthar a spreagfaidh feasacht ar bhithéagsúlacht, fhadhúlra, agus ar ghnáthóg uisceach.

Tionchar ar Éiceolaíocht/ Caomhnú an Dúlra

Iarrann an SWRFB go gcuirfí na nithe seo a leanas san áireamh sa Phlean Forbartha:

- Cosaint ar chriosanna bruachánacha a thabhairt isteach ar usicebhealaí go háirithe sna limsitéir sin nach bhfuil cosanta faoin Treoir maidir le Gnáthóga. e.g. i Limistéir Chaomhantais Speisialta (SACanna), Limistéir Oidhreachta Nádúrtha (NHAanna) etc.

- Ba chóir go mbeadh toimhde i gcoinne trasnaíochta ar bith ar chainéil abhann agus ar thaobhanna a mbruach.

- Ba chóir go mbeadh sé ina bhunghné de Cheadúnais Phleanála go mbeadh dualgas ar fhorbróirí na tionchair fhéideartha ar chórais uisceacha mar thoradh ar fhorbairt a aithint agus go dtabharfaidís faoi fhorbairt chun bearta maolaithe a thabhairt isteach d'fhonn na tionchair seo a sheach-chur. Ba chóir go mbeadh bearta, ar aontaíodh orthu, cuimsithe i sonraí agus ar líníochtaí a chuirtear isteach mar chuid den phroiseas pleanála agus go mbeadh siad cuimsithe mar choinníolacha den cheadúnas a bronnadh.

- Ba chóir go mbeadh Rialáil ar fhorbairt nua ann faoi choinníolacha an Cheadúnais Phleanála chun bearta rialaithe éifeachtacha ar thruailliú a sholáthar ag céim thógála na forbartha agus chun Deimhniúchán a sholáthar go bhfuil córais draenála uisce dhromchla agus uisce bhréain ceangailte i gceart leis an líonra draenála tar éis dóibh a bheith críochnaithe.

Soláthraíonn an foilseachán nua "Guidelines on the Planning, Design, Construction and Operation of Small-scale Hydro Electric Schemes and Fisheries" eolas d'fhorbróirí, phleanálaithe agus ghrúpaí leasmhara maidir le ceanglais shainiúla do chosaint gnáthóige, agus uisce iascach, agus soláthraíonn sé uirlis mheasúnaithe úsáideach má tá ráitis tionchar timpeallachta á n-ullmhú, maidir leis na tionchair is féidir a bheith ag scéimeanna hidileictreacha ar iascaigh. Baineann na treoirlínte seo chomh maith le cineálacha eile forbartha is féidir tionchar a bheith acu ar uiscí iascach agus leis an gCreat-treoir Uisce (2000/60/EC) a bhfuil sé mar chuspóir foriomlán aige a chinntiú nach mbeidh aon mheath ar stádas an uisce. Sa chomhthéacs seo caithfear dul i ngleic le brúnna hidreamhoirfeolaíocha chun an stádas bitheolaíochta a chinntiú agus chun stádas iascaigh na n-uiscí, lena mbaineann, a chothú.

Ba chóir critéir atá sna treoirlínte seo a úsáid chun treoir a fháil ar chosaint gnáthóige uiscí.

Tionchar ar Acmhainní Uisce

Ba chóir fáil ar fhoinse uisce a chinneadh lena chinntiú gur féidir éilimh ar an acmhainn uisce a shásamh amach anseo ar bhealach inbhuanaithe. Sa chás go n-aithnítear go bhfuil lánacmhainneacht bainte amach nó go bhfuil gach seans go mbainfear amach é, ba chóir go

molfaí gníomhartha chun achmhainnacht bhreise a fháil agus chun tionchair ar an acmhainn uisceach a íoslaghdú, e.g. ba chóir acmhainneacht stórála na foinse a bhainistiú trí stóráil shaorga a thabhairt isteach nó trí bhreisiú ó fhoinsí forlíontacha eile nach bhfuil faoi bhagairt.

Ba chóir bearta caomhnaithe uisce a thabhairt isteach le linn an chéad téarma den Phlean chun deachmaíocht uisce, ligean uisce agus úsáid an iomarca uisce ag tomhaltóirí a laghdú agus chun bearta caomhnaithe a chur chun cinn ag leibhéal an teaghlaigh.

Astarraingt Uisce

Tá struchtúr bainistíochta foriomlán riachtanach ionas go rialófaí astarraingtí uisce ó uiscí intíre san earnaíl phoiblí agus san earnáil phríobháideach ar aon. e.g. Soláthar tionsclaíoch agus poiblí, talmhaíocht, giniúint cumhachta hidrileictrí, dobharshaothrú srl.; agus structúr Ceada nó Ceandúnais curtha i bhfeidhm chun astarraingtí a rialú.

Tionchar ar Acmhainneacht Cóireála Fuíolluisce

Ba chóir go mbeadh forbairt ar bhonneagar lonnaíochtaí atá ann cheana ina tosaíocht, nuair nach bhfuil saoráidí fuíolluisce ann, nó nuair nach leor iad, go hairithe sa chás go bhfuil na lonnaíochtaí seo suite in ndobharcheantair íogaire nó sa chás go bhfuil forbairt bhreise beartaithe.

Sa chás go bhfuil acmhainneacht cóireála fuíolluisce ann, nach leor í, nó nár dócha go dtabharfar isteach cóireáil éifeachtach laisigh de fhráma ama réadúil, ba chóir nach mbeadh forbairt ceadaithe muna bhfuil sé i gcomhréir le cur i bhfeidhm na coireála éifeachtaí.

Tionchar ar Uiscí Dromchla

Ba chóir Rialú Timpeallachta a chur i bhfeidhm ar dhoirteadh uiscí ó láithreáin thruaillithe agus ar rátaí do rith chun srutha ar an dromchla tríd an raon iomlán gnéithe de Chórais

Draenála Inbhuanaithe (SuDS) a thabhairt isteach le haghaidh forbairt nua i gceantair tuaithe agus uirbeacha. Ba chóir nach mbeadh cur i bhfeidhm SuDS teoranta don úsáid d'umair thanaithe a dhéileálann le ráta rith chun srutha amháin ach ba chóir go mbeadh na bearta breise atá mar chúram na gcóras seo cuimsithe. Bheadh na bearta seo fite fuaite sa Phlean Forbartha agus theastódh siad chun go mbreathnófaí go mion orthu le linn an phróisis phleanála.

Tionchar ar Bhainistíocht Dramhaíola

Níor chóir go mbeadh athchúrsáil ábhar éinirte trí mhíntíriú (arna rialú trí Cheadú Dramhaíola) ina chúis le líonadh tuilemhánna nó níor chóir go laghdódh sé an cumas nádúrtha atá ag tailte le gníomhú mar chóras stórála uisce ( e.g.. an líonadh/draenáil de thailte portaigh nó riascaigh). Féadfaidh líonadh na gcóras stórála uisce nádúrtha seo a bheith ina chúis le méadú ar rith uisce chun srutha ar an dromchla agus le breac-chlaochlú ar phatrúin hidreolaíocha abhann. (Tá feidhm ag moltaí faoi Chriosú thuas.)

Fuarthas freagairt ón SWRFB arna dhátú 09 Bealtaine 2008. Is mar seo a leanas atá na moltaí ar an tuarascáil chuimsithe;

- Pleananna/Beartais Straitéiseacha

Tá sé tábhachtach go bhfuil na Beartais Straitéiseacha do Thurasóireacht i gContae Chiarraí cuimsithe sa Doiciméad.

- Saincheisteanna/ Acmhainní Timpeallachta i gContae Chiarraí

Bord Iascaigh Réigiúnach an Iardheiscirt a chur san áireamh mar fhoinse eolais maidir le speicis uisceacha agus stoic éisc a chosaint.

- Láithreán éiceoláiochta neamhshainithe sa Chontae

Ba chóir go n-aithneofaí go bhfuil cosaint ag teastáil faoin bPlean ó Aibhneacha a bhfuil bradáin iontu (speiceas Iarscríbhinn 11 faoi Threoir an AE maidir le Gnáthóga) agus nach bhfuil i limistéir shainithe SAC. Tá aibhneacha tábhachtacha bradáin i measc na n-aibhneacha seo, is iad sin an Mhaing, an Ruachtach, an Fhéil agus aibhneacha i gCorca Dhuibhne.

- Speicis Ionracha

Tá roinnt speiceas uisceacha ionracha ann sa Chontae e.g.. tím uisce i loch Léin, febhrán capaill in aice le Trá Lí agus tá baol leanúnach ann go dtabharfar diúilicín riabhach isteach i locha sa Chontae. Ba chóir go nglacfaí sa Phlean le cur i bhfeidhm cuspóirí pleananna náisiúnta d'eisiatacht , do bhainistíocht agus do rialú speiceas ionrach in uiscí uisceacha.

- Uisce agus Hidreolaíocht
    - Foinse Soláthair Uisce

Ba chóir go n-aithneofaí baic fhéideartha a ghabhann le fáil neamhleor ar uisce in aibhneacha agus locha agus ba chóir measúnú a dhéanamh orthu agus tabhairt fúthu. Ba chóir go ndéanfaí breithniú ar acmhainneacht scéimeanna i gcomhthéacs an tionchar atá acu ar athrú aeráide agus ar fháil ar uiscí ó fhoinsí locha gus abhann. Is saincheist shuntasach í seo agus ba chór go rachfaí i ngleic leis sa SEA.

    - Uiscí Dromchla

Tá fáilte roimh chuimsiú na gCóras Draenála Inbhuanaithe (SUDS) mar chuspóir beartais ach téann na cuspóirí a bhaineann leis an gCóras seo, áfach, níos faide ná na bearta tanaithe dian-innealtóireachta a tugadh isteach chun tuilte amháin a rialú. Cuimsíonn SUDS bearta chomh maith chun na tionchair atá ag doirteadh d'uisce dromchla ar chórais uisceacha a laghdú agus chun truailliú a rialú (pointeáil agus idirleath) o láithreáin a bhfuil forbairt déanta orthu. Ba chóir go dtabharfadh an SEA faoin dualgas go gcuirfí gach gné de SUDS i bhfeidhm.

    - Tionchar Hidreolaíoch ar Uiscí Dromchla

Rinneadh tagairt do shaincheisteanna tuilte sa dréacht; tá an cumas ag líonadh ar thuilemhánna, mar thoradh ar fhorbairt, áfach, tionchar suntasach a bheith aige ar acmhainneacht aibhneacha tuilte a dhoirteadh agus tá an baol ann dá bharr go mbeidh cainéil agus taobhanna de bhruacha abhann díchobhsaithe agus go mbeidh breac-chlaochlú ar ghnáthóga uisceacha agus ar bhithéagsúlacht uisceach.

Ba chóir go mbeadh athchriosú tailte d'fhorbairt ag brath ar an bhforbairt gan a bheith ag cur isteach ar acmhainneacht uiscí tuile a dhoirteadh agus ba chóir go mbeadh sé faoi féir staidéir hidreolaíochta shásiúil a dhearbhódh nach mbeadh aon tionchar codarsnach ar chobhsaíocht nó ar éiceolaíocht cainéil abhann ar thaobh a bhruach nó i lár a shrutha.

Anuas ar seo ba chóir go ndéanfaí measúnú a aithneodh tailte ar féidir tuilte a bheith orthu amach anseo, agus éifeachtaí féideartha athraithe aeráide á gcur san áireamh.

Chuirfí teorainn leis na tionchair seo trí chrios bruachánach sainithe de 5-10 méadar ar a laghad a sholáthar ar shruthchúrsaí, Bheadh an buntáiste aige seo go soláthródh sé conair bithéagsúlachta ar chórais uisceacha, chosnódh sé cobhsaíocht cainéal abhann agus éiceachóras uisceach agus sholáthródh sé íoslimistéar doirte tuilemhá éigeantach.

### 6.5.6 Bord Iascaigh Réigiúnach an Oirthir

Ní bhfuarthas freagairt ar bith.

### 6.5.7 Comhairle Contae Chorcaí

Ní bhfuarthas freagairt ar bith.

### 6.5.8 Comhairle Contae an Chláir

Ní bhfuarthas freagairt ar bith.

### 6.5.9 Comhairle Contae Luimní

Ní bhfuarthas freagairt ar bith.

### 6.5.10 Ceantar Abhantraí an Iardheiscirt

Ní bhfuarthas freagairt ar bith.

### 6.5.11 Ceantar Abhantraí na Sionainne

Ní bhfuarthas freagairt ar bith.

### 6.5.12 Fáilte Ireland

Ní bhfuarthas freagairt ar bith.

### 6.5.13 An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta

Ní bhfuarthas freagairt ar bith.

## Tábla 6.3: Freagairt na gComhairlí don Tuarascáil Chuimsithe

| Saincheist | Freagraí | Nóta tráchta |
|---|---|---|
| Ba chóir go dtabharfadh an SEA gach cuspóir agus gach caighdeán timpeallachta cuí a leagadh síos san áireamh, ó thaobh na reachtaíochta cuí AE agus Náisiúnta, do na hábhair timpeallachta atá le measúnú agus a bhfuil cur síos le déanamh orthu. | GCC | Tugann Caibidil 3 den tuarascáil seo sonraí ó thaobh na reachtaíochta cuí timpeallachta agus is bunús iad na cuspóirí sin de chuspóirí timpeallachta an SEA. |
| Ba chóir go ndéanfaí cur síos ar na naisc idir an P/P agus Pleananna timpeallachta cuí eile e.g..- Pleananna do Bhainistíocht Riosca Tuilte, Pleananna Talamhúsáide, Pleananna Bithéagsúlachta/ Oidhreachta, Pleananna Bainistíochta faoin Treoir maidir le Gnáthóga srl. | GCC | Pléitear na naisc idir an Plean Forbartha agus ardbheartas straitéiseach i gCaibidil 4 na tuarascála seo. |
| Agus cur síos á dhéanamh ar staid na timpeallachta faoi láthair, ba chóir cur síos ar an hábhair timpeallachta i gcomhthéacs na nithe seo a leanas:<br>• Stádas reatha na timpeallachta,<br>• Fadhbanna reatha timpeallachta agus, mar is cuí, aon saincheisteanna féideartha is dócha a bheidh ann amach anseo<br>• Éabhlóid gné(ithe) áirtithe den timpeallacht muna mbeadh plean ann.<br>• Na hImpleachtaí atá ag cuspóirí ginearálta an P/P maidir le gnéithe áirithe de na hábhair thimpeallachta a bhfuil cur síos á ndéanamh orthu. | GCC | Cuirtear síos ar na hábhair shainiúla thimpeallachta ag baint úsaid as struchtúr i gcruth grúpa. |
| Ba chóir cur síos ar staid reatha na timpeallachta ag baint úsáid as na sonraí, tuarascálacha agus an t-eolas timpealllachta is deireanaí agus is mó atá nuashonraithe. | GCC | Críochnaíodh an SEA seo ag baint úsáid as foinsí sonraí reatha atá le fáil ón GCC, Chomhairle Contae Chiarraí agus ó eagraíochtaí rialtais. |
| Ba chóir go mbeadh sonraí, eolas agus tuarascálacha na Chreat-treorach Uisce (WFD) mar chuid mhaith den chur síos ar ghnéithe ábharacha de staid reatha ghnéithe na timpeallachta a bhfuil baint acu le huisce. | GCC | Tá eolas WFD sonraithe i gCaibidil 7 Timpeallacht Uisceach |

| Saincheist | Freagraí | Nóta tráchta |
|---|---|---|
| Agus an SEA á dhéanamh caithfear na sonraí agus eolas timpeallachta go léir a thabhairt san áireamh atá léirithe ar léirscáileanna bunaithe ar GIS. | GCC | Cuireadh na sonraí timpeallachta go léir atá ar fáil i bhformáid tacar sonraí i láthair sna caibidilí measúnaithe timpeallachta. |
| Nuair a aithnítear easnaimh shuntasacha ó thaobh sonraí, abair an féidir tabhairt fúthu go réadúil sa phróseas SEA. | GCC | Pléitear easnaimh shonraí shuntasacha i ngach caibidil ar ghné timpeallachta. |
| Nuair atá cur síos á dhéanamh ar staid reatha na timpeallachta, ba chóir cur síos ar an idirghaol idir ghnéithe ábhartha éagsúla na timpeallachta. | GCC | Tá cur síos ar idirghaol sa roinn measúnaithe de gach caibidil ar ghné timpeallachta |
| Ba chóir cinneadh a dhéanamh i gcomhairle leis an An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ar an gceanglas go ndéanfaí Measúnú Cuí ar an P/P de réir Airteagail 6(3) na Treorach maidir le Gnáthóga. | GCC | Níor fhreagair an RCORÁ don tuarascáil chuimsithe don SEA seo (Aibreán 2008). Críochnaíodh scagadh, áfach, chun measúnú cuí a aithint. |
| I gcás na láithreán Eorpach/Natura 2000 atá laistigh de limistéar an P/P agus ar dócha go mbeidh tionchar ag an P/P orthu, ba chóir go gcinnfí infhaighteacht agus stádus Pleananna Bainistíochta de réir na Treorach maidir le Gnáthóga. Sa chás go bhfuil Pleananna Bainistíochta ar fáil, ba chóir go dtabharfaí na cleachtais agus na cuspóirí bainistíochta atá beartaithe /leagtha amach san áireamh sa Mheasúnú Cuí nuair is gá, san SEA , agus in ullmhúchán an P/P. | GCC | Léirigh an tuarascáil scagtha a bhí riachtanach faoin Treoir maidir le Gnáthóga nach féidir na tionchair a bhí ag cur i bhfeidhm an Phlean Forbartha a chainníochtú ag an bpointe seo. |
| Sa chás go gcinnfí nach mbeidh saincheist(eanna) timpeallachta cuimsithe sa phróiseas SEA, Ní mór fírinniú glan a chur sa Tionscal Timpeallachta maidir leis na fáthanna nár measadh é a bheith dóchúil tionchar féideartha a bheith ag an P/P ar na saincheisteanna timpeallachta áirithe. | GCC | Nuair a mheastar nach bhfuil saincheisteanna timpeallachta faoi réim an SEA seo, tá sé seo sonraithe sa chaibidil cuí ar ghné timpeallachta. |
| I ndiaidh an chéad bhearta chuimsithe SEA, moltar go socródh agus go n-éascódh údarás déanta an Phlean agus/nó a ghníomhairí /chomhairlí ceardlanna foirmiúla SEA le heochairphearsanra laistigh de na húdaráis reachtúla agus neamhreachtúla, nuair is féidir agus nuair is cuí. | GCC | Bhí cruinniú cuimsithe ag FTC leis an GCC ar an 31 Márta 2008. |

| Saincheist | Freagraí | Nóta tráchta |
|---|---|---|
| Nuair atá roghanna eile á mbreithniú agus á measúnú laistigh den P/P ní mór do na roghanna eile a mholtar a bheith réasúnta agus réadúil. | GCC | Ullmhaítear na roghanna eile don Phlean Forbartha de réir Rialachán SEA 2004 agus cuirtear i láthair i gCaibidil 16 iad. |
| Chun Dea-Chleachtais i gcomhthéacs comhairliúcháin a chur chun cinn sa SEA, moltar go dtabharfaí deis don phobal aighneachtaí a dhéanamh ar shaincheisteanna a mbeidh an próiseas SEA ag díriú orthu. | GCC | Sheoil Comhairle Contae Chiarraí doiciméad saincheisteanna ar an athbhreithniú ar an bPlean Forbartha i nDeireadh Fómhair 2007 ina raibh an pobal in ann aighneachtaí/breathnuithe a dhéanamh. |
| Nuair atá éifeachtaí suntasacha dóchúla an P/P ar raon iomlán na saincheisteanna timpeallachta is dócha a mbeidh tionchar acu orthu á measúnú, an raon iomlán éifeachtaí mar atá leagtha amach in Iarscríbhinn I na Treorach SEA - ba chóir go go mbeadh éifeachtaí tánaisteacha, carnacha, sineirgisteacha, gearrtéarma, meántéarma, buana, dearfacha agus diúlatacha i measc na n-éifeachtaí suntasacha dóchúla agus ba chóir go ndéanfaí measúnú agus tuairisc orthu. | GCC | Leagtar na measúnuithe amach in Aguisín 3 na tuarascála seo. |
| Nuair a aithnítear éifeachtaí codarsnacha suntasacha ba chóir go mbeadh nasc soiléir ann le beart(a) maolaithe atá ábhartha agus cuí. | GCC | Ní dhearnadh measúnú ar tionchar codarsnach suntasach ar bith a bhí ag cur i bhfeidhm an Phlean Forbartha ar an timpeallacht. |
| Ba chóir go mbeadh socruithe monatóireachta leagtha amach go soiléir in éineacht le freagrachtaí, minicíocht mhonatóireachta, anailís, agus tuairisciú ar mhonatóireacht. Ba chóir úsáid de chláir mhonatóireachta timpeallachta atá ann cheana a uasmhéadú. Ba chóir go mbeadh tairseacha cuí agus ábhartha mar chuid de na socruithe monatóireachta agus mar chuid den chlár gaolmhar, a thósódh ag feidhmiú nuair a bheadh gá le ghníomhú leasúcháin don ghné áirithe den timpeallacht a bhfuil monatóireacht á déanamh uirthi. | GCC | Cuirtear socruithe monatóireachta i láthair mar an tábla deireanach i ngach caibidil ar mheasúnú gné timpeallachta. |

| Saincheist | Freagraí | Nóta tráchta |
|---|---|---|
| Ba chóir an Tuarascáil Timpeallachta a ullmhú de réir na faisnéise sainiúla atá sonraithe in Airteagal 5 (1-3 go huile) ar Thuarascáil Timpeallachta agus de réir Iarscríbhinn 1 den Treoir SEA. | GCC | Rinneadh an tuarascáil seo a sheiceáil i gcoinne cheanglais Sceideal 2B de Rialacháin SEA 2004. |
| Ba chóir Ceardlanna Foirne SEA agus P/P cuí a reáchtáil ag eochairchéimeanna le linn an dá phróiseas lena chinntiú go mbeidh teagmháil, idirghníomhú agus roinnt eolais iomlán le heochairbhaill an dá fhoireann agus lena chinntiú go mbeidh lán-chomhtháthú ann ó thaobh cúrsaí timpeallachta. | GCC | Reáchtáladh cruinnithe le heochairbhaill de Chomhairle Contae Chiarraí roimh Thuarascáil Timpeallachta SEA. |
| Sa chás go ndéantar eochairchinntí le linn an phróisís SEA e.g. ábhair timpeallachta a chuimsiú/gan iad a chuimsiú, malairt(í) tosaíochta a roghnú srl. ba chóir na cinntí seo a dhoiciméadú mar chuid den phróiseas foriomlán SEA/P/P. | GCC | Leagtar eochairchinntí a rinneadh ar an SEA go dtí seo amach sa tuarascáil seo. Sa chás go mbeidh athruithe ar an bPlean agus ar an SEA mar thoradh ar thréimhsí comhairliúcháin amach anseo, déanfar eochairchinntí a thaifeadadh i dtuarascálacha aguisíní agus leagfar amach iad sa Ráiteas SEA deireanach. |
| Modheolaíocht /Treoir ar chóir tagairt a dhéanamh di comh maith le Treoir chuí eile an SEA agus Treoir lena baineann ar chóir tagairt a dhéanamh di freisin le linn an phróisis SEA. | GCC | Ullmhaíodh an SEA ag baint úsáid as treoir reatha an SEA ón RCORÁ agus ón GCC. |
| Plé agus measúnú ar fhorbairt shuntasach i gCiarraí a bhfuil riosca tuilte níos mó aici ná mar atá inghlactha. | An Rannóg Tuilte, OPW | Tá plé ar thuilte i gCaibidil 7, Timpeallacht Uisceach. Cuimsítear cuspóirí timpeallachta agus ceanglais mhonatóireachta le haghaidh measúnú ar thuilte le linn saolré an Phlean Forbartha. |

| Saincheist | Freagraí | Nóta tráchta |
|---|---|---|
| <u>Criosú</u><br><br>ba cheart go bhfreastalódh criosú úsáide talún amach anseo ar an ngá le tuilemhánna a choineáil saor ó líonadh ag cabhrú ar an mbealach seo le tuilte a shrianadh agus le coisc a chur ar thionchair thíos i dtreo bhéal na habhann e.g.. creimeadh, trasnaíocht ar éiceachóras abhann e.g.<br><br>Mholfadh an Bord go mbunófaí comhrianú tuilemhá 100 bliain i ngach cás agus nach líonfaí tailte faoin gcomhrian seo.<br><br>Ba chóir go dtabharfaí isteach limistéir chosanta do chriosanna bruachánacha agus go dtabharfaí isteach sruthchúrsaí laistigh de lonnaíochtaí freisin. Feabhsóidh siad luach aeistéitiúil agus áineasa aibhneacha agus cabhróidh siad le cáilíocht uisce a chosaint trí crios maoláin agus fócas ar uiscebhealaí a sholáthar a spreagfaidh feasacht ar bhithéagsúlacht, fhadhúlra, agus ar ghnáthóg uisceach. | SWRFB<br>(Nollaig 07) | Sa Tuarascáil Timpeallachta tugtar roinnt cuspóirí le cosaint ó thuilte.<br>**Cuspóir SEA WO1.3**<br>SUDS a chur i bhfeidhm ar fud limistéir an staidéir.<br><br>**Cuspóir SEA WO5.1**<br>An éifeacht atá ag tuilte a mhaolú trí fhorbairt ar thuilemhánna a sheachaint.<br><br>**Cuspóir SEA WO6.1**<br>Coisc a chur ar thrasnaíocht ar mhoirfeolaíocht uisce intíre ó fhorbairtí/ athruithe ar úsáid talún i limistéar an staidéir. |

| Saincheist | Freagraí | Nóta tráchta |
|---|---|---|
| <u>Tionchar ar Éiceolaíocht/ Caomhnú an Dúlra</u><br><br>Iarrann an SWRFB go gcuirfear na nithe seo a leanas san áireamh sa Phlean Forbartha:<br><br>• Cosaint ar chriosanna bruachánacha a thabhairt isteach ar usicebhealaí go háirithe sna limsitéir sin nach bhfuil cosanta faoin Treoir maidir le Gnáthóga. E.g.. i limistéir Chaomhantais Speisialta (SACanna), Limistéir Oidhreachta Nádúrtha (NHAanna) etc..<br><br>• Ba chóir go mbeadh toimhde i gcoinne trasnaíochta ar bith ar chainéil abhann agus ar thaobhanna a mbruach.<br><br>• Ba chóir go mbeadh sé ina bhunghné de Cheadúnais Phleanála go mbeadh dualgas ar fhorbróirí na tionchair fhéideartha ar chórais uisceacha mar thoradh ar fhorbairt a aithint agus go dtabharfaidís faoi fhorbairt chun bearta maolaithe a thabhairt isteach d'fhonn na tionchair seo a sheach-chur. Ba chóir go mbeadh bearta, ar aontaíodh orthu, cuimsithe i sonraí agus ar líníochtaí a chuirtear isteach mar chuid den phroiseas pleanála agus go mbeadh siad cuimsithe mar choinníolacha den cheadúnas a bronnadh.<br><br>• Ba chóir go mbeadh Rialáil ar fhorbairt nua ann faoi choinníolacha an Cheadúnais Phleanála chun bearta rialaithe éifeachtacha ar thruailliú a sholáthar ag céim thógála na forbartha agus chun Deimhniúchán a sholáthar go bhfuil córais draenála uisce dhromchla agus uisce bhréain ceangailte i gceart leis an líonra draenála tar éis dóibh a bheith críochnaithe. | SWRFB<br><br>(Nollaig 07) | **Cuspóir SEA BO1.2**<br>Láithreáin Natura 2000 (SAC agus SPA) a chosaint sa phróiseas peanála ag baint úsáid as modheolaíocht measúnaithe Airteagal 6 na Treorach maidir le Gnáthóga<br><br>**Cuspóir SEA WO6.1**<br>Coisc a chur ar thrasnaíocht ar mhoirfeolaíocht uisce intíre ó fhorbairtí/ athruithe ar úsáid talún i limistéar an staidéir.<br><br>**Cuspóir SEA WO1.3**<br>SUDS a chur i bhfeidhm ar fud limistéir an staidéir. |

| Saincheist | Freagraí | Nóta tráchta |
|---|---|---|
| Tionchar ar Acmhainní Uisce<br><br>Ba chóir fáil ar fhoinse uisce a chinneadh lena chinntiú gur féidir éilimh ar an acmhainn uisce a shásamh amach anseo ar bhealach inbhuanaithe. Sa chás go n-aithnítear go bhfuil lánacmhainneacht bainte amach nó go bhfuil gach seans go mbainfear amach í, ba chóir go molfaí gníomhartha chun achmhainnacht bhreise a aimsiú agus chun tionchair ar an acmhainn uisceach a íoslaghdú, e.g. ba chóir acmhainneacht stórála na foinse a bhainistiú trí stóráil shaorga a thabhairt isteach nó trí bhreisiú ó fhoinsí forlíontacha eile nach bhfuil faoi bhagairt.<br><br>Ba chóir bearta Caomhnaithe uisce a thabhairt isteach le linn an chéad téarma den Phlean chun deachmaíocht uisce, ligean uisce agus úsáid an iomarca uisce ag tomhaltóirí a laghdú agus chun bearta caomhnaithe a chur chun cinn ag leibhéal an teaghlaigh. | SWRFB<br>(Nollaig 07) | **Cuspóir SEA WO3.1**<br>Cáilíocht soláthairtí uisce óil a chothabháil agus a fheabhsú.<br><br>**Cuspóir SEA WO4.1**<br>Úsaid uisce inbhuanaithe a chur chun cinn bunaithe ar chosaint fhadtéarmach acmhainní. |
| Astarraingt Uisce<br><br>Tá struchtúr bainistíochta foriomlán riachtanach ionas go rialófaí astarraingtí uisce ó uiscí intíre san earnaíl phoiblí agus san earnáil phríobháideach ar aon e.g.. Soláthar tionsclaíoch agus poiblí, talmhaíocht, giniúint cumhachta hidrileictrí, dobharshaothrú srl.; agus structúr Ceada nó Ceandúnais curtha i bhfeidhm chun astarraingtí a rialú. | SWRFB<br>(Nollaig 07) | **Cuspóir SEA WO3.1**<br>Cáilíocht soláthairtí uisce óil a chothabháil agus a fheabhsú.<br><br>**Cuspóir SEA WO4.1**<br>Úsaid uisce inbhuanaithe a chur chun cinn bunaithe ar chosaint fhadtéarmach acmhainní. |

| Saincheist | Freagraí | Nóta tráchta |
|---|---|---|
| Tionchar ar Acmhainneacht Chóireála Fuíolluisce<br><br>Ba chóir go mbeadh forbairt ar bhonneagar lonnaíochtaí atá ann cheana ina tosaíocht, nuair nach bhfuil saoráidí fuíolluisce ann, nó nuair nach leor iad, go hairithe sa chás go bhfuil na lonnaíochtaí seo suite in ndobharcheantair íogaire nó sa chás go bhfuil forbairt bhreise beartaithe.<br><br>Sa chás go bhfuil acmhainneacht chóireála fuíolluisce neamhleor ann, nó sa chás gur chosúil nach dtabharfar isteach cóireáil éifeachtach laistigh d'fhráma ama réadúil, ba chóir nach gceadófaí forbairt muna bhfuil sé i gcomhréir le cur i bhfeidhm na coireála éifeachtaí. | SWRFB<br>(Nollaig 07) | **Cuspóir SEA PO3.1**<br>Ionad cóireála fuíolluisce atá ann cheana a uasghrádú. |
| Tionchar ar Uiscí Dromchla<br><br>Ba chóir Rialú Timpeallachta a chur i bhfeidhm ar dhoirteadh uiscí ó láithreáin thruaillithe agus ar rátaí do rith chun srutha ar an dromchla tríd an raon iomlán gnéithe de Chórais Draenála Inbhuanaithe (SuDS) a thabhairt isteach le haghaidh forbairt nua i gceantair tuaithe agus uirbeacha. Ba chóir nach mbeadh cur i bhfeidhm SuDS teoranta don úsáid d'umair thanaithe a dhéileálann le ráta rith chun srutha amháin ach ba chóir go mbeadh na bearta breise atá mar chúram na gcóras seo cuimsithe. Bheadh na bearta seo fite fuaite sa Phlean Forbartha agus theastóidis chun go mbreathnófaí go mionn orthu le linn an phróisis phleanála. | SWRFB<br>(Nollaig 07) | **Cuspóir SEA WO1.3**<br>SUDS a chur i bhfeidhm ar fud limistéir an staidéir. |

| Saincheist | Freagraí | Nóta tráchta |
|---|---|---|
| Tionchar ar Bhainistíocht Dramhaíola<br><br>Níor chóir go go mbeadh athchúrsáil ábhar éinirte trí mhíntíriú (arna rialú trí Cheadú Dramhaíola) ina chúis le líonadh tuilemhánna nó níor chóir go laghdódh sé an cumas nádúrtha atá ag tailte le gníomhú mar chóras stórála uisce ( e.g.. an líonadh/draenáil de thailte portaigh nó riascach). Féadfaidh líonadh na gcóras stórála uisce nádúrtha seo a bheith ina chúis le méadú ar rith uisce chun srutha ar an dromchla agus le breac-chlaochlú ar phatrúin hidreolaíocha abhann. (Tá feidhm ag moltaí faoi Chriosú thuas.) | SWRFB<br>(Nollaig 07) | **Cuspóir SEA WO5.1**<br>An éifeacht atá ag tuilte a mhaolú trí fhorbairt ar thuilemhánna a sheachaint.<br><br>**Cuspóir SEA WO6.1**<br>Coisc a chur ar thrasnaíocht ar mhoirfeolaíocht uisce intíre ó fhorbairtí/ athruithe ar úsáid talún i limistéar an staidéir. |
| Pleananna/Beartais Straitéiseacha<br>Tá sé tábhachtach go bhfuil na Beartais Straitéiseacha do Thurasóireacht i gContae Chiarraí cuimsithe sa Doiciméad. | SWRFB (Bealtaine 08) | Déantar measúnú ar bheartais Turasóireachta faoi gach ábhar timpeallachta. |
| Saincheisteanna/ Acmhainní Timpeallachta i gContae Chiarraí<br>Bord Iascaigh Réigiúnach an Iardheiscirt a chur san áireamh mar fhoinse eolais maidir le speicis uisceacha agus stoic éisc a chosaint. | SWRFB (Bealtaine 08) | Níl feidhm aige |

| Saincheist | Freagraí | Nóta tráchta |
|---|---|---|
| Láithreán éiceoláiochta neamhshainithe sa Chontae<br>Ba chóir go n-aithneofaí go bhfuil cosaint ag teastáil faoin bPlean ó Aibhneacha a bhfuil bradáin iontu (speiceas Iarscríbhinn 11 faoi Threoir an AE maidir le Gnáthóga) agus nach bhfuil i limistéir shainithe SAC. Tá aibhneacha tábhachtacha bradáin i measc na n-aibhneacha seo, is iad sin an Mhaing, an Ruachtach, an Fhéil agus aibhneacha i gCorcha Dhuibhne. | SWRFB (Bealtaine 08) | **Cuspóir SEA BO2.1**<br>Éagsúacht na ngnáthóg agus na speiceas a chaomhnú i láithreáin neamhshainithe.#<br><br>**Cuspóir SEA BI2.1.1**<br>Céadatán na ngnáthóg agus na speiceas uathúil i láithreáin neamhshainithe a gcailltear trí chlaonadh i suirbhéanna gnáthóige bliantúla/débhliantúla. |
| Speicis Ionracha<br>Ba chóir go nglacfaí sa Phlean le cur i bhfeidhm cuspóirí pleananna náisiúnta d'eisiatacht , do bhainistíocht agus do rialú speiceas ionrach in uiscí uisceacha. | SWRFB (Bealtaine 08) | **Cuspóir SEA BO3.1**<br>Gnáthóga uisceacha agus talúnta a chosaint ó speicis ionracha.<br><br>**Cuspóir SEA BI3.1**<br>Speicis ionracha de chineálacha nua nó méadú ar chlúdach de speicis ionracha a aithníodh. |

| Saincheist | Freagraí | Nóta tráchta |
|---|---|---|
| Uisce agus Hidreolaíocht: Foinse Soláthair Uisce<br>Ba chóir go n-aithneofaí baic fhéideartha a ghabhann le fáil neamhleor ar uisce in aibhneacha agus locha agus ba chóir measúnú a dhéanamh orthu agus tabhairt fúthu. Ba chóir go ndéanfaí breithniú ar acmhainneacht scéimeanna i gcomhthéacs an tionchar atá acu ar athrú aeráide agus ar fháil ar uiscí ó fhoinsí locha gus abhann. | SWRFB (Bealtaine 08) | **Cuspóir SEA WO4.2**<br>Bonneagar a uasghrádú chun riachtanais soáthair uisce amach anseo a shásamh.<br><br>**Cuspóir SEA WI4.1**<br>Minicíocht Fógraí 'ganntanas uisce' |
| Uisce agus Hidreolaíocht: Uiscí Dromchla<br>Tá fáilte roimh chuimsiú na gCóras Draenála Inbhuanaithe (SUDS) mar chuspóir beartais ach téann na cuspóirí a bhaineann leis an gCóras seo, áfach, níos faide ná na bearta tanaithe dian-innealtóireachta a tugadh isteach chun tuilte amháin a rialú. Ba chóir go dtabharfadh an SEA faoin dualgas go gcuirfí gach gné de SUDS i bhfeidhm. | SWRFB (Bealtaine 08) | **Cuspóir SEA WO1.3**<br>SUDS a chur i bhfeidhm ar fud limistéir an staidéir.<br><br>**Cuspóir SEA WI1.3**<br>Pleannana Draenála de réir SUDS a sholáthar d'fhorbairtí atá beartaithe sa limistéar staidéir. |

| Saincheist | Freagraí | Nóta tráchta |
|---|---|---|
| Uisce agus Hidreolaíocht: Tionchar Hidreolaíoch ar Uiscí Dromchla<br>Rinneadh tagairt do shaincheisteanna tuile sa dréacht; tá an cumas ag líonadh ar thuilemhánna, mar thoradh ar fhorbairt, áfach, tionchar suntasach a bheith aige ar acmhainneacht aibhneacha tuilte a dhoirteadh agus tá an baol ann dá bharr go mbeidh cainéil agus taobhanna de bhruacha abhann díchobhsaithe agus go mbeidh breac-chlaochlú ar ghnáthóga uisceacha agus ar bhithéagsúlacht uisceach.<br><br>Ba chóir go mbeadh athchriosú tailte d'fhorbairt ag brath ar an bhforbairt gan a bheith ag cur isteach ar acmhainneacht uiscí tuile a dhoirteadh agus ba chóir go mbeadh sé faoi féir staidéir hidreolaíochta shásiúil a dhearbhódh nach mbeadh aon tionchar codarsnach ar chobhsaíocht nó ar éiceolaíocht cainéil abhann ar thaobh a bhruach nó i lár a shrutha.<br><br>Anuas ar seo ba chóir go ndéanfaí measúnú a aithneodh tailte ar féidir tuilte a bheith orthu amach anseo, agus éifeachtaí féideartha athraithe aeráide á gcur san áireamh.<br><br>Chuirfí teorainn leis na tionchair seo trí chrios bruachánach sainithe de 5-10 méadar ar a laghad a sholáthar ar shruthchúrsaí, Bheadh an buntáiste aige seo go soláthródh sé conair bithéagsúlachta ar chórais uisceacha, chosnódh sé cobhsaíocht cainéal abhann agus éiceachóras uisceach agus sholáthródh sé íoslimistéar doirte tuilemhá éigeantach. | SWRFB (Bealtaine 08) | **Cuspóir SEA WO5.1**<br>An éifeacht atá ag tuilte a mhaolú trí fhorbairt ar thuilemhánna a sheachaint.<br><br>**Cuspóir SEA WI5.1**<br>Líon agus cineál na bhforbairtí sa limistéar tuile aitheanta<br><br>**Cuspóir SEA WO5.2**<br>Faoiseamh tuile a sholáthar trí riosca tuilte a bhainistiú seachas réitigh innealtóireachta tuilte a roghnú.<br><br>**Cuspóir SEA WI5.2**<br>Measúnuithe ar riosca tuilte a sholáthar le forbairtí beartaithe/athruithe ar chriosú talún le béim ar bhainistiú riosca tuilte<br><br>**Cuspóir SEA BO4.2**<br>Crios Bruachánach a sholáthar d'fhorbairtí atá gar don uisce. |

## 6.6 Comhairliúchán SEA Amach anseo

Bhí ról láidir ag comhairliúchán i ngach céim den phróiseas sa SEA seo, lena n-áirítear an chéim chuimsithe agus le linn ullmhúcháin na Tuarascála Timpeallachta seo chomh maith. Tá sé seo sonraithe sa roinn roimhe seo.

Nuair a chuirfear Dréachtphlean Forbartha an Chontae ar fáil don phobal trí chéile don chéad tréimhse chomhairliúcháin, beidh an Tuarascáil Timpeallachta seo ar fáil freisin. Is féidir tuairimí a nochtadh ar an bPlean agus ar an Tuarascáil Timpeallachta. Tar éis na chéad tréimhse comhairliúcháin déanfaidh an Tuarascáil Timpeallachta measúnú ar thráchtaí a fuarthas agus ar leasuithe ar an bPlean Forbartha. Beidh tréimhse chomhairliúcháin eile ar siúl leis an bpobal trí chéile. Cuirfear an Plean Forbartha leasaithe in éineacht leis na haguisíní don Tuarascáil Timpeallachta seo ar thaispeáint le linn na tréimhse seo agus is féidir tuilleadh moltaí a dhéanamh ar an bPlean agus ar an Tuarascáil Timpeallachta.

Mar chéim dheireanach, ullmhófar Ráiteas SEA a leagfaidh amach conas a tugadh torthaí an phróisis san áireamh agus conas a cuireadh isteach mar bhunchuid den Phlean Forbartha iad.

# 7. MEASÚNÚ AR THIONCHAR AN PHLEAN FORBARTHA CONTAE AR AN GCOMHSHAOL UISCEACH

16.0

## 7.1. Réamhrá

Féachtar sa chaibidil seo den Tuarascáil Chomhshaoil ar thionchar an Phlean Forbartha seo ar aibhneacha, lochanna, screamhuisce, uiscí trasdultacha (inbhearach) agus cósta Co. Chiarraí. Clúdaíonn sé ceisteanna a bhaineann le tuilte freisin toisc gur dóichí go mbeidh breis suntais ag baint leo sin sna blianta atá romhainn.

Bhunaigh an Comhphobal Eorpach an Chreat-Treoir Uisce (CTU) (2000/60/EC) agus tháinig sé i bhfeidhm in Éirinn i mí na Nollag 2000. Bunaíonn sé frámaíocht nua polasaí uisce don Eoraip. Déanadh trasuíomh ar CTU go reachtaíocht na hÉireann i mí na Nollag 2003 mar (Rialacháin Pholasaí Uisce 2003, I.R.Uimh. 722 de 2003) an Chomhphobail Eorpaigh. Is í an aidhm is tábhachtaí ag an CTU "dea-stádas" ar a laghad a bhaint amach in uiscí uile na hEorpa faoi 2015 agus a chinntiú nach dtarlaíonn tuilleadh meathlúcháin sna huiscí seo. Tá rangú déanta ar uiscí na hEorpa mar screamhuisce, aibhneacha, lochanna, uiscí trasdultacha agus cósta. Tá an CTU curtha i bhfeidhm in Éirinn trí roinnt a dhéanamh ar oileán na hÉireann ina hocht gCeantar Abhantrach (CA). Is cuid de Cheantar Abhantrach an Iardheiscirt agus de Cheantar Abhantrach na Sionainne é Ciarraí.

Bhí an breithmheas seo mar chuid de Thuarascáil Charachtrachta a cuireadh faoi bhráid an AE i Márta 2005. Tá ar gach Ceantar Abhantraigh Plean Bainistíochta Abhantraigh (PBA) agus Clár Beartaíochta (CB) a ullmhú le teacht le caighdeáin CTU faoi 2009. Beidh dúshlán mór i gceist le PBAanna agus Cbanna do gach údarás áitiúil sna blianta atá romhainn.

Tá ar Chomhairle Contae Chiarraí cloí le agus feidhm a thabhairt do reachtaíocht eile iomchuí mar

- Rialacháin Fhosfair (I.R. Uimh. 258 de 1998),
- Treoir um Níotráití (91/6767/EC ),
- Rialacháin Uisce Shalmonoide um (I.R. Uimh. 293 de 1988),
- Rialacháin um Uisce Óil (I.R. Uimh. 155 de 1992), agus
- Rialacháin Chóireála Fuíolluisce Uirbeach (I.R. Uimh. 254 de 2001).

Leagan Rialacháin na gComhphobal Eorpach um Cháilíocht Uisce a Bheartaítear lena Ól ag an Duine (Leasú), 2003 freagracht ar na húdaráis áitiúla maidir le huisce óil a sholáthar a shásaíonn na caighdeáin atá leagtha síos.

## 7.2. Measúnú Bhonnlíne

Fuarthas sonraí ar cháilíocht uisce sa chontae go háirithe ó shuíomh greásáin na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil agus a breathnóir léarscáile ENVision. Tá sonraí sa bhreathnóir seo ar cháilíocht uisce na n-aibhneacha, lochanna, screamhuisce, uiscí trasdultacha agus cósta sa chontae á ghiniúint mar chuid de Thuarascálacha Carachtaracha an Chreat-Treoir Uisce.

Faoi mar a éilíonn an Chreat-Treoir Uisce, críochnaíodh measúnú riosca bonnlíne do gach dobharlach laistigh de na hocht gCeantar Abhantraigh in Éirinn. Déantar an ráta riosca amach ag úsáid táscairí thruaillithe uisce, foinsí phointe agus idirleata an truaillithe, astarraingtí uisce agus sonraí ar ghníomhaíochtaí tráchtála. Leagann sé amach pé an sásaíonn an dobharlach na critéir “dea-stádais” nó an meastar go bhfuil ”baol” ann nach sásóidh sé an caighdeán cuí faoi 2015. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach gá gurb ionann sonrú ar bheith "i mbaol" agus léiriú ar cháilíocht an uisce faoi láthair. Cé gur féidir cáilíocht an uisce a bheith go maith is féidir le méid na brúnna a bhíonn laistigh den abhantrach a bhfuil dochar déanta dó a chur ar an dochrach gan dea-stádas a bhaint amach de réir na Creat-Treorach Uisce, mura ndéantar bainistiú ceart air.

Tá achoimre in Alt 5 de Thuarascáil Charachtarach d' Abhantrach an Iardheiscirt (2005) an CTU ar thionchar ghníomhaíochtaí daonna ar dhobharlaigh i gContae Chiarraí. Is féidir na príomhcheisteanna a rangú mar seo a leanas:

- Brúnna phoncfhoinse; ar a n-áirítear doirteadh ó fhoinse amháin dála doirteadh tí, tráchtála nó ionaid chóireála fhuíolluisce thionsclaíoch
- Brúnna idirleata foinse mar bhrúnna ó thalmhaíocht, ó fhoraoiseacht nó ó dhabhaigh mhúnlaigh
- Brúnna hidreolaíocha go háirithe ó astarraingtí do thionscal nó do sholáthairtí uisce óil
- Athruithe fisiciúla ar a n-áirítear dreidireacht agus díriú abhann ar chúiseanna loingseoireachta.

### 7.2.1. Cáilíocht na nAibhneacha i gContae Chiarraí

Léirítear dobharlaigh an chontae i bhFigiúr 6.1. Tugann sonraí ar cháilíocht an uisce le fios go bhfuil cuid mhór de na haibhneacha i mbaol nach mbainfidh siad "dea-stádas" amach faoi 2015. (féach Tábla 7.i). Tá stoic bhradán i roinnt aibhneacha ar a n-áirítear Abhainn na Maine, Abhainn na Ruachlach, Abhainn na Féile ar Leithinis an Daingin atá riachtanach d'eacnamaíocht na turasóireachta agus glactar leo mar ghnáthóga íogair.

**Tábla 7.1 Carachtaracht cháilíocht uisce i gContae Chiarraí**

| Abhainn | Stádas |
|---|---|
| Abhainn na hUíne | Baol ann nach mbainfidh sí dea-stádas amach |
| An Fhearta | Baol ann nach mbainfidh sí dea-stádas amach |
| Carhan River | Baol ann nach mbainfidh sí dea-stádas amach |
| Glensk River | B'fhéidir go bhfuil baol ann nach mbainfidh sí dea-stádas amach |
| Behy River | Baol ann nach mbainfidh sí dea-stádas amach |
| Meelagh River | B'fhéidir go bhfuil baol ann nach mbainfidh sí dea-stádas amach |
| An Chártha River | B'fhéidir go bhfuil baol ann nach mbainfidh sí dea-stádas amach |
| Gaddagh River | Baol ann nach mbainfidh sí dea-stádas amach |
| Finow River | B'fhéidir go bhfuil baol ann nach mbainfidh sí dea-stádas amach |
| Abhainn na Fleisce | Baol ann nach mbainfidh sí dea-stádas amach |
| Owenyskagh River | Táthar ag súil go mbainfidh sí dea-stádas amach |
| Cottoners River | Baol ann nach mbainfidh sí dea-stádas amach |
| Claddagh River | Baol ann nach mbainfidh sí dea-stádas amach |
| River Woodford | Baol ann nach mbainfidh sí dea-stádas amach |
| Deenagh River | B'fhéidir go bhfuil baol ann nach mbainfidh sí dea-stádas amach |
| Cullavaw Stream | B'fhéidir go bhfuil baol ann nach mbainfidh sí dea-stádas amach |
| Gweestin River | Táthar ag súil go mbainfidh sí dea-stádas amach |

| Abhainn | Stádas |
|---|---|
| River Groin | B'fhéidir go bhfuil baol ann nach mbainfidh sí dea-stádas amach |
| Annagh River | B'fhéidir go bhfuil baol ann nach mbainfidh sí dea-stádas amach |
| An Mhaing | Baol ann nach mbainfidh sí dea-stádas amach |
| Broweflask River | B'fhéidir go bhfuil baol ann nach mbainfidh sí dea-stádas amach |
| An Chruachán | Baol ann nach mbainfidh sí dea-stádas amach |
| An Lí | Baol ann nach mbainfidh sí dea-stádas amach |
| Tyshe River | Baol ann nach mbainfidh sí dea-stádas amach |
| An Sean Abhann | Baol ann nach mbainfidh sí dea-stádas amach |
| River Brick | B'fhéidir go bhfuil baol ann nach mbainfidh sí dea-stádas amach |
| Cashen River | Baol ann nach mbainfidh sí dea-stádas amach |

Is dócha gurb iad na táscairí bhitheolaíochta na táscairí is fearr i ndobharlach toisc go léiríonn siad cáilíocht fadtéarmach an uisce. Tá innéacsanna bitheacha forbartha ag an GCC le cur síos a dhéanamh ar cháilíocht an uisce agus léirítear iad seo sa tábla thíos.

**Tábla 7.2: Cáilíocht Uisce agus Innéacsanna Bitheacha**

| Cáilíocht Uisce | <}0{>**Innéacs Bitheach GCC** |
|---|---|
| Neamhthruaillithe | 4-5 no 5 |
| Beagán truaillithe | 3-4 no 4 |
| Cuíosach truaillithe | 2-3 no 3 |
| An-truaillithe | 1, 1-2 no 2 |

(Foinse GCC)

Mar chuid dá riachtanais bhliantúla rinne Comhairle Contae Chiarraí monatóireacht ar cháilíocht bhitheolaíochta uisce i roinnt aibhneacha ar fud an chontae. Léirítear na treochtaí i gcáilíocht an uisce thar thréimhsí ama i dTábla 7.3.

**Tábla 7.3: Treochtaí Cáilíochta na nAibhneacha i gContae Chiarraí**

| Abhainn | Méid C Reatha | Nótaí Tráchta |
|---|---|---|
| An Lí (Trá Lí) | 3 | Tá laghdú seasmhach ar cháilíocht an uisce san abhainn seo ó 1985 |
| Tyshe | 3 | Tá feabhas ar cháilíocht an uisce ó 1987 |
| Abhainn na Féile (Lios Tuathail) | 3-4 | Tháinig meathlú ar cháilíocht an uisce idir na tréimhsí 1971 agus 1987. Tháinig feabhas ar cháilíocht an uisce idir 1987 agus 2005 |
| Cluainí | 3-4 | Bhí dea-cháilíocht uisce ann go seasmhach idir 1999 agus 2003 |
| An Mhaing Bheag (Trá Lí) | 3-4 | Tá laghdú seasmhach ar cháilíocht an uisce ó 1977 |

Léiríonn Tábla 7.4 na brúnna a aithníodh i dTuarascálacha Carachtaracha Alt 5 den CTU do roinnt de mhóraibhneacha Chontae Chiarraí.

**Tábla 7.4: Brúnna ar Uisce na nAibhneacha i gContae Chiarraí**

| Abhainn | Brú |
|---|---|
| Abhainn na Fleisce | Foinsí idirleata an truaillithe |
| Finow | Dianfheirmeoireacht, foinsí idirleata truaillithe, brúnna moirfeolaíocha |
| Laune | Dianfheirmeoireacht, brúnna moirfeolaíocha |
| An Chártha | Pointe agus foinsí idirleata an truaillithe |
| An Fhearta | Dianfheirmeoireacht, brúnna moirfeolaíocha |
| Carhan | Dianfheirmeoireacht, foinsí idirleata truaillithe, brúnna moirfeolaíocha |
| Cottoners | Pointe agus foinsí idirleata an truaillithe |

**Figiúr 7.1 Dobharlaigh laistigh de Chontae Chiarraí**

### 7.2.2. Cáilíocht Screamhuisce

Tá roinnt de na soláthairtí beaga uisce oil phoiblí i gContae Chiarraí ag brath ar chúltaiscí screamhuisce. Ina theannta sin soláthraítear líon suntasach do mhuintir na tuaithe sa Chontae ó thoibreacha aonair phríobháideacha screamhuisce.

Tá uiscígh thábhachtacha íochtaracha áitiúla ar fud an chontae atá cuíosach táirgiúil i gcriosanna áitiúla amháin. Síneann banda uiscíoch (Carstaithe) a bhí tábhachtach i dtús báire ó Chill Airne go Lios Tuathail le mórlonnaíochtaí mar Chill Orglan, An Fearann Fuar, Oileán Chiarraí agus Trá Lí suite ar na huiscígh seo. Tá géarleochaileacht screamhuisce sa chuid theas den Chontae idir Cathair Saidhbhín agus an Neidín agus in iarthar an chontae ó Thrá Lí go dtí an Daingean.

In athbhreithniú a déanadh ar Thuarascáil Charachtarach CTU fuarthas amach go bhfuiltear ag súil go mbainfidh screamhuisce i bhformhór Chiarraí dea-stádas amach faoi 2015. Mar sin féin, b'fhéidir go bhfuil baol ann nach mbainfidh na ceantair screamhuisce i gCill Orglan, sa Chromán, Lios an Phúca agus Trá Lí dea-stádas amach faoin mbliain sin. Tá cur síos sa tuarascáil ar Cheantar Abhantraigh an Iardheiscirt ar phríomhthionchar an truaillithe ar cháilíocht screamhuisce sa chontae. Tá cur síos sa tuarascáil ar Cheantar Abhantraigh an Iardheiscirt ar thalamh thruaillithe agus poncfhoinse truaillithe atá mar riosca suntasach do screamhuisce i gceantar Bhaile Chill Airne. B'fhéidir go bhfuil baol ann nach mbainfidh na ceantair screamhuisce i Lios an Phúca agus i dTrá Lí dea-stádas amach faoi 2015.

### 7.2.3. Cáilíocht na Lochanna

Úsáidtear roinnt lochanna sa chontae mar fhoinse do sholáthairtí uisce óil agus tá a lán acu seo sonraithe mar Cheantair Speisialta Caomhnaithe. Léiríonn Tábla 67.5 an stádas cáilíochta a bhfuiltear ag súil leis do na lochanna faoi 2015.

**Tábla 7.5: Cáilíocht Uisce Locha i gContae Chiarraí**

| Loch | Cáilíocht Uisce |
|---|---|
| Loch Cártha | B'fhéidir go bhfuil baol ann nach mbainfidh sé dea-stádas amach |

| Loch | Cáilíocht Uisce |
|---|---|
| Acoose Lake | Táthar ag súil go mór go mbainfidh sé dea-stádas amach |
| Loch Chúm Luachra | Táthar ag súil go mór go mbainfidh sé dea-stádas amach |
| Eagher Lough | Táthar ag súil go mór go mbainfidh sé dea-stádas amach |
| Gouragh Lough | Táthar ag súil go mór go mbainfidh sé dea-stádas amach |
| Callee Lough | Baol ann nach mbainfidh sí dea-stádas amach |
| Auger Lake | Táthar ag súil go mór go mbainfidh sé dea-stádas amach |
| An Loch Dubh | Táthar ag súil go mór go mbainfidh sé dea-stádas amach |
| Loch Léin | Baol ann nach mbainfidh sé dea-stádas amach |
| Muc Ros | B'fhéidir go bhfuil baol ann nach mbainfidh sé dea-stádas amach |
| Loch Curráin | Táthar ag súil go mbainfidh sí dea-stádas amach |
| Loch na Móna | B'fhéidir go bhfuil baol ann nach mbainfidh sé dea-stádas amach |
| Loch Chúil an Ghlinne | Baol ann nach mbainfidh sé dea-stádas amach |
| Loch Cluanach | Táthar ag súil go mbainfidh sí dea-stádas amach |
| Coonaglassaw Lake | B'fhéidir go bhfuil baol ann nach mbainfidh sé dea-stádas amach |
| Loch Cúm a' tSatharn | Táthar ag súil go mór go mbainfidh sé dea-stádas amach |
| Loch Coiteáin | B'fhéidir go bhfuil baol ann nach mbainfidh sé dea-stádas amach |
| Loch Cluaine | Táthar ag súil go mbainfidh sí dea-stádas amach |
| Loch Inse Chuinn | Baol ann nach mbainfidh sé dea-stádas amach |
| Loch an Chumair | Baol ann nach mbainfidh sé dea-stádas amach |
| Loch Chum Clochráin | Baol ann nach mbainfidh sé dea-stádas amach |
| Loch Ealla | Baol ann nach mbainfidh sé dea-stádas amach |
| Barley Lake | B'fhéidir go bhfuil baol ann nach mbainfidh sé dea-stádas amach |

Fuarthas amach sna measúnuithe riosca a rinne Ceantar Abhantraigh an Iardheiscirt go bhfuil Loch Léin, Loch Cluain an Ghlinne agus Loch Inse Chuinn i mbaol ó thionchar fhoinsí éagsúla truaillithe. Is foinsí tábhachtacha uisce óil iad Loch Léin agus Loch Coiteáin i gContae Chiarraí. Úsáidtear lochanna eile mar Loch Eirc, Loch Gabhláin, Loch Callee, Loch Shliabh an Iolair, Loch Comar na Muc agus Loch Drom Tine mar fhoinsí uisce óil freisin.

Tá roinnt dobharcheantar loch sa chontae atá leochaileach ó thaobh leibhéil ardaithe fosfair de. Tá leochaileacht ar leith ag baint le Loch Léin agus chuir blás algach 1997 srian an-mhór le húsáid an locha seo i rith an tsamhraidh. Léiríonn Tábla 7.6 thíos lochanna sa chontae atá íogair ó thaobh fosfair de.

**Tábla 7.6: Lochanna atá Íogair ó thaobh Fosfair de i gContae Chiarraí**

| **Lochanna** |
|---|
| Lough Cuireáin |
| Loch Cártha |
| Loch Cluain an Ghlinne |
| Loch Gill |
| Loch Léin |
| Loch na Móna |
| Loch Moc Rois |
| Loch Uachtarach – Cill Airne |

Soláthraíonn na lochanna seo go léir sciar suntasach den teacht isteach ó thurasóireacht. Tá cáil ar an gContae maidir le hiascaireacht agus tá roinnt lochanna brandáilte ann. Tá siad seo sonraithe ag Fáilte Éireann agus ag an bPríomh-Bhord Iascaigh maidir le stoic bhradán agus bhreac Féach Tábla 7.7.

**Tábla 7.7. Lochanna Brandáilte i gContae Chiarraí**

| Lochanna Brandáilte | | |
|---|---|---|
| Acoose | Abhainn an Scáil | Augher |

| Lochanna Brandáilte | | |
|---|---|---|
| Barfinnihy Black | Brin | Capall |
| Cappach na Lea | Clonee | An Chluain |
| Cúm an tSatharn | Cúm Luachra | Coomnacronia |
| Cruachán | Coimín an Duilliúir | Coimín an Locháin |
| Coimín Dubh | Comar | Currán |
| Cushvally | Derriana | Doo |
| Eagher | Fada | Gan an Gharraí |
| Gleann | Glean Mór | Inse Cuinn |
| Uisce na Mac Tíre | Uisce Gainimhe na Cealla | Kilbrean |
| Leacach | Luascánach | Na Circe |
| Na mBreac Dearg | Na Péiste | Riabhach (2) |
| Uragh | | |

Tá béim curtha ag Bord Iascaigh Réigiún an Iardheiscirt ar na deacrachtaí a bhí i gceist le hastarraingt uisce ó Loch Coiteáin (foinse Sholáthar Uisce an Réigiúin Láir). Tháinig deireadh le déanaí le heis-sreabhadh ón loch seo go dtí Abhainn Finow i dtréimhsí mar a mbíonn sruth íseal ann. Tá gá le huisce a astarraingt ón Abhainn Gharbh in aice láimhe chun sreabh a sholáthar d'Abhainn Finow le linn na dtréimhsí seo. Mar thoradh air seo tá cosc ar ghluaiseacht iasc go dtí agus ó Loch Coiteáin agus tá an Abhainn Gharbh triomaithe laistíos den phointe astarraingte. Measann an Bord Iascaigh nach féidir glacadh leis an gcleachtas seo agus tá ceisteanna á gcur aige maidir le hacmhainn Loch Coiteáin soláthar ar éilimh forbartha sa cheantar sa todhchaí.

Tuigtear do FTC gur bhunaigh Comhairle Contae Chiarraí Aonad Cáilíochta Uisce Óil laistigh d'oifig thionscadal Caipitil na Seirbhísí Uisce. Déanfaidh an t-aonad seo uasdhátú ar Straitéis Soláthair Uisce an Chontae agus déanfaidh sé iarratas, bunaithe ar riachtanais, chuig an RoCRÁ ar chistiú agus do chur i bhfeidhm an chláir de chéimeanna uasghrádaithe atá forbartha.

Tá roinnt lochanna sa chontae aitheanta a bhfuil baol ann nach mbainfidh siad dea-stádas cáilíochta uisce amach faoi 2015. Cé go bhfuil roinnt de na lochanna seo tábhachtach chun turasóirí a mhealladh is foinsí tábhachtacha uisce óil iad freisin. Tá aitheanta ag tuarascáil charachtarach SWRDB go dtagann na príomhbhrúnna ar lochanna an chontae ó dhianfheirmeoireacht, brúnna moirfeolaíocha agus poncfhoinsí truaillithe. Léirítear na brúnna atá ar na lochanna a bhfuil baol suntasacha ann nach mbainfidh siad dea-stádas

amach i dTábla 7.8.

**Tábla 7.8: Brúnna ar Lochanna**

| Loch | Brúnna |
|---|---|
| Loch na Móna | Brúnna moirfeolaíocha |
| Barley Lake | Brúnna moirfeolaíocha |
| Cúm Clochráin | Dianfheirmeoireacht, gaibhniú uisce, brúnna moirfeolaíocha |
| Loch Cumair | Cothromaíocht uisce locha, gaibhniú uisce & brúnna moirfeolaíocha |
| Loch Chluain an Ghlinne | Dianfheirmeoireacht, brúnna moirfeolaíocha |
| Cruachán | Dianfheirmeoireacht, brúnna moirfeolaíocha |
| Loch Coireáin | Cothromaíocht uisce locha, gaibhniú uisce & brúnna moirfeolaíocha |
| Callee Lough | Cothromaíocht uisce locha, gaibhniú uisce & brúnna moirfeolaíocha |
| Moc Ros | Díluchtú ceadúnaithe údaráis áitiúil agus truailliú poncphointe |
| Loch Léin | Uiscí insreafa |
| Coomaglashaw | Gaibhniú uisce & brúnna moirfeolaíocha |

### 7.2.4. Caílíocht Uiscí Trasdultacha agus Cósta

Tá timpeall 1,000km de chósta ag Ciarraí. Anuas ar an éagsúlacht úsáide a bhaintear as mar chalafoirt agus chuanta, fóillíocht, taitneamhacht, iascaireacht agus dobharshaothrú tá cuid suntasach den chósta sonraithe mar Limistéar faoi Chosaint Speisialta (LCS) faoi Rialacháin (Gnáthóga Nádúrtha) an Aontais Eorpaigh 1997. Ar na samplaí tá oileáin na Sceilge, na Blascaodaí, Leithinis an Daingin, Leithinis Uíbh Ráthaigh agus Kerry Head.

Tá 13 trá i gContae Chiarraí a fuair an Bhratach Ghorm. Tá siad seo suite i mBaile na Sceilg, Baile an Bhuinneánaigh (thuaidh agus theas), Baile Thaidhg, Banna, Doire Fhionnáin, an Fhianait, an Inse, na Cealla, Machaire Beag, Ros Beag, Fionntrá agus Cathair Saidhbhín.

Déantar idirdhealú sa Chreat-Treoir Uisce idir inbhir (uiscí trasdultacha) agus uiscí muirí.

Is uiscí iad uiscí trasdultacha i mbéal abhainn atá salanda ach a dtagann sreabhadh fionnuisce iontu freisin. Tá uiscí an chósta suite idir an cósta agus muirmhíle amháin uaidh. Léirítear i dTábla 7.9 stádas riosca an CTU maidir le huiscí trasdultacha i gContae Chiarraí.

**Tábla 7.9: Cáilíocht Uisce Trasdultach i gContae Chiarraí**

| Uisce Trasdultach | Stádas Riosca CTU |
|---|---|
| Cuan na Snaidhme | B'fhéidir go bhfuil baol ann nach mbainfidh sé dea-stádas cáilíochta uisce amach |
| Cuan Chill Mhoceallóige | [[Táthar ag súil go mbainfidh sí dea-stádas cáilíochta uisce amach |
| Adgroom | Táthar ag súil go láidir go mbainfidh sí dea-stádas cáilíochta uisce amach |
| Cuan Eadargóil | Táthar ag súil go mbainfidh sí dea-stádas cáilíochta uisce amach |
| An Ribhéar Laistigh | Táthar ag súil go láidir go mbainfidh sí dea-stádas cáilíochta uisce amach |
| Cuan Chaisleán a Mainge | B'fhéidir go bhfuil baol ann nach mbainfidh sé dea-stádas cáilíochta uisce amach |
| Inbhear Lí K | Baol ann nach mbainfidh sé dea-stádas cáilíochta uisce amach |
| Loch Gill | Táthar ag súil go mbainfidh sé dea-stádas amach |
| Abhainn na Féile Uachtarach | Baol ann nach mbainfidh sé dea-stádas amach |
| Inbhear Íochtarach na Sionainne | Baol ann nach mbainfidh sé dea-stádas amach |

Tugtar stádas riosca CTU maidir le huiscí chósta Cho. Chiarraí i dTábla 7.10 thíos.

**Tábla 7.10: Cáilíocht Uisce an Chósta i gContae Chiarraí**

| Uiscí an Chósta | Cáilíocht |
|---|---|
| Bá Dún Mhánais | Táthar ag súil go mór go mbainfidh sé dea-stádas amach |
| Bá Bheanntraí Lasmuigh | Táthar ag súil go mór go mbainfidh sé dea-stádas amach |
| An Ribhéar Lasmuigh | B'fhéidir go bhfuil baol ann nach mbainfidh sé dea-stádas |

| | |
|---|---|
| | amach |
| Bord Farraige an Altantaigh Thiar Theas | Táthar ag súil go mór go mbainfidh sé dea-stádas amach |
| Cuan Bhaile na Sceilg | Táthar ag súil go mór go mbainfidh sé dea-stádas amach |
| Bá an Daingin Lasmuigh | Táthar ag súil go mór go mbainfidh sé dea-stádas amach |
| Cuan an Daingin | B'fhéidir go bhfuil baol ann nach mbainfidh sé dea-stádas amach |
| Bá Bhréanainn | Táthar ag súil go mór go mbainfidh sé dea-stádas amach |
| Bá Thrá Lí Lasmuigh | Táthar ag súil go mór go mbainfidh sé dea-stádas amach |
| Bá Thrá Lí Laistigh | B'fhéidir go bhfuil baol ann nach mbainfidh sé dea-stádas amach |

Tugtar liosta de na brúnna ar uiscí trasdultacha agus cósta i dTáblaí 7.11 agus 7.12 faoi seach.

**Tábla 7.11: Brúnna ar Uiscí Trasdultacha i gContae Chiarraí**

| Cuan | Brúnna |
|---|---|
| an tSnaidhm | Meascán d'fhorscéitheadh séarachais agus ionad cóireála, ionaid chóireála fuíolluisce agus truailliú poncfhoinse |
| Caisleán na Mainge | Cosaintí cósta, meascán d'fhorscéitheadh séarachais agus ionad cóireála, díluchtú ceadúnaithe údaráis áitiúil, brúnna phoncfhoinse agus moirfeolaíocha |

**Tábla 7.12: Brúnna ar Uiscí an Chósta i gContae Chiarraí**

| Uiscí an Chósta | Brúnna |
|---|---|
| An Ribhéar Lasmuigh | Substaintí guaiseacha agus poncfhoinsí truaillithe |
| Cuan an Daingin | Struchtúir thógtha, cosaintí cósta agus brúnna moirfeolaíochta |

### 7.2.5. Tuilte

Léiríonn cainteanna le pearsanra Chomhairle Contae Chiarraí go raibh fadhbanna ag roinnt bailte mar Bhéal Átha Longfoirt agus Trá Lí le tuilte san am atá caite. Mar sin féin, tá na hoibreacha cosanta tuile a cuireadh isteach i dTrá Lí roinnt blianta ó shin tar éis cabhrú leis an fhadhb a réiteach. Léiríonn Figiúr 6.2 láithreacha na dtuilte stairiúla atá ar eolas maraon leis na tailte leasmhara. Cé go ndearnadh oibreacha draenála chun tuilte a laghdú agus draenáil ar na tailte seo a fheabhsú, is féidir go bhfuil baol iarmharach tuile ann fós.

Agus an próiseas SEA seo ar siúl ag an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha agus Bord Iascaigh an Iardheiscirt léirigh siad imní maidir le tuilte, ag cur béime ar an ngá atá le tuilemhánna a choimeád saor ó inlíonadh mar fuíollábhar C&D.

### 7.2.6. Éabhlóid agus an Timpeallacht Uisceach in éagmais Phlean Forbartha

Léirigh an mheasúnacht bhonnlíne go bhfuil roinnt dobharlach faoi bhrú ó fhoinsí éagsúla truaillithe. Tá foinsí éagsúla truaillithe agus próisis mhoirfeolaíocha sna haibhneacha agus sna lochanna aitheanta mar phríomhchúiseanna leis. Sa chás go leantar leis an *status quo* is féidir go dtarlódh saibhriú cothaitheach de bharr eatrófú ar bhreis lochanna sa chontae. Beidh impleachtaí fairsinge aige seo ní hamháin d'fhoinsí uisce óil ach freisin d'aeistéitic agus d'acmhainn turasóireachta na n-acmhainní seo.

Mura ngníomhmhaítear go tapaidh, beidh cáilíocht uisce na n-aibhneacha thíos leis freisin. Beidh laghdú ar líon na mbradán agus na mbreac sa chontae mura mbíonn rialúcháin chearta pleanála ann.

Dob é an dán céanna é ag screamhuisce, a úsáideann roinnt soláthairtí beaga poiblí agus líon suntasach de mhuintir na tuaithe sa chontae Ina theannta sin is cuid lárnach é screamhuisce de mhórán gnáthóg sainiúil sa chontae agus bheidís sin thíos leis freisin. Gan rialúcháin chearta pleanála, dob fhéidir a bheith ag súil le drochthionchar ar cháilíocht uisce óil agus ar bhithéagsúlacht sa chontae.

Is cuid lárnach de thurasóireacht agus d'eacnamaíocht an Chontae iad uiscí trasdultacha

agus cósta. Gan rialúcháin chearta pleanála, dob fhéidir a bheith ag súil le drochthionchar ar cháilíocht uisce sa dá cheann acu. Chuirfeadh seo leis an mbaol go gcaillfeadh roinnt dá tránna stádas an Bhrataigh Ghoirm.

## 7.3. Forbairt ar Chuspóirí Comhshaoil, ar Spriocanna agus ar Tháscairí don Timpeallacht Uisceach

Sa rannán seo a leanas den Tuarascáil Chomhshaoil seo leagtar amach na cuspóirí comhshaoil, na spriocanna agus na tháscairí don timpeallacht uisceach. Tá socrú na gcuspóirí comhshaoil a úsáidtear sa tuarascáil seo déanta le heolas na measúnachta bonnlíne agus an phróisis scóipeála a bhaineann leis an SEA seo a fhorbairt.

Ceann de na dúshláin is mó atá i ndán do gach údarás áitiúil sa todhchaí ná cur i bhfeidhm na Chreat-Treorach Uisce. Cé go bhfuil na Tuarascálacha Carachtaracha curtha faoi bhráid na hEorpa go n-aontófar leo, tá na Ceantair Abhantrach anois i mbun Pleananna Bainistíochta Abhantrach (PBA) a ullmhú. Caithfear na pleananna seo a chríochnú faoi 2009. Éileoidh eilimint eile den phróiseas comhaontú gach údarás áitiúil laistigh de Cheantar Abhantraigh maidir leis an bplean bainistíochta agus na gClárchéimeanna (CCanna) is gá chun dea-stádas cáilíochta uisce a bhaint amach do gach dobharlach faoi 2015. Mar thoradh air seo is é ceann de phríomhchuspóirí comhshaoil don Tuarascáil Chomhshaoil seo ná go gcomhlíontar riachtanais na PBAnna nuair a bhunaítear iad.

Ina theannta sin tá an teacht isteach a ghintear as turasóireacht sa chontae substaintiúil agus tá mórfhostaíocht i gceist ann sa chontae. Is aidhm do na spriocanna comhshaoil inbhuanaitheacht na turasóireachta a bhaint amach sa chontae.

Is foinse tábhachtach é an dobharshaothrú agus cosaint na timpeallachta muirí do theacht isteach an chontae. Leagfar spriocanna comhshaoil síos chun cáilíocht uisce chósta an chontae a choimeád.

Ceaptar go bhfuil forbairt na dtuilemhá ag teacht salach ar na polasaithe faoisimh tuile atá ag teacht chun cinn. Tá béim na bainistíochta tuile anois ar mheasúnú baol tuile seachas ar mhodhanna ceaptha. Tá doiciméad an ghrúpa athbhreithnithe ar Pholasaí ar Thuilte 2004 ar athbhreithniú polasaí ar Thuilte aitheanta ag an RoCRA mar dhea-dhoiciméad

d'aithint na gcéimeanna rialaithe tuile. Molann an Roinn go n-úsáidfí Córais Dearaidh Inbhuanaithe Uirbeacha (CDIU) mar uirlis mheasúnaithe tuile d'fhorbairtí sa tochchaí.

Tá soláthar uisce óil glan inbhuanaithe riachtanach le fás leanúnach a chinntiú i gContae Chiarraí. Tá gá le soláthar oiriúnach uisce chun na spriocanna mais chriticiúil a leagadh amach sa straitéis lonnaíochta don Chontae a bhaint amach.

D'fhonn gur féidir leis an bPlean Forbartha Contae Rialacháin an SEA a chomhlíonadh tá roinnt cuspóirí comhshaoil, spriocanna agus táscairí leagtha síos don timpeallacht uisceach sa Tuarascáil Comhshaoil seo. Taispeáintear iad seo i dTábla 7.13.

**Tábla 7.13: Cuspóirí Comhshaoil, Spriocanna agus Táscairí don Timpeallacht Uisceach**

| Gné Uisce (W) | Cuspóir (WO) | Spriocanna | Táscairí (WI) | Foinse Faisnéise Tháscaire |
|---|---|---|---|---|
| **W1**<br>**Uisce Dromchla** | **WO1.1**<br>Cáilíocht uisce dromchlach a choimeád nó a fheabhsú chun riachtanais Plean Bainistíochta Abhantrach an Iardheiscirt (PBA ID) na Clárchéimeanna (CCanna) a chomhlíonadh | Feabhas a chur nó ar a laghad gan aon mheathlú a theacht ar cháilíocht uisce dromchla faoi 2015 | **WI1.1**<br>Athruithe ar cháilíocht uisce glactha mar a aithníodh le linn na monatóireachta a rinne CCC agus an GCC ar cháilíocht uisce do PBA ID | GCC<br>CCC |
| | **WO1.2**<br>Rátáil Cháilíochta Bhithigh (Luacháil Q) a choimeád nó a fheabhsú d'uiscí dromchla | Rátáil Q de 4 de réir stádais cháilíochta 'maith' an CTU a bhaint amach faoi 2015 | **WI1.2**<br>Rátáil cháilíochta bhithigh ar uiscí aibhneacha ag láithreacha monatóireachta GCC | GCC<br>CCC |

| Gné Uisce (W) | Cuspóir (WO) | Spriocanna | Táscairí (WI) | Foinse Faisnéise Tháscaire |
|---|---|---|---|---|
| | **WO1.3** CDIU a chur i bhfeidhm tríd an gceantar staidéir | Go mbeadh córais draenála de réir CDIU | **WI1.3** Soláthar ar phleananna draenála atá géilliúil do CDIU d'fhorbairtí atá beartaithe sa cheantar staidéir | CCC |
| | **WO1.4** Eolas ar a gcuireann forbairtí le méid na n-uiscí dromchlacha | Sonraí uasdhátaithe ar ghiniúint uisce dromchla laistigh den cheantar staidéir | **WI1.4** Sreabhadh cainníochtaithe uisce dromchla ó fhorbairtí atá beartaithe mar chuid den phróiseas pleanála<br><br>Leibhéil thomhaiste aibhneacha | CCC |
| **W2 Screamhuisce** | **WO2.1** Cosc a chur ar thruailliú screamhuisce trí chloí le pleananna cosanta uiscíoch nuair a bhíonn siad críochnaithe | Feabhas a chur nó ar a laghad gan aon mheathlú a theacht ar cháilíocht screamhuisce de réir riachtanais PBA ID | **WI2.1** Athruithe ar cháilíocht screamhuisce mar a aithníodh sna cláir mhonatóireachta a chuir CCC agus an GCC ar siúl faoi PBA ID | GCC<br><br>CCC |
| **W3 Uisce óil** | **WO3.1** Cáilíocht soláthair uisce óil a choimeád agus a fheabhsú | Laghdú a dhéanamh ar líon na dtarluithe ar Liosta Gníomhaíochta Feabhais an GCC (LGF) d'fhógraí a eisítear d'uisce óil le saolré an Phlean | **WI3.1** Cáilíocht uisce óil agus comhaireamh baictéarach agus minicíocht fhógraí 'uisce a bheiriú' agus fhógraí LGF ón GCC | GCC<br><br>CCC |

| Gné Uisce (W) | Cuspóir (WO) | Spriocanna | Táscairí (WI) | Foinse Faisnéise Tháscaire |
|---|---|---|---|---|
| **W4 Soláthar Uisce** | **WO4.1** Úsáíd inbhuanaithe uisce a chur chun cinn bunaithe ar chosaint fhadtéarmach ar acmhainní | Laghdú ar líon na bhfógraí 'ganntanas uisce' a eisítear | **WI4.1** Minicíocht na bhfógraí 'ganntanas uisce' | Rannóg Seirbhísí Uisce CCC |
| | **WO4.2** Uasghrádú ar infrastruchtúr le freastal ar riachtanais soláthair uisce sa todhchaí | An Straitéis Soláthair Uisce a chur i bhfeidhm de réir Chlár Infheistíochta Náisiúnta na Seirbhísí Uisce | | Rannóg Seirbhísí Uisce CCC |
| **W5 Tuilte** | **WO5.1** Maolú ar éifeacht thuilte trí gan forbairt a dhéanamh ar thuilemhá | Cosc ar dhamáiste tuile ar thalamh agus ar réadmhaoin<br><br>Cloí le Treoirlínte an OOP ar Bhaol Tuile (2005) | **WI5.1** Líon agus cineál na bhforbairtí sa cheantar aitheanta tuile | CCC<br><br>OOP |
| | **WO5.2** Faoiseamh tuile a sholáthar trí bhainistíocht ar bhaol tuile seachas réitigh a cheapadh ar thuilte | Cloí le tuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe Polasaí ar Bhaol Tuile "Tuarascáil Dheiridh, Athbhreithniú ar Bhaol Tuile" 2004 | **WI5.2** Measúnaithe ar bhaol tuile a sholáthar le forbairtí beartaithe/athruithe ar chriosú talún le béim ar bhainistíocht ar bhaol tuile | CCC<br><br>OOP |

| Gné Uisce (W) | Cuspóir (WO) | Spriocanna | Táscairí (WI) | Foinse Faisnéise Tháscaire |
|---|---|---|---|---|
| **W6 Moirfeolaíocht Uisce Dromchla** | **WO6.1** Cosc ar chur isteach ar mhoirfeolaíocht uisce intíre trí athruithe ar fhorbairtí / úsáid talún sa cheantar staidéir | Gan athbhealaí nó athruithe ar uisce dromchla a cheadú gan measúnú a bheith déanta roimh ré ag hidreolaí cáilithe | **WO6.1.1** Líon na hathbhealach beartaithe ar uisce dromchla a sholáthar leis na measúnuithe hidreolaíocha | CCC |
| **W7 Snámh** | **WO7.1** Stádas an Bhrataigh Ghoirm a choimeád do thránnna | Cosc a chur le meathlú ar cháilíocht uisce snámha | Athruithe ar cháilíocht uisce snámha | GCC<br>CCC |
| **W8** Uiscí Trasdultacha agus Cósta | Freastal ar riachtanais Phlean Bainistíochta Abhantrach an Iardheiscirt (PBA ID) agus na gClárchéimeanna | Feabhas a chur nó ar a laghad gan aon mheathlú a theacht ar cháilíocht uisce | Riachtanais PBA ID a chomhlíonadh | CCC |

## 7.4. Measúnú ar Thionchair Suntasacha is Dóichí a Bheidh ag an bPlean ar an Timpeallacht Uisceach

Is é cuspóir an chuid seo den chaibidil a dhéanamh amach cad iad an tionchair "suntasacha is dóichí" a bheidh ag an bPlean Forbartha ar an gcomhshaol. Tá an mhodheolaíocht mheasúnaithe a úsáidtear anseo bunaithe ar na critéir atá liostáilte i gCaibidil 5. Déantar measúnú ar na cuspóirí comhshaoil don timpeallacht uisceach (tugtha i dTábla 6.13) de réir cuspóirí an phlean maidir le:

- Straitéis fhoriomlán
- Straitéis lonnaíochta agus polasaithe forbartha tuaithe
- Tithíocht

- Fostaíocht, gníomhaíocht gheilleagrach agus mhiondíola
- Turasóireacht
- Acmhainní nádúrtha
- Iompar agus infrastruchtúr
- Conláistí sóisialta, pobail, cultúrtha, áineasa agus an Ghaeltacht
- An oidhreacht thógtha
- An timpeallacht nádúrtha
- Criosú agus tírdhreach
- Dearadh uirbeach agus bainistíocht forbartha

Déantar SEA trí mheasúnú a dhéanamh ar thionchar chuspóirí an Phlean Forbartha ar na cuspóirí don timpeallacht. Tugtar measúnú iomlán in Aguisín 3 sa tuarascáil seo agus tá achoimre ar na torthaí thíos.

Léiríonn athbhreithniú ar Fhigiúr 7.1 go bhfuil a lán de na príomhbhailte i gContae Chiarraí suite in aice le cineál éigin dobharlaigh.

Soláthraítear uisce óil do na daoine a bhfuil cónaí orthu i gCill Airne, i dTrá Lí agus in Oileán Chiarraí ó Loch Coiteáin, faoi mar atá roinnt scéimeanna níos lú ag fáil soláthair ó lochanna eile. Tá béim curtha roimhe seo sa chaibidil ar na fadhbanna a bhaineann le hastarraingt as loch agus na fadhbanna a bhaineann leis d'éiceolaíocht abhann.

.>

It is imperative that these are addressed in the forthcoming drinking water strategy report for the county.

<}0{>

Tá sé riachtanach go dtabharfaí aghaidh orthu seo sa tuarascáil atá le teacht ar straitéis uisce óil don chontae.

Tá ríthábhacht ag baint leis an acmhainn seo sa chontae a chosaint d'inbhuanaitheacht Tá roinnt lochanna ina bhfuil stoic de Ghualáin (*Salvelinus alpine*) mar shampla Loch Abhainn an Scáil, Loch Cloonee, Loch Chúm an tSathairn, Loch Inse Chuinn agus Loch Uragh.

Léiríonn na cuspóirí a thugtar sa Straitéis Lonnaíochta atá leagtha amach i gCaibidil 3 den Phlean Forbartha sprioc Chomhairle Contae Chiarraí a chinntiú go mbíonn infrastruchtúr foirfe sna lonnaíochtaí ar fud an chontae (Cuspóir SS-25) agus nach gceadófar tithe saoire aonair i gceantair thuaithe (SS-38). Cé go mb'fhéidir drochthionchar gearrthéarmach a bheith ann le linn tógála na n-ionad cóireála fuíolluisce mar shampla smúit, torann agus uisce dromchla ag rith chun srutha, beidh an tionchar fadtéarmach dearfach agus leasmhar don chontae. Tá roinnt scéimeanna séarachais beartaithe don chontae idir 2008 agus 2020. Tá na scéimeanna ag Barra Dubh, na Fíodhraí, Cill Chomáin, Baile an Mhuilinn, an tSnaidhm agus an Coireán á dtógáil/ar conradh faoi láthair. Táthar le tairiscintí a lorg do scéimeanna sa Bhaile Dubh, Tairbeart, Béal Átha Longfoirt, Leic Snámha, Ard Fhearta, An Fhianait, Mainistir Ó dTorna, Cill Gharbháin, Caisleán Ghriaire, Caisleán na Mainge, an Neidín, Gleann Beithe, Bearfort agus Cathair Dónall i 2008. Tabharfar tosaíocht d'oibreacha Chéim 2 do roinnt de na scéimeanna seo a leanas, An Tóchar, Maigh Mheáin , Dubháth, Cill Flainn, Eas Daoi, Fionnúig, Brosna, Cnoc na gCaiseal, Cill Fhionnúrach, An Spá, Gníomh Go Leith, Lurrow, Cill Choimín, Scairteach an Ghlinne, Abhainn an Scáil, Baile an Fheirtéaraigh, Baile na nGall, Ceann Trá, An Clochán, an Fheothanach, An Mhuiríoch, Buailteachas, Cé Bhréanainn, Lios Póil, Chapletown, Baile an Ridire, An Caladh. Ros Beithe and Cromán. Cinnteoidh uasghrádú agus suiteáil ar na hionaid chóireála seo go ndéanfar timpeallacht uisceach an Chontae a chosaint.

Cuspóirí HS 4-26 den Phlean Forbartha – b'fhéidir go mbeidh drochthionchar sealadach ar uisce ag dearóile a bhaint de shuímh sa chontae. Ar a shon sin, cabhróidh suiteáil leorchéimeanna maolaithe, mar shampla bacanna siolta, bundáil ola bhreosla, le réiteach/laghdú a dhéanamh ar na tionchair seo.

Spreagann Caibidil 5 (Eacnamaíocht) den Phlean Forbartha spreagadh sonrach d'infrastruchtúr mar bhóithre, cóireáil fuíolluisce etc. le freastal ar thionscail i mBéal Áta Longfoirt/Tairbeart. Cinnteoidh an cuspóir seo go bhfuil timpeallacht mhuirí an cheantair seo cosanta agus nach dtiocfaidh meathlú ar cháilíocht uisce Inbhear na Sionainne de dheasca tionscadail Gháis Nádúrtha Leachtaithe a fuair cead pleanála le

déanaí ón mBord Pleanála.

Spreagann cuspóirí ECO-5-30 agus ECO-5-31 den Phlean Forbartha forbairt feirme nuair is ann do go leor talún feirme le heisilteach feirme a ionsú agus nach mbeadh drochthionchar aige ar an timpeallacht. Tá tiomantas tugtha ag an gComhairle freisin ceann a thógáil de chomhairle/riachtanais Bhord Iascaigh Réigiún an Iardheiscirt, Rannóg Comhshaoil Chomhairle Contae Chiarraí agus Bord Iascaigh Réigiún na Sionainne (ECO 5-57) agus measúnú á dhéanamh ar thionchar forbairtí.

Aithníonn Caibidil 6 (Turasóireacht) den Phlean Forbartha an ceangaltas dlíthiúil atá ann suímh Natura 2000 agus Ceantair Oidhreachta Nádúrtha (Cuspóir T6-21) a chosaint. Toisc gur gnáthóga uisceacha iad a lán de na suímh seo tá cuspóirí ag Comhairle Contae Chiarraí maidir leis na sócmhainní seo a chaomhnú agus a fheabhsú. Cinnteoidh siad seo nach mbeidh aon tionchar suntasach fadtéarmach ar ghnáthóga uisceacha.

Ar na cuspóirí sonracha atá i gCaibidil 11 den Phlean (Comhshaol Nádúrtha) atá dírithe ar dhobharlaigh a chosaint tá EN 11-7, a chuireann cosc ar aon chineál forbartha laistigh d'abhantrach Loch Coiteáin a bhféadfadh tionchar a bheith aici ar cháilíocht uisce. Díríonn Cuspóirí EN 11-8 go EN 11-13 ar lochanna atá leochaileach ó thaobh truaillithe fosfair de a chosaint agus tabharfaidh seo cosaint do na dobharlaigh seo. Níltear ag súil le haon tionchar suntasach fadtéarmach. .

Tá screamhuisce cosanta faoi chuspóirí EN 11-15 go EN 11-18 agus tiomantas i gcuspóir EN 11-15 ón gComhairle Contae scéimeanna cosanta screamhuisce a ullmhú don chontae. Cinnteoidh na cuspóirí seo nach dtarlóidh aon tionchar suntasach fadtéarmach ar screamhuisce.

Tá Cuspóir NR7-1 i gCaibidil 7 (Acmhainní Nádúrtha) den Phlean Forbartha Contae, agus is é sin acmhainn eacnamúil agus forbairt ar acmhainní mianra a chur chun cinn. Tá acmhainn anseo drochthionchar gearrthéarmach a bheith ar an gcomhshaol go háirithe le linn lomadh ró-ualaithe. Cuirfear rialacháin dochta pleanála i bhfeidhm de réir Treoirlínte na RoCRÁ do Chairéil agus do Ghníomhaíochtaí Coimhdeacha (2004), ar aon chead pleanála a thugtar. Tá na cairéil agus na cairn atá ag feidhmiú sa chontae rialaithe ag Acht Pleanála agus Forbartha 2000 faoi Alt 261 ar chead, agus beidh seo chun leasa fadtéarmach an chontae.

Tagann cás den chineál céanna i gceist le forbairt foraoise (Cuspóir NR 7-13), le drochthionchar gearrthéarmach ar chúrsaí uisce in aice láimhe le linn cur agus leagan. Cuirfear rialúcháin dochta ar úsáid leasacháin i bhfeidhm go háirithe timpeall ar aibhneacha agus lochanna atá íogair ó thaobh cothaithigh de agus tabharfaidh seo cosaint fadtéarmach do dhobharlaigh.

Tá cuspóirí i gCaibidil 8 den Phlean Forbartha (Infrastruchtúr) a bhaineann go háirithe le fuíolluisce, le caomhnú uisce, le bainistiú uisce stoirme agus le bainistiú sloda (Cuspóir INF-8-53, INF 8-54 agus INF 8-55 faoi seach). Cinnteoidh na cuspóirí seo nach gcuirfear isteach go mór ar dhobharlaigh agus go dtiocfaidh feabhas ar dhobharlaigh a aithnítear a bheith 'i mbaol'.

Soláthraíonn Caibidil 13 (Dearadh Uirbeach agus Bainistíocht Forbartha) den Phlean treoirlínte agus riachtanais d'fhorbairt i gceantair tuaithe. Tá riachtanas ann faoin bPlean Forbartha do dhearadh uirbeach agus d'fhorbairt cónaithe i gceantair tuaithe neamhsheirbhíse córais bhainistíochta inbhuanaithe uisce stoirme a bheith ann do dhiúscairt uisce dromchla a thagann ón bhforbairt. Is riachtanas é Córas Dearaidh Inbhuanaithe Uirbeach (CDIU) do gach forbairt nua. Cabhróidh seo le tuilte a sheachaint sa Chontae agus cinnteoidh sé nach dtarlóidh aon tionchar suntasach fadtéarmach.

In achoimre FTC den Phlean Forbartha Contae fuarthas amach go ndíríonn roinnt cuspóirí go sonrach ar aghaidh a thabhairt ar cháilíocht uisce i gContae Chiarraí. Cabhróidh na cuspóirí seo le Comhairle Contae Chiarraí riachtanais an AE agus na Reachtaíochta Náisiúnta a chomhlíonadh. Trí chloí leis na cuspóirí, cinnteoidh Comhairle Contae Chiarraí go mbítear géilliúil don CTU agus go gcomhlíontar na Pleananna Bainistíochta Abhantrach don réigiún.

## 7.5. Céimeanna Maolaithe chun Laghdú / Deireadh a chur le Tionchair an Phlean ar an Timpeallacht Uisceach

Tá céimeanna maolaithe ag teastáil chun deireadh/leigheas/laghdú a dhéanamh ar dhrochthionchair shuntasacha ar an gcomhshaol. Is féidir na tionchair shuntasacha seo a mhaolú ag:

- A bhfoinse, mar shampla tríd an tionchar a sheachaint ag an bhfoinse
- Bealach, mar shampla trí mhéid an tionchair a laghdú
- Glacadóir; mar shampla ag soláthar rogha mar chúiteamh ar an tionchar.

Aithníodh ag na cruinnithe scóipe agus comhairliúcháin a bhain leis an SEA seo cad iad na príomhcheisteanna comhshaoil atá i gceist sa chontae mar shampla, cosaint na timpeallachta uiscí, bithéagsúlacht, turasóireacht agus tírdhreach ach go háirithe. D'fhéadfadh tionchar a bheith ag an bPlean ar na glacadóirí comhshaoil seo in éagmais na gcéimeanna maolaithe atá leagtha amach thíos.

Ar cheann de phríomhchuspóirí Chomhairle Contae Chiarraí beidh comhlíonadh na Creat-Treorach Uisce agus na Pleananna Bainistíochta Abhantraigh a bhaineann leis. Éascófar é trí na polasaithe agus na cuspóirí atá leagtha amach sa Phlean Forbartha a bhaint amach. Mar sin féin ar an drochthionchair ghearrthéarmacha a fhéadfadh a bheith i gceist, go háirithe le linn tógála na n-ionad cóireála fuíolluisce, bheadh leagan tithe tréigthe nó cairéil / cairn a bhunú i gceantar. Mar údarás pleanála, tá cumhachtaí reachtúla ag Comhairle Contae Chiarraí dianchoinníollacha pleanála a chur ar na forbairtí seo. Ba chóir go gcinnteodh na coinníollacha seo go mbeadh céimeanna cuí cosanta ann chun foinsí uisce agus screamhuisce in aice láimhe a chosaint.

Tá roinnt cuspóirí sa Phlean Forbartha Contae a chinnteoidh go soláthraítear uisce glan óil do mhuintir Chontae Chiarraí. Dhírigh na cuspóirí ar chosc a chur le hachar síothlaithe i ngiorracht 200m do bhruach locha (Cuspóir EN 11-8), pleananna cosanta screamhuisce a fhorbairt d'fhoinsí screamhuisce (Cuspóir EN 11-15) agus uisce a chosaint ar thruailliú níotráite (EN 11-19) le go leor cosanta a chinntiú d'uisce óil. Déantar tuilleadh plé ar chosaint uisce óil i gCaibidil XXXXX den tuarascáil seo.

Tá an molcheantar, na príomhcheantair feidhme agus na ceantair áitiúla feidhme sa

chontae (tagair do Chaibidil 3 den tuarascáil seo) aitheanta sa Phlean Forbartha Contae. Tá cuspóirí sa Phlean lena chinntiú go mbeidh infrastruchtúr cuí ann le freastal ar an méadú ar dhaonra na gceantar seo. Beidh tionchar suntasach maolaithe aige seo le truailliú uisce a sheachaint sa chontae. Tabharfar faoin straitéis do sholáthar tionscadal fuíolluisce agus sloda Chontae Chiarraí laistigh de shaolré an phlean seo. Cinnteoidh suiteáil na n-ionad nua cóireála fuíolluisce seo agus uasghrádú ar na hionaid chóireála fuíolluisce atá ann go gcomhlíontar an reachtaíocht chuí reachtúil agus cabhróidh sé le huisce agus le gnáthóga uisce sa chontae a chosaint.

Ina bhfreagra léirigh an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha imní maidir le cosaint chúrsaí uisce sna lonnaíochtaí agus mhol go mbeadh ceantair chreasa chosanta bhruachánacha ann Mhol Bord Iascaigh an Iardheiscirt ina gcomhairliúchán maidir leis an tuarascáil scóipe go mbeadh gá le crios bruachánach de 5-10 méadar ar a laghad do lonnaíochtaí atá cóngarach do chúrsaí uisce.

Ní fhacthas go mbeadh aon drochthionchar suntasach ar an timpeallacht uisceach ó chur i bhfeidhm an phlean seo. Mar sin ní mholtar aon chéimeanna maolaithe SEA in éineacht leis na céimeanna maolaithe a sonraíodh sa dréachtPhlean Forbartha. Mar sin féin ba chóir go gcabhrófaí le forbairt a bhíonn ag lorg cead pleanála, a luaithe agus a bheidh an Plean Forbartha Contae curtha i bhfeidhm, maidir le tionchar ar cháilíocht uisce agus leis na sainchéimeanna maolaithe a úsáidtear nuair a tharlaíonn drochthionchar suntasach.

## 7.6. Clár Monatóireachta d'Uisce

Beidh Comhairle Contae Chiarraí freagrach as cur i bhfeidhm an chláir mhonatóireachta maidir leis an bplean forbartha contae.

Ceadaíonn clár monatóireachta go ndéanfaí tástáil ar thionchair an phlean de réir na dtionchar a bhí tuartha. Ciallaíonn sé go n-aithnítear agus go ndéileáiltear le mórfhadhbanna go tráthúil, agus go mbailítear faisnéis bhonnlíne comhshaoil d'athbhreithnuithe ar an bplean sa todhchaí.

Tá an mhodheolaíocht a úsáidtear i bhforbairt an chláir mhonatóireachta don timpeallacht uisceach bunaithe ar úsáid táscairí agus spriocanna, freagrachtaí agus idirghabhála scannta i gcás tarlaithe nach rabhthas ag súil leis.

Déanfar monatóireacht trí thuarascáil a thabhairt ar an tacar táscairí agus spriocanna a cuireadh le chéile i dTábla 6.13. Ceadóidh anailís ar na treochtaí seo tomhas ar thionchair dhearfacha agus dhiúltacha ar an gcomhshaol. Mura mbaintear spriocanna cáilíochta amach beidh gá le hidirghabháil láithreach bonn.

Is iad na táscairí a roghnaíodh ná na cinn a chomhordaíonn agus a thuairiscíonn na gníomhaireachtaí éagsúla rialtais mar an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, an OOP, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus rannóga éagsúla de Chomhairle Contae Chiarraí. Cuirfear leis seo sa todhchaí trí shamplaí a thógáil agus trí thuairisc a thabhairt ar a ndéanfar don Cheantar Abhantraigh mar chuid de riachtanas an Phlean Bainistíochta Abhantrach. Léiríonn Tábla 6.14 thíos an clár monatóireachta uisce do Chontae Chiarraí.

**Tábla 0.1: Táscaire Monatóireachta Uisce do Chiarraí**

| UISCE | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Cuspóirí Comhshaoil** | | **Táscaire** | **An tÚdarás atá Freagrach** | **Minicíocht** | **Sprioc** | **Cineál Idirghabhála atá ag teastáil** |
| WO1.1 | Cáilíocht uisce dromchla a choimeád agus a fheabhsú chun riachtanais PBAID agus CBanna a chomhlíonadh | Athruithe ar ghlacadh le cáilíocht uisce mar a aithníodh le linn na monatóireachta a rinne CCC agus an GCC do PBAID | CCC<br>GCC | De réir timthriall monatóireachta ag teacht le Clár Monatóireachta CTU | Dea-stádas uisce dromchla a bhaint amach ag teacht le CTU faoi 2015 | Imscrúdú a dhéanamh ar foinse faidhbe agus ar an réiteach dá réir |
| WO1.2 | Rátáil Cháilíochta Bhitheach (Luacháil Q) a choimeád nó a fheabhsú d'uiscí dromchla | Rátáil cháilíochta bhitheach ar uiscí aibhneacha ag láithreacha monatóireachta GCC | GCC | De réir timthriall monatóireachta ag teacht le Clár Monatóireachta GCC | Feabhas a chur nó ar a laghad gan aon mheathlú a theacht ar cháilíocht uisce dromchla faoi 2015 | Imscrúdú a dhéanamh ar foinse faidhbe agus ar an réiteach dá réir |
| WO1.3 | CDIU a chur i bhfeidhm tríd an gceantar staidéir | Soláthar phleananna draenála atá géilliúil do CDIU d'fhorbairtí atá beartaithe sa cheantar staidéir | CCC | Soláthrófar pleananna draenála a bheidh CDIU chomhlíontach le gach forbairt a bhíonn beartaithe | Comhlíonadh 100% ar phleananna draenála CDIU a sholáthraítear le hiarratais phleanála | Ní dhéanfar iarratas pleanála a mheas gan na pleananna cuí draenála a bheith in éineacht leo freisin |

| UISCE | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Cuspóirí Comhshaoil** | | **Táscaire** | **An tÚdarás atá Freagrach** | **Minicíocht** | **Sprioc** | **Cineál Idirghabhála atá ag teastáil** |
| WO1.4 | Eolas ar a gcuireann forbairtí le méid na n-uiscí dromchla | Sreabhadh cainníochtaithe uisce dromchlach ó fhorbairtí atá beartaithe mar chuid den phróiseas pleanála<br><br>Leibhéil thomhaiste aibhneacha | CCC<br><br>GCC | Measúnaithe hidreolaíocha chomh maith le ranníocaíocht uisce dromchla in éineacht le hiarratais phleanála<br><br>Leibhéil na n-aibhneacha logáilte de réir timthriall logála an GCC | Comhlíonadh 100% ar mheasúnaithe hidreolaíocha a sholáthraítear le hiarratais phleanála<br><br>Leibhéil na n-aibhneacha le fanacht ag na percintílí reatha de réir sonraí hidreolaíocha an OOP | Ní dhéanfar iarratas pleanála a mheas gan measúnú cuí hidreolaíoch a bheith in éineacht leis freisin |
| WO2.1 | Cosc a chur ar thruailliú screamhuisce trí chloí le pleananna cosanta uiscíoch | Athruithe ar cháilíocht screamhuisce mar a aithníodh sna cláir mhonatóireachta a chuir CCC agus an GCC ar siúl faoi PBA ID | CCC<br><br>CTU | De réir timthriall monatóireachta ag teacht le Clár Monatóireachta CTU | Dea-stádas screamhuisce a bhaint amach ag teacht le CTU faoi 2015 | Imscrúdú a dhéanamh ar foinse faidhbe agus ar an réiteach dá réir |

| UISCE | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Cuspóirí Comhshaoil** | | **Táscaire** | **An tÚdarás atá Freagrach** | **Minicíocht** | **Sprioc** | **Cineál Idirghabhála atá ag teastáil** |
| WO3.1 | Cáilíocht soláthair uisce óil a choimeád agus a fheabhsú | Cáilíocht uisce óil agus comhaireamh baictéarach agus minicíocht fhógraí 'uisce a bheiriú' agus fhógraí LGF ón GCC | CCC | Faoi mar a éilíonn an pobal a bhfuil freastal á dhéanamh orthu sa cheantar staidéir agus riachtanais na Rialachán Uisce Óil | Gan aon fhógra 'déan uisce a bheiriú' a eisiúint Gan aon RALA ón GCC | Imscrúdú a dhéanamh ar foinse faidhbe agus ar an réiteach dá réir |
| WO4.1 | Úsáid inbhuanaithe uisce a chur chun cinn bunaithe ar chosaint fhadtéarmach ar acmhainní | Minicíocht na bhfógraí 'ganntanais uisce' | CCC | - | Laghdú ar líon na bhfógraí ar ghanntanas uisce a eisítear | Imscrúdú a dhéanamh ar foinse faidhbe agus ar an réiteach dá réir |
| WO4.2 | Uasghrádú ar infrastruchtúr le freastal ar riachtanais soláthair uisce sa todhchaí | Minicíocht na bhfógraí 'ganntanais uisce' | CCC | - | - | - |
| WO5.1 | Maolú ar éifeacht thuilte trí gan forbairt a dhéanamh ar thuilemhá | Líon agus cineál na bhforbairtí sa cheantar aitheanta tuile | CCC | - | Laghdú ar líon na sealúchas faoi uisce<br><br>Cloí leis na treoirlínte tugtha i dTreoirlínte an OOP ar Bhaol Tuile (2005) | Imscrúdú a dhéanamh ar foinse faidhbe agus ar an réiteach dá réir |

| UISCE | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Cuspóirí Comhshaoil** | | **Táscaire** | **An tÚdarás atá Freagrach** | **Minicíocht** | **Sprioc** | **Cineál Idirghabhála atá ag teastáil** |
| WO5.2 | Faoiseamh tuile a sholáthar trí bhainistíocht ar bhaol tuile agus ar mhaireachtáil le tuilte seachas réitigh a cheapadh ar thuilte | Measúnaithe ar bhaol tuile a sholáthar le forbairtí beartaithe/athruithe ar chriosú talún le béim ar bhainistíocht ar bhaol tuile | CCC | - | Laghdú ar bhaol tuile agus ar dhamáiste ar shealúchais de dheasca tuilte | Ní dhéanfar iarratas pleanála a mheas gan measúnachtaí cuí a chur isteach sna háiteanna ina mbíonn tuilte nó ceantar draenála atá chun leasa áiteanna ar a bhfuil iarratais phleanála |
| WO6.1 | Cosc ar chur isteach ar mhoirfeolaíocht uisce intíre trí athraithe ar fhorbairtí / úsáid talún sa cheantar staidéir | Líon na n-athbhealach beartaithe ar uisce dromchla a sholáthar leis na measúnuithe hidreolaíocha | CCC | - | Maolú a dhéanamh ar athruithe ar mhoirfeolaíocht uisce dromchla agus baol tuile i gceantair nua | Ní dhéanfar iarratas pleanála a mheas gan measúnú cuí hidreolaíoch a bheith in éineacht leis freisin |

| UISCE | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Cuspóirí Comhshaoil | | Táscaire | An tÚdarás atá Freagrach | Minicíocht | Sprioc | Cineál Idirghabhála atá ag teastáil |
| W07.1 | Stádas an Bhrataigh Ghoirm a choimeád do thránnna | Athruithe ar cháilíocht uisce snámha | CCC | - | Leibhéal stádais reatha an Bhrataigh Ghoirm a choimeád | Imscrúdú a dhéanamh ar foinse faidhbe agus athainmniú a dhéanamh dá réir |

XXX

15.1.1. Airgeadas

| | |
|---|---|
| Ráta Bliantúil Luachála 2007 | €73.09 |

**Caiteachas**

| | |
|---|---|
| Ioncam | €3,532,910 |
| Caipiteal | €2,687,395 |

**Príomhfhoinsí Ioncaim**

| | |
|---|---|
| Rátaí Tráchtála | €1,433,353 |
| Ciste Rialtais Áitiúil | €841,180 |
| Deontais Bhóithre | €204,000 |
| Uisce, Séarachas & Dramhaíl | €401,000 |

| | |
|---|---|
| Cíos | €265,000 |
| Táillí Pleanála | €40,000 |
| Ranníocaíocht ó Chomhairle Contae Chiarraí | €53,000 |
| Ranníocaíochtaí Pinsin Foirne | € 38,783 |
| Fíneálacha/Táillí Páirceála | €185,000 |

# LÉIRITHEOIRÍ SEIRBHÍSE NÁISIÚNTA

| | | 2007 | 2006 |
|---|---|---|---|
| | **NA hEALAÍONA & CULTÚR** | | |
| A1 | Líon na ndeontas a Íocadh | 120 | 96 |
| | Luach Iomlan na nDeontas a Íocadh | 111,169 | 99,700 |
| | **RANNPHÁIRTÍOCHT & COMHOIBRIÚ POBAIL** | | |
| CP1 | % De Scoileanna Áitiúla páirteach i Scéim áitiúil Chomhairle na nÓg | 100% | 100% |
| | **CEISTEANNA CORPARÁIDEACHA** | | |
| C1 | % de laethanta oibre caillte le neamhláithreacht bhreoiteachta le Teastas dochtúra | 4.87% | 4.05% |
| | % de laethanta oibre caillte le neamhláithreacht bhreoiteachta gan Teastas dochtúra | 0.81% | 0.92% |
| C2 | Caiteachas ar Oiliúint & Forbairt mar % den chostas iomlán pá | 4.91% | 5.27% |
| | **SEIRBHÍSÍ COMHSHAOIL** | | |
| E1 | % de chainéal abhann nach bhfuil truaillithe | | |
| | % cainéal abhann atá beagán truaillithe | | |
| | % cainéal abhann atá cuíosach truaillithe | | |
| | % cainéal abhann atá an-truaillithe | | |
| E2 | % de thorthaí anailíse uisce óil ag comhlíonadh riachtanas reachtúil maidir le scéimeanna poiblí | | |
| | % de thorthaí anailíse uisce óil ag comhlíonadh riachtanas reachtúil | | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | maidir le scéimeanna príobháideacha | | |
| E3 | Meán-am, i noiméid le briogáid dóiteáin a shlógadh i stáisiúin lánaimseartha | N/B | N/B |
| | Meán-am, i noiméid le briogáid dóiteáin a shlógadh i stáisiúin pháirtaimseartha | 5.25 | 5.7 |
| E4 | **% freastail ar láithreacha nuair** | | |
| | (a) a bhíonn an chéad fhreastal ar láthair laistigh de 10 noiméad | 43.97 | 44.46 |
| | (a) a bhíonn an chéad fhreastal ar láthair tar éis 10 noiméad ach laistigh de 20 noiméad | 38.58 | 38.65 |
| | (a) a bhíonn an chéad fhreastal ar láthair laistigh de 20 noiméad | 17.45 | 16.89 |
| E5 | **Cosc ar Dhóiteán - Líon iomlán na n-iarratas ar Dheimhniú um Shábháilteacht ar Dhóiteán** | | |
| | (a) faighte | 287 | 292 |
| | (b) próiseáilte | 415 | 319 |
| | **BAINISTÍOCHT DRAMHAÍOLA** | | |
| E6 | % líon tí a soláthraíodh le bailiú scagtha dramhaíola | 100% | 100% |

| | | **2007** | **2006** |
|---|---|---|---|
| E7 | **Dramhaíol tí a bailíodh a chuirtear chun athchúrsála** | | |
| | (a) Tonnáiste | 6847 | 6564 |
| | (b) % de dhramhaíl tí a bailíodh | 23.00% | 22.28% |
| E8 | **Dramhaíl tí a bailíodh a chuirtear chun líonta talún** | | |
| | (a) tonnáiste | 23343 | 23308 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | (b) % de dhramhaíl tí a bailíodh | 77.00% | 77.20% |
| E9 | Áiseanna Athchúrsála | | |
| | **GLOINE** | | |
| | (a) Líon na nIonad *Beir Chuige* | 94 | 85 |
| | (a) Líon na nIonad Conláiste Cathartha | 5 | 5 |
| | (c ) líon iomlán na n-áiseanna | 99 | 90 |
| | (d) líon iomlán na suíomh | 99 | 90 |
| | (e) Tonnáiste dramhaíola bailithe d'athchúrsáil | 2573 | 2060 |
| | **Cannaí** | | |
| | (a) Líon na nIonad *Beir Chuige* | 94 | 85 |
| | (b) Líon na nIonad Conláiste Cathartha | 5 | 5 |
| | (C ) líon iomlán na n-áiseanna | 99 | 90 |
| | (d) líon iomlán na suíomh | 99 | 90 |
| | (e) Tonnáiste dramhaíola bailithe d'athchúrsáil | 215 | 200 |
| | TEICSTÍLÍ | | |
| | (a) Líon na nIonad *Beir Chuige* | 0 | 0 |
| | (b) Líon na nIonad Conláiste Cathartha | 1 | 1 |
| | (c ) líon iomlán na n-áiseanna | 1 | 1 |
| | (d) líon iomlán na suíomh | 1 | 1 |
| | (e) Tonnáiste dramhaíola bailithe d'athchúrsáil | 15 | 1.1 |
| | **BATAIRÍ** | | |
| | (a) Líon na nIonad *Beir Chuige* | 0 | 0 |
| | (b) Líon na nIonad Conláiste Cathartha | 5 | 5 |
| | (c ) líon iomlán na n-áiseanna | 5 | 5 |
| | (d) líon iomlán na suíomh | 5 | 5 |
| | (e) Tonnáiste dramhaíola bailithe | 45 | 44.5 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | d'athchúrsáil | | |
| | **OLAÍ** | | |
| | (a) Líon na nIonad *Beir Chuige* | 0 | 0 |
| | (b) Líon na nIonad Conláiste Cathartha | 5 | 5 |
| | (c ) líon iomlán na n-áiseanna | 5 | 5 |
| | (d) líon iomlán na suíomh | 5 | 5 |
| | (e) Tonnáiste dramhaíola bailithe d'athchúrsáil | 11 | 10 |
| | **EILE** | | |
| | (a) Líon na nIonad Beir Chuige | 7 | 7 |
| | (b) Líon na nIonad Conláiste Cathartha | 5 | 5 |
| | (c ) líon iomlán na n-áiseanna | 12 | 12 |
| | (d) líon iomlán na suíomh | 12 | 12 |
| | (e) Tonnáiste dramhaíola bailithe d'athchúrsáil | 1103 | 2171 |
| | | **2007** | **2006** |
| | **COSC BRUSCAIR & FORFHEIDHMIÚ COMHSHAOIL** | | |
| E 10 | **Líon na Maor Bruscair** | | |
| | (a) Líon na Maor Bruscair Lánaimseartha | 4 | 4 |
| | (b) líon na Maor Bruscair Páirtaimseartha | 7 | 8 |
| | (c ) líon iomlán na Maor Bruscair (idir lán agus páirtaimseartha) | 11 | 12 |
| | **Fíneálacha ar an Láthair** | | |
| | (a) Líon na bhFíneálacha ar an Láthair | 258 | 322 |
| | (b) Líon na gcás ionchúisimh a glacadh toisc nár íocadh an fhíneáil ar an láthair | 31 | 60 |
| | (c ) Líon na n-ionchúiseamh a fuarthas | 9 | 18 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | **% na gCeantar laistigh den Údarás Áitiúil atá** | | |
| | (a) Gan Truailliú (.i. saor ó bhruscar) | 15.54 | 8.48 |
| | (b) beagán truaillithe le bruscar | 42.86 | 58.47 |
| | © cuíosach truaillithe le bruscar | 40.34 | 28.39 |
| | (b) an-truaillithe le bruscar | 1.26 | 4.66 |
| | (e) thar a bheith truaillithe le bruscar | 0 | - |
| E 11 | **Gearáin & Forfheidhmiú Comhshaoil** | | |
| | Líon iomlán na gcásanna ar déanadh gearán fúthu maidir le truailliú comhshaoil (a bhain le huisce, bruscar, truailliú uisce, truailliú torainn, truailliú aeir) | 1486 | 1517 |
| | Líon na ngearán imscrúdaíodh | 1465 | 1266 |
| | Líon na n-imeachtaí forfheidhmithe a glacadh | 116 | 137 |
| E12 | % **de Scoileanna rannpháirteach i bhfeachtais chomhshaoil** | | |
| | (a) Buscoileanna | 70.62% | 56 |
| | (b) Meánscoileanna | 85.18% | 89 |
| | **TITHÍOCHT** | | |
| H1 | **Folúntais Tithíochta** | | |
| | Líon iomlán na dteaghais i stoc údaráis áitiúil | 3824 | 3731 |
| | % foriomlán de theaghaisí atá ar cíos | 93.85 | 94.67 |
| | % foriomlán de theaghaisí atá folamh | 6.15 | 5.33 |
| | % na dteaghaisí folamh faoi réir mhórscéimeanna athchóirithe | 28.94 | 15.58 |
| | % na dteaghaisí folamh nach bhfuil ar fáil le ligean | 65.87 | 73.21 |
| | % na dteaghaisí folamh atá ar fáil le ligean | 34.13 | 26.79 |
| H2 | **Meán-am a thógann sé athligean a** | 10.98 | 9.24 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | **dhéanamh ar theaghaisí atá ar fáil le ligean (i seachtainí)** | | |
| H3 | **Líon na ndeisiúchán a críochnaíodh mar % den líon iarratas bailí ar dheisiúchán a fuarthas** | 94.80 | 87.3 |

| | | **2007** | **2006** |
|---|---|---|---|
| H4 | **Meán-am a thóg sé iarratasóirí a chur ar an eolas maidir le cinneadh údaráis áitiúil ar iarratais ar** | | |
| | (a) Úinéireacht roinnte ar scéim tithíochta (i laethanta) | 10.75 | 15 |
| | (b) Scéimeanna Iasachta Tithíochta (i laethanta) | 27 | 36 |
| | © Tithíocht Údaráis Áitiúil (i laethanta) | 115.63 | 121.32 |
| H5 | **Cóiríocht don Lucht Siúil** | | |
| | líon iomlán na dteaghlach siúil a fuair cóiríocht mar % de na spriocanna a leagadh síos sa chlár cóiríochta lucht siúil áitiúil | 124% | 143% |
| | **SEIRBHÍSÍ LEABHARLAINNE** | | |
| L1 | **Uaireanta Oscailte don Phobal** | | |
| | (a) Meánlíon na n-uaireanta oscaitle sa tseachtain do leabharlanna lánaimseartha | 32 | 32.3 |
| | (a) Meánlíon na n-uaireanta oscaitle sa tseachtain do leabharlanna páirtaimseartha (nuair is cuí) | N/B | N/B |
| L2 | **Líon na mBall cláraithe Leabharlainne** | 18963 | 50655 |
| L 3 | **Líon iomlán na nithe a eisíodh do** | | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | (a) Leabhair | 382,804 | 367166 |
| | (b) Eile | 0 | 0 |
| L 4 | Céatadán de leabharlanna a thairgíonn rochtain don Phobal ar an Idirlíon | 100% | 100% |
| L5 | Líon iomlán na seisiún ar an Idirlíon a soláthraíodh | 50,128 | 61977 |
| | **MÓTARCHCÁIN** | | |
| M 1 | **Líon na n-idirbhearta Mótarchánach a ndeántar** | | |
| | (a) Déileáil leo thar an gcuntar | 95,349 | 97607 |
| | (b) Déileáil leo tríd an bpost | 48,809 | 46717 |
| | (c ) Déileáil leo ar bhealaí eile | | |
| | **% na n-idirbhearta Mótarchánach a ndeántar** | | |
| | (a) Déileáil leo thar an gcuntar | 66.14 | 67.63 |
| | (b) Déileáil leo tríd an bpost | 33.86 | 32.37 |
| | (c ) Déileáil leo ar bhealaí eile | 0 | |
| M 2 | **Líon an n-iarratas tríd an bpost a ndéileáiltear leo (.i.diosca/ceadúnas tiomána eisithe) ó fhaightear an t-iarratas** | | |
| | (a) ar an lá céanna | 26,666 | 22835 |
| | (b) ar an tríú lá nó roimhe sin | 18,116 | 9949 |
| | (c) ar an gcúigiú lá nó roimhe sin | 3,246 | 3615 |
| | (d) os cionn 5 lá | 781 | 10318 |
| | % na n-iarratas tríd an bpost a ndéileáiltear leo (.i.diosca/ceadúnas tiomána eisithe) ó fhaightear an t-iarratas | | |
| | (a) ar an lá céanna | 54.63 | 48.88 |
| | (b) ar an tríú lá nó roimhe sin | 37.12 | 21.3 |
| | (c) ar an gcúigiú lá nó roimhe sin | 6.65 | 7.74 |
| | (d) os cionn 5 lá | 1.6 | 22.08 |

| | | 2007 | 2006 |
|---|---|---|---|
| M 3 | **Uaireanta Oscailte don Phobal** | | |
| | Meánuaireanta oscailte sa tseachtain | 30 | 30 |
| | **RIALÚ PLEANÁLA & TÓGÁLA** | | |
| P1 | **Iarratais Phleanála – Cinnteoireacht ar Thithe Aonair** | | |
| | Líon an nIarratas ar déanadh cinneadh orthu | 1769 | 1900 |
| | Líon na gcinntí ar déanadh cinneadh orthu laistigh de 8 seachtainí | 1015 | 1034 |
| | Líon na gcinntí a raibh breis faisnéise le cur isteach ina dtaobh | 628 | 783 |
| | Líon na gcinntí ar aontaigh an t-iarratasóir le síneadh ama faoi alt 34(9) den Acht Pleanála agus Forbartha 2000 | 126 | 83 |
| | Meánfhad ama a thóg sé (i laethanta) le cinneadh a dhéanamh ar chás mar a raibh tuilleadh faisnéise á lorg | 79 | 79 |
| | % na ndeontas | 62.86% | 74.74% |
| | % ar diúltaíodh dóibh | 37.14% | 25.26% |
| | % na gcásanna mar ar dheimhnigh an Bord Pleanála cinneadh, le nó gan comhathrú | 73.17% | 54.76% |
| | % na gcásanna a ndearna an Bord Pleanála aisiompú ar chinneadh | 26.83% | 45.24% |
| | **Forbairtí Nua Tithíochta** | | |
| | Líon an nIarratas ar déanadh cinneadh orthu | 419 | 543 |
| | Líon na gcinntí ar déanadh cinneadh orthu laistigh de 8 seachtainí | 197 | 260 |
| | Líon na gcinntí a raibh breis faisnéise le cur isteach ina dtaobh | 185 | 238 |
| | Líon na gcinntí ar aontaigh an t- | 37 | 45 |

| | | |
|---|---|---|
| iarratasóir le síneadh ama faoi alt 34(9) den Acht Pleanála agus Forbartha 2000 | | |
| Meánfhad ama a thóg sé (i laethanta) le cinneadh a dhéanamh ar chás mar a raibh tuilleadh faisnéise á lorg | 82 | 87 |
| % na ndeontas | 56.09 | 57.46% |
| % ar diúltaíodh dóibh | 43.91 | 42.54% |
| % na gcásanna mar ar dheimhnigh an Bord Pleanála cinneadh, le nó gan chomhathrú | 59.74 | 57.41% |
| % na gcásanna a ndearna an Bord Pleanála aisiompú ar chinneadh | 40.26 | 42.59% |
| **Eile: Nach bhfuil gá le STC** | | |
| Líon na nIarratas ar déanadh cinneadh orthu | 2442 | 1989 |
| Líon na gcinntí ar déanadh cinneadh orthu laistigh de 8 seachtainí | 1949 | 1506 |
| Líon na gcinntí a raibh breis faisnéise le cur isteach ina dtaobh | 464 | 454 |

| | **2007** | **2006** |
|---|---|---|
| Líon na gcinntí ar aontaigh an t-iarratasóir le síneadh ama faoi alt 34(9) den Acht Pleanála agus Forbartha 2000 | 29 | 29 |
| Meánfhad ama a thóg sé (i laethanta) le cinneadh a dhéanamh ar chás mar a raibh tuilleadh faisnéise á lorg | 78 | 77 |
| % na ndeontas | 91.61 | 90.75% |
| % ar diúltaíodh dóibh | 8.39 | 9.25% |
| % na gcásanna mar ar dheimhnigh an Bord Pleanála cinneadh, le nó gan chomhathrú | 56.52 | 70.13% |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | % na gcásanna a ndearna an Bord Pleanála aisiompú ar chinneadh | 43.48 | 29.87% |
| | **Cinn eile a bhfuil STC de dhíth orthu** | | |
| | Líon an nIarratas ar déanadh cinneadh orthu | 12 | 10 |
| | Líon na gcinntí ar déanadh cinneadh orthu laistigh de 8 seachtainí | 7 | 3 |
| | Líon na gcinntí a raibh breis faisnéise le cur isteach ina dtaobh | 5 | 6 |
| | Líon na gcinntí ar aontaigh an t-iarratasóir le síneadh ama faoi alt 34(9) den Acht Pleanála agus Forbartha 2000 | 0 | 1 |
| | Meánfhad ama a thóg sé (i laethanta) le cinneadh a dhéanamh ar chás mar a raibh tuilleadh faisnéise á lorg | 93 | 90 |
| | % na ndeontas | 91.67% | 90% |
| | % ar diúltaíodh dóibh | 8.33% | 10% |
| | % na gcásanna mar ar dheimhnigh an Bord Pleanála cinneadh, le nó gan chomhathrú | 60.00% | 100% |
| | % na gcásanna a ndearna an Bord Pleanála aisiompú ar chinneadh | 40.00% | 0% |
| P 2 | **Forfheidhmiú Pleanála** | | |
| | Líon iomlán na gcásanna ar déanadh gearán fúthu agus a imscrúdaíodh | 563 | 620 |
| | Líon iomlán na gcásanna ar déanadh gearán fúthu agus a caitheadh amach | 162 | 104 |
| | Líon iomlán na gcásanna ar déanadh gearán fúthu agus a réitíodh trí idirbheartaíocht | 256 | 339 |
| | Líon na n-imeachtaí forfheidhmithe a glacadh trí litreacha foláirimh | 189 | 289 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Líon na n-imeachtaí forfheidhmithe a glacadh trí fhógraí forfheidhmithe | 162 | 198 |
| | Líon na n-ionchúiseamh | 35 | 10 |
| P 3 | **Uaireanta Oscailte don Phobal** | | |
| | Meánuaireanta oscailte sa tseachtain | 40 | 40 |
| P 4 | **Comhairliúcháin** | | |
| | Líon na gcruinnithe comhairliúcháin réamhphleanála a tionóladh | 1658 | 2719 |
| | | | **2006** |
| | Meánfhad ama (i laethanta) ó iarrtar comhairliúchán le pleanálaí údaráis áitiúil go cruinniú foirmeálta do chomhairliúchán réamhphleanála | 9.35 | 9.61 |
| P 5 | **Foirgnimh a scrúdaíodh mar chéatadán d'fhoirgnimh nua a cuireadh in iúl don údarás áitiúil** | 25.32% | 46.42% |
| | **SEIRBHÍSÍ ÁINEASA** | | |
| REC 1 | **Líon na gclós súgartha do Pháistí** | | |
| | Á soláthar go díreach ag an Údarás Áitiúil | 6 | 5 |
| | Éascaithe ag an Údarás Áitiúil | 13 | 9 |
| REC 2 | Líon na gcuairteoirí ar áiseanna snámha éascaithe ag údarás áitiúil | 217404 | 229788 |
| | **BAILIÚ IONCAIM** | | |
| Rev 1 | **Cíos Tí** | | |
| | (a) Méid a bailíodh ag deireadh bliana mar chéatadán den mhéid dlite | | 93.09% |
| | (b) Céatadán de na Riaráiste | | |
| | (i) 4-6 seachtaine d'aois | | 9.40% |
| | (ii) 6-12 seachtaine d'aois | | 10.26% |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | (iii) níos mó ná 12 seachtaine d'aois | | 68.86% |
| Rev 2 | **Iasachtaí Tithíochta** | | |
| | (a) Méid a bailíodh ag deireadh bliana mar chéatadán den mhéid dlite | | 88.87% |
| | (b) Céatadán de na Riaráiste | | |
| | (i) 1 mí d'aois | | 8.31% |
| | (ii) 2-3 mhí d'aois | | 4.38% |
| | (iii) níos mó ná 3 mhí d'aois | | 87.31% |
| Rev 3 | **Rátaí Tráchtála** | | |
| | Méid a bailíodh ag deireadh bliana mar chéatadán den mhéid dlite | | 94.64% |
| Rev 4 | **Táillí Bruscair** | | |
| | Céatadán de theaghlaigh ag íoc táillí bruscair ag deireadh bliana | | 99.01% |
| Rev 5 | **Táillí Uisce Tráchtála** | | |
| | Méid a bailíodh ag deireadh bliana mar chéatadán den mhéid dlite | | 77.46% |
| | **BÓITHRE** | | |
| R 1 | Bóithre Áitiúla & Réigiúnacha a gcóirítear a ndromchla in aghaidh na bliana (méadair cr) | 665,379 | 329675 |
| | **Bóithre áitiúla & réigiúnacha a gcóirítear a ndromchla in aghaidh na bliana** | 3.76% | 1.86% |

# COTHROMAÍOCHT INSCNE SAN EARCAÍOCHT

**Líon na nDaoine Fostaithe – 31 Nollaig, 2007**

| Miondealú | Líon Foirne |
|---|---|
| Bainistíocht / Riaracháin | 437 |
| Innealtóireacht/Teicniúil | 208 |
| Oibríoch agus Amuigh | 712 |
| **Iomlán** | **1357** |

---

**Miondealú Fostaí Fireann/Baineann**

| Miondealú ar an bhFoireann | | | *Fireann* | | *Baineann* | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Bainistíocht / Riaracháin | | 121 | 316 | | **437** | |
| Innealtóireacht/Teicniúil | | 173 | 35 | | **208** | |
| Oibríoch/Amuigh L/A | 412 | 2 | | **414** | | |
| P/A | | 251 | 47 | | **298** | |
| **Iomlán** | | | **957** | **400** | | **1357** |

**Staitisticí Comórtais 2007**

| | | |
|---|---|---|
| Líon na gComórtas a Tionóladh | | 71 |
| Líon na nIarratas a Fuarthas | Fireann | 1458 |
| | Baineann | |
| **Líon Iomlán na nIarratas a Fuarthas** | | **2282** |

---

**Scéimeanna Socrúcháin agus Scáthfhoghlaim**

Lean an Chomhairle leis an mbaint a bhí aici le scéimeanna socrúcháin le bunscoileanna, meánscoileanna agus leis an tríú leibhéal.

| | |
|---|---|
| Scáthfhoghlaim | 33 |
| Taithí Oibre | 21 |

**Líon iomlán Socrúchán Mac Léinn i 2007 54**

# ATHBHREITHNIÚ AR AN bPLEAN CORPARÁIDEACH

Glacadh le Plean Corparáideach Údarás Áitiúla Chiarraí 2004 – 2009 i mí Eanáir 2005.

Is í ár n-aidhm, mar chomhlachtaí atá tofa go daonlathach don Chontae, feabhas a chur ar chaighdeán maireachtála na ndaoine agus na gcuairteoirí trí éascú a dhéanamh ar dhul chun cinn eacnamaíochta, sóisialta agus cultúrtha a bheidh cuimsitheach, comhtháite agus inbhuanaithe don chomhshaol.

Chun na haidhmeanna seo a thabhairt i gcrích, tá ocht gcuspóir straitéiseach sa phlean corparáideach agus tá Frámaíocht Curtha i bhFeidhm agus Monatóireachta leagtha amach freisin lena chinntiú go ndéantar dul chun cinn i ngach ceann de na cuspóirí. D'aontaigh an Bhainistíocht go mbeadh an príomhfhócas ar na tosaíochtaí corparáideacha seo a leanas do 2007:-

1. Ceannas a thabhairt do phleanáil ar aghaidh cinn agus d'fhorbairt infrastruchtúir sa chontae.
2. Barr feabhais a chinntiú trí éifeachtúlacht, feidhmíocht fheabhsaithe, luach ar airgead a bhaint amach agus uasmhéadú ar úsáid nuálaíochta TF.
3. Feabhas a chur ar ról ceannaireachta Údarás Áitiúla Chiarraí agus cuspóirí cuimsithe sóisialta a chomhshnaidhmeadh inár straitéisí, ár bpleananna, agus

4. Fócas a bheith ar chustaiméirí

Faoin bhFrámaíocht Feidhmiúcháin, ullmhaíonn gach Stiúrthóir, in éineacht lena bhfoireann, Plean Oibríochta chun seirbhísí na Stiúrthóireachta a sholáthar. Tugann Tuarascálacha Oibríochta na Stiúrthóirí imlíne ar ar baineadh amach de réir Plean Oibríochta a roinne, agus ceann á thógáil de na tosaíochtaí corparáideacha ar tugadh imlíne thuas orthu.

I rith 2007, chríochnaigh an Chomhairle feidhmiú céimneach an Chórais Bhainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta trí cheithre Údarás Áitiúil Chiarraí de réir Cheangaltas Earnála Rialtais Áitiúil maidir le I dTreo 2016 – Comhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta 2006-2015.

Tríd an bpróiseas seo, tá freagracht maidir le príomhchuspóirí an Phlean Oibríochta a sholáthar tarmligthe ar an bhfoireann, agus tá riachtanais indibhidiúla oiliúna dírithe ar na scileanna atá de dhíth a fhorbairt chun soláthar éifeachtach seirbhíse a sholáthar.

Toisc gur déanadh infheistíocht suntasach acmhainní san Aonad Pleanála Ar Aghaidh rinne an Chomhairle dréachtú agus measúnú ar roinnt mhaith Plean Ceantair Áitiúil i rith 2007.

Rinne an Chomhairle faomhadh ar Phleananna Ceantair Áitiúla do lonnaíochtaí Siar ón Daingean, do Chiarraí Thuaidh, Oirdheisceart Chiarraí agus Iarthar Uibh Ráthach chomh maith le Pleananna Ceantair Áitiúla don bhFearann Fuar, Baile an Bhuinneánaigh, an Ráth Mhór agus Comharsanacht Thrá Lí agus Chill Airne. Glacadh le Pleananna Ceantair Áitiúla do 48 lonnaíocht ag deireadh bliana le 39 ceann breise le bheith críochnaithe in 2008.

Maidir le forbairt mhórinfrastruchtúir sa Chontae, déanadh dul chun cinn substaintiúil le soláthar bóithre, seirbhísí uisce, tithíocht shóisialta inacmhainne, seirbhísí comhshaoil agus oifigí comhtháite ceantair le fócas ar an gcustaiméir. Is léiriú é an méadú ar chaiteachas caipitil sna réimsí seo ó €112 milliún go dtí €126.3 milliún ar ár dtiomantas ár gcuspóir a chomhlíonadh maidir leis an infrastruchtúr riachtanach a sholáthar chun ár n-aidhmeanna straitéiseacha a bhaint amach.

Cuireadh na sonraí ar na 42 Táscaire Seirbhíse Náisiúnta, a thugtar sa tuarascáil seo, le

chéile de réir na gcritéar atá leagtha amach sa mhodheolaíocht ag an mBord Seirbhísí Bainistíochta Rialtais Áitiúil. Tá cuntas ach go háirithe ar an bhfeabhas ar ár seirbhísí sna réimsí seo a leanas.

**Tithíocht:** Tháinig méadú ar líon na dtithe i Stoc Údaráis Áitiúil ó 3,731 i 2006 go dtí 3,824 i 2007.

**Pleanáil:** Tionóladh 1,658 Cruinniú Comhairliúcháin Réamhphleanála i rith 2007.

**Mótarcháin:** Déanadh 38,238 idirbheart nó 26.74% de líon iomlán na n-idirbhearta a chríochnú ar líne i 2007.

**Bailiú Ioncaim:** Tá an bailiú ioncaim maidir le Cíosanna Tithíochta, Iasachtaí Tithíochta agus Rátaí Tráchtála an-mhaith, le rátaí bailithe idir 93% agus 96%.

Tríd is tríd deimhníonn an 42 Táscaire Seirbhíse Náisiúnta tiomantas Údaráis Áitiúla Chiarraí maidir le seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar dár gcustaiméirí.

# 8. MEASÚNÚ TIONCHAIR AR BHITHÉAGSÚLACHT

## 8.1 Réamhrá

Déanann an chaibidil seo den Tuarascáil Chomhshaoil scrúdú ar thionchar feidhmiúcháin Dréacht-Plean Forbartha Contae Chiarraí ar bhithéagsúlacht. Cuimsíonn bithéagsúlacht fásra, ainmhí agus gnáthóga.

Tá sléibhte, portaigh agus bogaigh ina sainghnéithe de thírdhreach Chiarraí. Tá an áirithe sin gnáthóg tábhachtacha uiscíocha mar Loch Coiteáin, Loch Léin, Muc Ros, an Fhleisc, an Leamhain agus an Chártha sa chontae chomh maith. Tá screamhuisce ina chuid dílis de mhórán de na gnáthóga seo agus is acmhainn thábhachtach é laistigh den Chontae mar fhoinse uisce óil agus mar ghnáthóg éiceolaíochta.

Rangaítear mórán de na lochanna i gContae Chiarraí mar locha Brandáilte i.e. tábhachtach i dtéarmaí luacha a gcuid iascaireachtaí bradán agus breac agus is gá dóibh leorchosaint dá bhrí sin. Tá roinnt dobharcheantar loch sa chontae atá leochaileach ó thaobh leibhéil ardaithe fosfair de. Tá tábhacht leis na lochanna seo mar fhoinse ioncaim turasóireachta don chontae mar tá sainghnáthóga éiceolaíochta iontu sa chontae agus is láithreacha iascaigh iad atá faoi ghnaoi an phobail. D'fhéadfadh truailliú na n-uiscí seo a bheith ina bhagairt ar iascaireachtaí agus ar ioncam turasóireachta. Tá stoc bradán agus breac i mórán d'aibhneacha i gContae Chiarraí.

Eochairdhoiciméad agus foinse eolais is ea Dara Plean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chomhairle Contae Chiarraí don tréimhse 2008 go 2012. Leagann an plean seo amach polasaithe, aidhmeanna agus gníomhaíochtaí maidir le cosaint na bithéagsúlachta. Leagann sé amach chomh maith táscairí feidhmiúcháin Ceapadh fóram oidhreachta leis an bplean a stiúrú trína cheaptha agus trína fheidhmiúchán cúig bliana.

Contae Chiarraí is baile do mhórán gnáthóg le tábhacht náisiúnta agus idirnáisiúnta, ina measc portaigh arda, ceantair bhogaigh, inbhir, agus coillte. Tá mórán díobh seo cosanta ag

reachtaíocht Eorpach agus náisiúnta, ina measc Ceantair Speisialta Caomhnaithe, Ceantair Speisialta Cosanta agus Ceantair Oidhreachta Nádúrtha. Tá na CSCanna ina gcuid de ghréasán Eiopach de shuímh ar a dtugtar suíomh Natura 2000. Éilíonn Treoir na nGnáthóg go ndéanfaí measúnú cuí nuair a mheastar gur dócha go mbeadh éifeacht shuntasach ag forbairt ar shuíomh Natura 2000. Gaairtear measúnaithe Airteagail 6 ar na measúnaithe seo.

Deir ciorclán MSC 1/8 agus NPWS 1/8 an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil faoi Threoir na nGnáthóg go ndéanfaí measúnú cuí ar impleachtaí éiceolaíochta an phlean. Tá measúnú cú ar Phlean Forbartha Chontae Chiarraí tugtha in Aguisín XXXXX.

## 8.2 Measúnú Bunaidh

Clúdaíonn an measúnú bunlíne seo suímh sainithe agus neamh-shainithe sa chontae.

### 8.2.4 Limistéir Caomhnaithe Speisialta (LCS)

Tá 24 Ceantar Speisialta Caomhnaithe (CSC) agus 7 Iarrthóir CSC i gContae Chiarraí atá sainithe faoi Rialacháin (Gnáthóga Nádúrtha) Aontais na hEorpa 1997 (S.I. Uimhir. Taispeáintear iad seo i bhFigiúr 8.1 agus tá siad liostáilte i dTábla 8.1.

**Tábla 8.1. CSCanna agus Iarrthóirí CSCanna i gContae Chiarraí**

| Ainm an tSuímh | Cód an tSuímh |
|---|---|
| Sléibhte Catha | 93 |
| Akeragh, Beanna agus Cuan Barrow | 332 |
| Bá Bhaile an Sceilg agus Inbhir na hUíne | 335 |
| Cuan Chaisleán na Mainge (iarrthóir SCS) | 343 |
| Sean Fhoirgneamh Tí, Coill Droma Mór | 353 |
| Teach Oighir Chill Gharbháin | 364 |
| Páirc Náisiúnta Cill Airne, na Cruacha Dubha agus An Chártha (Iarrthóir CSC) | 365 |
| Loch Yganavan agus Loch na mBreac Dearg | 370 |
| Bréanainn | 375 |
| Portach Sheheree (Ardach) | 382 |

| | |
|---|---|
| Locha Cloonee agus Inse Cuinn, Coill Uragh | 1342 |
| Coill Mhuc Snámha | 1371 |
| Portach an Ghleanna Mhór | 1879 |
| Portach Maulagowna | 1881 |
| Portach Mhullach an Ois | 1890 |
| Sean Fhoirgneamh Tí, Coill Churrach Glas | 2041 |
| Bá Thrá Lí agus Leithinis na Machairí, siar go dtí an Clochán | 2070 |
| Sean Fhoirgneamh Tí, Coill Askive | 2098 |
| Coill Baile ó Síoda | 2112 |
| An Ribhéar | 2158 |
| Íochtar na Sionainne (iarrthóir CSC) | 2165 |
| Abhainn Mhór na Mumhan (Corcaigh / Port Láirge) (iarrthóir (CSC) | 2170 |
| Na Blascaoidí (iarrthóir CSC) | 2172 |
| Abhainn Mhór (Ciarraí) (iarrthóirCSC) | 2173 |
| Sliabh Mis | 2185 |
| Loch Drongawn | 2187 |
| Oileáin na Machairí | 2261 |
| Cuan Bhéil Inse/ Cainéal An Calaidh | 2262 |
| Ceann Chiarraí | 2263 |
| Coill Ghleann Locha | 2315 |
| Portach Moanveanlagh (iarrthóirCSC) | 2351 |




Feilly Tinsley & Company

Special Areas of Conservation in County Kerry

Figure 6.1

### 8.2.5 Limistéir Speisialta Cosanta (LSC)

Tá 17 Limistéar Speisialta Cosanta (LSCanna) laistigh de Chontae Chiarraí. Tá na gnáthóga seo sainithe faoi Threoir Éanlaith na hEorpa (79/409/EC) agus faoi Rialacháin (Caomhnú Éanlaith Fiáine) na bPobal Eorpacha (I.R. Uimhir. 291 of 1985).Taispeáintear láithreach na LSCanna i bhFigiúr 8.2 agus tá siad liostáilte i dTábla 8.2.

**Tábla 8.2. Limistéir Speisialta Cosanta (LSC) Sainithe i gContae Chiarraí**

| Ainm an tSuímh | CÓD AN TSUÍMH |
|---|---|
| Oileán na gCánóg (CSC) | 4003 |
| CSC na Sceilge | 4007 |
| CSC an Bhlascaoid | 4008 |
| CSC Loch Gill | 4011 |
| Bá Thrá Lí | 4018 |
| Cuan Chaisleán na Mainge | 4029 |
| Páirc Náisiúnta Chill Airne | 4038 |
| Inbhir na Sionainne agus na Fearghuise | 4077 |
| CSC Akeragh, Beanna agus Cuan Barrow | 4079 |
| CSC Phortach Eirc | 4108 |
| CSC Oileáin na Machairí | 4125 |
| CSC Chorca Dhuibhne | 4153 |
| CSC Uíbh Ráthaigh | 4154 |
| Na Stacaigh go Mullach an Radhairc, Thiar | 4161 |
| CSC Oileán Deenish agus Oileán an Scairbh | 4175 |
| CSC Inbhear Cashen | 4184 |
| SCS Ceann Chiarraí | 4189 |

### 8.2.6 Ceantair Oidhreachta Nádúrtha

Tá 9 gceantar sainithe Oidhreachta Nádúrtha (CON) agus iomlán de 62 ceantar Oidhreachta Nádúrtha molta i gContae Chiarraí. Tá siad seo ar fad ainmnithe faoi Achtann

Fiadhúlra 1976 agus 2000. Tá na CONanna liostáilte i dTábla 8.3 agus cuirtear i láthair iad i bhFigiúr 8.3.

**Tábla 8.3. Ceantair Oidhreachta Nádúrtha i gContae Chiarraí**

| Ainm an tSuímh | CÓD AN TSUÍMH |
|---|---|
| CON Portaigh Chnoc an Tairbh/Chnoc an Ridire | 2448 |
| CON Phortach Sliabh an Iolair | 2449 |
| CON Phortach Eannach Mór | 333 |
| CON Phortach Chnoc Rua | 366 |
| CON Phortach Abhainn Slaheny | 383 |
| CON Phortach Hungry Hill | 1059 |
| CON Phortach Bhun an Rudaí | 1352 |
| CON Phortach Sillahertane | 1882 |
| CON Phortach Doughill | 1948 |




Fehily Timoney & Company

Natural Heritage Areas in County Kerry

Figure 8.2




Fehily Timoney & Company

Special Protection Areas in County Kerry

Figure 6.3

Tá achoimrí do na suímh sainithe , iad sin atá ullmhaithe ag RCORÁ, tugtha in Aguisíní 4 agus 5. Cuimsíonn na suímh neamhshainithe ar thábhacht áitiúil fálta, portaigh, aibhneacha, lochanna agus comhshaoil mhuirí.

### 8.2.7 Tránna Bratach Gorma

Tá 13 trá Bratach Gorm i gContae Chiarraí i mBaile na Sceilg, Baile an Bhuinneánaigh (thuaidh agus theas), Baile Thaidhg, Banna, Doire Fhionnáin, an Fhianait, an Inse, na Cealla, Machaire Beag, Ros Beag, Fionntrá agus Cathair Saidhbhín.

Is ann chomh maith do phríomhchóilíneachtaí goir do dhiúilicín péarla fionnuisce i dtrí chúrsa uisce i gContae Chiarraí. Is iad sin an Charthan, an Abhainn Mhór agus an Leamhain.

Tá an contae saibhir ó thaobh oidhreachta agus staire de agus tá tránna le cáil idirnáisiúnta ar Sceilg Mhichíl. Tá sainiú den chineál céanna á lorg ag Comhairle Contae Chiarraí do na Blascaoidí.

Tá Ruabhreac Artach i gcuid dá lochanna mar atá rianaithe in alt 8.4.1.

### 8.2.8 Speicis Ionraitheach

Ródaideandrón an speiceas planda is ionraithí go háirithe i bPáirc Náisiúnta Chill Airne. Tá Glúineach Seapánach aitheanta idir an Fearann Fuar agus na Fíodhraí agus in áiteanna áirithe (Ladhar an Chrampáin) sna Stacaigh. Tá tím uisce ina cúis imní i Loch na Leamhna. D'aithin Bord Iascaigh an Iardheiscirt ina fhreagra ar an gcomhairliúchán um dhréachtadh na Tuarascála Comhshaoil an tOllfeabhrán mar speiceas ionraitheach i dTrá Lí. Ní bhfuarthas aon Diúilicíní Séabracha sa chontae.

### 8.2.9 Éabhlóidiú Bithéagsúlachta Fásra agus Ainmhí in Éagmais PFC

In éagmais Plean Forbartha Contae do Chontae Chiarraí, ní bheadh aon treoir fhadtéarmach pleanála ag an gcontae agus chaithfí ceann ar cheann le gach iarratas pleanála. Dá bhrí sin, ní dóichí go ndéanfaí measúnú iomlán ar thionchair fadtéarmacha nó iomlána ar ghnáthóga

éiceolaíochta agus dá dheasca sin scoiltfí agus chaillfí gnáthóga. Chúiseodh forbairtí ar feadh bruacha aibhneacha nó lochanna laghdú ar leanúnachas éiceolaíochta laistigh de agus idir iad seo agus gnáthóga eile. Dhéanfadh forbairt ar thuilemhánna scrios ar réimeas hidreolaíoch laistigh de na ceantair sin agus bheadh toradh orthu sin ina dturas ar ghnáthóga eile uiscíocha dála screamhuisce, aibhneacha agus portaigh. Is féidir truailliú a éirí as forbairtí ar imeall na n-uiscí seo nó mar a dhéanann teaghaisí aonair diúscairt isteach in uisce dromchla nó screamhuisce.

## 8.3 Forbairt Chuspóirí Comhshaoil, Spriocanna agus Táscairí do Bhithéagsúlacht

Déanfaidh na cuspóirí comhshaoil, na spriocanna agus na táscairí atá leagtha amach sa Tuarascáil Chomhshaoil seo agus i dTábla 8.4 deimhin de chosaint do ghnáthóga agus speicis éiceolaíochta sainithe agus neamhshainithe.

Chuir comhfhreagras leis an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha (RCMAN) béim ar an tábhacht a bhaineann le cairéis agus forbairt nó nithe a bhaineann le forbairt a mheas in ní in aice le suímh lena a bhfuil tábhacht éiceolaíochta. Tá aghaidh tugtha ar an gceist seo ag cuspóir comhshaoil B.1 agus B.2 i dTábla 8.4.

Ina bhfreagra léirigh an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha imní maidir le cosaint chúrsaí uisce sna lonnaíochtaí agus mhol go mbeadh ceantair chreasa chosanta bhruachánacha ann Mhol Bord Iascaigh an Iardheiscirt ina gcomhairliúchán maidir leis an tuarascáil scóipe go mbeadh gá le crios bruachánach de 5-10 méadar ar a laghad do lonnaíochtaí atá cóngrach do chúrsaí uisce. Tá aghaidh tugtha ar an gceist seo ag cuspóir comhshaoil B04.1 i dTábla 8.4.

Dúirt an RCMAN gur chóir do scéimeanna molta hidreo ceann a thógáil den bhfoilseachán "Guidelines on the Planning, Design, Construction and Operation of Small-Scale Hydro Electric Schemes" a tháinig amach le déanaí.

Tá cosaint na bithéagsúlachta laistigh den chontae nasctha go dlúth leis an timpeallacht uiscíoch agus geolaíochta. Díorthaíonn mórán de na gnáthóga i dTreoir um Ghnáthóga Aguisín 1 (gnáthóga tearca a aithnítear a bheith i ngá a gcosanta) agus díorthaíonn speicis ó

ghnéithe screamhuisce agus geolaíochta (aolchloch carsta) sa chontae. Déanfaidh na cuspóirí comhshaoil atá tugtha do chosaint uisce (Tábla 7.4) deimhin de chosaint gnáthóga uiscíochbhunaithe.

## 8.4 Tionchair an Phlean ar Bhithéagsúlacht i gContae Chiarraí

Tá measúnú iomlán ar thionchair an Phlean leagtha amach in Aguisín 3 den tuarascáil seo

Go hachomair, aithníonn Comhairle Contae Chiarraí tábhacht bithéagsúlachta an chontae ó thaobh na héiceolaíochta agus na turasóireachta araon. Is ann do mhór riachtanas ar fhorbairt inbhuanaithe i gceantair i gContae Chiarraí agus le hiarracht ar phleanáil chóir i gceantair den chineál sin. Tá an chomhairle tiomanta do dheimhin a dhéanamh de go ndéanfar forbairt laistigh de lonnaíochtaí ag teacht leis na Plean Ceantair Áitiúil (PCÁnna) ábhartha. Beidh sain chriosú agus sainriachtanais do chosaint gnáthóg éiceolaíochta sna PCÁnna. Léiríonn Cuspóir SS-40 den Phlean Forbartha a chlúdaíonn ceist comhtháthaithe bailte saoire i gceantair uirbeacha agus coinneáil crann agus fálta tiomantas na comhairle do chosaint na ndorchlaí gnáthóg fiadhúlra.

Tá cuspóirí ag Caibidil 6 den Phlean, Turasóireacht, dírithe go speisialta ar chosaint gnáthóga éiceolaíochta sa chontae. Is aidhm do na cuspóirí seo caomhnú a dhéanamh ar leasa tábhachtacha fiadhúlra (Cuspóir T6-2), agus is aidhm do chuspóir T6-10 den Phlean straitéisí um úsáid talún a aithint do cheantair a dhíríonn ar thurasóireacht, an comhshaol agus an oidhreacht. Tugann Cuspóirí T6-13 go T6-15 aghaidh ar an idirghníomhaíocht idir thurasóireacht agus bithéagsúlacht agus an gá atá acu araon le cosaint. Cuideoidh na cuspóirí seo le bithéagsúlacht inbhuanaithe a chinntiú i gContae Chiarraí.

Léiríonn Figiúir 8.1 (Ceantair Speisialta Caomhnaithe), Figiúr 8.2 (Ceantar Speisialta Cosanta) agus Figiúr 8.3 (Ceantair Oidhreachta Nádúrtha) suíomh na láithreán sainithe i gContae Chiarraí. Is féidir tionchar a bheith ar chuid díobh seo ag forbairt in aon cheann de na réimsí feidhmiúcháin atá liostáilte i dTábla 3.1 (Réimsí Feidhmiúcháin agus Rólanna Comhlántacha) den Phlean Forbartha Contae. Éilíonn treoir ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (Ciorclán PD 2/07) go sásódh údaráis áitiúla iad féin nach mbeadh drochéifeacht ag forbairtí in aice le láithreáin Natura 2000 ar shlánú an láithreáin. Tá líon áirithe cuspóir curtha isteach ag an gcomhairle i rannóga éagsúla den

Dréachtphlean Forbartha le laghdú/díothú a dhéanamh ar thionchair ionchasacha ar na láithreáin seo. Ní mór d'fhorbróirí measúnú Airteagail 6 den Treoir um Ghnáthóg a ullmhú d'aighneachtaí gar do na láithreáin sin. Déanfaidh an t-éileamh ar mheasúnaithe Airteagail 6 deimhin de nach mbeidh drochthionchar suntasach ar láithreáin Natura 2000.

Spreagann Caibidil 7 den Dréachtphlean Forbartha, Acmhainní Nádúrtha, forbairt chairéal laistigh den chontae. Beidh tionchar diúltach aige seo ar chaomhnú láithreán neamhshainithe mar éireoidh caillteanas gnáthóg reatha sa cheantar sin de dheasca oibríochtaí cairéaladh. Sa bhfadtéarma áfach, cruthófar gnáthóga nua nuar a dhéanfar athchóiriú ar na cairéil.

Tá cuspóirí sonracha i gCaibidil 8 (Infrastruchtúr) den dreáchtPhlean Forbartha (INF 8-47 go dtí INF 8-51) maidir le soláthar áiseanna uisce óil, agus INF 8-53 maidir le háiseanna fuíolluisce, agus má chuirtear i bhfeidhm iad cinnteoidh siad éiceolaíocht inbhuanaithe sa chontae.

Tá cur síos i gCaibidil 11 (Comhshaol Nádúrtha) den Phlean ar fhreagrachtaí na Comhairle maidir leis an gcomhshaol nádúrtha. Leagann cuspóirí EN 11-21 agus En 11-22 amach go soiléir riachtanas na Comhairle go mbeadh forbairtí in aice le láithreacha sonraithe. Sásaíonn na cuspóirí seo riachtanais chiorclán PD 2/07 na RoCORÁ faoi mar atá sa chur síos thuas. Tá plean bainistíochta ullmhaithe ag Comhairle Contae Chiarraí d'Oileáin na mBlascaod agus is í aidhm chuspóir EN 11-30 tacú leis an bPlean seo agus é a chur chun cinn. Trí na cuspóirí seo a chur i bhfeidhm soláthróidh an chomhairle cosaint fadtéarmach do láithreacha sonraithe agus d'Oileáin an Bhlascaoid.

Is í aidhm an Phlean Forbartha cosaint a dhéanamh ar na Ceantair Speisialta Cosanta, Ceantar Speisialta Caomhnaithe agus Ceantair Oidhreachta Nádúrtha trí Chrios Forbartha Cósta a ullmhú (Cuspóir EN 11-35) agus ag ceadú forbartha ar thaobh na talún de na lonnaíochtaí atá ann (Cuspóir EN 11-43). Is í aidhm an Phlean freisin cosaint a dhéanamh ar thránna a bhfuil Bratach Ghorm acu (EN 11-46) agus cosc a chur le forbairt in áiteanna ina bhfuil creimeadh ar an gcósta nó a bhféadfadh a leithéid a tharlú.

Go hachomair tá roinnt cuspóirí sa Phlean seo a dhéanann cosaint ar bhithéagsúlacht i gContae Chiarraí. Neartóidh na cuspóirí seo ról na comhairle maidir le freastal ar

riachtanais reachtaíochta cosanta gnáthóg an AE agus Náisiúnta. Mar sin féin, is féidir go gcuirfeadh láithreacha sonraithe sna príomhcheantair feidhme agus sna ceantair áitiúla feidhme mar a thugtar i dTábla 3.1 den Phlean Forbartha isteach ar fhorbairt. Beidh ar fhorbróirí sna ceantair seo measúnaithe Airteagail 6 a dhéanamh mar chuid dá n-iarratas chuig an gComhairle, chun tionchar na suíomh seo, más ann dó, a léiriú.

## Tábla 8.2: Cuspóirí Comhshaoil, Spriocanna & Táscairí do Bhithéagsúlacht

| Gné Bhithéagsúlachta (B) | Cuspóir (BO) | Spriocanna | Táscairí (BI) | Foinse Faisnéise Tháscairí |
|---|---|---|---|---|
| **B1**<br>**Gnáthóg agus speiceas sonraithe** | **BO1.1**<br>Gnáthóga agus speiceas a chaomhnú agus a chosaint | Gan aon ghnáthóg ná speiceas a chailliúint | **BI1.1.1**<br>Sonrú ar cheantair bhreise de bharr luach bithéagsúlachta nó geolaíoch.<br><br>**BI1.1.1**<br>Céatadán de ghnáthóga agus speiceas sainiúil a cailleadh i suímh sonraithe trí threochtaí suirbhéanna bliantúla/débhliantúla gnáthóg.<br>Céatadán de ghnáthóga agus speiceas sainiúil a cailleadh i suíomh sonraithe trí threochtaí suirbhéanna bliantúla/débhliantúla gnáthóg. | CCC<br><br>RoCORÁ |

| Gné Bhithéagsúlachta (B) | Cuspóir (BO) | Spriocanna | Táscairí (BI) | Foinse Faisnéise Tháscairí |
|---|---|---|---|---|
| | **BO1.2**<br>Suímh Natura 2000 (SAC agus SCS) a chosaint sa phróiseas pleanála ag úsáid Airteagail 6 ar mhodheolaíocht measúnaithe den Treoir maidir le Gnáthóga | Soláthrófar measúnaithe Airteagail 6 le gach iarratas do láthair forshraithnithe nó a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar láthair Natura 2000. | **BI1.2**<br>Líon na measúnachtaí faoi Airteagal 6 a soláthraíodh le hiarratais phleanála d'fhorbairtí a bhí beartaithe do láithreacha forshraithnithe nó a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar láthair Natura 2000 i gceantar staidéir. | CCC<br><br>RoCORÁ |
| **B2**<br>**Speiceas agus gnáthóga i** | **BO2.1**<br>Éagsúlacht na ngnáthóg agus na | Gan aon chailliúint claíocha mar Chlaíocha Teorann Bhailte Fearann ná | **BI2.1.1**<br>Céatadán de ghnáthóga agus | CCC<br><br>RoCORÁ |

| Gné Bhithéagsúlachta (B) | Cuspóir (BO) | Spriocanna | Táscairí (BI) | Foinse Faisnéise Tháscairí |
|---|---|---|---|---|
| **láithreacha nach bhfuil sonraithe.** | speiceas i láithreacha nach bhfuil sonraithe a chaomhnú | claíocha le hais an bhóthair. .<br><br>Ba chóir go mbeadh caighdeán inniúlachta Teagasc MT 1302 – Fálghearradh Meicniúil bainte amach ag oibreoirí a dhéanann fálghearradh meicniúil.<br><br>30% foraoisiú leathanduilleach<br><br>Forbairt ar ghnáthóga neamhshonraithe aitheanta mar chrios glas. | speiceas sainiúil a cailleadh i suímh neamhshonraithe trí threochtaí suirbhéanna bliantúla/débhliantúla gnáthóg.<br><br>**BI2.1.2**<br>Céatadán crann dúchais agus leathanduilleach a cuireadh | |

| Gné Bhithéagsúlachta (B) | Cuspóir (BO) | Spriocanna | Táscairí (BI) | Foinse Faisnéise Tháscairí |
|---|---|---|---|---|
| **B3**<br>**Speiceas Ionraitheacha** | **BO3.1**<br>Gnáthóga uiscíocha agus talún a chosaint ar speiceas ionraitheacha. | Gan aon speiceas nua ionraitheach.<br><br>Ceantair ina bhfuil speiceas ionraitheacha a aithint le srianta curtha ar a leithéid de cheantair.<br><br>Tacú le tionscnaimh a laghdaíonn dóchúlacht ionraí. Cabhrú le rialú agus bainistiú speiceas nua ionraitheach. Feasacht an phobail a mhéadú maidir le speiceas ionraitheach agus aghaidh a thabhairt ar oibleagáidí idirnáisiúnta. | **BI3.1**<br>Cineálacha nua nó méadú ar chlúdach na speiceas ionraitheacha atá aitheanta | CCC i gcomhairle le SWRBD |
| **B4**<br>**Gnáthóga Uiscíocha** | **BO4.1**<br>Freastal ar riachtanais an Phlean Bainistíochta Abhantraí<br><br>**BO4.2**<br><br>Crios bruachánach a sholáthar d'fhorbairtí in aice le huisce | Dea-stádas le baint amach ag gach uisce faoi 2015.<br><br>A chinntiú go soláthraítear crios bruachánach de 5 m ar a laghad d'fhorbairtí in aice le huisce | Leibhéil baoil WDF do ghnáthóga uiscíocha | CCC i gcomhairle le SWRBD |


Map Legend
Ecological Designations
Pelly Tracey & Company
Development Pressures on Designated Sites in County Kerry

**8.1.**

## 8.6 Céimeanna Maolaithe chun Laghdú / Deireadh a chur le tionchair an Phlean ar Bhithéagsúlacht

Ceann de na dúshláin atá ann do gach údarás áitiúil ná an Treoir maidir le Gnáthóga a chomhlíonadh. Aithníonn Comhairle Contae Chiarraí é seo agus tá Plean Bithéagsúlachta curtha i bhfeidhm aici don Chontae. Leagann an Plean Bithéagsúlachta 2008-2012 roinnt táscairí feidhmíochta amach chun rath an phlean a thomhas. Críochnófar athbhreithniú meántéarmach ar an bplean bithéagsúlachta faoi 2010 agus déanfar measúnú ar ar baineadh na táscairí feidhmíochta amach. Cinnteoidh comhlíonadh na dtáscairí feidhmíochta go ndéanfar go leor cosanta ar bhithéagsúlacht sa Chontae.

I gcomhairliúcháin leis an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha agus le Bord Iascaigh Réigiún an Deiscirt (BIRD) aithníodh an gá atá le láithreacha sonraithe agus neamhshonraithe a chosaint. Chuir BIRD béim ar an easpa sonraíochta atá ar roinnt de na haibhneacha bradán is tábhachtaí sa Chontae, mar shampla abhainn na Mainge agus na Ruachtaí. Cuireadh béim freisin ar thionchar astarraingthe soláthair uisce óil ar aibhneacha agus táthar imníoch faoi.

Tá roinnt cuspóirí sa Phlean Forbartha Contae a chinnteoidh go ndéanfar cosaint ar gach láthair sonraithe ar fud an chontae. Is iad aidhmeanna chuspóirí an dréachphlean atá ag déileáil leis an gComhshaol Nádúrtha ná a chinntiú go soláthraíonn forbairtí i gcomharsanacht nó a mbíonn tionchar acu ar SAC, CSC nó CON sonraithe, eolas ar an tionchar a bheidh acu ar an láthair sonraithe agus cad iad na céimeanna maolaithe a bheidh ann chun seo a chur ina cheart (Cuspóir EN 11-22). Soláthrófar an t-eolas i bhfoirm measúnachta Airteagail 6 a chinnteoidh go gcomhlíontar an Treoir maidir le Gnáthóga. Is iad aidhmeanna chuspóirí EN 11-26 go dtí EN 11-29 cosaint agus feabhas a chur ar bhithéagsúlacht sa Chontae.

Ní fhacthas go mbeadh aon drochthionchar suntasach ar an mbithéagsúlacht ó chur i bhfeidhm an Phlean Forbartha Contae seo. Mar sin ní mholtar aon chéimeanna maolaithe MSC in éineacht leis na céimeanna maolaithe a sonraíodh sa Phlean Forbartha. Mar sin féin ba chóir go ndéanfaí measúnú ar fhorbairt a bhíonn ag lorg cead pleanála, a luaithe agus a bhíonn an Plean Forbartha Contae curtha i bhfeidhm, maidir le tionchair bhithéagsúlachta agus sainchéimeanna maolaithe a ghlacadh nuair a tharlaíonn drochthionchar suntasach.

## 8.7 Clár Monatóireachta do Bhithéagsúlacht

Beidh Comhairle Contae Chiarraí freagrach as cur i bhfeidhm an chláir mhonatóireachta maidir leis an bPlean. Tá an clár monatóireachta a cuireadh le chéile do bhithéagsúlacht a léirítear i dTábla 8.5 bunaithe ar úsáid táscairí agus spriocanna. Is féidir na táscairí a thomhas agus cabhróidh siad le treochtaí a aithint a chuirfidh ar a gcumas dea-thionchair agus drochthionchair a dhéanamh amach. Cabhróidh na treochtaí le tarlúintí nach rabhthas ag súil leo a aithint.

Is iad na táscairí a roghnaíodh ná na cinn a bhailíonn agus a thuairiscíonn gníomhaireachtaí éagsúla rialtais mar an EPA, an OOP, NPWS agus ranna éagsúla de Chomhairle Contae Chiarraí. Gheobhaidh an Fóram Oidhreachta faisnéis agus sonraí freisin. Cabhróidh an úsáid a bhaintear as na táscairí a léirítear i dTábla 8.5 agus na sonraí a tháinig as an athbhreithniú ar an bPlean Bithéagsúlachta le treochtaí i mbithéagsúlacht a aithint.

**Tábla 8.3: Clár Monatóireachta do Tháscaire Bithéagsúlachta**

| BITHÉAGSÚLACHT | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Cuspóir Comhshaoil** | | **Táscaire** | **An tÚdarás atá Freagrach** | **Minicíocht** | **Sprioc** | **Cineál Idirghabhála atá ag teastáil** |
| BO1.1 | Gnáthóga agus speiceas a chaomhnú agus a chosaint | Sonrú ar cheantair bhreise de bharr luach bithéagsúlachta nó geolaíoch.<br><br>Céatadán de ghnáthóga agus speiceas sainiúil a cailleadh i suímh sonraithe trí threochtaí suirbhéanna bliantúla/débhliantúla gnáthóg. | CCC<br><br>RoCORÁ | - | Gan aon ghnáthóg ná speiceas a chailliúint | - |

| BITHÉAGSÚLACHT | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Cuspóir Comhshaoil** | | **Táscaire** | **An tÚdarás atá Freagrach** | **Minicíocht** | **Sprioc** | **Cineál Idirghabhála atá ag teastáil** |
| BO1.2 | Suímh Natura 2000 (SAC agus SPA) a chosaint sa phróiseas pleanála ag úsáid Airteagail 6 ar mhodheolaíocht measúnaithe den Treoir maidir le Gnáthóga | Líon na measúnachtaí faoi Airteagal 6 a soláthraíodh le hiarratais phleanála d'fhorbairtí a bhí beartaithe do láithreacha forshraithnithe nó a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar láthair Natura 2000 i gceantar staidéir. | CCC<br><br>RoCORÁ | - | Soláthrófar measúnaithe Airteagail 6 le gach iarratas do láthair os cionn nó a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar láthair Natura 2000. | Ní dhéanfar iarratas pleanála a mheas do mheasúnú pleanála gan measúnachtaí riachtanacha Airteagail 6 a bheith in éineacht leis freisin |

| BITHÉAGSÚLACHT | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Cuspóir Comhshaoil** | | **Táscaire** | **An tÚdarás atá Freagrach** | **Minicíocht** | **Sprioc** | **Cineál Idirghabhála atá ag teastáil** |
| BO2.1 | Éagsúlacht na ngnáthóg agus na speiceas i láithreacha a bhfuil tábhacht áitiúil leo nach bhfuil sonraithe a chaomhnú | Céatadán de ghnáthóga agus speiceas sainiúil a cailleadh i suímh neamhshonraithe trí threochtaí suirbhéanna bliantúla/débhliantúla gnáthóg.<br><br>Céatadán crann dúchais agus leathanduilleach a cuireadh | CCC | - | Gan aon chailliúint claíocha mar Chlaíocha Teorann Bhailte Fearann ná claíocha le hais an bhóthair. .<br><br>Ba chóir go mbeadh caighdeán inniúlachta Teagasc MT 1302 – Fálghearradh Meicniúil bainte amach ag oibreoirí a dhéanann fálghearradh meicniúil.<br><br>30% foraoisiú leathanduilleach<br><br>Forbairt ar ghnáthóga neamhshonraithe aitheanta mar chrios glas. | Imscrúdú a dhéanamh ar fhoinse faidhbe agus ar an réiteach dá réir<br><br>Riachtanas do chead pleanála.<br><br>Riachtanas pleananna bithéagsúlachta a sholáthar le hiarratas pleanála nuair is í Rannóg Comhshaoil CCC a dhéanann an cinneadh. |

| BITHÉAGSÚLACHT | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Cuspóir Comhshaoil** | | **Táscaire** | **An tÚdarás atá Freagrach** | **Minicíocht** | **Sprioc** | **Cineál Idirghabhála atá ag teastáil** |
| BO3.1 | Gnáthóga uiscíocha agus talún a chosaint ar speiceas ionraitheacha. | Cineálacha nua nó méadú ar chlúdach na speiceas ionraitheacha atá aitheanta | CCC<br><br>RoCORÁ<br><br>SWRBD | Láithreacht agus láthair speiceas ionraitheach i gceantar staidéir abhantrach a aithint. | Gan aon speiceas nua ionraitheach.<br><br>Ceantair ina bhfuil speiceas ionraitheacha a aithint le srianta curtha ar a leithéid de cheantair.<br><br>Tacú le tionscnaimh a laghdaíonn dóchúlacht ionraí. Cabhrú le rialú agus bainistiú speiceas nua ionraitheacha. Feasacht an phobail a mhéadú maidir le speiceas ionraitheach agus aghaidh a thabhairt ar oibleagáidí idirnáisiúnta. | Imscrúdú a dhéanamh ar fhoinse faidhbe agus ar an réiteach dá réir |

| BITHÉAGSÚLACHT | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Cuspóir Comhshaoil** | | **Táscaire** | **An tÚdarás atá Freagrach** | **Minicíocht** | **Sprioc** | **Cineál Idirghabhála atá ag teastáil** |
| BO4.1 | Freastal ar riachtanais an Phlean Bainistíochta Abhantraí | Leibhéil baoil WDF do ghnáthóga uisceacha | CCC<br><br>SWRBD | Go Bliantúil | Dea-stádas le baint amach ag gach uisce faoi 2015. | Imscrúdú a dhéanamh ar neamhchomhlíonadh agus réiteach a fháil dá réir. |

# 9. MEASÚNÚ TIONCHAIR AN PHLEAN AR DHAONRA AGUS AR SHLÁINTE DAONNA

## *9.1 Réamhrá*

Rinne an chaibidil seo measúnú ar thionchar an Phlean ar dhaonra Chontae Chiarraí. Clúdaíonn sé idir dhaonra agus thionchair bainteach le sláinte.

## *9.2 Measúnú Bonnlíne do Dhaonnaithe*

Sa chuid seo, athbhreithnítear sonraí ar oideachas, cáilíocht uisce olacháin, ionaid chóireála fuíolluisce agus cúram sláinte. Clúdaítear tionchair fhéideartha ar dhaonnaithe mar cháilíocht aeir agus áiseanna cóireála fuíolluisce i gCaibidil 12 faoi seach.

### 9.2.1 Treochtaí Daonra Reatha agus Réamh-Mheasta

Ba é 126,130 daonra Chontae Chiarraí i 1996, agus mhéadaigh sé go dtí 132,527 i 2002. Ba é 139,835 an daonra faoi 2006. Méadú de 5.5% sa daonra ab ea é seo idir 2002 agus 2006. Tá an Plean Forbartha reatha (2003-2009) agus an straitéis thithíochta bunaithe ar réamh-mheastacháin ó 2006. Táthar ag tuar go mbeidh daonra Chontae Chiarraí ag 145,621 in 2009, agus méadú arís go dtí 160,363 faoi 2015.

Is é an ráta fáis réamh-mheasta do mhol Thrá Lí Chill Áirne 2.27% le linn na tréimhse 2006-2020. Ar an gcuma céanna tá na rátaí fáis ag 2.33% do na príombhailte sna príomhlimistéir fheidhme, mar atá An Daingean, Cathair Saidhbhín, Oileán Ciarraí, An Neidín, Cill Orglan agus Lios Tuathail. Tá sé réamh-mheasta go mbeidh ráta fáis de beagnach 2% ag Trá Lí don tréimhse seo.

### 9.2.2 Fostaíocht sa Chontae

Tá na rátaí reatha dífhostaíochta i gContae Chiarraí ag 7.3%. Tá na torthaí seo fábharach i gcomparáid leis an rátá Náisiúnta dífhostaíochta de 7.2%, agus tá daonra oibre de 60,810 ag Comhairle Contae Chiarraí. Tá formhór na bhfear fostaithe san earnáil tógála agus foirgníochta agus tá formhór na mban fostaithe i soláthar seirbhísí gairmiúla. Léirítear miondealú de chéatadán na bhfear agus na mban atá ag obair i ngach earnáil atá i dTábla 9.1.

**Tábla 9.1: Miondealú Fostaíochta de réir Earnála**

| Earnáil Fhostaíochta | Fir | Mná |
|---|---|---|
| Talmhaíocht, Foraoiseacht & Iascaireacht | 13.0% | 0.9% |
| Tógáil & Foirgníocht | 21.9% | 1.2% |
| Tionscal Déantúsaíochta | 15.2% | 7.3% |
| Tráchtáil agus Trádáil | 17.7% | 26.6% |
| Iompar & Cumarsáid | 4.9% | 2.6% |
| Riarachán Poiblí | 3.6% | 4.5% |
| Seirbhísí Proifisiúnta | 6.1% | 31.3% |
| Eile | 17.1% | 24.8% |

Soláthraíonn turasóireacht fostaíocht do 15% go neasach den lucht oibre iomlán sa Chontae. Neartaíonn an meathlú i ngníomhaíocht tógála go náisiúnta le déanaí an gá atá ann leis an margadh seo a shaothrú go hiomlán. Thug breis is 3.5 milliún turasóir cuairt ar iardheisceart na hÉireann in 2006, agus thug 1 milliún cuairt ar Chontae Chiarraí. Chaith na cuairteoirí € 1,233 m san iomlán sa bhliain sin. Sainaithníonn Plean Reigiúnach Forbartha an Iardheiscirt 2008-2010 de chuid Fáilte Ireland deiseanna d'fhorbairt agus d'fheabhsú táirge maidir le méid agus cáilíocht na n-áiseanna turasóireachta sa Chontae. Sholáthair an plean seo an chreatlach d'fhorbairt na straitéise um thurasóireachta talamhúsáide, aidhmeanna agus polasaithe mar atá leagtha amach sa Phlean Forbartha Chontae Chiarraí.

Fuair Contae Chiarraí beagnach €720,000 d'fhorbairt turasóireachta in 2007. I measc na dtionscadal a bhain tairbhe ón gcistiú seo bhí bealach siúil agus rothaíochta na Laoi, Cláracha Eolais Iascaireachta Farraige Chiarraí, agus forbairt thrá Chomhairle Chontae Chiarraí. Tugadh €17.7 m d'Aerfort Chiarraí agus €1.5 m d'Ionad Cuain Iascaireachta an Daingin le hionad ealaíne nua a thógáil.

Sa Chontae tá 4 cheadúnas feirmeoireachta bradán, 25 ceadúnas feirmeoireachta oisrí, 19 ceadúnas feirmeoireachta diúilicín, 3 cheadúnas feirmeoireachta breallach, agus 3

cheadúnas feirmeoireachta muirín. Is fostóir tábhachtach é an dobharshaothrú sa Chontae.

### 9.2.3 Oideachas

I gContae Chiarraí tá 102 scoil náisiúnta agus 19 iarbhunscoil agus scoileanna teagaisc. Tá 3 áis oideachais tríú leibhéal i gContae Chiarraí, gach ceann acu i dTrá Lí: Coláiste Gnó na Laoi, Coláiste Daonnachtaí na hÉireann agus Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí.

### 9.2.4 Cáilíocht Uisce Ólacháin

Tá cur síos ar na foinsí soláthair uisce ólacháin do Chontae Chiarraí i gCaibidil 7 na tuarascála seo. Tá 78 scéim sholáthair uisce sa Chontae agus baintear úsáid as 4 mhodh chun na tomhaltóirí a sholáthar.

- Scéimeanna poiblí faoi úinéireacht Chomhairle Contae Chiarraí nó cothabháilte aici.
- Scéimeanna grúpaí faoi úinéireacht agus oibriúchán príobháideach, agus an t-uisce soláthraithe ag Comhairle Contae Chiarraí.
- Scéimeanna grúpaí faoi úinéireacht agus oibriúchán príobháideach, ag baint úsáíde as a bhfoinsí príobháideacha féin
- Toibreacha aonair phríobháideacha

D'aimsigh tuarascálacha uisce ólacháin a rinne an GCC do 2004 agus 2005 go raibh droch-cháilíocht mhiocróbach i gcuid den uisce ólacháin i gContae Chiarraí, go háirithe scéimeanna uisce grúpaí. In 2006, thuairiscigh an GCC go raibh comhlíonadh iomlán de 96% i gContae Chiarraí. Cé gur feabhsú ab ea an comhlíonadh seo ar ráta na bliana 2005 de 95.4%, bhí sé faoin meán náisiúnta do 2006. D'aimsigh an tuarascáil go raibh na rátaí comhlíonta de 89% do dhrólannaigh, 88% do dhath agus 84% do pH íseal do-ghlactha i soláthar uisce poiblí. Bhí toradh dearfach do bhaictéir dhrólannach i ngach scrúdú den 14 ar na scéimeanna grúpaí príobháideacha, seachas ceann amháin.

In Eanáir 2008, d'fhoilsigh an GCC Liosta Gníomhaíochta Feabhais (RAL) do sholáthar uisce ólacháin in Éirinn. Agus é bunaithe ar na torthaí de bhreis is 220,000 sampla uisce ólacháin, tá sé mar aidhm ag an liosta leibhéal níos airde de chosaint tomhaltóra a sholáthar. Is gá an GCC agus an tÚdarás Sábháilteachta agus Sláinte a chur ar an eolas má theipeann ar an uisce na caighdeáin riachtanacha a chomhlíonadh agus má tá baol

féideartha do shláinte an phobail ann. Is gá do gach údarás áitiúil dul i ngleic leis na ceisteanna tarraingthe anuas san RAL. Tá 40 soláthar uisce i gContae Chiarraí liostáilte ag an GCC a bhfuil feabhas de dhíth orthu. Baineann 22 de na 40 seo le cóireáil neamhleor de chripteaspóiridiam. Baineann 5 eile le neamhábaltacht an soláthair caighdeán nua tríhalaimeatáin (THM) atá ag teacht i bhfeidhm ag deireadh 2008 a chomhlíonadh. Tá Comhairle Contae Chiarraí ag bunú na soláthairtí faoi láthair chun na ceisteanna seo a réiteach.

Ina theannta sin, tagann 22 soláthair uisce poiblí i gContae Chiarraí ó uisce dromchlá nach bhfuil ach cóireáil chlóirínithe aige. Mar gheall air sin níl modh cóireála ag na soláthairtí seo le cripteaspóiridiam a bhaint má thruaillíonn an seadán an foinse uisce.

Bhunaigh Comhairle Contae Chiarraí Aonad Cáilíochta Uisce Ólacháin ar na mallaibh taobh istigh d'oifig thionscadail Chaipiteal Seirbhísí Uisce. Tá an t-aonad seo i mbun oibre le Straitéis reatha Sholáthair Uisce an Chontae a nuashonrú. Nuair a bheidh Straitéis athbhreithnithe Sholáthair Uisce an Chontae críochnaithe déanfar iarratas chuig an RCORÁ chun maoiniú d'fháil le clár na mbeart uasghrádaithe a chur i ngníomh.

### 9.2.5 Ionaid Chóireála Fuíolluisce

Tá 90 lonnaíocht i gContae Chiarraí, agus cé go bhfuil cóireáil fhuíolluisce de chineál éigin ag cuid mhór de na lonnaíochtanna níos mó, níl córais chóireála ag cuid mhór de na sráidbhailte níos lú. Oibríonn Comhairle Contae Chiarraí 42 ionad cóireála fuíolluisce faoi láthair, na cinn is mó ag freastal ar Chill Áirne agus Trá Lí. Léiríonn Tábla 9.2 na hionaid chóireála fuíolluisce is mó.

**Tábla 9.2: Ionaid Chóireála Fuíolluisce ag freastal ar dhaonraí móra i gContae Chiarraí**

| Tionscadal | Bliain Tógtha/Uasghrádaithe | Toilleadh Deartha P. E. |
|---|---|---|
| Baile an Bhuinneánaigh | 1993 | 8,180 |
| Baile Uí Thaidhg | 2003 | 4,234 |
| Cathair Saidhbhín | 1995 | 5,000 |
| Oileán Ciarraí | 1992 | 6,000 |
| An Daingean | 1995 | 8,600 |
| An Fearann Fuar | 2004 | 500 |
| An Neidín | 1995 | 3,500 |
| Cill Áirne | 1997 | 42,000 |
| Cill Orglan | 1995 | 5,000 |
| Lios Tuathail | 1987 | 12,500 |
| An Ráth Mhór | 2002 | 1,750 |
| Trá Lí | 1998 | 42,000 |

Tá bonneagar reatha na n-ionad cóireála fuíolluisce do na lonnaíochtaí fágtha i gContae Chiarraí léirithe i dTábla 9.3. Soláthraíonn an tábla seo achoimre ar stádas na n-ionad seo. Tá roinnt acu rólódáilte agus níl seirbhís ionaid chóireála ar bith ag bailte agus sráidbhailte eile.

**Tábla 9.3: Toilleadh Ionad Reatha Cóireála Fuíolluisce i gContae Chiarraí**

| Ainm Lonnaíochta | Ceirtleáil Reatha Measta (P.E.) | Bonneagar Reatha | | |
|---|---|---|---|---|
| | | Toilleadh Deartha Cóireála (P.E.) | Km. Líonraí go neasach | Ráiteas Eile |
| An Coireán | 1,926 | 500 | 5.17 | Scéim mholta ag Céim Fhaofa Chaipéise Chonartha |
| Barr Dubh | 250 | Níl | Níl | Níl aon Bhonneagar Reatha |

| Ainm Lonnaíochta | Ceirtleáil Reatha Measta (P.E.) | Bonneagar Reatha | | |
|---|---|---|---|---|
| | | Toilleadh Deartha Cóireála (P.E.) | Km. Líonraí go neasach | Ráiteas Eile |
| Lios an Phúca | 350 | Níl | Níl | Níl aon bhonneagar Reatha |
| Na Foidhrí | 750 | 100 | 0.94 | Rólódáilte |
| Cill Chuimín | 399 | Níl | Níl | Níl aon Bhonneagar Reatha |
| Baile an Mhuilinn | 1,474 | 370 | 3.60 | Rólódáilte |
| Tairbeart | 1,400 | 710 | 5.76 | Rólódáilte |
| Béal Átha Loingfoirt | 950 | Níl | 3.59 | Rólódáilte |
| Eas Daoi | 170 | Níl | Níl | Níl aon Bhonneagar Reatha |
| An Caisín | 120 | Níl | Níl | Níl aon Bhonneagar Reatha |
| Baile Dubh | 850 | 300 | 4.10 | Rólódáilte |
| Fionnúig | 320 | Níl | Níl | Níl aon Bhonneagar Reatha |
| Leic Snámha | 1,000 | 300 | 2.93 | Rólódáilte |
| Mainistir Ó dTorna | 437 | 350 | 2.04 | Rólódáilte |
| Cill Flainn | 170 | 150 | 1.17 | Rólódáilte |
| Ard Fhearta | 1,100 | 450 | 5.54 | Rólódáilte |
| Fianait | 1,000 | 400 | 8.04 | Rólódáilte |
| An Spá | 424 | Níl | Níl | Níl aon Bhonneagar Reatha |
| Corra | 360 | Níl | Níl | Níl aon Bhonneagar Reatha |
| Scairteach an Ghlinne | 350 | Níl | Níl | +Níl aon Bhonneagar Reatha |
| Cé Bhréanainn | 200 | Níl | Níl | Níl aon Bhonneagar Reatha |
| Caisleán Ghriaire | 582 | 300 | 2.84 | Rólódáilte |
| Áth an Chaisle | 200 | Níl | Níl | Níl aon Bhonneagar Reatha |
| Abhainn an Scáil | 634 | 250 | 2.20 | Rólódáilte |
| Na Buailtíní | 170 | Níl | Níl | Níl aon Bhonneagar Reatha |
| Caisleán na Mainge | 565 | 250 | 4.59 | Rólódáilte |
| An Cromán | 200 | Níl | Níl | Níl aon Bhonneagar Reatha |
| Gleann Beithe | 2,000 | 500 | 3.41 | Rólódáilte |
| Baile an tSéipéil | 300 | Níl | Níl | Níl aon Bhonneagar Reatha |
| An Gleann | 75 | Níl | Níl | Níl aon Bhonneagar Reatha |

| Ainm Lonnaíochta | Ceirtleáil Reatha Measta (P.E.) | Bonneagar Reatha | | |
|---|---|---|---|---|
| | | Toilleadh Deartha Cóireála (P.E.) | Km. Líonraí go neasach | Ráiteas Eile |
| Cathair Dónall | 300 | Níl | Níl | Níl aon Bhonneagar Reatha |
| An tSnaidhm | 950 | 500 | 2.55 | Rólódáilte |
| Cill Gharbháin | 311 | 200 | 2.16 | Rólódáilte |
| Gleann Fleisce | 100 | Níl | Níl | Níl aon Bhonneagar Reatha |
| Baile an Bhuinneánaigh | 3,003 | 8,180 | 2.70 | Coimisiúnaithe 1992 |
| Baile Uí Thaidhg | 832 | 4,534 | 23.20 | Coimisiúnaithe 2003 |
| Cathair Saidhbhín | 1,621 | 5,000 | 13.79 | Coimisiúnaithe 1995 |
| Oileán Ciarraí | 4,353 | 6,000 | 11.30 | Coimisiúnaithe 1992 Réamhthuarascáil ullmhaithe in 2001 ag moladh tuilleadh fairsingithe ar líonraí agus cóireáil. |
| An Daingean | 4,820 | 8,600 | 13.14 | Coimisiúnaithe 1995 |
| An Fearann Fuar | 167 | 550 | 1.99 | Coimisiúnaithe 2004 |
| An Neidín | 7,600 | 3,500 | 16.77 | Coimisiúnaithe 1995<br>Ró lódáilte |
| Cill Áirne/ An Fosadh | 20,000 | 42,000 | 77.00 | Uasghrádaithe 1998<br>Fairsingiú de dhíth le fairsingiú a éascú ar theorainneacha an bhaile mhóir. |
| Cill Orglan | 5,982 | 5,000 | 22.77 | Coimisiúnaithe 1995 |
| Lios Tuathail | 6,621 | 12,500 | 23.41 | Coimisiúnaithe 1987<br>Laghdú Cothaithigh le cur isteach 2006 |
| An Ráth Mhór | 503 | 1,750 | 5.36 | Tógtha 1950í<br>Uasghrádaithe 2001 |
| Trá Lí | 13,467 | 40,300 | 122.89 | Coimisiúnaithe 1998<br>Laghdú Cothaithigh le cur isteach 2006 |
| Baile Dháith | 136 | 150 | 0.75 | Tógtha 1970í<br>Umar Múnlaigh |
| Baile an Fheirtéaraigh | 544 | 500 | 4.00 | Umar Imhoff, Rólódáilte |

| Ainm Lonnaíochta | Ceirtleáil Reatha Measta (P.E.) | Bonneagar Reatha | | |
|---|---|---|---|---|
| | | Toilleadh Deartha Cóireála (P.E.) | Km. Líonraí go neasach | Ráiteas Eile |
| Brosnach | 373 | 250 | 1.78 | Umar Imhoff, Rólódáilte |
| An Tóchar | 703 | 250 | 3.00 | Umar Imhoff agus Scagairí Síothlaithe |
| An Clochán | 276 | Níl | 0.3 | Níl aon bhonneagar<br>Scaoileadh neamhchóireáilte go Bá Bhreandáin |
| Dubháth | 348 | 250 | 1.40 | Umar Imhoff, Rólódáilte |
| Dún Géagáin/Baile an Sceilg | 690 | 300 | 4.0 | Umar Múnlaigh, Rólódáilte |
| An Fheothanach | 152 | 100 | 1.2 | Umar Múnlaigh, Rólódáilte |
| Gníomh go Leith | 325 | 550 | 2.5 | Córas Aeraithe Sínte |
| Cill Fhionnúrach | 195 | 90 | 1.0 | Umar Múnlaigh, Rólódáilte |
| Baile an Ridire | 795 | 800 | 4.5 | Umar Múnlaigh |
| Cnoc na gCaiseal | 294 | 200 | 2.0 | Umar Múnlaigh, Rólódáilte |
| Maigh Mheáin (Maigh Mheáin) | 717 | 450 | 2.5 | Umar Imhoff, Klargester, Vermicompostor Sloda, Rólódáilte |
| An Mhuiríoch | 265 | 140 | 1.7 | Umar Múnlaigh, Rólódáilte |
| An Caladh | 382 | 140 | 1.4 | Umar Múnlaigh, Rólódáilte |
| Ros Beithe | 291 | 200 | 0.8 | Umar Múnlaigh, Rólódáilte |
| Ceann Trá | 239 | 200 | 0.9 | Umar Múnlaigh, Rólódáilte |
| An Com | <300 | Níl | Níl | -- |
| An Siopa Dubh | <150 | Níl | Níl | -- |
| Na Coirríní | <150 | Níl | Níl | -- |
| Dún Chaoin | <300 | Níl | Níl | -- |
| Inis | <200 | Níl | Níl | -- |
| Na Cealla | <200 | Níl | Níl | -- |
| Cnoc an Iúir | <200 | Níl | Níl | -- |
| An Láithreach | <200 | Níl | Níl | -- |
| Lios Póil | <200 | Níl | Níl | -- |

| Ainm Lonnaíochta | Ceirtleáil Reatha Measta (P.E.) | Bonneagar Reatha | | |
|---|---|---|---|---|
| | | Toilleadh Deartha Cóireála (P.E.) | Km. Líonraí go neasach | Ráiteas Eile |
| Lios Eiltín | <200 | Níl | Níl | -- |
| An Teampall Nua | <150 | Níl | Níl | -- |
| Tuath Ó Siosta | <150 | Níl | Níl | -- |
| Béal Átha Fionnáin | <200 | Níl | Níl | -- |
| Baile Uí Aichir | <100 | Níl | Níl | -- |
| An Cloichear Clogher | <300 | Níl | Níl | -- |
| An Bunán | <100 | Níl | Níl | -- |
| Cordal | <200 | Níl | Níl | -- |
| Faiche/Lios Tré | <150 | Níl | Níl | -- |
| An Fhaiche Mhór | <200 | Níl | Níl | -- |
| Gleann Chárthaigh | <150 | Níl | Níl | -- |
| Cill Ghobnait | <200 | Níl | Níl | -- |
| Cill Mhaoile | <300 | Níl | Níl | -- |
| Ladhar an Chrompáin | <150 | Níl | Níl | -- |
| Máistir Gaoithe | <150 | Níl | Níl | -- |
| An Rinn Aird | <200 | Níl | Níl | -- |
| An Sráidbhaile | <200 | Níl | Níl | -- |
| Tathuile | <150 | Níl | Níl | |

In 2003 d'fhoilsigh Comhairle Contae Chiarraí Plean Bainistíochta Sloda. Ba iad príomhchuspóirí an phlean ná, roghanna comhtháite bainistíochta sloda a shainaithint le cóireáil sloda cathrach a éascú chun bithsholad a dhéanamh; úsáíd tairbheach na mbithsholad a fhiosrú; agus moltaí a thabhairt maidir le bainistíocht inbhuanaithe na slodaí neamhchontúirteacha agus an sciodair talmhaíochta. Beidh an plean seo uasghrádaithe le lonnaíochtaí breise i gContae Chiarraí a chur san áireamh taobh istigh de shaol an phlean seo.

### 9.2.6 Cúram Sláinte i gContae Chiarraí

Tá dhá ospidéal géarmhíochaine i gCiarraí, Ospidéal Ginearálta Thrá Lí agus Ospidéal Príobháideach Bon Secour i dTrá Lí. Soláthraítear géarchóireáil do dhaoine ar a bhfuil meabhairghalar in aonad in Ospidéal Ginearálta Thrá Lí. Tá cúig ospidéal pobail atá i An Neidín, Cill Áirne, An Daingean, Cathair Saidhbhín agus Lios Tuathail .

Tuairiscíonn an daonáireamh CSO 2006 go bhfuil 13% den phobal i gContae Chiarraí 65 bliana d'aois ar a laghad. Féachtar air seo, i dtéarmaí leighis, mar an 'aois i mbaol.'

Léirigh staitisticí a sholáthair Bord Sláinte an Deiscirt gur galair imshruthaithe cúis bháis do 50% de na daoine i gContae Chiarraí, agus 21% a fuair bás ó ailsí, de réir tuarascálacha. Is é féinmharú an phríomhchúis bháis i measc dhaoine óga i gContae Chiarraí.

Críochnaíodh roinnt tionscadail shláinte i gCiarraí in 2007, le maoiniú de bhreis is €1.4 m do thionscadail chaipitil sa Chontae. Tugadh maoiniú d'Oifig Áitiúil Shláinte agus Ionad Sláinte Chiarraí, Trá Lí agus don Aonad Chúram Maolaitheach in Ospidéal Ginearálta Chiarraí.

### 9.2.7 Cúram Leanaí agus Tithíocht Shóisialta

Baineadh feabhsúcháin amach i gContae Chiarraí faoin NDP 2002-2006 i gcórais oideachais agus oiliúna, tithíocht shóisialta, cúram leanaí, bóithre agus iompar poiblí, cosaint chomhshaoil, forbairt tuaithe nualaíochta gnó agus soláthar leathanbhanda .

Tugadh breis is €2.6 milliún do sheirbhísí cúraim leanaí in 2006, agus €8.6 m do thionscadail thithíochta sóisialta. Fuaradh €2.6 m do thógáil thithíochta sóisialta in 2007. Soláthraíodh maoiniú de bhreis is €390,000 freisin do thithíocht deonach le linn 2007.

### 9.2.8 Iompar agus Bonneagar

Tá Comhairle Contae Chiarraí freagrach as 3.5% de líonra Príomhbhóithre Náisiúnta na tíre, 12.6% de bhóithre Náisiúnta sa Dara Grád, 4.5% de na bóithre réigiúnacha agus 4.7% de na bóithre áitiúla.

Soláthraíonn clár iompair phobal Chiarraí seirbhísí do phobail tuaithe i gContae Chiarraí. Tugadh €1.8 m d'athchóiriú an stáisiún Bus Éireann i dTrá Lí in 2007, agus fuair Bord Fiontar Chontae Chiarraí maoiniú de €0.8 m in 2007, le cúnamh deontais ag dul do 38 tionscadal éagsúla le linn na bliana seo.

### 9.2.9 Ceisteanna Comhshaoil Reatha le Tionchair Dhíreacha Sláinte

Is féidir go bhfuil tionchar tábhachtach ag droch-cháilíocht uisce ólacháin ar shláinte an duine. D'aithin an GCC agus Comhairle Contae Chiarraí é seo. Tá cur síos ar na fadhbanna féideartha comhshaoil a bhaineann le heaspa leorchóireála fuíolluisce agus le cáilíocht uisce i gCaibidil 7 den tuarascáil seo.

Tá ardspleáchas ar bhonneagar bóithre mar gheall ar dhlús íseal an daonra i gContae Chiarraí agus ar an leibhéal íseal uirbithe sa Chontae. Tá gá ann cáilíocht an ghréasáin a fheabhsú go leanúnach le bonn eacnamaíoch níos láidre agus níos inmharthana a sholáthar d'fhorbairt áitiúil.

### 9.2.10 Éabhlóid Dhaonra agus Shláinte an Duine gan PFC a bheith ann.

Ní bheidh creatlach socraithe do sholáthar bonneagair agus seirbhísí sa chontae gan Plean Forbartha a bheith ann.

Bheadh drochthionchar ar an timpeallacht agus ar cháilíocht beatha an duine sa Chontae mar gheall ar dhroch-cháilíocht uisce, easpa bonneagair fuíolluisce, agus astúcháin aeir neamhrialaithe ó ionaid fhuíll agus ó thionscail. Bheadh easpa bonneagair, leorthithíochta, oideachais, cúram sláinte agus deiseanna fostaíochta ina gcoimhlint le príomhaidhmeanna an Phlean Forbartha, chun cáilíocht beatha feabhsaithe a sholáthar d'áitritheoirí an Chontae.

## *9.3 Cuspóirí Timpeallachta do Dhaonra agus Shláinte an Duine*

Léiríonn Tábla 9.4 na cuspóirí, spriocanna agus táscairí timpeallachta do ghnéithe timpeallachta, daonra agus sláinte an duine. Tá cuspóirí eile a bhaineann le sláinte an duine sna cuspóirí d'uisce, bithéagsúlacht agus bonneagar mar atá léirithe i gcaipidlí eile na tuarascála seo.

**Tábla 9.4: Cuspóirí Timpeallachta, Spriocanna agus Táscairí do Dhaonra agus Shláinte an Duine**

| Gnéithe Daonra agus Sláinte an Duine (P) | Cuspóirí (PO) | Spriocanna | Táscairí (PI) | Foinse Eolais Táscairí |
|---|---|---|---|---|
| **P1 Daonra** | **PO1.1** Cáilíocht beatha dhaoine a fheabhsú bunaithe ar thimpeallachtaí beatha, áiseanna oibre agus áineasa d'ardchaighdeán. | Gan meathlú ar bith suntasach i sláinte an duine mar gheall ar cheisteanna timpeallachta.<br><br>Méadú i líon na spásanna glasa agus na n-áiseanna atá ar fáil don phobal.<br><br>Soláthar cóiríochta oiriúnach do phobal méadaithe le linn saol an Phlean seo. | **Pl1.1** Tarlú de mheath ar bith i sláinte an duine i gceantar áirithe an chontae.<br><br>Méadú i líon na spásanna glasa agus na n-áiseanna atá ar fáil don phobal.<br><br>Rátaí fostaíochta le linn saol an Phlean seo. | CCC |
| | **PO1.2** Cur i ngníomh Plean Bainistíochta Bruscair an Chontae 2007 agus plean ar bith ina dhiaidh sin. | Gan fíneálacha ar bith bruscair le linn saol an Phlean. | **Pl1.2** Líon na bhfíneálacha bruscair eisithe. | CCC |

| Gnéithe Daonra agus Sláinte an Duine (P) | Cuspóirí (PO) | Spriocanna | Táscairí (PI) | Foinse Eolais Táscairí |
|---|---|---|---|---|
| **P2**<br>**Sláinte an duine** | **PO2.1**<br>Cloí le Plean Éigeandála an Chontae agus le cuspóirí eile a bhaineann le sláinte an duine. | Gan Liosta Gníomhaíochta Feabhsúcháin (RAL) ó na fógraí GCC.<br><br>Leibhéil $SO_2$, $NO_x$ agus ábhar cáithníneach timpeallach a chothú nó a fheabhsú mar a rinne monatóireacht an GCC.<br><br>Áiseanna poiblí a mhéadú<br><br>Líon na n-ionad conláiste cathartha nua soláthraithe le linn saol an Phlean. | **Pl2.1**<br>Cáilíocht uisce ólacháin agus líon na RAL agus na 'bhfógraí beirithe.'<br><br>Cáilíocht aeir sa réimse staidéir a chothú nó a fheabhsú.<br><br>Fáil ar iompar poiblí.<br><br>Soláthar ionad nua conláiste cathartha | CCC |
| **P3**<br>**Bonneagar Fuíolluisce** | **PO3.1**<br>Uasghrádú ar ionad reatha cóireála fuíolluisce | Soláthar agus uasghrádú le leorbhonneagar fuíolluisce a sholáthar bunaithe ar éilimh dhaonra reatha agus réamh-mheasta. | **Pl3.1**<br>Críochnú uasghráduithe WWTP | CCC |

## *9.4 Measúnú ar Thionchair an Phlean ar Dhaoine*

Tá measúnú ar thionchair an Phlean Forbartha ar na cuspóirí timpeallachta atá sa Tuarascáil Timpeallachta taispeánta sna táblaí in Aguisín 1.

Sainaithníonn Caibidil 2 (Straitéis Socraithe) an Phlean Forbartha do Chontae Chiarraí an riachtanas chun leorbhonneagar agus seirbhísí a sholáthar le mais chriticúil i lonnaíocht a mhéadú agus le cáilíocht beatha a chothú do dhaoine ina gcónaí i lonnaíocht. Sainmhínítear mais chriticiúil mar mhéid, comhchruinniú agus gnéithe an phobail a

éascaíonn tacaíocht do réimse áiseanna a tharraingeodh agus a thacódh le leibhéil níos airde de ghníomhaíocht eacnamaíoch. Tá rath na straitéise lonnaíochta don Chontae bunaithe ar na fachtóirí seo. Tá sé mar phríomhaidhm ag cuspóirí SS-1, SS-6, SS-9, SS-13, SS-14, SS-15 an Phlean Forbartha, chomh maith leis na cuspóirí eile sa chuid seo den Phlean, mais chriticiúil a bhaint amach agus cáilíocht mhaith beatha a sholáthar d'áitritheoirí na lonnaíochtaí.

Tá roinnt cuspóirí ag an gComhairle i gCaibidil 5 den Phlean Forbartha (fostaíocht agus geilleagar), mar shampla, ECO 5-4, ECO 5-7, ECO 5-22, ECO 5-23 agus ECO 5-29 a léiríonn go soiléir a tiomantas do dheiseanna fostaíochta inbhuanaithe sna timpeallachtaí uirbeacha agus tuaithe. Ní bheidh coimhlint ar bith ag na cuspóirí tugtha sa chaipidil seo le cuspóirí timpeallachta sa Tuarascáil Timpeallachta a bhaineann le sláinte an duine, mar shampla, cuspóir PO1.1, a bhfuil mar aidhm aige cáilíocht beatha na ndaoine a fheabhsú bunaithe ar thimpeallachtaí maireachtála agus áiseanna oibre agus áineasa d'ardchaighdeán.

Is fostóir mór é turasóireacht i gContae Chiarraí agus foinse mór ioncaim isteach sa cheantar. Tá sé mar aidhm ag na cuspóirí tugtha sa chaibidil turasóireachta (Caibidil 6) den Phlean Forbartha turasóireacht sa Chontae a chosaint agus a fheabhsú. Tiomnaíonn cuspóir T6-5 Comhairle an Chontae chun turasóireacht inbhuanaithe agus éicithurasóireacht a chur chun cinn. Tá sé mar aidhm ag cuspóir T6-21 le tionchair ar cheantair radharcíogair, Ceantair Oidhreachta Nádúrtha, Ceantair Chaomhantais Speisialta agus Ceantair faoi Chosaint Speisialta a sheachaint. Aithníonn cuspóir T6-41 tábhacht don Chontae ainmniú mar Shuíomh Oidhreachta UNESCO don Bhlascaod Mór a dhaingniú. Go ginearálta, ní bheidh coimhlint ar bith idir na cuspóirí tugtha i gCaibidil 6 den Phlean le cuspóirí ar bith timpeallachta a bhaineann le cosaint timpeallachta agus tírdhreach tugtha sa Tuarascáil Timpeallachta, beidh turasóireacht agus fostaíocht sa tionscal turasóireachta cosanta agus beidh tairbhe dearfach fadtéarmach do dhaoine ina gcónaí sa chontae.

Chun cuidiú le spriocanna iomlána de phatrúin lonnaíochta inbhuanaithe sa Chontae a bhaint amach, tá roinnt cuspoirí i gCaibidil 7 den Phlean Forbartha (Acmhainní Nádúrtha) chun úsáid fhuinnimh in-athnuaite a spreagadh (Cuspóirí NR 7-25 agus NR 7-26). Beidh éifeacht dhúbailte ag na cuspóirí seo, cionn is go mbeidh an bogadh ar shiúl ó bhreosla iontaise ina chuidiú le cáilíocht aeir agus sláinte na ndaoine i gContae Chiarraí a fheabhsú. Beidh úsáid an fhuinnimh in-athnuaite ina chuidiú freisin d'Éirinn le teoireannacha

Prótacail Kyoto a chomhlíonadh. Téann cuspóirí NR7-1 go NR7-10 go háirithe i ngleic le húsáid acmhainní nádúrtha chun ábhair thógála a bhaint. Seachas é a bheith bainistithe i gceart, thiocfadh le cairéalú a bheith ina núis do chónaitheoirí in aice leis. Sa chás seo bheadh coimhlint ann leis na cuspóirí timpeallachta sa Tuarascáil Timpeallachta maidir le cáilíocht mhaith aeir agus cáilíocht mhaith mhaireachtála a sholáthar do dhaoine ina gcónaí sa chontae. Déanfadh dianrialúcháin pleanála agus monatóireacht chomhlíontachta deimhin de go fadtéarmach go mbeadh núiseanna ar bith ó oibriúchán cairéalaithe diúltaithe.

Déanann Caibidil 8 den Phlean scrúdú ar bhonneagar agus baint ag cuspóirí INT 8-1 go 8-36 le hiompar. Tacaíonn na cuspóirí seo an riachtanas do cheangail chuí iompair idir na lonnaíochtaí, agus an aidhm iomlán ná rathúnas forbartha agus eacnamaíoch a bhaint amach don Chontae. Tá sé mar aidhm ag na cuspóirí líonraí iompair nua nó feabhsaithe a sholáthar ar fud Chiarraí. Mar gheall air seo beidh tairbhe, go fadtéarmach, do dhaoine agus do gheilleagar an chontae. Ach, beidh tionchair dhiúltacha shealadacha sa ghearrthréimhse le linn na tógála ar dhaoine, ar uisce agus ar bhithéagsúlacht. Ba chóir don Bhord Pleanála agus é ag ceadú pleanála cinntiú go bhfuil bearta maolaithe ann chun na tionchair seo a leigheas. Baineann cuspóirí INF 8-42 go INF 8-47 le soláthar leoráiseanna bainistíochta fuíll/athchúrsala ar fud an Chontae. Beidh/Tá na háiseanna ceadúnaithe ag an GCC nó ceadaithe ag an údarás áitiúil a dhéanfaidh cinnte go mbeidh tionchair thimpeallachta ó oibriúcháin íoslaghdaithe. Ní bheidh coimhlint ag bainistíocht cheart na n-áiseanna seo leis na cuspóirí timpeallachta tugtha sa Tuarascáil Timpeallachta.

Baineann cuspóirí INF 8-48 go INF 8-56 le cuspóirí na Comhairle maidir le huisce agus le cóireáil fuíolluisce. Aithníonn an Chomhairle an riachtanas chun foinsí uisce a chosaint (Cuspóirí INF 8-52 agus EN 11-16) agus tá sé mar aidhm ag Cuspóir INF 8-53 sceitheanna agus deachmaíocht i líonraí soláthair uisce a íoslaghdú agus fearais shláintíocha caomhnaithe uisce a chur chun cinn. Déanfaidh comhlíonadh leis na cuspóirí seo na cuspóirí timpeallachta a neartú PO3.1, WO1.1 (Cáilíocht uisce dromchla a fheabhsú) agus cuspóir WO3.1 (Uisce ólacháin a fheabhsú) a tugadh sa Tuarascáil Timpeallachta.

Oibríonn Comhairle Contae Chiarraí 42 scéim fuíolluisce faoi láthair. Tá ionaid chóireála fuíolluisce Thrá Lí, Chill Áirne agus Lios Tuathail oibrithe ag Comhairle Contae Chiarraí. Soláthraíonn na Rialacháin um Chóireáil Dramh-Uisce Uirbigh 1994, Na Rialacháin um

Scardadh Dramhuisce (Údarú) 2007 agus an tAcht Seirbhísí Uisce 2007 creatlach chun dul i ngleic le doirteadh neamhchóireáilte go sruthchúrsaí. I gcomhréir leis na rialacháin is gá d'údaráis áitiúla leoráiseanna cóireála a sholáthar do gach baile mór agus sráidbhaile ina bhfuil córas séarachais cheana féin. Cuirfidh An Comhairle iarratais isteach ar cheadúnais doirte fuíolluisce d'ionaid thar 500 P.E. atá ann cheana féin, agus soláthróidh sí áiseanna nua/uasghrádaithe le riachtanais na gcoinníollacha ceadúnais a chomhlíonadh. Molann Comhairle Contae Chiarraí scéimeanna nua a sholáthar i sráidbhailte roghnaithe tosaíochta. Déanfaidh cur i ngníomh INF 8-54 (Soláthar áiseanna fuíolluisce) cinnte go mbaintear na cuspóirí timpeallachta seo amach; WO1.1 (Cáilíocht uisce dromchla a chothú nó a fheabhsú), WO2.1 (Cáilíocht screamhuisce a chothú), WO7.1 (stádas brait ghorm a chothú), WO8.1 (Riachtanais an WFD d'uisce cósta agus trasdultacha a chomhlíonadh), BO1.1 (Speiceas agus gnáthóga cosanta a chaomhnú), agus PO3.1 (Ionaid chóireála fuíolluisce reatha a uasghrádú).

Beidh tionchar diúltach sa ghearrthréimhse ag tógail nó uasghrádú na n-ionad uisce agus cóireála fuíolluisce ar dhaoine/thimpeallacht, ach go fadtéarmach soláthróidh sé bonneagar don Chontae atá ag teastáil go géar. Mura soláthraítear leorchóireáil fuíolluisce don mhéadú sa phobal atá réamh-mheasta, thiocfadh le tionchar diúltach ar an timpeallacht, go háirithe uisce, a bheith ann. Tá cáilíocht uisce i roinnt aibhneacha agus lochanna ag meathlú, rud a leanfaidh ar aghaidh mura mbeidh ionaid chóireála chuí fuíolluisce soláthraithe. B'fhéidir go mbeadh iarmhairtí dáiríre don Chontae agus do na daoine ina gcónaí ann mar gheall ar chóireáil neamhleor do chripteaspóiridiam ó sholáthar uisce ólacháin, agus bheadh coimhlint ann le cuspóirí timpeallachta PO2.1 agus WO3.1 (Cáilíocht uisce ólacháin a fheabhsú).

Beidh tairbhí dearfacha fadtéarmacha do dhaoine ina gcónaí i gContae Chiarraí mar gheall ar na cuspóirí tugtha i gCaibidil 9 (Sóisialta, Pobal, Conláiste agus an Ghaeltacht). Tá cuspóirí ann le háiseanna cúraim leanaí a sholáthar (Cuspóir SG 9-12), áiseanna gníomhacha áineasa (Cuspóir SG 9-16) do dhaoine óga agus ionaid chúraim shláinte agus ionaid chúraim lae do dhaoine aosta (SG 9-7). Beidh na cuspóirí seo go léir ina gcuidiú le cáilíocht beatha i gContae Chiarraí a fheabhsú.

Tá cuspóirí sa chuid seo den Dréachtphlean Forbartha ar oidhreacht tógtha (Caibidil 10) ann le hoidhreacht tógtha an Chontae a chosaint agus chun í a sholáthar mar áis do na

cónaitheoirí. Beidh tionchar dearfach fadtéarmach aige seo ar dhaoine ina gcónaí i gContae Chiarraí.

Tá sé mar phríomhchuspóir i gCaibidil 11 an Phlean Forbartha (An Timpeallacht Nádúrtha) caighdeán na timpeallachta i gContae Chiarraí a chaomhnú (Cuspóir EN 11-1). I míreanna eile den Tuarascáil seo ar an dTimpeallacht déantar measúnacht ar thionchar an Phlean Fhorbartha ar uisce agus ar bhithéagsúlacht (Caibidlí 7 agus 8 faoi seach). Má bhaintear na cuspóirí seo amach beidh tionchar fadtéarmach dearfach acu ar na daoine atá ina gcónaí sa Chontae. Mar an gcéanna, is amhlaidh go gcosnófar an criosú agus an tírdhreach (Caibidil 13) trí sholáthairtí cuspóirí ZL 12-1 go ZL 12-7. Neartóidh cur i bhfeidhm na gcuspóirí seo sa Phlean Forbartha na cuspóirí timpeallachta le haghaidh cosaint tírdhreacha mar a léiríodh sa Tuarascáil Timpeallachta (LO1.1 agus LO2.1).

Sa chaibidil ar dhearadh uirbeach agus ar bhainistíocht forbartha (Caibidil 13) tá cuspóir ann lena chinntiú go gcuirtear timpeallachtaí uirbeacha d'ardchaighdeán ar fáil i ngach lonnaíocht sa Chontae.

Mar achoimre, tá tionchair an Phlean Fhorbartha orthu siúd a chónaíonn sa chontae dearfach. Aithníonn an Chomhairle an tábhacht atá leis an dtimpeallacht a chosaint agus tá cuspóirí leagtha amach aige leis seo a chinntiú. Is chuig an ollsprioc chun caighdeán feabhsaithe beatha a bhaint amach do gach saoránach ata na cuspóirí seo. Mura gcuirtear bonneagar cuí ar fáil, áfach, mar shampla ionaid chóireála uisce agus fuíolluisce, is féidir go mbeidh iarmhairtí diúltacha fadtéarmacha ann dá bharr. Beidh méid thábhacht an tionchair ag brath ar roinnt fachtóirí ina measc áit agus fad sceite chuig corp uisce. Beidh sceitheadh fuíolluisce neamhchóireáilte isteach sa timpeallacht i gcodarsnacht le roinnt cuspóirí timpeallachta le haghaidh uisce agus bithéagsúlachta a tugadh sa Tuarascáil Timpeallachta.

### *9.5 Bearta Maolaithe chun Éifeachtaí an Phlean ar Dhaoine a Mhaolú/Dhíbirt*

Aimsíodh sa Phlean Forbartha go bhfuil go leor rialachán pleanála agus treoirlínte chun cosaint chuí a thabhairt don chomhshaol agus chun caighdeán maith maireachtála a chur ar fáil do dhaoine atá ina gcónaí sa Chontae. Dá bhrí sin níl bearta ar leith maolaithe de dhíth le cur san áireamh sa Tuarascáil Mhaolaithe. Cuideoidh soláthar uisce glan inólta, ionaid

chuí chóireála fuíolluisce, scoileanna agus áiseanna le haghaidh an phobail leis an mais chriticiúil a bhaint amach atá de dhíth le haghaidh na gceantar feidhmíochta agus na moil.

Caithfidh iarratais phleanála go háirithe le haghaidh forbairtí cónaithe uisce inólta de chaighdeán maith a chur ar fáil agus chóireáil chuí fuíolluisce do na háitritheoirí. Níl caighdeán uisce ólacháin i gContae Chiarraí sásúil agus tá roinnt bearta cóireála de dhíth ag na hionaid reatha chóireála uisce le briseadh amach cripteaspóiridiam a sheachaint. D'ullmhaigh an tAonad um Chaighdeán an Uisce Ólacháin i gComhairle Contae Chiarraí clár oibre le dul i ngleic leis an RAL le haghaidh na n-ionad cóireála uisce sa Chontae. Suiteálfar ionad ocsaíde chlóirín ag ionad cóireála uisce Loch Coiteáin níos déanaí i 2008.

Léirigh torthaí na measúnachta ar thionchar an Phlean ar uisce go bhfuil baol ann i gcuid de locha agus d'aibhneacha an Chontae nach mbainfear stádas maith uisce amach faoi 2015. Sainíodh foinsí idirleata truaillithe agus roinnt bunfhoinsí truaillithe mar phríomhbhrú ar na coirp seo uisce. Tá soláthar nó uasghrádú na n-ionad reatha riachtanach chun cuidiú le caighdeán uisce a fheabhsú agus san fhadtéarma chun uisce atá saor ó thruaillú a sholáthar sa Chontae.

Chuir an PFN maoiniú ar fáil faoin chlár infheistíochta seirbhisí uisce 2007-2009 chun cumas cóireála uisce a uasghrádú agus a leathnú, chun caighdeán agus soláthar uisce ólacháin a fheabhsú agus chun cóireáil fuíolluisce a fheabhsú agus a leathnú i gContae Chiarraí. Cuireadh €122m ar fáil le haghaidh na dtionscadal seo. I measc na scéimeanna a bhainfidh tairbhe astu tá scéim soláthair uisce Chathair Saidhbhín, scéim ceantair séarachais Loch Léin, scéim soláthair uisce Ard Fhearta Thuaidh agus scéim soláthair uisce agus séarachais an Choireáin.

### *9.6 Clár Monatóireachta do Dhaoine*

Tá an clár monatóireachta do dhaonraí agus táscairí sláinte daonna le feiceáil i dTábla 9.5.

**Tábla 9.5: Clár Monatóireachta le haghaidh Táscairí Sláinte an Phobail agus Dhaoine**

| SLÁINTE POBAIL AGUS DHAOINE | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Cuspóir Timpeallachta** | | **Táscaire** | **Údarás atá Freagrach** | **Minicíocht** | **Sprioc** | **Cineál Idirghabhála atá de dhíth** |
| **P1**<br>**Daonra** | **PO1.1**<br>Cáilíocht beatha dhaoine a fheabhsú bunaithe ar thimpeallachtaí beatha, áiseanna oibre agus áineasa d'ardchaighdeán. | **Pl1.1**<br>Tarlú de mheath ar bith i sláinte an duine i gceantar áirithe an chontae.<br><br>Méadú i líon na spásanna glasa agus na n-áiseanna atá ar fáil don phobal.<br><br>Rátaí fostaíochta le linn saol an Phlean seo. | CCC | Athbhreithniú le linn thréimhse an Phlean. | Gan meathlú ar bith suntasach i sláinte an duine mar gheall ar cheisteanna timpeallachta.<br><br>Méadú i líon na spásanna glasa agus na n-áiseanna atá ar fáil don phobal.<br><br>Soláthar cóiríochta oiriúnach do phobal méadaithe i saol an Phlean seo. | Fiosraigh foinse na faidhbe |
| | **PO1.2**<br>Cur i ngníomh Plean Bainistíochta Bruscair an Chontae 2007 agus plean ar bith ina dhiaidh sin. | **Pl1.2**<br>Líon na bhfíneálacha bruscair eisithe. | CCC | Athbhreithniú le linn thréimhse an Phlean. | Gan fíneálacha ar bith bruscair le linn saol an Phlean. | |

| SLÁINTE POBAIL AGUS DHAOINE | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Cuspóir Timpeallachta** | | **Táscaire** | **Údarás atá Freagrach** | **Minicíocht** | **Sprioc** | **Cineál Idirghabhála atá de dhíth** |
| **P2**<br>**Sláinte an duine** | **PO2.1**<br>Cloí le Plean Éigeandála an Chontae agus le cuspóirí eile a bhaineann le sláinte an duine. | **Pl2.1**<br>Cáilíocht uisce ólacháin agus líon na RAL agus na 'bhfógraí beirithe.'<br><br>Cáilíocht aeir sa réimse staidéir a chothú nó a fheabhsú.<br><br>Fáil ar iompar poiblí.<br><br>Soláthar ionad nua conláiste cathartha | CCC | Athbhreithniú le linn thréimhse an Phlean. | Gan Liosta Gníomhaíochta Feabhsúcháin (RAL) ó na fógraí GCC d'fháil.<br><br>Leibhéil $SO_2$, $NO_x$ agus ábhar cáithníneach timpeallach a chothú nó a fheabhsú mar a rinne monatóireacht an GCC.<br><br>Áiseanna poiblí a mhéadú<br><br>Líon na n-ionad conláiste cathartha nua soláthraithe le linn saol an Phlean. | - |

| SLÁINTE POBAIL AGUS DHAOINE | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Cuspóir Timpeallachta** | | **Táscaire** | **Údarás atá Freagrach** | **Minicíocht** | **Sprioc** | **Cineál Idirghabhála atá de dhíth** |
| **P3 Bonneagar Fuíolluisce** | **PO3.1** Uasghrádú ar ionad reatha cóireála fuíolluisce | **Pl3.1** Críochnú uasghráduithe WWTP | CCC | Athbhreithniú le linn thréimhse an Phlean. | Soláthar agus uasghrádú le leorbhonneagar fuíolluisce a sholáthar bunaithe ar éilimh dhaonra reatha agus réamh-mheasta. | |

# 10. MEASÚNÚ AR THIONCHAR PHLEAN FORBARTHA AN CHONTAE AR SHÓCMHAINNÍ ÁBHARACHA

17.0

18.0

19.0

20.0

## *10.1. Réamhrá*

Chun críocha an ailt seo den Tuarascáil Timpeallachta is sóchmhainní ábhartha iad sóchmhainní a meastar luach a bheith acu agus a bheith intreach d'áiteanna áirithe. De réir *Advice Notes on Current Practice*, (EPA, 2003) is féidir sócmhainní ábharacha a roinnt faoi na ceannteidil seo a leanas;

- Sócmhainní eacnamaíocha ó bhunús nádúrtha inathnuaite agus sócmhainní neamh-inathnuaithe
- Sócmhainní ó bhunús daonna – lonnaíochtaí, bonneagar iompair, fóntais
- Sócmhainní cultúrtha de chineál fisiciúil – seandálaíocht, ailtireacht, séadchomharthaí.
- Sócmhainní cultúrtha de chineál sóisialta – teanga, canúint, sócmhainní a bhfuil baint acu leis na ealaíona agus leis an litríocht.

Chun críche na tuarascála seo, beidh trácht ar shócmhainní eacnamaíocha sa chaibidil seo agus ar shócmhainní cultúrtha i gCaibidil 11.

## *10.2. Staidéar Bonnlíne*

Cuimsíonn an limistéar staidéir roinnt mílte. Is í an talamhúsáid atá ann faoi láthair ná talmhaíocht don chuid is mó agus portaigh. Tá limistéir in iarthar agus in iardheisceart an Chontae breac le foraoisí buaircíneacha agus is riasca agus fraochmhánna atá ann don chuid is mó i limistéir an iarthuaiscirt (siar ó Chaisleán Ghriaire). Leagtar tacar sonraí Corine do Chontae Chiarraí amach i bhFigiúr 10.1

### 10.2.1. Sócmhainní Eacnamaíocha de Bhunús Nádúrtha

#### 10.2.1.1. Acmhainní Neamh-inathnuaite

Tionscal Eastósach

**Chríochnaigh Comhairle Contae Chiarraí an clárú cairéil faoi Alt 261 den Acht Pleanála agus Forbartha 2000. Tá 102 cairéal cláraithe faoi Alt 261 maraon leis na cinn gur tugadh cead pleanála dóibh ó Aibreán 1999 i leith.**

**Figiúr 10.1 Usáidtalamh i gContae Chiarraí**



### 10.2.1.2. Achmhainní Inathnuaite

Foraoiseacht

Tá 11.5% de Chontae Chiarraí faoi fhoraoisí agus tá fóirdheontais foraoiseachta feirme á bhfáil ag 1,300 duine, Tá 34,000 Ha faoi fhoraois phríobháideach agus 19,085 faoi phoiblí. Rinne Bord Forbartha Chontae Chiarraí líníocht a léirigh na príomhlimistéir foraoiseachta sa Chontae. Léirítear é seo i bhFigiúr 10.2

Tá sprioc ag an bPlean Straitéiseach Náisúnta um Fhoraoiseacht (Road Map for 2015, Teagasc) foraoiseacht a mhéadú go dtí 17% den achar talún. Beidh an chuid is mó den phlandú nua ar thailte ar le feirmeoirí iad agus is cranna leathanduilleacha a bheidh i 30% den phlandú nua.

**Figiúr 10.2 Limistéir Foraoisithe i gContae Chiarraí**



Tá 18,942 Ha foraoise curtha ag Coillte i gCiarraí agus tá 1,191 Ha breise de thailte arna choimeád gur féidir a chur. Sholáthair Coillte a miondealú ar speicis chrann sna gabháltais atá acu i gContae Chiarraí agus tá 83% an achair ghlain i 2005 curtha le Sprús Sitceach.

**Tábla 10.3 Tailte Choillte arna choimeád d'fhoraoiseacht, Contae Chiarraí**

| Cineál Talamhúsáide | Ollachar (ha) | Cineál Talamhúsáide | Ollachar (ha) |
|---|---|---|---|
| Ardfhoraois Leathanduilleach | **336** | Lom Inchurtha | **963** |
| Ardfhoraois Bhuaircíneach | **17,926** | Séidte | **43** |
| Ardfhoraois Mheasctha | **275** | Dóite | **90** |
| Scrobarnach | **113** | Leagtha | **95** |
| Neamhfhorbartha | **294** | Brosna | **1** |
| **Achar iomlán Foraoisithe** | **18,942** | **Iomlán Inchurtha i dTaisce** | **1,191** |
| Lom Neamhinchurtha | **1,555** | | |
| Lom Imeallach | **397** | | |
| Ilghnéitheach | **4** | | |
| Bogach | **29** | | |
| Uisce | **43** | | |
| Iomlána Neamhinchurtha i dTaisce | **2,029** | | |
| **Iomlán** | **22,162** | | |

**Tábla 10.4 Plandú Speiceas Choillte i gContae Chiarraí**

| Speiceas | Glan-Achar (ha) |
|---|---|
| Sprús Sitceach | 13,541 |
| Sprús Lochlannach | 85 |
| Péine contórtach | 1,412 |
| Giúis Dhúghlais | 53 |
| Learóga | 398 |
| Péine Albanach | 119 |
| Buaircínigh eile | 157 |
| Leathanduilleach | 572 |
| Iomlán | 16,338 |

Léiríonn sonraí reatha ón tSeirbhís Foraoise nach raibh aon phlandú príobháideach i gContae Chiarraí ó 2000 i leith. Tá meath tar éis teacht ar phlandú poiblí freisin ó 2000 i leith. Tá na sonraí seo leagtha amach i bhFigiúr 10.3.

**Figiúr 10.3 Plandú Foraoise i gContae Ciarraí, An tSeirbhís Foraoise**




Foinse: An tSeirbhís Foraoise, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, 2007

**Tábla 10.5 Foraoisiú Bliantúil ag Feirmeoirí Lánaimseartha agus Páirtaimseartha agus Foraoisiú Príobháideach, 1990 – 2004, Líon agus acraíocht na ngabháltas**

| | Feirmeoir Lánaimseartha | | Feirmeoir Páirtaimseartha | | Foraoisiú Príobháideach (Nach le feirmeoir é) | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Líon | Ha | Líon | Ha | Líon | Ha |
| 1990 | 64 | 625 | 0 | 0 | 36 | 824 |
| 1991 | 145 | 1493 | 0 | 0 | 29 | 328 |
| 1992 | 40 | 507 | 10 | 122 | 13 | 423 |
| 1993 | 72 | 550 | 29 | 312 | 5 | 23 |
| 1994 | 76 | 606 | 29 | 441 | 35 | 397 |
| 1995 | 94 | 1196 | 56 | 581 | 17 | 81 |
| 1996 | 87 | 1140 | 41 | 539 | 18 | 226 |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1997 | 74 | 912 | 22 | 322 | 15 | 78 |
| 1998 | 65 | 629 | 13 | 99 | 7 | 115 |
| 1999 | 69 | 735 | 29 | 335 | 9 | 36 |
| 2000 | 99 | 1198 | 28 | 427 | 13 | 142 |
| 2001 | 114 | 1410 | 36 | 508 | 3 | 16 |
| 2002 | 110 | 1055 | 44 | 644 | 12 | 126 |
| 2003 | 57 | 473 | 29 | 413 | 5 | 28 |
| 2004 | 69 | 627 | 27 | 232 | 7 | 33 |

Foinse: An tSeirbhís Foraoise, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, 2007

Tá Pleananna Bainistíochta Foraoise ullmhaithe ag Coillte do na foraoisí seo a leanas atá faoina chúram i gContae Chiarraí;

- Béal Átha Longfoirt
- Abha an Chasáin
- Na Cruacha
- Brosnach
- Cordal
- Oileán Ciarraí
- Caisleán Ghriaire
- Abhainn an Scáil
- Cill Orglan
- Uíbh Ráthach
- An tSnaidhm
- An Abhainn Mhór
- Cill Áirne
- Cill Gharbháin
- Claodach

Hidrileictreach

Tá stáisiún hidrileictreach 250 KW á oibriú ag Coillte i Loch Coiteáin ó 2001 i leith. Tá dhá stáisiún hidrileictreach faoi úinéireacht phríobháideach ag Easanna Cottoners agus an tSimhin, 1.2 MW agus 0.6 MW faoi seach. Tá stáisiún hidrileictreach faoi úinéireacht phríobháideach chomh maith i nGleann Chárthaigh.

Fuinneamh Gaoithe

Is iad seo a leanas na hocht bhferim ghaoithe faoi úinéireacht phríobháideach atá ag oibriú sa Chontae:

- Feirm Ghaoithe an Bhéil, Baile an Bhuinneánaigh, Co. Chiarraí, 2.64 MW
- Feirm Ghaoithe Bhéal, Baile an Bhuinneánaigh, Co. Chiarraí, 1.65 MW
- Feirm Ghaoithe Bhinn na Gaoithe, Trá Lí, Co. Chiarraí, 3.96 MW
- Feirm Ghaoithe Tursillagh, Co. Chiarraí, 6.8 MW
- Feirm Ghaoithe Tursillagh, Co. Chiarraí, 15.2 MW
- Feirm Ghaoithe Shliabh an Iolair, Oileán Ciarraí, Co. Chiarraí, 5.1 MW
- Feirm Ghaoithe Coomagearlahy, Cill Gharbháin, Co. Chiarraí, 42.5 MW
- Feirm Ghaoithe Ghleann Laoi, Co. Chiarraí, 29.8 MW

#### 10.2.1.3. Beartlann Uisce

Is calafort réigiúnach é Calafort na Fianaite atá suite in aice le Trá Lí agus a bhfuil ar a chumas loingeas 17,000 tona a láimhseáil. D'aithin na Treorlínte um Pleanáil Réigiúnach don Iardheisceart Calafort na Fianaite mar chalafort a bhfuil tábhacht straitéiseach aige don tionscal iascaireachta áitiúil agus do Chontae Chiarraí araon mar shaoráid athlastála. Dúnadh an ceangal iarnróid go dtí an calafort sna 1970aí.

Tá Cuan an Dangin ar cheann de chalafoirt iascaireachta tánaisteacha na hÉireann agus tá cur síos ar faoi na Treorlínte um Pleanáil Réigiúnach don Iardheisceart mar "*important element of the regional maritime infrastructure and an important fishing port*". Chuir Coimisinéirí Cuain an Daingin plean straitéiseach i gcrích i 2004 chun an calafort a fhorbairt ionas go n-úsáidfeadh iascaigh, slatiascairí agus turasóirí eile é.

### 10.2.2. Sócmhainní Eacnamaíocha de Bhunús an Duine

#### 10.2.2.1. Lonnaíochtaí

Tá dhá bhaile mhór i gCiarraí, Trá Lí agus Cill Áirne, daonra de 42,875 (baile, uirbeach, purláin agus tuaithe) agus daonra de 27,950 (baile, uirbeach, purláin agus tuaithe) i 2006 faoi seach. Is iad so a leanas na lonnaíochtaí is mó ina dhiaidh sin le daonraí an daonáirimh 2006 idir lúibíní:

- Lios Tuathail (3,901)
- Oileán Ciarraí (2,300)
- An Daingean (3,695)
- An Neidín (1,701)
- Cill Orglan (1,627)
- Baile an Bhuinneánaigh (1,329)
- Cathair Saidhbhín (1,272)

### 10.2.2.2. Bonneagar Iompair

Bóithre

Tá na príomhbhailte i gContae Chiarraí ceangailte le cathracha móra na hÉireann ag na príomhbhóithre náisiúnta. Is iad seo a leanas na príomhbhóithre:

- N22 Trá Lí – Cill Áirne – Corcagh
- N71Cill Áirne – Iarthar Chorcaí
- N70 Fáinne Chiarraí (An Neidín – An Coireán – Cathair Saidhbhín – Cill Orglan – Trá Lí)
- N86 Trá Lí – An Daingean
- N21 agus N69 Trá Lí - Luimneach

Mar chuid den Phlean Forbartha Náisiúnta, infheistíodh beagnach €148 milliún i mbóithre nach bóithre náisiúnta iad i gCiarraí idir 2000 agus 2006. Bhí an maoiniú sainithe i gcomhair obair ar thionscnaimh cosúil le Nasc Iarthar Thrá Lí – agus bóithre Lios Tuathail – Ministir na Féile, Chaisleán na Mainge – Abhainn an Scáil agus An Droichead Bán– Cill Áirne.

Iarnróid agus Seirbhísí Busanna

Tá naoi dtraein laethiúil fillte go Corcaigh as Trá Lí agus Cill Áirne. Tá naoi dtraein laethiúil fillte eile go Baile Átha Cliath ach caithfidh comaitéirí athrú i Mala chun leas a bhaint as an líne idir Chorcaigh agus Baile Átha Cliath.

Tá roinnt seirbhísí Luasbhealaigh agus seirbhísí áitiúla á n-oibriú ag Bus Éireann i gCiarraí. Tá siad léirithe i bhFigiúr 10.4.

**Figiúr 10.4 Busbhealaí i gContae Chiarraí (Oiriúnaithe as Léarscáil Bealaí Bhus Éireann)**

<u>Aerfoirt</u>

Tá aerfort réigiúnach ag Ciarraí atá suite ar an bhFearann Fuar, atá ag oibriú ó 1989 i leith. Oibríonn seirbhísí le hAer Arann agus Ryanair go Baile Átha Cliath, Manchain, Lorient, Frankfurt, Londain (Luton agus Stansted) agus Majorca.

### 10.2.2.3. Mórfhóntais

<u>Bonneagar Soláthair Uisce</u>

Tá plé ar bhonneagar soláthair uisce i gCaibidil 9.

Soláthar Cumhachta

Faoi láthair tá ocht ngléasra giniúna leictreachais ceadúnaithe agus trí ghléasra atá beartaithe ag Contae Chiarraí. Is é an príomhghléasra é an stáisiún cumhachta ESB i dTairbeart, a dhónn ola bhreosla trom agus fuíoll-ola bhreosla agus a bhfuil cumas giniúna aige de 632 MV. Tá an stáisiún ag oibriú ó 1969 i leith agus tá ceithre thuirbín aige chun cumhacht a ghiniúint.

Tá gréasán sách bocht de línte cumhachta ar fud an Chontae agus gan ach líne 220 KV suntasach amháin atá lonnaithe ar theorainn Chiarraí-Chorcaí ach níl sé ceangailte le ceann ar bith de na príomhcheantair uirbeacha. Tá na príomhcheantair uirbeacha go léir seirbhísithe ag línte cumhachta 110 KV seachas An Daingean atá seirbhísithe ag líne cumhachta 38 KV. Teastaíonn líne 220KV ón gcuid is mó de na tionscail mhórscála nua-aimseartha mar bhunriachtanas agus suíomh á roghnú acu. Tá seans go gcruthódh sé seo deacrachtaí do Cho. Chiarraí maidir leis na tionscail níos mó le riachtanais fuinnimh níos airde a mhealladh.

Bonneagar leanthanbhanda

Faoin Straitéis Réigiúnach Leathanbhanda agus le deontas á fháil ón gCiste Forbartha Náisiúnta 2000-2006 agus ó Chiste Forbartha Réigiúnach na hEorpa, tá sé bhaile i gContae Chiarraí san áireamh i gCéim 2 den Chlár Réigiúnach Leathanbhanda, is iad sin, Trá Lí, Cill Áirne, Oileán Ciarraí, An Daingean agus An Neidín.

Soláthraíodh líonra leathanbhanda bunaithe ar shnáithín do Thrá Lí, Chill Áirne agus Lios Tuathail nuair a soláthraíodh An Daingean, An Neidín agus Oileán Ciarraí le leathanbhanda áitiúil gan sreang. Go dtí seo, críochnaíodh Oileán Ciarraí.

### 10.2.2.4. Bonneagar Bainistíochta Dramhaíola

Tá ocht n-ionad ceadúnaithe dramhaíola ag oibriú ar fud an chontae. Leagtar amach iad i Tábla 10.5

**Tábla 10.6 Ionaid Cheadúnaithe Dramhaíola**

| Ionad | Uimh. Cheadúnais Drámhaíola | Ainm |
|---|---|---|
| Conláiste Cathartha Lios Tuathail | W0224-01 | Comhairle Contae Chiarraí |
| Láithreán Líonta Talún Chiarraí Thuaidh | W0001-03 | Comhairle Contae Chiarraí |
| Láithreán Conláiste Cathartha an Daingin | WO225-01 | Comhairle Contae Chiarraí |
| Ionad Aistrithe Dramhaíola Bhaile an Mhuilinn | W0069-01 | Comhairle Contae Chiarraí |
| Ionad Aistrithe Dramhaíola Chathair Saidhbhín | W0087-01 | Comhairle Contae Chiarraí |
| Ionad Aistrithe An Neidín | W0086-01 | Comhairle Contae Chiarraí |
| Stáisiún Aistrithe Chúil Chaisleach | W0072-01 | Comhairle Contae Chiarraí |
| Diúscairt Dramhaíola Chill Áirne Teoranta | W0217-01 | Diúscairt Dramhaíola Chill Áirne Teoranta |

Tá Contae Chiarraí arna sheirbhísiú ag aon láithreán líonta talún amháin a ndeárnadh innealtóireacht air innealtóireachta air ag Munignaminane taobh amuigh de Thrá Lí. Tá an líonadh talún seo ceadúnaithe ag an an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) chun 75,000 tona de de dhramhaíl sholadach chathardha a láimhseáil in aghaidh na bliana. Tá an Chomhairle ceadúnaithe chomh maith ag an EPA do cheithre ionad aistrithe agus dhá chonláiste chathartha. Tá láithreacha conláiste cathartha an Daingin agus Lios Tuathail fós le hoscailt. Oibríonn Diúscairt Dramhaíola Chill Áirne Teoranta láithreán múirínithe tionsclaíoch in Achadh an Churraoin, Cill Áirne.

Tá Bainc Beir Chuige i dTrá Lí (deich mbanc), Cill Áirne (sé bhanc) agus Lios Tuathail (Banc amháin).

Déanann Údaráis Áitiúla Chiarraí agus conraitheoirí príobháideacha an bailiúchán bruscair. Feidhmíonn Comhairle Contae Chiarraí (CCC), Comhairle Baile Thrá Lí agus Comhairle Baile Lios Tuathail le mbonn custaiméirí de 15,861. Oibríonn South West Bins, Dillon Waste, Higgins Waste agus KWD bailiúcháin phríobháideacha dramhaíola

le bonn custaiméirí de 10,827. Níl sonraí 2007 ar fáil d'oibreoirí príobháideacha dramhaíola.

Is iad na spriocanna at ag an bPlean Réigiúnach Leasaithe Bainistíochta Dramhaíola do Chiarraí/Luimneach/Chlár 2006 – 2011 ná;

45% athchúrsáil
41% cóireáil teasa (ábhair in-athchúrsáilte thirim fhabhtacha)
14% líonadh talún.

Is iad na rátaí athchúrsála do Chonte Chiarraí ná 23.6%. Níl fáil ar rátaí líonta talún nó rátaí cóireála teasa.

#### 10.2.2.5. Bonneagar Fuíolluisce

Tá plé ar bhonneagar fuíolluisce i gCaibidil 8.

### 10.2.3. Sóchmhainní ábhartha a luacháil gan Phlean Forbartha a bheith ann.

Gan Phlean Forbartha a bheith ann, bheadh brú timpeallachta ar bhaint sócmhainní neamh-inathnuaite cosúil le cloch chairéalaithe agus móin. Bheadh brú timpeallachta ó thaobh sócmhainní inathnuaite cosúil le draenáil ó fhorbairtí feirme gaoithe agus athrú ar shreabhadh abhann ó thionscadail hidrileictreacha gan srian.

D'aithin an Plean Forbartha limistéir atá níos fearr do thionscadail fuinnimh inathnuaite in áiteanna nach mbeadh tionchar suntasach tuartha ar an timpeallacht. Cinnteoidh an Plean go beidh forbairt inbhuanaithe ar bhonneagar riachtanach cosúil le soláthar iompair phoiblí, bonneagair dhrámhaíola, fuinnimh agus bonneagar teileachumarsáide do na méaduithe ar an daonra atá tuartha ar fud an Chontae. Gan Phlean, 'sé sin forbairt neamhphleanáilte, ní bheadh go leor bonneagar riachtanach chun maolú timpeallachta fónta a sholáthar. Sa chás seo, bheadh glacadóirí, an pobal agus gnáthóga thíos le forbairt neamhphleanáilte gan mhonatóireacht.

### 10.2.4. Bearnaí Eolais

Níl aon eolas ar fáil don Chontae faoi bhaint mhóna ar bhonn tráchtála ná ar threochtaí stairiúla ó thaobh na bainte seo .

## *10.3. Cuspóirí Timpeallachta, Spriocanna agus Táscairí a fhorbairt do Shócmhainní Ábharacha*

Leagann an chuid seo den Tuarascáil Timpeallachta cuspóirí timpeallachta, spriocanna agus táscairí do shócmhainní ábharacha amach. Bhí an cinneadh ar an tacar cuspóirí timpeallachta á úsáideadh sa tuarascáil seo curtha ar an eolas ag an measúnú bunlíne agus ag an bpróiseas scópála. Ba chóir tabhairt faoi deara, áfach, go bhfuil tionchar ag infhaighteacht tascairí bainteacha ar ann dóibh, cláir mhonatóireachta reatha agus ag scála an fheidhmithe.

Sa chuid seo, is sócmhainní ábharacha iad sócmhainní nádúrtha eacnamaíocha agus sócmhainní saorga.

Is iad na sócmhainní ábharacha is criticiúla don Chontae ná iompar, bainistíocht inbhuanaithe dramhaíola agus soláthairtí fuinnimh. Tá an tionchar atá ag acmhainní neamh-inathnuaite, mar chairéalacht agus acmhainní inathnuaite ar nós forbairt feirme gaoithe ar ghlacadóirí timpeallachta cosúil le huisce agus aer á mbreithniú.

**Tábla 10.7 Cuspóirí Timpeallachta, Spriocanna agus Táscairí do Shócmhainní Ábharacha.**

| Gné na Sócmhainní Ábharacha (W) | Cuspóir (MAO) | Spriocanna | Táscairí (Wl) | Foinse Eolais Táscaire |
|---|---|---|---|---|
| **MA1 Iompar** | **MAO1.1** Bonneagar iompair inbhuanaithe a fhorbairt a laghdaíonn fad an turais agus an gá le taisteal. | Líon na bhfeithiclí príobháideacha ar an mbóthar a laghdú.<br><br>An úsáid a bhaintear as iompar poiblí a mhéadú. | **MAI1.1** Líon carranna príobháideacha ar an mbóthar mar chéatadán den Mheántrácht Laethiúil in aghaidh na Bliana (AADT). | CCC<br><br>An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta (NRA) |
| **MA2 Bainistíocht Dramhaíola** | **MA02.1** Táirgeadh dramhaíola a íoslaghdú agus cleachtais inbhuanaithe bainistíochta dramhaíola a thabhairt isteach. | Na cainníochtaí dramhaíola a chuirtear chuig líonadh talún a laghdú.<br><br>Na cainníochtaí dramhaíola a chuirtear d'athchúrsáil a mhéadú.<br><br>Líon na mbanc beir chuige a bhfuil soláthar dóibh sa Chontae a mhéadú. | **MAI2.1** Líon na dramhaíola teaghlaigh a chuirtear chuig líonadh talún<br><br>Cainníocht na dramhaíola teaghlaigh a chuirtear d'athchúrsáil<br><br>Líon na mbanc beir chuige a bhfuil soláthar dóibh sa chontae. | CCC<br><br>GCC |

| Gné na Sócmhainní Ábharacha (W) | Cuspóir (MAO) | Spriocanna | Táscairí (Wl) | Foinse Eolais Táscaire |
|---|---|---|---|---|
| **MA3 Fuinneamh Inathnuaite** | **MA03.1** Teicneolaíocht an fhuinnimh inathnuaite a úsáid do riachtanais chumhachta réamh-mheasta thar shaolré an phlean. | Úsáid fuinnimh inathnuaite a spregadh ó thaobh gnóthaí beaga agus an teaghlaigh de .<br><br>Fuinneamh inathnuaite a úsáid chun an eangach náisiúnta a sholáthar nuair is féidir. | **MAI3.1** Líon agus cineál na dteicneolaíochtaí fuinnimh inathnuaite atá á n-úsáid i bhforbairtí nua. | CCC |

## 10.4. Measúnú ar éifeachtaí suntasacha dóchúla an Phlean ar Shócmhainní Ábharacha

Is é an cuspóir atá ag an gcuid seo den chaibidil ná na héifeachtaí "suntasacha agus dóchúla" a bheidh ag an bPlean Forbartha" ar an timpeallacht a aimsiú. Tá an mhodheolaíocht mheasúnaithe a úsáidtear anseo bunaithe ar na critéir atá liostáilte i gCaibidil 5. Déantar measúnú ar gach ceann de na cuspóirí timpeallachta do shócmhainní ábharacha (atá tugtha i Tábla 10.6 Cuspóirí Timpeallachta, Spriocanna agus Táscairí do Shócmhainní ábharacha.) i gcoinne cuspóirí an Phlean.

Tá an measúnú iomlán tugtha in Aguisín 1 na tuarascála seo agus tá achoimre thíos anseo ar na torthaí .

Tá an straitéis lonnaíochta mholta de chuid an Dréachtphlean Forbartha faoi thiomáint ag soláthar lonnaíochtaí inbhuanaithe ag baint úsáid as Mol Thrá Lí Chill Áirne mar phointe fócais don gheilleagar agus naisc inbhuanaithe iompair aige do na bailte agus lonnaíochtaí níos lú. Tá na cuspóirí dírithe ar lonnaíochtaí inbhuanaithe a chruthú ar mhórscála agus bheagscála ar fud na tíre agus ar áiseanna iompair agus naisc fheabhsaithe (cuspóirí SS-20 agus SS-21). Tá na cuspóirí dearfach maidir le bonneagar

iompair fheabhsaithe a chruthú go háirithe do lonnaíochtaí níos lú ina mbeadh gá le feithiclí príobháideacha. Bhéadh tionchar fadtéarmach diúltach ag na cuspóirí seo áfach ar cháilíocht aeir mar gheall ar thoirt tráchta méadaithe a cruthaíonn forbairt Mhoil Thrá Lí Chill Áirne (cuspóirí SS-2 agus SS-13) . Beidh níos mó trácht ar an mbonneagar atá ann cheana féin agus na lonnaíochtaí beaga á bhforbairt (cuspóir SS-18). Nuair a bhíonn gá le bóithre nua le feabhas a chur ar an mbonneagar. Beidh an éifeacht ó thaobh amhairc de fadtéarmach agus diúltach agus féadfaidh go mbeidh tionchar aige ar shaintréithe páirteanna de lonnaíochtaí (cuspóirí SS-24 agus SS-30).

Nuair atá bonneagar teileachumarsáidí agus fóntais á bhreithniú, beadh tionchar dearfach agus fadtéarmach, go ginearálta, ag na cuspóirí lonnaíochta. Mheallfadh an soláthar fóntas agus teileachumarsáidí níos fearr pobal ó na bailte níos mó go dtí na lonnaíochtaí níos lú agus go fadtéarmach chabródh sé le tionscail nua a mhealladh go dtí lonnaíochtaí. Chabhródh sé seo chun aidhmeanna iomlána an Phlean a bhaint amach a bhfuil sé mar aidhm aige caighdeán saoil agus inbhuaine eacnamaíoch a fheabhsú don Chontae.

Ní bheidh tionchar ag an straitéis tithíochta a chuitear chun tosaigh sa Phlean Forbartha ar shócmhainní ábharacha sa Chontae. Tá gá le feabhsuithe ar fhóntais, theileachumarsáidí agus ar an mbonneagar iompair, go hindíreach agus tríd an straitéis, chun lonnaíochtaí mealltacha a chruthú le cóiríocht a thógáil iontu.

Maidir le sócmhainní ábharacha, beidh feabhsú bonneagair iompair, fóntais agus teileachumarsáidí faoi thiomáint ag cusopóirí eacnamaíocha agus beidh siad aireach ag an am céanna ar thionchair chodarsnacha ar an timpeallacht. Cuimsíonn cuspóir 5-64 soláthar do theicneolaíocht fuinnimh inathnuaite agus íoslaghdú dramhaíola i bhforbairtí tráchtála agus tionscail beartaithe le linn saolré an Phlean.

Tá impleacht dhiúltach timpeallachta féideartha sa spreagadh atá ann don tionscal eastósach (cuspóir NR 7-5). Tá sé mar aidhm ag cuspóir NR 7-6 áfach an timpeallacht a chosaint ón tionscal eastósach. Cé nach bhfuil aon chuspóirí sa Mheasúnú maidir le foraois, tá cuspóirí dearfacha ann maidir le foraoisiú inbhuanaithe sa Phlean Forbartha . Tá sé mar aidhm ag cuspóirí N7-21 go dtí N7-37 úsáidfí fuinnimh inathnuaite cosúil le grianfhuinneamh, fuinneamh gaoithe agus hidrileictreachas le linn saolré an Phlean Forbartha. Beidh tionchar fadtéarmach dearfach aige seo ar cháilíocht an aeir chomhthimpeallaigh agus laghdóigh sé astuithe gáis cheaptha teasa.

Tá sé mar aidhm ag cuspóirí INF8-1 go dtí INF8-21 bonneagar iompair níos fearr a bhaint amach tríd an ngréasán bóithre ar fud an Chontae a fheabhsú agus a fhorbairt. Ceadaíonn cuspóirí breise cruthú agus uasghrádú bealaí siúlóide agus rothaíochta ag cur taisteal nach taisteal i gcarranna é chun cinn. Cinnteoidh soláthar bealaí nach bealaí feithiclí iad go laghdófar astuithe aeir ó fheithiclí agus go bhfeabhsóidh cáilíocht an aeir, san fhadtéarma. Beidh sé seo ag cloí le cuspóir timpeallachta, ACO1.1 (Astuithe gáis cheaptha teasa a laghdú) agus ACO2.1 (Feabhas a chur ar cháilíocht an aeir chomhthimpeallaigh).

Spreagann INF8-42 agus INF8-44 úsáid cleachtais níos inbhuanaithe ó thaobh bainistíochta dramhaíola ionas go mbeidh dramhaíl á atreorú ó líonadh talún. Tá cuspóirí breise mar chuid de le soláthar a dhéanamh ar athchúrsáil agus tharrtháil dramhaíola. Seachas cuspóirí INF8-1 go dtí INF8-21 (bonneagar iompair níos fearr) féachann na cuspóirí atá fágtha sa chuid seo den Phlean Forbartha le soláthar a dhéanamh ar chleachtais inbhuanaithe bainistíochta drámhaíola agus spreagann siad úsáid cineálacha iompair nach iompar i bhfeithiclí iad. Beidh na cuspóirí seo de réir chuspóir timpeallachta MAO2.1 (Táirgeadh dramhaíola a íoslaghdú) a tugadh sa Tuarascáil Timpeallachta.

Is cuspóirí ginearálta iad cuspóirí EN11-2 agus ENII-5 chun athrú aeráide a chomhrac agus chun an Contae a fhorbairt ar bhealach atá níos inbhuanaithe ó thaobh na timpeallachta de. Bheadh tionchar dearfach ag na cuspóirí seo ar na cuspóirí sóchmhainní ábharacha maidir le hiompar inbhuanaithe, bainistíocht dramhaíola, agus giniúint fuinnimh.

### *10.5. Bearta Maolaithe chun tionchar an Phlean ar Shócmhainní Ábharacha a laghdú/cealú*

Tá gá le bearta maolaithe chun tionchair shuntasacha dhiúltacha ar an timpeallacht a chealú / atheadránú / laghdú.

Níor tugadh faoi deara go raibh aon tionchar codarsnach suntasach fadtéarmach ar shócmhainní ábharacha seachas maidir le forbairt Mhoil Chill Áirne Thrá Lí agus an tionchar atá aici ar an mbonneagar iompair i limistéar na forbartha. Tá bearta polasaí á dtógáil chun bonneagar iompair níos inbhuanaithe a fhorbairt cosúil le bealaí rothaíochta, cosáin, agus iompar poiblí a fhorbairt. Ba chóir go mbeadh tús áite ag an mbrú tráchta timpeall Mhoil Chill Áirne Thrá Lí a mhaolú nuair atá forbairtí beartaithe á athbhreithniú,

go háirithe ó thaobh na gcinn sin a sholáthraíonn fostaíocht a mheallfadh an chuid is mó de ‘bhuaicthráth” tráchta.

### *10.6. Clár Monatóireachta do Shócmhainní Ábharacha*

Trí Chlár Monatóireachta is féidir an fíorthionchar atá ag an bPlean a thástáil i goinne an tionchair a bhí tuartha. Is féidir, tríd an gclár, mórfhadhbanna a aithint agus deighleáil leo go tráthúil, agus eolas bonnlíne timpeallachta a bhailiú le haghaidh athbhreithnithe ar an bplean amach anseo.

Déantar monatóireacht trí thuairisciú ar thacar táscairí agus spriocanna a dréachtaíodh roimhe sin Tábla 10.6 Cuspóirí Timpeallachta, Spriocanna agus Táscairí do Shócmhainní Ábharacha agus úsáidtear í chun cur síos a dhéanamh ar threochtaí sa bhonnlíne amach anseo, a chuireann ar ár gcumas tionchar dearfach agus diúltach ar an timpeallacht a thomhas. Beidh Comhairle Contae Chiarraí freagrach as cur i bhfeidhm an chláir mhonatóireachta maidir le sócmhainní ábharacha sa Phlean Forbartha Contae.

**Tábla 10.8 Clár Monatóireachta do Shócmhainní Ábharacha**

| SÓCMHAINNÍ ÁBHARACHA | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Cuspóir Timpeallachta** | | **Táscaire** | **Údarás atá freagrach as** | **Minicíocht** | **Sprioc** | **An cineál Idirghabhála atá ag teastáil** |
| MAO1.1 | Bonneagar iompair inbhuanaithe a fhorbairt a laghdaíonn fad an turais agus an gá le taisteal. | Plean Comhtháite Úsáidte Talún agus Iompair. | CCC | Athbhreithniú le linn saolré an phlean. | Úsáid níos mó á baint as iompar poiblí<br><br>Líon níos airde de bhealaí rothaíochta agus siúlóide.<br><br>Measúnú ar thionchar tráchta in iarratais phleanála go háirithe sna cinn a bhaineann le Mol Chill Áirne Thrá Lí. | - |

| SÓCMHAINNÍ ÁBHARACHA | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Cuspóir Timpeallachta** | | **Táscaire** | **Údarás atá freagrach as** | **Minicíocht** | **Sprioc** | **An cineál Idirghabhála atá ag teastáil** |
| MAO2.1 | Táirgeadh dramhaíola a ioslaghdú agus cleachtais inbhuanaithe bhainistíochta dramhaíola a thabhairt isteach. | Líon na dramhaíola teaghlaigh a chuirtear chuig líonadh talún<br><br>Cainníocht na dramhaíola teaghlaigh a chuirtear d'athchúrsáil<br><br>Líon na mbanc beir chuige a sholáthraítear do phobal an chontae | CCC | Athbhreithniú le linn saolré an phlean. | Laghdú ar na cainníochtaí dramhaíola a chuirtear chuig líonadh talún.<br><br>Méadú ar na cainníochtaí dramhaíola a chuirtear d'athchúrsáil.<br><br>Méadú ar líon na mbanc beir chuige a sholáthraítear do phobal an chontae go dtí banc amháin do gach 1,000 daonra. | - |
| MAO3.1 | Teicneolaíocht an fhuinnimh inathnuaite a úsáid do riachtanais chumhachta réamh-mheasta thar shaolré an Phlean. | Líon agus cineál na dteicneolaíochtaí fuinnimh inathnuaite a úsáidtear i bhforbairtí nua agus faoi fhorbairtí fuinnimh an chontae. | CCC | Athbhreithniú le linn saolré an phlean. | Roinnt tionscnamh fuinnimh inathnuaite forbartha thar shaolré an phlean.<br><br>Céatadán fuinnimh arna sholáthar go dtí an eangach náisiúnta a ghintear as fuinneamh inathnuaite. | - |

# 11. TIONCHAIR AN PHLEAN AR SHOCMHAINNÍ CULTÚRTHA

## *11.1. Réamhrá*

Sa chuid seo den Tuarascáil Timpeallachta, san áireamh sna socmhainní cultúrtha ná lonnaíochtaí, séadchomharthaí, gnéithe agus suíomhanna stairiúla sa Chontae, chomh maith leis an gcineál sóisialta de shocmhainní cultúrtha mar theanga agus canúintí, comhlachas liteartha agus ealaíona.

Tá Plean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta ag Comhairle Contae Chiarraí a chlúdaíonn an tréimhse 2008 go 2012. Is iad príomhaidhmeanna an phlean ná oidhreacht a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt do thionscadail atá bunaithe sa phobal agus a bhfuil mar aidhm acu feasacht a spreagadh maidir le hoidhreacht chultúrtha agus socmhainní sa Chontae.

## *11.2. Measúnú Bonnlíne do Shocmhainní Cultúrtha i gContae Chiarraí.*

Tá oidhreacht chultúrtha shaibhir agus bheo ag Contae Chiarraí. Cuimsíonn sí spórt, teanga, na healaíona agus na heolaíochtaí.

Sheol an Comhairle Plean Ealaíon Chiarraí leis an tréimhse 2007-2012 a chlúdach. Díríonn an plean aird ar sheirbhís ealaíon an údaráis áitiúil a fhorbairt agus ar roinnt cuspóirí straitéiseacha, ina measc cleachtas ealaíon a chothú, tacaíocht neartaithe d'ealaíontóirí a sholáthar, eochairchomhpháirtíochtaí straitéiseacha a idirbheartú agus maoiniú ealaíon sa Chontae a sholáthar.

Clúdaíonn na Gaeltachtaí limistéir fairsinge ar Leithinis an Daingin agus ar Leithinis Uíbh Ráthaigh agus is cuid tábhachtach de thraidisiún teanga, sóisialta agus cultúrtha an Chontae iad. Is gnéithe tábhachtacha iad sna ceantair seo na nósanna traidisiúnta, an ceol, an scríbhneoireacht agus an béaloideas. Ullmhaíodh Plean Bainistíochta an Bhlaoscaid Mhóir i Meán Fómhair 2004 a bhfuil mar aidhm aige traidisiúin liteartha agus stairiúla ar na hoileáin a chaomhnú.

Tá cuid mhór suíomhanna liostaithe seandálaíochta agus séadchomharthaí i gContae Chiarraí atá faoi chosaint agus chaomhnú ag céimeanna éagsúla. San áireamh tá:

- 58 séadchomhartha seandálaíochta agus suíomh i lámha an Stáit (Aguisín 1(a) den Phlean Forbartha)
- 13 séadchomhartha seandálaíochta agus suíomh i gcaomhnóireacht an Stáit (Aguisín 1(b) den Phlean Forbartha)
- 29 séadchomhartha seandálaíochta agus suíomh atá faoi réir Orduithe Caomhnaithe Sealadacha (Aguisín 1(c) den Phlean Forbartha)
- 135 séadchomharthaí agus suíomh atá faoi réir cláraithe. (Aguisín 1(d) den Phlean Forbartha)

Tá Taifead na Struchtúr atá faoi Chosaint molta ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil liostaithe in Aguisín 2(a) den Phlean Forbartha.

Tá 13 Limistéir Sainspéise (Aguisín 3 den Phlean Forbartha) liostaithe ag an gComhairle freisin go dtí mbíonn siad sainithe mar Limistéar Caomhnaithe Seandálaíochta (ACA) de réir alt (10)(2)(g) den Acht Pleanála agus Forbartha. San áireamh tá roinnt bailte móra, sráidbhailte agus sráidbhailte beaga sa Chontae.

Léiríonn Figiúr 11.1 dáileadh na suíomhanna oidhreachta cultúrtha i gContae Chiarraí.

### 11.2.1. Fadhbanna Reatha le Socmhainní Cultúrtha

Tá brú suntasach forbartha ag teacht ar na limistéir Ghaeltachta. D'fhéadfadh tionchar bheith ag inimirce daoine nach bhfuil Gaeilge acu ar inmharthanacht na Gaeilge. Ta dúshláin ann freisin maidir le tionscail a tharraingt chuig na limistéir Ghaeltachta mar gheall ar a n-imeallacht, easpa seirbhísí riachtanacha agus an deacracht atá ann maidir le lucht oibre a aimsiú. Tá deacrachtaí suntasacha ann maidir le bonneagar mar gheall ar an méadú sa trádáil turasóireachta sna limistéir Ghaeltachta, go háirithe maidir le soláthar uisce ólacháin agus cóireáil fuíolluisce.

Tá oidhreacht seandálaíochta agus ailtireachta Chontae Chiarraí cosanta ag reachtaíocht.

Ach, cionn is go bhfuil suíomhanna oidhreachta cultúrtha sa Chontae, b'fhéidir go mbeadh brúnna ó fhorbairtí sa mhol agus sna príomhlimistéir fheidhme.

### 11.2.2. Éabhlóid na Socmhainní Cultúrtha d'Éagmais an CDP

D'éagmais Plean Forbartha ní bheadh treoirlínte don fhorbairt laistigh den Chontae a thabharfadh treo di. Cé go bhfuil séadchomharthaí agus suíomhanna aonair faoi chosaint dlíthe reachtúla éagsúla, d'fhéadfadh tionchair bheith ar na limistéir oidhreachta cultúrtha seo.

D'éagmais Plean Forbartha d'fhéadfadh forbairt cónaithe dul ar aghaidh ar mhórscála ar an mBlascaod Mór agus i limistéir Ghaeltachta, agus d'fhéadfadh laghdú ar líon na gcainteoirí Gaeilge sna limistéir seo tarlú dá thoradh.

## *11.3. Cuspóirí, Spriocanna agus Táscairí Timpeallachta do Shocmhainní Cultúrtha*

D'fhéadfadh feidhmiú an Phlean Forbartha do Chontae Chiarraí tionchar a bheith aige ar shocmhainní cultúrtha agus ar oidhreacht chultúrtha sa Chontae. Cé go bhfuil liosta de na suíomhanna agus de na séadchomharthaí seandálaíochta sa Chontae ar fáil, agus beidh forbairtí sna limistéir seo seachanta nó smachtaithe, bheadh measúnú níos cuí ar chumas sheandálaíochta an limistéir nó an suímh ag leibhéal tionscadail. Tabharfaidh na cuspóirí agus na spriocanna a léirítear i dTábla 11.1 cosaint do na struchtúir agus cuideoidh siad le cothú shocmhainní cultúrtha eile i gContae Chiarraí.

**Figiúr 11.1 Dáileadh na Struchtúr Cosanta i gContae Chiarraí**



**Tábla 11.1 Cuspóirí, Spriocanna agus Táscairí Timpeallachta do Shocmhainní Cultúrtha**

| Gné Oidhreachta Cultúrtha (CH) | Cuspóirí (CHO) | Spriocanna | Táscairí (CHI) | Foinse Eolais an Táscaire |
|---|---|---|---|---|
| **CH1 Oidhreacht** | **CHO1.1** Dea-chleachtas i gcaomhnú agus bainistíocht oidhreachta a chur chun cinn | Cosc ar fhorbairtí neamhúdaraithe le linn tréimhse an Phlean as a dtiocfaidh cailleadh nó páirtchailleadh na struchtúr nó suíomhanna cosanta le tábhacht seandálaíochta<br><br>Cinntiú go gcuirtear gach iarratas pleanála a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar oidhreacht ar aghaidh chuig an RCORÁ i gcomhair ráitis agus go gcloítear lena moltaí.<br><br>Úsáid na dtreoirlínte tugtha i bPlean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chomhairle Chontae Chiarraí 2008-2012. | **CHI1.1** Cosc ar fhorbairtí neamhúdaraithe le linn tréimhse an Phlean as a dtáinig cailleadh nó páirtchailleadh na struchtúr nó suíomhanna cosanta le stádas seandálaíochta. | Roinn Oidhreachta CCC<br><br>Fóram Oidhreachta Chiarraí<br><br>RCORÁ |

| Gné Oidhreachta Cultúrtha (CH) | Cuspóirí (CHO) | Spriocanna | Táscairí (CHI) | Foinse Eolais an Táscaire |
|---|---|---|---|---|
| **CH2 Gnéithe Seandálaíochta** | **CHO2.1** Cosaint do shuíomhanna aonair agus coimpléisc | Cosc ar fhorbairtí neamhúdaraithe i suíomhanna agus i gcoimpléisc cosanta. | **CHI2.1** Líon na bhforbairtí neamhúdaraithe i suíomhanna agus i gcoimpléisc cosanta. | Roinn Oidhreachta CCC<br><br>Fóram Oidhreachta Chiarraí<br><br>RCORÁ |
| **CH3 Seandálaíocht** | **CHO3.1** Sainaithint agus cosaint na ngnéithe seandálaíochta | Cosc ar fhorbairtí neamhúdaraithe le linn tréimhse an Phlean as a dtiocfadh damáiste do ghnéithe seandálaíochta<br><br>Athbhreithniú ar an bhFeasachán Tochailtí do phoitéinseal seandálaíochta i limistéar staidéir.<br><br>Úsáid "Chreatlach agus Prionsabail do Chosaint na hOidhreachta Seandálaíochta", an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán. | **CHI3.1** Líon na bhforbairtí neamhúdaraithe ceadaithe as a dtagann cailleadh nó damáiste do ghnéithe seandálaíochta. | Roinn Oidhreachta CCC<br><br>Fóram Oidhreachta Chiarraí<br><br>RCORÁ |

| Gné Oidhreachta Cultúrtha (CH) | Cuspóirí (CHO) | Spriocanna | Táscairí (CHI) | Foinse Eolais an Táscaire |
|---|---|---|---|---|
| **CH4 Socmhainní Sóisialta Cultúrtha** | **CHO4.1** Forbairt na Gaeilge a thacú agus a spreagadh<br><br>**CHO4.2** Forbairt na dtionscnamh liteartha agus Ealaíona a thacú agus a spreagadh | Soláthar tithíochta príobháideach, bonneagair agus eacnamaíochta sna limistéir Ghaeltachta<br><br>Maoiniú a sholáthar de réir an Phlean Ealaíon Chiarraí 2007-2012 | Daonra agus fostaíocht na gCainteoirí Gaeilge i limistéir Ghaeltachta<br><br>Líon na n-imeachtaí liteartha agus ealaíona soláthraithe le linn tréimhse an Phlean. | CCC |

## *11.4. Tionchair an Phlean ar Shocmhainní Cultúrtha*

Leagan Caibidil 9 den Phlean Forbartha (Sóisialta, Pobal, Cultúr agus an Ghaeltacht) cuspóirí na Comhairle amach maidir le cosaint agus feabhsú na limistéar Gaeltachta sa Chontae. Sainaithníonn an Plean nádúr íogair na limistéar agus rinne sé iarracht líon na bhforbairtí cónaithe agus tithe saoire sna limistéir seo a rialú. Sainaithníonn sé freisin an tábhacht le caomhnú na Gaeilge agus an gá atá ann chun cinntiú go mbíonn pobal mór go leor ann le beogacht na teanga a bhaint amach agus a chothú. Cuireann an Plean pobal óg cainteoirí Gaeilge chun cinn atá riachtanach le hinmharthanacht fadtéarmach na Gaeilge a chinntiú.

Tá roinnt cuspóirí sa Phlean atá díríthe ar an nGaeilge a chur chun cinn. De réir cuspóra SG9-40 caithfear áiseanna do theagasc na Gaeilge a sholáthar, agus de réir cuspóra SG9-43 caithfear bonneagar a sholáthar a éascódh forbairt eacnamaíoch na limistéar i slí inbhuanaithe. Tacóidh na cuspóirí seo le cuspóir timpeallachta CH04.1 (Tacaíocht agus

spreagadh a thabhairt d'fhorbairt na Gaeilge) atá tugtha sa Tuarascáil Timpeallachta seo.

Beidh aird ag an gComhairle ar thionchar na bhforbairtí móra sna limistéir Ghaeltachta maidir leis na héifeachtaí dóchúla a bheadh ag na forbairtí seo ar an nGaeilge agus ar an nGaeltacht. Bainfidh cur i ngníomh na gcuspóirí seo tionchar tairbhiúil dearfach fadtéarmach amach do na limistéir Ghaeltachta agus don Ghaeilge.

Mar gheall ar thábhacht an Bhlascaoid Mhóir mar acmhainn agus mar fhoinse ioncaim don chontae tá cuspóirí ar leith ullmhaithe ag an gComhairle don oileán seo. Is dócha gurb é an cuspóir is tábhachtaí maidir leis an mBlascaod Mór ná ainmniú an oileáin mar Shuíomh Oidhreachta Domhanda. Déanfadh an cuspóir seo cinntiú go mbeidh tionchair dhearfacha fhadtéarmacha ag teacht ó aon obair nó aon fhorbairt a bheas ar an oileán taobh istigh de thréimhse an phlean seo. De réir cuspóra SG9-57 an Phlean (turasóireacht) is gá don Chomhairle forbairt na ngníomhaíochtaí turasóireachta sna limistéir Ghaeltachta a chur chun cinn chomh maith le bonneagar sásúil a sholáthar dóibh siúd. Arís beidh tionchar dearfach aige seo ar an nGaeltacht agus a timpeallacht.

Cuireann Caibidil 6 den Phlean (Turasóireacht) straitéis d'fhorbairt thionscal turasóireachta inbhuanaithe chun cinn a íoslaghdaíonn drochthionchair ar phobail áitiúla, an oidhreacht tógtha, tírdhreach, gnáthóga agus speicis agus í ag tabhairt tacaíochta do rath sóisialta agus eacnamaíoch. Sainaithníonn an Chomhairle gur margadh nideoige tábhachtach iad na laethanta saoire oidhreachta, agus tá sé mar aidhm ag cuspóir T6-40 oidhreacht tógtha an Chontae a chaomhnú trí chur i ngníomh na gcuspóirí agus na bpolasaithe atá leagtha amach faoi Chaibidil 10 den Phlean (Oidhreacht Tógtha). Soláthraíonn cuspóir T6-43 do chomhoibriú agus d'éascú le Bord Fáilte – Iardheisceart agus le gníomhairí eile cuí le turasóireacht a fhorbairt a bhaineann le caisleáin, tithe stairiúla agus gairdíní a chur chun cinn.

Tá gealltanas na Comhairle do na healaíona agus don chultúr daingnithe ag roinnt cuspóirí (T6-44 go dtí T6-47). Soláthraíonn na cuspóirí d'oibriú le Fáilte Ireland agus leis an gComhairle Ealaíon chun na healaíona a chur chun cinn agus a fhorbairt ar fud an chontae. Spreagann sé freisin caomhnú na hoidhreachta cultúrtha agus teanga sna limistéir Ghaeltachta chomh maith le forbairt na n-ealaíon agus ceardlann. Beidh tairbhí

dearfacha fadtéarmacha ag na cuspóirí seo do dhaoine atá ina gcónaí sna limistéir Ghaeltachta agus do shocmhainní cultúrtha an Chontae agus agus tacóidh said le cuspóir CH04.2 (Tacaíocht agus spreagadh a thabhairt d'fhorbairt tionscnamh Liteartha agus ealaíonta) mar atá liostaithe sa Tuarascáil Timpeallachta seo.

Tugadh faoi oidhreacht seandálaíochta agus ailtireachta i gCaibidil 10 den Phlean Forbartha (Oidhreacht Tógtha). I measc na gcuspóirí tugtha ag an gComhairle sa Phlean Forbartha tá caomhnú na séadchomharthaí agus suíomhanna seandálaíochta atá i dTaifead na Séadchomharthaí agus na nÁiteanna (RMP) (Cuspóir BH10-1), sainaithint na suíomhanna seandálaíochta (Cuspóir BH10-2) agus feasacht phoiblí agus treoir chomhairleach (BH10-4). Beidh na cuspóirí comhlíontach leis na cuspóirí timpeallachta CHO1.1 (Dea-chleachtas i gcaomhnú oidhreachta a chur chun cinn), CHO2.1 (Suíomhanna agus coimpléisc aonair a chosaint) agus CHO3.1 (Gnéithe seandálaíochta a shainaithint agus a chosaint), tugtha sa Tuarascáil Timpeallachta. Léiríonn Figiúr 11.2 limistéir i gContae Chiarraí a d'fhéadfadh bheith faoi bhrú ón bhforbairt maraon leis na sócmhainní cultúrtha a aithnítear leis na limistéir seo. Ba chóir tuarascáil seandálaíochta a sholáthar le gach iarratas Pleanála a déantar in áiteanna ata gar do ghnéithe seandálaíochta a shonraíonn an tionchar, más amhlaidh, a bheidh ag an bhforbairt ar na gnéithe seo.

Déanann Comhairle Contae Chiarraí iarracht forbairt cheart, athbheochan agus cosaint oidhreacht seandálaíochta an Chontae a chur chun cinn agus a aimsiú. Aithníonn an Chomhairle sainchineál áitribh do reigiúin éagsúla sa Chontae, na ábhair thógála éagsúla a mbaineadh úsáid as san am atá thart, agus ailtireacht dhúchasach na dtithe seo. Beidh ar fhorbairtí molta atá taobh istigh de Limistéar Caomhnaithe Ailtireachta nó in aice le Struchtúir Chosanta nó Séadchomharthaí Taifeadta meas a bheith acu ar an ailtireacht dhúchasach atá ann, mar shampla, airde agus dearadh an fhoirgnimh nuair is cuí. Léiríonn cuspóir BH10-9 – ainmniú limistéar áirithe mar Limistéir Caomhnaithe Ailtireachta – gealltanas na Comhairle chun grúpaí struchtúir nó bailedhreacha de shainspéis ailtireachta, seandálaíochta, stairiúla nó sóisialta a chosaint.

Mar achoimre, mar gheall ar chur isteach na gcuspóirí éagsúla i codanna éagsúla an Phlean Forbartha, beidh oidhreacht agus socmhainní chultúrtha sa chontae faoi chosaint. Aontaíonn na cuspóirí seo leis na cuspóirí timpeallachta atá leagtha amach sa Tuarascáil

Timpeallachta. Má chloítear leis na cuspóirí sa Phlean Forbartha, ní bheidh tionchar diúltach suntasach ar shocmhainní cultúrtha.

### *11.5. Bearta Maolaithe chun Éifeachtaí Suntasacha an Phlean ar Shocmhainní Cultúrtha a Leigheas nó a Laghdú.*

Soláthróidh cuid mhaith de na cuspóirí sa Phlean Forbartha sa chuid seo a bhaineann le hoidhreacht tógtha, na bearta riachtanacha maolaithe le hoidhreacht ailtireachta a chosaint.

Ó thaobh tionscadail bhóithre bheadh ar an bhforbróir a bheith eolach ar threoirlínte an NRA maidir le measúnuithe seandalaíochta.

### *11.6. Clár Monatóireachta do Shócmhainní Cultúrtha*

Léiríonn Tablá 11.2 an clár monatóireachta do shocmhainní cultúrtha.

**Tábla 11.2 Clár Monatóireachta Táscaire na hOidhreachta Cultúrtha**

| OIDHREACHT CHULTÚRTHA | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Cuspóir Timpeallachta** | | **Táscaire** | **Údarás atá freagrach as** | **Minicíocht** | **Sprioc** | **An cineál Idirghabhála atá ag teastáil** |
| CHO1.1 | Dea-chleachtas i gcomhrá oidhreachta agus i mbainistíocht de réir treoirlínte RCORÁ | Líon na bhforbairtí neamhúdaraithe le linn tréimhse an Phlean as a dtagann cailleadh nó páirtchailleadh na struchtúr nó suíomhanna cosanta le stádas seandálaíochta. | CCC<br><br>RCORÁ | Athbhreithniú lár téarma ar Phlean Oidhreachta an Chontae | Cosc ar fhorbairtí neamhúdaraithe le linn tréimhse an Phlean as a dtiocfaidh cailleadh nó páirtchailleadh na struchtúr nó suíomhanna cosanta le stádas tábhacht seandálaíochta.<br><br>Cinntiú go gcuirtear gach iarratas pleanála a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar oidhreacht ar aghaidh chuig an RCRORÁ faoi choinne ráitis agus go gcloítear lena moltaí. | Foinse na faidhbe a fhiosrú agus a leigheas dá réir sin. |

| OIDHREACHT CHULTÚRTHA | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Cuspóir Timpeallachta** | | **Táscaire** | **Údarás atá freagrach as** | **Minicíocht** | **Sprioc** | **An cineál Idirghabhála atá ag teastáil** |
| CHO2.1 | Cosaint ar shuíomhanna aonair agus coimpléisc | Líon na bhforbairtí neamhúdaraithe ceadaithe le linn tréimhse an Phlean as a dtagann cailleadh na suíomhanna nó na gcoimpléasc aonair. | CCC | - | Cosc ar fhorbairtí neamhúdaraithe | - |
| CHO3.1 | Sainaithint agus cosaint na ngnéithe seandálaíochta | Líon na bhforbairtí neamhúdaraithe ceadaithe as a dtagann cailleadh nó damáiste do ghnéithe seandálaíochta. | CCC<br><br>RCORÁ | - | Cosc ar fhorbairtí neamhúdaraithe le linn tréimhse an Phlean as a dtiocfadh damáiste do ghnéithe seandálaíochta | - |
| CHO4.1 | Forbairt na Gaeilge a thacú agus a spreagadh | Daonra agus fostaíocht na gCainteoirí Gaeilge i limistéir Ghaeltachta | CCC | - | Méadú i bpróifíl aoise na nGaeilgeoirí sna limistéir Ghaeltachta | - |
| CHO4.2 | Forbairt na dtionscnamh liteartha agus Ealaíona a thacú agus a spreagadh | Maoiniú a sholáthar de réir an Phlean Ealaíon Chiarraí 2007-2012 | CCC | - | Líon na n-imeachtaí liteartha agus ealaíona le linn tréimhse an Phlean. | - |

# 12. MEASÚNÚ

## 12. AR AN TIONCHAR ATÁ AG AN bPLEAN AR AER AGUS AERÁID

### *12.1 Réamhrá*

Tá tionchar ag suíomh muirí Chontae Chiarraí ar an aeráid sa chontae. Mar thoradh ar an suíomh seo bíonn roinnt mhaith báistí sa Chontae. Is í an mheántitim báistí in Éirinn ná thart ar 1,200 mm in aghaidh na bliana. Is ó 1,000 mm go 1,500 mm in aghaidh na bliana atá an mheántitim báistí sna réigiúin ísle san taobh ó thuaidh de Chontae Chiarraí, agus faigheann na réigiúin níos sléibhtiúla 1,500mm - 2,000 mm báistí in aghaidh na bliana.

Is féidir le hastuithe truailleán ó fheithiclí, stáisiúin chumachta, thionscal, bhreolsla teaghlaigh atá á dhó agus ó thalmhaíocht éifeachtaí áitiúla, náisiúnta, idirnáisiúnta agus domhanda a bheith acu. Tá astuithe de dhé-ocsaíd charbóin agus gháis cheaptha teasa eile ag cur leis an iarmhairt cheaptha teasa agus is cúis le téamh domhanda. I 2005, mhéadaigh astuithe gáis cheaptha teasa na hÉireann 25.4% thar leibhéil 1990. Earnáil an iompair, go háirithe iompar ar bhóithre, ba chúis leis an méadú is suntasaí agus is seasmhaí de 160% ar astuithe gáis cheaptha teasa. Tá gá le laghduithe suntasacha ar ocsaíd de nítrigin ó iompar ar bhóithre má tá Éire chun a dualgais faoin Treoir um Uasteorainn Astuithe Náisiúnta (NEC) a chomhlíonadh faoi 2010. Leagadh an Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide 2007-2012 amach chun léiriú a thabhairt ar conas a shásóidh Éire a dualgais 2008-2010 maidir le comhlíonadh Phrótacal Kyoto.

Tá Treoir um Trádáil Astuithe an AE (2003/87/EC) curtha i bhfeidhm chun laghdú ar gháis cheaptha teasa a bhaint amach do gach ballstáit san AE. Trasuíodh an treoir i nDlí na hÉireann ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Trádáil Astuithe Gáis Cheaptha Teasa) 2004 (I.R. Uimh. 437 de 2004). Is ar an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) a leagadh an fhreagracht maidir lena chur i bhfeidhm in Éirinn. Faoi na rialacháin seo tugtar ceadúnais astuithe gáis cheaptha teasa do shealbhóirí eagsúla a théann i mbun gníomhaíochtaí sainithe a bhfuil astuithe de dhé-ocsaíd charbóin ó phointí liostaithe astaithe mar thoradh orthu. Is tríd an bPlean Náisiúnta Leithdháilte a leithdháiltear liúntais d'aistuithe isteach san aer de gháis cheaptha teasa. Sealbhóir amháin de cheadúnas astuithe gháis cheaptha teasa mar seo is ea Kerry Ingredients Ireland Ltd i dTrá Lí, Co. Chiarraí (Uimhir Chláraithe Cheadúnais IE-GHG 008-02).

Féadfaidh astuithe de thruailleáin ó fheithiclí, stáisiúin chumachta, thionscal, bhreolsla teaghlaigh atá á dhó agus ó thalmhaíocht éifeachtaí áitiúla, idirnáisiúnta nó domhanda a bheith acu ar cháilíocht aeir. Tá an méadú atá tagtha ar úinéireacht feithiclí agus ar iompar ar bhóithre ag cothú astuithe ocsaídí nítrigine (NOX) cé go bhfuil na teicneolaíochtaí feabhsaithe ag laghdú astuithe as feithiclí aonair. Chun sprioc na hUasteorann NEC de 65,000 tona NOX faoi 2010 a bhaint amach beidh ar Éirinn infhaighteacht agus úsáid córas béalóige aistrithe ar fud na tíre a spreagadh.

Tá stáisiúin chumachta ar na príomhfhoinsí d'astuithe dé-ocsaíde sulfair (SO2) le 60% den iomlán á sholáthar acu 2005. Tháinig laghdú 69% ar na hastuithe SO2 ó na hearnálacha tionsclaíocha ó 1990 i leith, fad a tháinig laghdú thart ar 62% ar na hastuithe sna hearnálacha tráchtála agus cónaithe le linn na tréimhse sin.
I measc na ngás ceaptha teasa eile, tá meatán ó thalmhaíocht agus láithreacha líonta talún agus ocsaídí de nítrigin a eascraíonn don chuid is mó as talmhaíocht. Bhí na hastuithe gáis cheaptha teasa ón earnáil fuinnimh i 2005 tríocha a hocht faoin gcéad níos airde ná leibhéil 1990 a léiríonn an t-éileamh méadaithe ar leictreachas. Cé go raibh roinnt athruithe ar astuithe ón earnáil chónaithe le linn na tréimhse sin agus an cuma ar an scéal go raibh athrú i gceist ó úsáid guail agus móna go húsáid ola agus gáis, chealaigh méadaithe ar an daonra agus ar an stoc tithíochta in Éirinn na laghdaithe seo.

## *12.2 Measúnú Bonnlíne*

Oibríonn an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil gléas monatóireachta cáilíochta i réadlann an stásiúin mhéadreolaíochta i gCathair Saidhbhín, Co. Chiarraí. Tá sé á oibriú ag Met Éireann mar chuid dá mbreathnuithe leanúnacha ar an bpróifíl ingearózóin. Bhí cáilíocht reatha an aeir an-mhaith ag an stáisiún seo nuair a ullmhaíodh an tuarascáil seo.

Rinne an EPA monatóireacht ar cháilíocht an aeir i dTrá Lí Co. Chiarraí ón 17 Samhain 2003 go dtí an 30 Meitheamh 2004. Mar achoimre, léirigh an mhonatóireacht go raibh tiúchain d'aonocsaíd charbóin, dhé-ocsaíd sulfair, dhé-ocsaíd nítrigine, de bheinséin agus luaidhe níos ísle ná a n-íostairseacha measúnaithe faoi seach. Bhí na leibhéil de cháithnínigh <10mm (PM10anna) níos airde ná an uastairseach mheasúnaithe don cheadúnas seo.

### 12.2.1. Saoráidí atá Ceadúnaithe ag an EPA

Tagann monarchana atá ceadúnaithe faoin Acht EPA faoin gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Chosaint Plandaí (IPPC) nó próisis cheadúnaithe dramhaíola a chuireann luachanna comhtháite i bhfeidhm don uasteorainn astuithe ar dhoirteadh timpeallachta. Tá ocht saoráid ceadúnaithe EPA IPPC i gContae Chiarraí agus tá siad leagtha amach i dTábla 12.1.

**Tábla 12.1: Saoráidí atá Ceadúnatihe ag an IPPC i gContae Chiarraí**

| Saoráid | Uimh. Cheadúnais IPPC | Suíomh | Príomhghníomhaíocht |
|---|---|---|---|
| Bord Soláthair an Leictreachais (Tairbeart) | P0607-02 | Tarbert Generating Station, Tairbeart, Lios Tuathail. | Fuinneamh |
| Kerry Ingredients (Ireland) Limited | P0393-02 | • Bóthar Thrá Lí, Lios Tuathail.<br>• An Bán Mór, Lios Tuathail<br>• An Cluainín, An Tóchar | Bia agus Deoch |
| Parknageragh Pig Breeders Company Limited | P0598-03 | Mein Thiar, An Tuairín Mór, Cnoc na gCaiseal | Diansaothrú ar an talmhaíocht |
| Amann Industries Corporation | P0509-01 | Eastát Tionsclaíoch na Claise, Trá Lí | Adhmad, Páipéar, Teicstílí agus Leathar |
| Heiton Buckley Limited t/a Heiton Buckley Builders Merchants | P0347-01 | Sráid Éamoinn, Trá Lí | Adhmad, Páipéar, Teicstílí agus Leathar |
| Astellas Ireland Company Limited | P0018-01 | Báinseach, Cill Orglan | Ceimiceáin |
| Liebherr Container Cranes Limited | P0146-01 | Gort Rua, Cill Áirne | Bratú Dromchla |
| Sara Lee (Ireland) Ltd | P0551-01 | Bóthar na Páirce, Cill Áirne | Adhmad, Páipéar, Teicstílí agus Leathar |

Tá ocht saoráid dramhaíola ceadúnaithe i gContae Chiarraí agus tá siad leagtha amach i dTábla 12.2.

**Tábla 12.2: Saoráidí Dramhaíola Ceadúnatihe i gContae Chiarraí**

| Saoráid | Uimh. Ceadúnais Dramhaíola | Ainm |
|---|---|---|
| Conláiste Pobail Lios Tuathail | W0224-01 | Comhairle Contae Chiarraí |
| Láithreán Líonta Talún Thuaisceart Chiarraí | W0001-03 | Comhairle Contae Chiarraí |
| Láithreán Conláiste Cathartha an Daingin | WO225-01 | Comhairle Contae Chiarraí |
| Ionad Aistrithe Dramhaíola Bhaile an Mhuilinn | W0069-01 | Comhairle Contae Chiarraí |
| Ionad Aistrithe Dramhaíola Chathair Saidhbhín | W0087-01 | Comhairle Contae Chiarraí |
| Ionad Aistrithe An An Neidín | W0086-01 | Comhairle Contae Chiarraí |
| Ionad Aistrithe Cúil Chaisleach | W0072-01 | Comhairle Contae Chiarraí |
| Killarney Waste Disposal Limited | W0217-01 | Killarney Waste Disposal Limited |

### 12.2.2. Fadhbanna Timpeallachta atá ann Cheana le hAer

Níl aon fhadhbanna timpeallachta suntasacha maidir le haer i gContae Chiarraí.

### 12.2.3. Tionchair ar Aer agus ar Aeráid nuair nach bhfuil Plean Forbartha Contae ann

Gan an Plean Forbartha Contae do Chiarraí ní bheadh creatlach ar bith ann chun forbairt nua a láithriú agus mar sin tá gach seans go dtarlódh forbairt scaipthe neamhrialaithe.

Faoin PFC beidh gá le rialúcháin phleanála d'fhorbairt agus thithíocht i limistéir uirbeacha agus thuaithe araon chun na tithe seo a théamh ionas go gcomhlíonfaidh siad rialacháin fuinnimh. Mar thoradh ar sin beidh úsáid fuinnimh íoslaghdaithe agus laghdófar astuithe gáis cheaptha teasa go comhréireach.

Gan pleanáil agus forbairt cheart, tá baol ann nach mbeidh ceanglais rialála fuinnimh á gcomhlíonadh ag ábhair thógála le haghaidh tithe. Mhéadódh astuithe gáis cheaptha teasa agus bheadh sé seo ag teacht salach ar bheartais na Straitéise Náisiúnta um Athrú Aeráide (2007).

### 12.2.4. Bearnaí Eolais

D'aimsigh athbhreithniú ar shonraí, a tugadh faoi don mheasúnú seo, easnamh ó thaobh sonraí do cháilíocht an aeir chomhthimpeallaigh sa Chontae.

## 12.3 Cuspóirí Timpeallachta d'Aer agus Aeráid

Leagann na Rialacháin um Cháilíocht an Aer Chomhthimpeallaigh (2002) leibhéil shainiúla amach do dhé-ocsaíd sulfair, dhé-ocsaíd charbóin agus d'ocsaídí de nítrigin san aer comhthimpeallaigh. Is iad na príomhfhoinsí féideartha astuithe aeir sa chontae ná an tionscal cairéalachta, an tionscal ceadúnaithe IPPC, bainistíocht dramhaíola agus fuinneamh. Cuireann Iompar go mór freisin le roinnt truailleán.Bíonn astuithe aeir ó mhonarchana cumhachta, saoráidí ceadúnaithe IPPC agus saoráidí bainisíochta dramhaíola rialaithe ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Tá Comhairle Contae Chiarraí freagrach as astuithe aeir ó shaoráidí dramhaíola sa Chontae nach bhfuil faoin IPPC a rialú.

Cuirtear an Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide 2000 i bhfeidhm in Éirinn chun ár ndualgais faoi Phrótacal Kyoto a chomhlíonadh. Mar achoimre, cuireann sé dualgas ar Éirinn spriocanna astuithe gáis cheaptha teasa a chomhlíonadh. Spreagann an straitéis an úsáid de bhuanchoimeád fuinnimh inathnuaite. Tá na bearta cuimsitheacha a chuir Rialtas na hÉireann i bhfeidhm chun astuithe gáis cheaptha teasa na hÉireann a laghdú leagtha amach sa Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide 2007 – 2012 (An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (RCORÁ, 2007)) a foilsíodh le déanaí. Tá sé mar aidhm ag an straitéis seo tógáil ar an dul chun cinn a rinneadh cheana ón gcéad Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide, 2000 i leith.

Leagann na Rialacháin Tógála 2006 caighdeáin síos chun úsáid fuinnimh i dtithe nua a laghdú 20%. Cuideoidh na cuspóirí agus spriocanna timpeallachta atá liostaithe i dTábla 12.3 le Contae Chiarraí na spriocanna náisiúnta d'athrú aeráide a bhaint amach.

**Tábla 12.3: Cuspóirí, Spriocanna agus Táscairí Timpeallachta d'Aer agus Aeráid.**

| Gnéithe | Cuspóirí | Spriocanna | Táscairí | Foinse |
|---|---|---|---|---|

| Aeir agus Aeráide (AC) | (ACO) | | (ACI) | Eolais an Táscaire |
|---|---|---|---|---|
| **AC1 Aeráid** | **ACO1.1** Astuithe gáis cheaptha teasa a laghdú chun caighdeáin Náisiúnta agus Idirnáisiúnta a chomhlíonadh. | Úsáid a bhaintear as iompar poiblí a mhéadú.<br><br>Líon na rotharbhealaí agus na mbealaí coisithe i limistéar an staidéir a mhéadú.<br><br>Líon na gceadanna a thugtar do thograí fuinnimh inathnuaite a mhéadú. | **ACI1.1** An úsáid a bhaintear as iompar poiblí.<br><br>Soláthar rotharbhealaí agus bealaí siúlóide.<br><br>Líon na gceadanna a thugtar do thograí fuinnimh inathnuaite a mhéadú. | CCC |
| | **ACO1.2** Rialáil fuinnimh a thógáil | Líon na n-iniúchóireachtaí fuinnimh a dhéantar ar shaoráidí atá ann cheana agus ar thithe nua a mhéadú. | **ACI1.2** Líon na n-iniúchóireachtaí fuinnimh a dhéantar | CCC |
| **AC2 Cáilíocht aeir** | **ACO2.1** Cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh a fheabhsú | Cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh a chothú nó a mhéadú trí úsáid feithiclí príobháideacha a laghdú. | **C12.1** Táscairí do chailíocht aeir | CCC<br><br>EPA |

### *12.4 Measúnú ar an tionchar atá ag an bPlean ar Aer agus Aeráid*

Breathnaíonn an measúnú timpeallachta de Phlean Forbartha Chontae Chiarraí ar na haidhmeanna agus cuspóirí a chuirfear i bhfeidhm ag Comhairle Contae Chiarraí le linn saolré an Phlean a chabhróidh spriocanna na hÉireann a bhaint amach maidir le astuithe gáis cheaptha teasa a laghdú agus cháilíocht an aeir chomhthimpeallaigh a fheabhsú i gContae Chiarraí.

Tá sé mar aidhm ag an straitéis lonnaíochta sa Phlean Forbartha forbairt inbhuanaithe a bhaint amach sa Chontae a bheidh tionchar dearfach fadtéarmach aige ar cháilíocht an aeir chomhthimpeallaigh má chuirtear i bhfeidhm é. Cinnteoidh sonraí ar fhorbairt uirbeach shainiúil agus ar thógáil go mbeidh lagdhú sách mór ar astuithe gáis cheaptha teasa ó fhoirgnimh

Déanann roinnt de na cuspóirí atá sa Phlean Forbartha Contae iarracht na naisc iompair a shloláthar a bhfuil gá leo chun ról forlíontach na lonnaíochtaí a éascú sna limistéir fheidhmeacha ar fud an Chontae. Beidh tionchar fadtéarmach diúltach aige seo ar cháilíocht an aeir i gContae Chiarraí agus ní chabhróidh sé chun astuithe gáis cheaptha teasa a laghdú (Cuspóir SS-20). Cabhróidh Cuspóir SS-21 (soláthar saoráidí iompair phoiblí) áfach, chun gníomhú in aghaidh na n-astuithe a chruthaíonn iompar. Beidh méid an laghdaithe ar astuithe ó iompar agus an rath atá air ag brath go mór ar úsáid phoiblí d'iompar poiblí agus ar mhéid an bhonneagair iompair phoiblí a gcuirfear isteach sa Chontae le linn tréimhse an Phlean. Beidh tionchar fadtéarmach dearfach ag cuspóir EC05-8 (obair ón mbaile a chur chun cinn) ar astuithe aeir ó iompar a laghdú .

Tá sé mar aidhm ag an gcuid turasóireachta den Phlean Forbartha Contae (Caibidil 6) an bonneagar a bhfuil baint aige le turasóireacht, cosúil le hiompar, a chur chun cinn. Féadfaidh sé seo tionchar fadtéarmach diúltach a bheith aige ar cháilíocht an aeir. Tiocfaidh méadú ar astuithe ó fheithiclí mar a gheall ar chuspóir (T6-52) chun na naisc bhóithre idir an aerfort san Fhearann Fuar agus príomh-mhoil turasóireachta an chontae a fheabhsú. Chabhródh soláthar seirbhíse iompair phoiblí idir an aerfort agus príomh-mhoil turasóireachta an chontae chun é seo a chealú dá mbeadh sé réasúnta praiticiúil.

Iarrann cuspóir (NR7-5), i gCaibidil 7 den Phlean Forbartha (Acmhainní Nádúrtha) an tionscal eatósach sa chontae a fhorbairt. D'fhéadfadh tionchar fadtéarmach diúltach a bheith ag cairéalacht, de réir a nádúir, muna mbeadh sé rialaithe i gceart, trí leibhéil thorainn agus dheanaigh a mhéadú.

Sa chaibidil céanna den Phlean Forbartha, beidh tionchar fadtéarmach dearfach ag tiomantas Chomhairle Contae Chiarraí d'fhuinneamh inathnuaite (Cuspóirí NR 7-21 to NR 7-25) ar théamh domhanda agus ar ar cháilíocht an aeir chomhthimpeallaigh sa Chontae.

Tá sé mar phríomhaidhm ag Caibidil 8 an Phean (Iompar agus Bonneagar) an t-iompar agus bonneagar cuí a sholáthar a chinnteoidh forbairt eacnamaíoch an chontae agus a fheabhsóidh sábháilteacht ar bhóithre d'úsáideoirí bóithre. Fad agus a chabhróidh na haidhmeanna seo le húsáideoirí bóithre agus a sholáthróidh siad geilleagar níos nó sa chontae san fhadtéarma, beidh tionchair dhiúltacha acu ar cháilíocht an aeir agus ar astuithe gáis cheaptha teasa. Tá sé mar aidhm ag cuspóir INF8-9, áfach, iompar poiblí a mhéadú de réir phrionsabail na hinbhuaine agus má bhaintear amach iad beidh laghdú

suntasach ar an tionchar atá acu ar cháilíocht aeir.

Tacaíonn an Chomhairle chomh maith leis an uasghrádú leanúnach maidir le feabhsúcháin ar an líne Iarnróid Thrá Lí/ Mhala. Beidh tionchar dearfach aige seo ar chaighdeán an aeir mar a gheall ar an laghdú is dócha a bheidh ar úsáid feithiclí.

Pléann Caibidil 9 an Phlean sochaí, pobal, cultúr agus an Ghaeltacht. Tá roinnt cuspóirí aige a bhfuil sé mar aidhm acu rotharbhealaí agus siúlbhealaí poiblí a sholáthar. Beidh tionchar fadtéarmach dearfach ag na cuspóirí seo ar cháilíocht an aeir sa Chontae.

Léiríonn cuspóirí EN11-1 agus EN11-2 tiomantas Chomhairle Contae Chiarraí do choisc a chur ar thruailliú chun cáilíocht an aeir i bpurláin Chontae Chirraí a chothú agus a chinntiú go bhfuil beartais san áireamh i gcóras bainistíochta agus forbartha Chomhairle Contae Chiarraí le gníomhú in aghaidh téamh domhanda agus athrú aeráide.

Mar achoimre tá roinnt cuspóirí ag an bPlean Forbartha Contae a chabhróidh le hastuithe gáis cheaptha teasa a laghdú agus cáilíocht an aeir sa Chontae a fheabhsú. Beidh méid agus infaighteacht na seirbhísí iompair phoiblí atá á soláthar do chónaitheoirí agus líon na rotharbhealaí agus siúlbhealaí a sholáthraítear ina slat tomhais ar rath na gcuspóirí seo le linn saolré an Phlean seo.

### *12.5 Bearta Maolaithe chun Tionchar an Phlean ar Aer agus Aeráid a Laghdú/Cealú*

Tá bearta maolaithe cuí chun an tionchar atá ag forbairtí ar aer agus ar aeráid a íoslaghdú liostaithe ag roinnt beartas timpeallachta idirnáisiúnta agus náisiúnta cosúil leis an bPrótacal Kyoto agus na hUasteorainneacha Astuithe Náisiúnta agus ceanglais reachtúla áitiúla ar nós ceadúnais phleanála do chairéil.

Ar leibhéal áitiúil tá feidhm reachtúil ag Comhairle Contae Chiarraí coinníollacha a leagan síos maidir le ceadúnais astuithe aeir lena chinntiú nach mbeidh tionchar ag astuithe saoráide ar cháilíocht an aeir chomhthimpeallaigh.

Déanfaidh na maoluithe a sholáthraíonn iompar poiblí maolú ar astuithe gáis cheaptha teasa méadaitheacha.

Tá Comhairle Contae Chiarraí ag spreagadh forbróirí agus úsáideoirí príobháideacha le foinsí fuinnimh malartacha a fhiosrú agus a úsáid. Tá líníochtaí ullmhaithe ag an gComhairle a léiríonn limistéir sa chontae atá oiriúnach d'fhorbairt fuinnimh gaoithe. Ba chóir go mbainfí lánúsáid as na limistéir seo agus go mbeadh forbairt feirme gaoithe á spreagadh ag an gComhairle Contae.

## 12.6 Clár Monatóireachta

I dTábla 12.4 leagtar clár monatóireachta amach d'aer agus aeráid le linn saolré an phlean.

**Tábla 12.4: Cuspóirí, Spriocanna agus Táscairí Timpeallachta d'Aer agus Aeráid**

| Gnéithe Aeir agus Aeráide (AC) | Cuspóirí (ACO) | Spriocanna | Táscairí (ACI) | Foinse Eolais an Táscaire |
|---|---|---|---|---|
| **AC1 Aeráid** | **ACO1.1** Astuithe gáis cheaptha teasa a laghdú chun caighdeáin Náisiúnta agus Idirnáisiúnta a chomhlíonadh. | An úsáid a bhaintear as iompar poiblí a mhéadú.<br><br>Líon na rotharbhealaí agus na mbealaí coisithe i limistéar an staidéir a mhéadú.<br><br>Líon na gceadanna a thugtar do thograí fuinnimh inathnuaite a mhéadú. | **ACI1.1** An úsáid a bhaintear as iompar poiblí.<br><br>Soláthar rotharbhealaí agus bealaí siúlóide.<br><br>Líon na gceadanna a thugtar do thograí fuinnimh inathnuaite a mhéadú. | CCC |
| | **ACO1.2** Rialáil fuinnimh a thógáil | Líon na n-iniúchóireachtaí fuinnimh a dhéantar ar shaoráidí atá ann cheana agus ar thithe nua a mhéadú. | **ACI1.2** Líon na n-iniúchóireachtaí fuinnimh a dhéantar | CCC |
| **AC2 Cáilíocht an aeir** | **ACO2.1** Cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh a fheabhsú | Cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh a chothú nó a mhéadú trí úsáid feithiclí príobháideacha a laghdú. | **AC12.1** Táscairí do chailíocht aeir | CCC<br><br>EPA |

# 13. MEASÚNÚ AR AN TIONCHAR ATÁ AG AN BPLEAN FORBARTHA CONTAE AR THÍRDHREACH

## *13.1 Réamhrá*

Tá tírdhreach uathúil agus saintréitheach ag Contae Chiarraí, nach do mhuintir Chontae Chiarraí amháin í, ach atá tábhachtach freisin maidir le turasóirí a mhealladh gach bliain. Tá buntáistí ollmhóra sóisialta agus eacnamaíocha ag an jabchruthúchán agus ag an ioncam a shaothraítear mar thoradh ar an turasóireacht seo. Is iad na príomhnithe a mheallann turasóirí ná tírdhreacha mórscéimhe, na n-aibhneacha, na sléibhte, na portaigh agus an cósta.

I measc na nithe tábhachtacha eile a mheallann turasóirí tá an Chonair, Slí Cheann Sléibhe agus roinnt conairí marcáilte eile cosúil le Slí Chiarraí, Slí an Daingin, Slí Thuaisceart Chiarraí, Slí Bhéara, Na Blascaoid, agus Páirc Náisiúnta Chill Áirne. Tá oidhreacht shaibhir muirí ag cósta Chiarraí atá os cionn 1,000 km ar fad agus tá clú agus cáil air mar a gheall ar a éagsúlacht agus áilleacht. Tá roinnt tránna brait ghoirm agus roinnt ionad seoltóireachta agus marinas ann.

Braitheann Co. Chiarraí ar thírdhreach ghlan gan mhilleadh chun turasóirí a mhealadh ó bhliain go bliain agus tá cosaint na tírdhreacha á breithniú sa Phlean Forbartha. De réir an Phlean "*Tá ríthábhacht ag baint le cosaint a thabhairt don acmhainn seo i bhforbairt phoitéinsiúil an chontae*".

## *13.2 Measúnú Bonnlíne*

Aithníonn An Comhairle tábhacht agus uathúlacht na tírdhreacha i gCo. Chiarraí. Tá raon tírdhreach éagsúil ann ó thránna agus thailte féaraigh droimneacha Thuaisceart Chiarraí go dtí tírdhreach shléibhtiúil Dheisceart Chiarraí .

D'aithin staidéar ar thréthe thírdhreach Co. Chiarraí na catagóirí leathana tírdhreacha seo a leanas,

- Íseal
- Measartha
- Ard
- Speisialta
- Uathúil

Mar thoradh ar na catagóirí tírdhreacha seo in éineacht leis an bhforbairt atá ann cheana sa Chontae, tá criosanna ar leith ann sa Chontae anois a bhfuil baint láidir acu leis an tírdhreach agus le híogaireacht tírdhreacha. Sainmhínítear íogaireacht na tírdhreacha mar an cumas atá aici forbairt a ghlacadh chuici féin gan a saintréith a athchóiriú a mhéid is go mbeidh a saintréith athraithe.

Is iad na trí chineál chriosaithe a tugadh sa Phlean Forbartha ná tuaithe, uirbeach agus tionsclaíoch. Toisc go bhfuil criosú uirbeach rialaithe ag pleananna limistéir áitiúil agus go bhfuil an cumas ó thaobh tírdhreacha ag criosú tionsclaíoch/tráchtála na cineálacha seo forbartha a ghlacadh chuige féin, is é an criosú is íogaire i gCiarraí ó thaobh na forbartha de ná an tírdhreach tuaithe. Léiríonn Léarscáil 12.1 in Imleabhar 2 an Phlean Forbartha (Taitneamhachtaí/Radhairc agus Amhairc) a bhfuil macasamhail déanta anseo de, na cineálacha éagsúla tírdhreacha tuaithe sa Chontae. Ullmhaíodh an léarscáil seo le meas ar luach na tírdhreacha, a saintréithe, a sainiúlacht agus a híogaireachtaí. Aithníonn an Plean Forbartha trí chineál tírdhreacha tuaithe, is iad sin:

- Phríomhthaitneamhachta Speisialta. Is éard atá sna limistéir seo ná sárthírdhreacha ar fud an Chontae. Tá sléibhte, radhairc iontacha ar an gcósta agus fásaigh gan mhilleadh i measc na ngnéithe atá laistigh de na hainmníochtaí seo. Níl aon chumas, nó is ar éigin atá cumas, ag na tírdhreacha seo lóistín a sholáthar. Beidh cosc ar gach forbairt sna limistéir seo, seachas forbairtí atá díolmhaithe go speisialta de réir Sceideal 2 de na Rialacháin Pleanála agus Forbartha 2001-2007.

- Taitneamhachta Speisialta Tánaisteacha. Is éard atá sna limistéir seo ná tírdhreacha íogaire atá in ann leibhéal teoranta forbartha a ghlacadh chucu féin. Ní mór d'fhorbairtí sna limistéir seo a dearadh báúil a bheith acu chun éifeachtaí ó thaobh radhairc a íoslaghdú.

- Ginearálta. Is éard atá anseo ná na tírdhreacha is lú íogaireachta sa Chontae. Go ginearálta tá cumas níos fearr ag na tírdhreacha seo forbairt a ghlacadh chucu gan saintréith na tírdhreacha a athrú go suntasach.

Tá go leor radharc agus amharc sainithe i gContae Chiarraí cosúil leis an bpointe radhairc a shíneann ó Loch Léin soir go dtí na Cruacha Dubha agus tá go leor cinn ar an gcósta ó Shliabh an Iolair ag breathnú amach ar na Blascaoid.




**Figiúr 13.1 Áis, Radhairc agus Amhairc**

### 13.2.1. Fadhbanna atá ann cheana le Tírdhreach

Is é ceann de na dúshláin is mó atá os comhair Comhairle Contae Chiarraí ná cothramaíocht a chothú idir fhorbairt tuaithe, tithe saoire, agus cosaint na timpeallachta agus na bithéagsúlachta. Tá brú millteanach i gcomhair tithe saoire agus an dara tigh le linn an Phlean Forbartha reatha 2003 go 2009. Tugadh é seo faoi deara maidir leis an éileamh atá ann ar thithe den chineál seo i gcoinne riachtanas an phobail dhúchais. Tá Comhairle Contae Chiarraí den tuairm go ndéanann an fhorbairt aonuaire seo dochar don tírdhreach tuaithe agus i gcásanna áirithe do cháilíochtaí éiceolaíochta na tírdhreacha.

Tá baol ann go mbeidh coimhlint idir bhrúnna forbartha agus íogaireacht tírdhreacha i bpáirteanna den Chontae, mar shampla timpeall Lios an Phúca. Mar an gcéanna, d'fhéadfadh forbairt timpeall Thrá Lí tionchar a bheith aici ar thírdhreacha íogaire ar an gcósta.

### 13.2.2. Tionchair ar an Tírdhreach nuair nach bhfuil Plean Forbartha ann

Muna mbeadh Plean Forbartha ann bheadh tionchar ag an easpa rialúchán pleanála do thithí aonair tuaithe agus tithe saoire ar an tírdhreach agus ar radhairc scéimhe. Mar an gcéanna bheadh tionchar ag an easpa rialúchán pleanála d'fhorbairtí feirme gaoithe ar an tírdhreach agus ar radhairc scéimhe.

Chuirfeadh an easpa rialúchán dian do cheantair tuaithe isteach ar thírdhreacha íogaire go háirithe ar imeall limistéar phríomháise speisialta agus limistéar áiseana speisialta thánaisteacha.

D'athródh brú í gcomhair forbairtí ar an gcósta, go háirithe nuair is forbairtí a bhfuil baint acu le turasóireacht atá i gceist, saintréith na gceantar ar an gcósta.

## *13.3 Cuspóirí Timpeallachta, Spriocanna agus Táscairí do Thírdhreach*

I gCuid 2 (Beartais Forbartha Tuaithe) i gCaibidil 3 (Straitéis Lonnaíochta agus Beartais Forbartha Tuaithe) den Phlean Forbartha d'ullmhaigh Comhairle Contae Chiarraí cuspóirí agus treoirlínte le haghaidh forbairt tuaithe.

Tá cuspóirí timpeallachta chun an tírdhreach a chosaint sa Chontae léirithe i dTábla 13.1

atá bunaithe ar an eolas a thugtar sa mheasúnú bonnlíne.

**Tábla 13.1: Cuspóirí , spriocanna agus táscairí timpeallachta do Thírdhreach**

| Gné na Tírdhreach a (L) | Cuspóir (LO) | Spriocanna | Táscairí (LI) | Foinse Eolais an Táscaire |
|---|---|---|---|---|
| **L1 Tírdhreach Nádúrtha** | **L01.1** Tírdhreacha scéimhe sainithe a chosaint, radhairc, bealaí agus gnéithe tírdhreacha a bhfuil luach áitiúil acu a chosaint. | Nach gcuirfear isteach go suntasach ar radhairc agus amhairc sainithe. | **Ll1.1** Líon na bhforbaití taobh istigh de na radhairc agus amhairc sainithe mar a aithnítear iad i Léarscáileanna 12.1(a) go 12.1(u) Imleabhar 2 den Phlean Forbartha. | CCC |
| **L2 Tírdhreach Uirbeach** | **LO2.1** Sráid-dreacha sna bailte agus sráidbhailte níos mó a chosaint. | Nach mbeidh Forbairtí neamhúdaraithe sna bailte i gCiarraí a mbeidh tionchar suntasach acu ar shaintréith na mbailte atá ann cheana. | **LI2.1** Líon na bhforbairtí neamhúdaraithe sna príomhbhailte a mbeidh tionchar suntasach acu ar shaintréith na mbailte atá ann cheana. | CCC |

## *13.4 Na Tionchair atá ag an bPlean ar an Tírdhreach*

Tá an measúnú ar an tionchar atá ag an bPlean Forbartha Contae ar Thírdhreach léirithe sna táblaí in Aguisín 1 an doiciméid seo agus tá achoimre orthu thíos.

D'aithin an Chomhairle limistéir sa Chontae atá in ann forbairt uirbeach, tuaithe agus thionsclaíoch a éascú. Tá treoirlínte sainiúla ann a thugann sonraí faoi na cineálacha agus an leibhéal forbartha a bheadh ceadaithe laistigh de na limistéir seo. Tá roinnt léarscáileanna (12(a) go 12(u)) in Imleabhar 2 den Phlean Forbartha ullmhaithe ag an gComhairle a léiríonn criosú sa Chontae.

Aithníodh tailte freisin atá oiriúnach d'fhorbairt feirmeacha gaoithe. Tá siad léirithe i léarscáileanna 6.1(a) agus 6.1(b) , Imleabhar 2 den Phlean Forbartha Contae.

Beidh mol Thrá Lí/Chill Áirne agus Lios Tuathail faoi réir a bpleananna tírdhreacha féin.

Is éard atá ann i dtírdhreach Chiarraí ná roinnt gnéithe éiceolaíochta chomh maith le gnéithe oidhreachta cultúrtha agus foirgnimh. Léiríonn athbhreithniú ar chuspóirí an Phlean Forbartha Contae nach mbeidh aon cheann de na cuspóirí ag teacht salach ar na cuspóirí timpeallachta do chosaint na tírdhreacha san Tuarascáil Timpeallachta. Beidh an soláthar tithíochta tuaithe sa Chontae consanta ag Cuspóir SS-34 agus beidh an tírdhreach á chosaint ag na treoirlínte a tugadh i gCaibidil 3 (Straitéis lonnaíochta agus Beartais Forbartha Tuaithe) agus Cuid 2 (Beartais Forbartha Tuaithe) den Phlean Forbartha. Cinnteoidh na treoirlínte sa chuid seo, *inter alia*, go gcosnóidh soláthar tithíochta tuaithe an tírdhreach, an oidhreacht nádúrtha agus thógtha agus sócmhainní eacnamaíocha agus timpeallacht an Chontae.
Cosnófar tírdhreach an Chontae ag cuspóirí T6-12 to T6-15 den Phlean a dhéileálann go sonrach le turasóireacht tírdhreacha. Má chloítear leis na cuspóirí seo cinnteofar nach mbeidh aon tionchair shuntasacha ar thírdhreach le linn saolré an Phlean.

Tugann léarscáileanna 6.1(a) agus 6.1(b) in Imleabhar 2 den Phlean Forbartha (Criosanna Úsáide Gaoithe) mionsonraí na rogha limistéar i gcomhair feirmeacha gaoithe sa chontae. Léirítear limistéir a fágadh amach, atá oiriúnach nó atá saor le breithniú sna léarscáileanna freisin. Éilíonn cuspóir NR 7-27 agus NR 7-28 go gcaithfear ceangail idir feirmeacha gaoithe agus an Eangach Náisiúnta a leagan faoi thalamh i dtírdhreacha íogaire.

Tá cuspóirí sonracha ag an gcaibidil ar an timpeallacht nádúrtha sa Phlean maidir le tírdhreach sa Chontae a chur chun cinn agus madir le tacú le cur i bhfeidhm Plean Bainistíochta an Bhlaoscaid Mhóir.

Mar achoimre, tá roinnt cuspóirí ag an gComhairle i roinn chriosaithe agus tírdhreacha an Phlean a bhfuil sé mar aidhm shonrach acu tírdhreach sa Chontae a chosaint. Má chloítear leis na cuspóirí seo cinnteofar nach mbeidh coimhlint ann leis na cuspóirí timpeallachta a tugadh sa Tuarascáil Timpeallachta agus nach mbeidh aon tionchar suntasach ar an tírdhreach sa chontae.

### *13.5 Bearta Maolaithe chun Tionchair ar an Tírdhreach a Íoslaghdú/Cealú*

Tháinig an measúnú ar an gconclúid nach mbeidh tionchar suntasach ar bith ag cur i bhfeidhm an Phlean Forbartha má chloítear leis na cuspóirí agus treoirlínte atá leagtha amach sa Phlean Forbartha.

### *13.6 Clár Monatóireachta*

Tugtar clár monatóireachta do Thírdhreach i dTábla 13.2

**Tábla 13.2: Clár Monatóireachta ar Tháscairí Tírdhreacha**

| TÍRDHREACH | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Cuspóir Timpeallachta** | | **Táscaire** | **An tÚdarás atá freagrach as** | **Minicíocht** | **Sprioc** | **An cineál Idirghabhála atá ag teastáil** |
| L01.1 | Tírdhreacha scéimhe sainithe a chosaint agus radhairc, bealaí agus gnéithe tírdhreacha a bhfuil luach áitiúil acu a chosaint. | Líon agus cineál na bhforbairtí i radhairc agus amhairc sainithe | CCC | Gach iarratas pleanála a athbhreithniú mar a chuirtear isteach é. | Nach gcuirfear isteach go suntasach ar radhairc agus amhairc sainithe. | -- |
| LO2.1 | Sráid-dreacha sna bailte agus sráidbhailte níos mó a chosaint. | Líon agus cineál na bhforbairtí i radhairc agus amhairc sainithe. | CCC | Gach iarratas pleanála a athbhreithnúi mar a chuirtear isteach é. | Nach gcuirfear isteach go suntasach ar radhairc agus amhairc sainithe. | - |

## MEASÚNÚ AR AN TIONCHAR ATÁ AG AN BPLEAN FORBARTHA CONTAE AR GHEOLAÍOCHT AGUS ITHREACHA

21.0

22.0

23.0

## 24.0
## *Réamhrá*

Chun críocha na coda seo den Tuarascáil Timpeallachta, tagraíonn ithreacha agus geolaíocht do "na hábhair nádúrtha go léir atá faoi bhun forbartha, ó dhromchla na talún síos go dtí doimhneacht chuí faoin talamh". Bheadh buncharraig, fo-ithreacha agus barrithreacha agus gnéithe geolaíochta san áireamh anseo cosúil le carst, pluaiseanna agus limistéir a bhfuil tábhacht gheolaíochta leo.

### *Staidéar Bonnlíne*

#### Ithreacha

Roinntear na hithirchineálacha i gContae Chiarraí ar bhonn leathan isteach in isealchríocha Chiarraí Thuaidh agus limistéir shléibhtiúla Chiarraí Theas.

Is gléireach atá ann don chuid is mó i dtuaisceart agus lár an chontae le roinnt móna agus cré dhonn agus podsail liathdhonna. Is podsail mhóinteacha atá ann don chuid is mó i ndeisceart an Chontae le roinnt bratmhóna agus lomán carraige. Mar gheall ar na hithirchineálacha seo, tá an chuid is mó den talmhaíocht bunaithe ar fhéarach. Is féarach caorach atá ann don chuid is mó i gCiarraí Theas atá níos sléibhtiúla agus is féarach bó don chuid is mó atá i gCiarraí Thuaidh. Ní oireann topagrafaíocht an Chontae do tháirgeadh barra agus tá sé seo teoranta go limistéir ina bhfuil talamh réidh, cosúil le Lios Tuathail Tuaithe.

Ní hionann agus cáilíocht uisce, níl aon chosaint reachtúil fhoirimiúil Eorpach ann i gcás ithreacha. Chuir an tAontas Eorpach togra do Chreat-treoir Ithreach ar aghaidh i Meán Fómhair 2006. Tá an togra seo á ghlacadh i gcéimeanna faoi láthair ag Parlaimint agus Comhairle na hEorpa.

Mar thoradh ar phróiseas forbartha an chreatlaigh ithreach, d'aithin Comhairle na hEorpa na hocht bpríomhbhagairt do cháilíocht ithreach san AE, is iad sin;

- creimeadh,
- laghdú ar ábhar orgánach,
- éilliú,

- salannú,
- balcadh,
- bithéagsúlacht ithreach á chailliúnt,
- séalú, sciorradh talún agus
- tuilte

(Foinse "Towards a Thematic Strategy on Soil Protection", (COM(2002) 179), An tAontas Eorpach, 2007)

## Geolaíocht Bhuncharraige

Is iad na saghasanna carraige is coitianta i gContae Chiarraí ná:

- Sean-Ghaineamhchloch Rua (56% d'achar talún iomlán an Chontae)
- Gaimeamhchloch agus sceall Namúrach (27% d'achar talún iomlán an Chontae)
- Aolchloch scairbhe agus sceall Viséach (9% d'achar talún iomlán an Chontae)

## Geolaíocht Charst

Tá go leor samplaí de ghnéithe carst i gContae Chiarraí. Tá na gnéithe seo mar chuid den Ghleann Theas a bhfuil réigiúin i gCorcaigh, Ciarraí, Tiobraid Árann agus Port Láirge mar chuid di. Tá samplaí de nochtadh aolchloiche ar an gcósta san Fhianait agus tá nochtadh aolchloiche cois locha i gCill Áirne. Is sampla é Pluais na Craige, in aice le hOileán Ciarraí de phluais charstach.

## Láithreacha a bhfuil Tábhacht Geolaíochta leo

Déanann Plean Oidhreachta Chontae Chiarraí 2008-2012 tagairt do 122 láthair thábhachtacha gheolaíochta. Níor sainíodh na láithreacha go dtí seo mar limistéir oidhreachta nádúrtha mholta (pNHAanna) nó mar láthreacha geolaíochta contae (CGS). Tá aidhm 2.2.2 mar chuid den Phlean Oidhreachta ina bhfuil an beart *"scrúdaigh fardal suíomh ag a bhfuil tábhacht gheolaíoch (aguisín 5) leis an aidhm iad a bheith sainithe taobh istigh de Phleananna Limistéir Áitiúil agus Forbartha Chontae sa todhchaí."*

Anuas ar seo tá "Geopháirc" Eorpach molta do limistéar in iardheisceart Chiarraí a mbeidh an tSnaidhm, An Siopa Dubh agus Cathair Dónall mar chuid de. Bheadh sé seo ina shaoráid agus ina shócmhainn eacnamaíoch don chontae. Téann an gheopháirc mholta ó Inbhear Scéine go dtí na sléibhte ó thuaidh ó Thathuile, An tSnaidhm, An Siopa Dubh, Cathair Dónall agus Oileán Dairbhre. Tá geopháirc sainmhínithe mar *"críoch, a bhfuil*

*oidhreacht áirithe gheolaíoch agus straitéis inbhuana forbartha críche aici arna thacú ag clár Eorpach le forbairt a chur chun cinn. Ní mór do Gheopháirc Eorpach roinnt láithreacha geolaíochta a bheith aici atá go háirithe tábhachtach maidir lena gcáilíocht eolaíoch, lena dteirce, mealltacht aeistéitiúil nó lena luach oideachais."* Faoi láthair tá dhá gheopháirc in Éirinn, Geopháirc Chósta an Chopair, Port Láirge agus Pluaiseanna na nÁirsí Marmair, Fear Manach.

**Figiúr 0.1 Geolaíocht Chontae Chiarraí**

## Sciorradh Talún

Bhí sciorradh talún suntasach in Aibreán 2007 nuair a sciorr píosa 10m ar leithead den aill gar do reilig Dhún Chaoin ar Shlí Cheann Sléibhe. Aththarlúint ab ea é seo de sciorradh talún a bhí ann sna 1980aí luaithe. Níor tharla a thuilleadh sciorrthaí ó 2007.

**Pláta 0.1 Sciorradh Talún Dhún Chaoin, 2007**
Foinse: Cumann Geolaíochta na hÉireann

## Pluaiseanna

Tá go leor saghasanna difriúla pluais i gContae Chiarraí, ina measc, pluaiseanna mara, pluaiseanna faoin talamh agus pluaiseanna locha. Samplaí de phluaiseanna mara is ea Pluais an Fheirtéaraigh sa Daingean agus Pluais an Cholúir i mBaile an Bhuinneánaigh. Sampla de phluais faoin talamh is ea Pluais na Craige in Oileán Ciarraí ar rinneadh plé uirthi roimhe seo mar shampla de phluais charst. Is sampla é Loch Mhucrois i gCill Áirne de phluais locha a tháining chun cinn mar a gheall ar chreimeadh locha.

## Éabhlóid ithreacha agus gheolaíochta nuair nach bhfuil Plean Forbartha ann

Tá 24 láithreán gheolaíochta agus gheomoirfeolaíocha liostaithe sa Dréachtphlean Forbartha. Gan Phlean a bheith ann ní bheadh aon chosaint fhoirmiúil ag láithreáin gheolaíocha. Bheadh na láithreáin seo i mbaol ó fhorbairt neamhbháúil agus d'fhéadfadh droch-thionchar bheith ag forbairt orthu. Tá na láithreáin seo luachmhar ó thaobh bithéagsúlachta agus geilleagair an Chontae de, mar is léir ón bhforbairt ar phluaiseanna do chuairteoirí agus ón Geopháirc mholta in iardheisceart Chiarraí.

## Bearnaí Eolais

Níor tugadh faoi deara go raibh aon bhearnaí eolais suntasacha sa chuid seo.

### *Cuspóirí Timpeallachta, Spriocanna agus Táscairí a fhorbairt d'Ithreacha agus do Gheolaíocht*

Leagann an chuid seo a leanas den tuarascáil thimpeallachta na cuspóirí, spriocanna agus táscairí timpeallachta amach d'ithreacha agus geolaíocht. Tá an cinneadh ar an tacar

cuspóirí timpeallachta a úsáideadh sa tuarascáil seo curtha ar an eolas ag an measúnú bonnlíne agus ag an bpróiseas cuimsithe.  Ba chóir tabhairt faoi deara, áfach, go bhfuil tionchar ag infhaighteacht tascairí bainteacha ar ann dóibh, cláir mhonatóireachta reatha agus scála feidhmiúcháin ar an tacar deireanach.

**Tábla 0.1 Cuspóirí Timpeallachta, Spriocanna agus Táscairí d'Ithreacha agus Geolaíocht**

| Gné na nIthir agus na Geolaíochta (SG) | Cuspóir (SGO) | Spriocanna | Táscairí (SGI) | Foinse Eolais an Táscaire |
|---|---|---|---|---|
| **SG1 Ithreacha** | **SGO1.1** Athúsáid inbhuanaithe de láithreáin athfhorbraíochta a uasmhéadú agus úsáid na timpeallachta tógtha atá ann cheana a uasmhéadú. | Céatadán áirithe de na harratais nua a bhronntar a bheith ar láithreáin athfhorbraíochta. | **SGl1.1** Céatadán na bhforbaití nua ar láithreáin athfhorbraíochta | CCC |
| **SG2 Líonadh Talún Neamhrialáilte** | **SGO2.1** Chun aon láithreáin líonta talún neamhrialáilte sa limistéar staidéir a aithint. | Tuarascáil a ullmhú ar láithreáin fhabhtacha/neamhrialáilte ar fud an chontae. | **SG12.1** Líon na láithreán a aithníodh agus a leasadh. | CCC |
| **SG3 Láithreacha Geolaíochta Tábhachtacha** | **SG03.1** Chun láithreáin a bhfuil tábhacht gheolaíochta leo a sainiú mar NHAanna nó CGSanna | Láithreáin a roghnú do shainiú NHA agus GCS agus an próiseas sainithe a bheith déanta le linn saolré an phlean. | **SGl3.1** Líon na NHAanna agus CGSanna geolaíochta a sainíodh le linn saolré an phlean. | CCC |

## Measúnú ar Éifeachtaí Suntasacha Dóchúla an Phlean ar Ithreacha agus ar Gheolaíocht

Is é an cuspóir atá ag an gcuid seo den chaibidil ná na héifeachtaí ”suntasacha agus dóchúla” a bheidh ag an bPlean ar an timpeallacht a aithint. Tá an mhodheolaíocht mheasúnaithe a úsáidtear anseo bunaithe ar na critéir atá liostaithe in **Tábla 14.1 Cuspóirí Timpeallachta, Spriocanna agus Táscairí d’Ithreacha agus Geolaíocht** agus déantar gach ceann a mheasúnú i gcoinne cuspóirí an Phlean.

Tá an measúnú iomlán tugtha in Aguisín 1 na tuarascála seo agus tá achoimre ar na torthaí thíos.

Is é an príomhchuspóir atá ag an straitéis lonnaíochta seo ná forbairt inbhuanaithe an Chontae i gcomhar le pleanáil cheart a chur i bhfeidhm. Tá sé níos inbhuanaithe láithreáin athfhorbraíochta agus an timpeallacht thógtha atá ann cheana féin a athúsáid ná láithreáin úrnua a fhorbairt, agus tacaíonn sé seo le cuspóir timpeallachta SG01.1 (Uasmhéadú úsáide de láithreáin athfhorbraíochta).

Éilíonn cuspóirí HS-2 agus HS-7 go bhfaighfear agus go soláthrófaí dóthain tailte d’fhorbairtí d’fhonn riachtanais tithíochta an Chontae a shásamh. Má úsáidtear láithreáin úrnua do na forbairtí seo, beidh tionchar fadtéarmach diúltach acu, go háirithe ar bhithéagsúlacht, toisc go gcaillfear gnáthóga dá mbarr. Tá sé mar aidhm ag cuspóir HS4-26 infhaighteacht láithreán athfhorbraíochta sa Chontae a mhéadú tríd an Acht um Láithreáin Thréigthe a úsáid chun foirgnimh in anchaoi a leagadh i limistéir faoi fhoirgnimh agus ar bhealaí turasóireachta. Ag brath ar an riachtanas atá ann le láithreáin a dhí-éilliú, beidh tionchar gearrthéarmach diúltach ag aistriú nó leasúchán ithreach, má tá gá leis, ar uisce agus ar aer sa cheantar. Bíonn i bhfad níos mó buntáistí ná míbhuntáistí ann, áfach, má sheachnaítear láithreán úrnua a úsáid d’fhorbairt.

Cothaíonn cuspóir T6-17 athfhorbairt réadmhaoine atá tréigthe, folamh nó de bharraíocht chun cóiríocht nua agus forbairt turasóireachta a sholáthar. Neartódh sé seo cuspóir timpeallachta SG01 mar go n-úsáidfí bonneagar agus láithreáin athfhorbraíochta atá ann cheana seachas láithreáin úrnua a fhorbairt.

Níl aon chuspóirí Acmhainní Nádúrtha sa Phlean a bhaineann go díreach leis na cuspóirí timpeallachta atá ag an Measúnú Straitéiseach Timpeallachta (SEA). Cuireann na

cuspóirí an tionscal eastósach chun cinn sa Chontae áfach, agus ag an am céanna cintíonn siad nach bhfuil aon dochar déanta don timpeallacht. Ó thaobh na heacnamaíochta de, bheadh sé seo dearfach don Chontae dá bhféadfaí cosaint na timpeallachta a chinntiú le linn éastosadh.

### *Bearta Maolaithe chun Éifeachtaí an Phlean ar Ithreacha & Gheolaíocht a laghdú/cealú*

Níor tugadh faoi deara go raibh aon drochthionchar suntasach ar ithreacha agus ar gheolaíocht mar a gheall ar chur i bhfeidhm an Phlean agus mar sin níl gá le haon bheart maolaithe atá sainiúil don Mheasúnú Straitéiseach Timpeallachta (SEA).

### *Clár Monatóireachta i gcomhair Ithreacha agus Geolaíochta*

Trí Chlár Monatóireachta is féidir an fíorthionchar atá ag an bplean a thástáil i goinne an tionchair a bhí tuartha. Is féidir, tríd an gclár, mórfhadhbanna a aithint agus deighleáil leo go tráthúil, agus eolas bonnlíne timpeallachta a bhailiú le haghaidh athbhreithnithe ar an bplean amach anseo.

Déantar monatóireacht trí thuairisciú ar thacar táscairí agus spriocanna a dréachtaíodh roimhe sin Tábla 14.1 Cuspóirí Timpeallachta, Spriocanna agus Táscairí d'Ithreacha agus Geolaíocht agus úsáidtear í chun cur síos a dhéanamh ar threochtaí sa bhonnlíne amach anseo, d'fhonn go bhféadfaí tionchar dearfach agus diúltach ar an timpeallacht a thomhas.

Beidh Comhairle Contae Chiarraí freagrach as cur i bhfeidhm an chláir mhonatóireachta maidir leis an bPlean Forbartha Contae.

**Tábla 0.2 Clár Monatóireachta d'Ithreacha agus Gheolaíocht**

| ITHREACHA AGUS GEOLAÍOCHT | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Cuspóir Timpeallachta** | | **Táscaire** | **An tÚdarás atá freagrach as** | **Minicíocht** | **Sprioc** | **An saghas Idirghabhála atá ag teastáil** |
| **SGO1.1** | Athúsáid inbhuanaithe de láithreáin athfhorbraíochta a uasmhéadú agus úsáid na timpeallachta tógtha atá ann cheana a uasmhéadú. | Céatadán na bhforbaití nua ar láithreáin athfhorbraíochta | CCC | Athbhreithniú le linn saolré an phlean. | Céatadán áirithe de na hiarratais nua a bhronntar a bheith ar láithreáin athfhorbraíochta. | - |
| **SGO2.1** | Chun aon láithreáin líonta talún neamhrialáilte sa limistéar staidéir a aithint. | Líon na láithreán a aithníodh agus a leasaithe. | CCC | Athbhreithniú le linn saolré an phlean. | Tuairisciú ar láithreáin fhabhtacha/neamhrialáilte ar fud na tíre | - |
| **SG03.1** | Chun láithreáin a bhfuil tábhacht gheolaíochta acu a sainiú mar NHAanna nó CGSanna. | Líon na NHAanna agus CGSanna geolaíochta a sainíodh le linn saolré an phlean. | CCC | Athbhreithniú le linn saolré an phlean. | Láithreáin a roghnú do shainiú NHA agus GCS agus an próiseas sainithe a bheith déanta le linn saolré an phlean. | - |

# 15. ÍOGAIREACHT CHOMHSHAOIL CHARNACH

## 15.1. Réamhrá

Ullmhaíodh mapa d'íogaireacht chomhshaoil charnach do Chontae Chiarraí. Ullmhaíodh an mapa chun na ceantair ina raibh íogaireachtaí comhshaoil carnacha éagsúla a chur i láthair ar léaráid amháin.

Déantar cur síos ar an modheolaíocht a úsáideadh chun an mhapáil sin a ullmhú in Alt 15.2 thíos.

Mar gheall ar na ríomhanna a bhfuil gá leo chun an mhapáil veicteora a thiontú ina mapáil gréasáin, agus mar gheall ar na ríomhanna carnacha, úsáideadh picteilíní de mhéid 0.17 $km^2$. Ciallaíonn sé sin go bhfuil luach íogaireachta tugtha do gach 0.17 $km^2$.

## 15.2. Modheolaíocht na Mapála Íogaireachta Carnaí

Ullmhaíodh an léaráid trí na sonraí comhshaoil bunlíne ar fáil i bhformáid GIS a chur le chéile chun ceantair a mbaineann íogaireacht agus tábhacht chomhshaoil leo a aithint. Tá an modh seo bunaithe ar thaighde reatha ar GIS agus Measúnú ar Thionchar atá á dhéanamh ag DIT, UCD agus OÉ Má Nuad. Tá neamhchruinneas spásúil bunúsach i dtacair shonraí GIS agus nuair a chuirtear roinnt foinsí de thacair shonraí le chéile, méadaítear ar an neamhchruinneas sin. Moltar gan an mheasúnacht seo a úsáid ach ag leibhéal criosaithe straitéiseach agus le haghaidh na treorach ginearálta.

Ullmhaíodh íogaireacht chomhshaoil charnach trí gach tionchar comhshaoil a ualú e.g. bithéagsúlacht nó uisce ag brath ar a stádas Eorpach nó Náisiúnta, mar shampla, láithreáin atá faoi réir beartais chomhshaoil nó treoirlínte ag leibhéal Eorpach nó náisiúnta. Mar shampla, tugtar ráta níos airde do SAC nó SPA ná mar a thugtar do NHA nó láithreáin neamhainmnithe ina bhfuil leas náisiúnta. Tá an modh scórála céanna i gceist maidir le leochaileacht screamhuisce; fuair uiscígh a mbaineann tábhacht réigiúnach leo scór níos airde ná uiscígh le táirgeacht íseal nach mbaineann ach tábhacht áitiúil leo. Faigheann bogaigh agus coillearnacha duillsilteacha scóir níos airde ná tailte talmhaíochta bainistithe sa chatagóir a bhaineann le húsáid talún. Cuireadh criosanna

maolánacha i bhfeidhm freisin i gcás linnte, struchtúr agus láithreán a mbaineann luach oidhreachta leo, agus láithreán ainmnithe. Mar sin, is féidir cosaint níos mó a thabhairt do ghnéithe comhshaoil agus oidhreachta.

Cuireadh an scóráil a léirítear i dTábla 15.1 i bhfeidhm ar na hairíonna comhshaoil agus léirítear an mapa íogaireachta comhshaoil carnaí i bhFíor 15.1.

**Tábla 15.1 Eiseamláirí de Scóráil Comhshaoil**

| Airí Comhshaoil | Scór Ualaithe |
|---|---|
| Reachtaíocht Eorpach e.g. SAC | 0 nó 10 |
| Reachtaíocht náisiúnta e.g. NHA | 0 go 8 |
| Leochaileacht screamhuisce | 0 go 8 |
| Láithreacht linn screamhuisce | 0 go 8 |
| Aicme talún Corine | 0 go 8 |
| Láithreáin agus séadchomharthaí | 0 nó 8 |
| Uiscígh | 1 go 8 |
| Crios ina bhfuil leas féideartha seandálaíochta | 0 nó 6 |

I gcás na measúnachta carnaí a tugadh chun críche do Chontae Chiarraí, d'fhéadfaí uas-scór teoiriciúil de 74 a bhaint amach sa chás is measa dá mbeadh na huas-íogaireachtaí comhshaoil uile i gceist ag an láithreán céanna. Miondealaíodh na scóir mar pheircintílí den uas-scór chun na híogaireachtaí comhshaoil carnacha éagsúla sa cheantar staidéir agus i gceantar seach-chuir 1km a chur i láthair.

Bunaithe ar thorthaí na measúnachta carnaí, miondealaíodh na scóir mar seo a leanas:-

0-10 peircintíl – Oiriúnach do phleanáil mheasctha. Measann FTC go bhfuil ceantair leis na scóir sin oiriúnach d'fhormhór na gcineálacha forbartha.

10-25 peircintíl – Oiriúnach do phleanáil mheasctha faoi réir srianta comhshaoil. Measann FTC go bhfuil na ceantair seo oiriúnach do phleanáil mheasctha faoi réir srianta comhshaoil. Cuimsíonn na ceantair seo roinnt srianta comhshaoil ar chóir athbhreithniú a

dhéanamh orthu nuair atáthar ag criosú sna ceantair seo.

Nuair atá na ceantair seo á n-athbhreithniú chun deis forbartha a aithint, molann FTC scrúdú a dhéanamh orthu taobh leis na figiúirí bunlíne comhshaoil eile sa tuarascáil seo. Léireoidh sé sin foinse na híogaireachta comhshaoil agus ba chóir an cineál forbartha a mheasúnú chun a fháil amach cén tionchar a bheadh aige ar an ngné chomhshaoil áirithe seo.

25-100 peircintíl – Pleanáil theoranta. Measann FTC go bhfuil comhshaol na gceantar sin i mbaol ón bhforbairt. Tá scóráil na gceantar sin bunaithe ar bheartas agus reachtaíocht comhshaoil Eorpach agus náisiúnta, toisc go bhfuil ceantair éiceolaíocha ainmnithe, screamhuisce an-leochaileach agus láithreáin oidhreachta/séadchomharthaí ann.

## Fíor 15.1 Íogaireacht Chomhshaoil Charnach



## 15.3. Torthaí

De réir thorthaí na measúnachtaí is iad na ceantair is íogaire na ceantair timpeall ar Loch Léin agus Páirc Náisiúnta Chill Airne. Fuarthas go raibh tailte mórthimpeall ar Shléibhte Bandon, Sléibhte Stacks agus na Cruacha Dubha an-íogair freisin.

Fuarthas go raibh ceantair siar ó dheas ó Chathair Saidhbhín agus lastuaidh de Bhaile Uí Thaidhg níos urrúnta.

Ullmhaíodh Fíor 15.2 trí bhrúnna forbartha féideartha ó Mhol Thrá Lí/Chill Airne agus ceantair feidhmiúcháin eile a fhorleagan ar an mapa d'íogaireacht charnach. Réamhaithrisítear go dtiocfaidh méadú mór ar dhaonra agus ar bhrú forbartha i Mol Thrá Lí/Chill Airne. Baineann íogaireacht ag leibhéal measartha go leibhéal íseal le tailte idir Trá Lí agus Cill Airne agus mar sin ba chóir nach mbeadh mórán coinbhleachta idir forbairtí molta agus íogaireacht chomhshaoil.

D'fhéadfadh coinbhleachtaí teacht chun cinn sa cheantar feidhmiúcháin príomhúil idir an Daingean agus Abhainn an Scáil toisc go bhfuil íogaireachtaí comhshaoil méadaithe i gceist sa cheantar sin. D'fhéadfadh coinbhleacht teacht chun cinn sa cheantar feidhmiúcháin áitiúil idir an Coireán agus Oileán Ciarraí.

## Fíor 15.2 Brúnna Forbartha Contae agus Íogaireachtaí Comhshaoil



# 16.0 COMHROGHANNA FORBARTHA

## 16.1 Réamhrá

De réir na Treorach SEA, tá sé ina cheanglas dlí comhroghanna (nó roghanna) a fhorbairt agus a mheasúnú. Faoi Airteagal 5 (I.O. 2001) ba chóir do na pleananna agus do na daoine a mholann cláir na rudaí seo a leanas a chinntiú:

- Go n-aimsítear comhroghanna réasúnta a chuireann cuspóirí agus raon feidhme geografach an phlean nó an chláir san áireamh, agus go ndéantar cur síos agus meastóireacht ar na comhroghanna sin (Airteagal 5.1)
- Go gcuimsíonn an Tuarascáil Chomhshaoil 'breac-chuntas ar na cúiseanna a roghnaíodh na comhroghanna ar déileáladh leo' (Iarscríbhinn 1(h))
- Go n-ullmhaítear ráiteas a thugann achoimre ar '...na cúiseanna a roghnaíodh an plean nó clár a glacadh, i bhfianaise na gcomhroghanna réasúnta ar déileáladh leo' (Airteagal 9.1(b)).

Aithníonn an chuid seo den Tuarascáil Chomhshaoil na creatlacha scéil forbartha éagsúla a ndearna Comhairle Contae Chiarraí agus an fhoireann SEA measúnacht orthu. Nuair a rinneadh meastóireacht ar na comhroghanna, cuireadh fís an dréacht-Phlean Forbartha Contae agus raon feidhme geografach an Phlean san áireamh.

**Cur síos ar Chomhroghanna**

Rinneadh trí chomhrogha a mheas le linn ullmhú an Phlean Forbartha. Is iad seo a leanas na comhroghanna sin:

**Creatlach scéil 1:** An Contae a scaradh de réir toghcheantair le Pleananna Ceantair Áitiúil (LAPanna) sonracha

**Creatlach scéil 2:** An Contae a scaradh de réir lonnaíochta le Pleananna Ceantair Áitiúil sonracha

**Creatlach scéil 3:** An Contae a scaradh de réir ceantar feidhmiúcháin bunaithe ar gheilleagair agus lonnaíochtaí.

## 16.2 Measúnacht ar Chomhroghanna i gComparáid le Cuspóirí Comhshaoil

Úsáideadh na cuspóirí comhshaoil i dTábla 5.1 den Tuarascáil Chomhshaoil chun measúnacht a dhéanamh ar na creatlacha scéil éagsúla. Déantar cur síos ar thorthaí na measúnachta thíos.

Creatlach scéil 1: Toghcheantair le Pleananna Ceantair Áitiúil Sonracha (LAPanna)

Sa chreatlach scéil seo, ullmhaítear LAP do gach toghroinn sa Chontae. Ní dhéanfadh an chreatlach scéil seo foráil d'fhás inbhuanaithe nó eacnamaíoch i gContae Chiarraí. Níl feidhmiú an Chontae bunaithe ar línte teorann polaitiúla. Is minic a thrasnaíonn ceantair feidhmiúcháin teorainneacha toghcheantair. Dá ndéanfaí pleanáil bunaithe air seo, ní aithneofaí na roghanna is éifeachtaí maidir le hiompar nó soláthar bonneagair. Ní tharlódh forbairtí sna ceantair ina mbeadh an tionchar dóchúil is lú acu ar an timpeallacht nádúrtha agus ar shócmhainní ábhartha. D'fhéadfadh an straitéis lonnaithe seo fairsingiú uirbeach i suímh mhíchuí a cheadú, rud a chiallódh go gcaillfí an t-idirdhealú idir ionaid tuaithe agus uirbeacha.

Trí mheán pleanáil uirbeach neamhchomhordaithe, chuirfeadh tionchar na creatlaí scéil pleanála seo brú méadaithe ar cheantair tuaithe agus ar uisce ó thaobh éilimh agus truailliú féideartha de. D'fhéadfadh an chreatlach scéil seo méadú ar an mbrú atá ann do thithe tuaithe aonair a d'fhéadfadh a bheith gan seirbhísí. Bheadh córas cóireála ar leith ag teastáil ó na tithe seo, agus d'fhéadfadh sceitheanna chuig sruthchúrsaí nó screamhuisce gar dóibh a bheith i gceist mura gcoinneofaí na córais sin i gceart.

Bhainfeadh costas eacnamaíoch ard le bonneagar, uisce, cóireáil fuíolluisce agus áiseanna a chur ar fáil.

Ní hí an chreatlach scéil seo an chreatlach scéil barrfhabhair.

Creatlach scéil 2: Ceantair Lonnaíochta bunaithe ar 87 LAP

Sa chreatlach scéil seo, bheadh 87 LAP ar leith do na lonnaíochtaí móra i gContae Chiarraí. Beartaítear go gcuirfí treoirlínte pleanála sonracha ar fáil do gach LAP ar leith. Mar sin féin, mar gheall ar mhéid bheag roinnt de na lonnaíochtaí, seans nach mbeadh bonneagar leordhóthanach cosúil le huisce agus cóireáil fuíolluisce ar fáil.

Féachann an chreatlach scéil seo ar gach lonnaíocht léi féin, agus ní thugann sí

forbhreathnú ar conas a fheidhmíonn na ceantair; mar sin déantar pleanáil ar bhonn leithleach. D'fhéadfadh sé sin bheith ina chúis le soláthar neamhéifeachtach seirbhísí agus patrúin iompair mar gheall ar easpa comhordaithe idir pleanáil lonnaíochtaí.

D'fhéadfadh sceitheanna ó thithe laistigh den lonnaíocht níos lú dul chuig umar seipteach nó chuig ionaid chóireála fuíolluisce aonair. Mura gcoinneofaí na bearta rialaithe seo go leordhóthanach nó mura ndéanfaí iad a sheirbhísiú go leordhóthanach, d'fhéadfaí an t-uisce agus an screamhuisce a thruailliú.

Creatlach scéil 3: Ceantair Feidhmiúcháin Shonraithe bunaithe ar Gheilleagair agus Lonnaíochtaí

Sa chreatlach scéil seo, ceadaítear roinnt comhbhabhtálacha idir riachtanais forbartha agus cosaint comhshaoil. Déanann sé foráil d'fhorbairt Mhol Thrá Lí/Chill Airne agus forbairt na gceantar feidhmiúcháin príomhúil cosúil leis an Daingean agus Cathair Saidhbhín. Déanann sé foráil freisin do sholáthar bonneagair chun freastal ar an méadú ionchais ar dhaonra sna ceantair seo. Más rud é go dtarlóidh coinbhleacht idir forbairt agus an comhshaol, féadfar bearta maolaithe leordhóthanacha a chur i bhfeidhm chun na hiarmhairtí a leigheas.

Déanann an chreatlach scéil seo foráil d'fhorbairt rialaithe laistigh den Chontae agus foráil do phleanáil mheasctha uirbeach agus faoin tuath. Féachann sé ar conas a fheidhmíonn an Contae ar leibhéal praiticiúil in ionad féachaint air ar leibhéal na dteorainneacha polaitiúla, agus rangaíonn sé soláthar seirbhísí i ngrúpaí feidhmiúcháin, rud a dhéanann foráil do sholáthar níos éifeachtaí seirbhísí bonneagair.

Déanann an chreatlach scéil foráil do chosaint láithreán ainmnithe agus linnte laistigh den Chontae. D'aithin staidéir déanta ag an gComhairle na riachtanais maidir le huasghrádú agus tógáil ionaid chóireála fuíolluisce nua. Cuimsíonn an chreatlach scéil seo soláthar uisce inólta don phobal freisin.

## 16.3 Measúnacht ar Chomhroghanna i gComparáid le Cuspóirí Comhshaoil

Tugadh an mheasúnacht seo chun críche chun a fháil amach cén tionchar a bheadh ag na creatlacha scéil malartacha ar bhunlíne comhshaoil Chontae Chiarraí.

Toghcheantair le LAPanna sonracha

Dá scarfaí an Contae de réir toghcheantair, bheadh tionchar diúltach den chuid is mó aige ar an mbunlíne comhshaoil. Réamhaithrisítear go mbeadh iarmhairtí diúltacha i gceist don uisce, do bhithéagsúlacht, don daonra agus do shócmhainní ábhartha. Tá stádas cáilíochta reatha an uisce íseal, go háirithe timpeall ar na lonnaíochtaí níos mó cosúil le Cill Airne agus Trá Lí. Dá ndéanfaí an contae a scaradh de réir toghcheantair bheadh gá le níos mó ionaid chóireála fuíolluisce toisc nach mbeadh aon fhócas ar lárú daonraí. Féadfaidh na saoráidí nua dearadh 500 P.E. a úsáid agus mar sin ní bheadh orthu bheith ceadúnaithe agus rialaithe ag an EPA faoi na Rialacháin nua um Sceitheadh Fuíolluisce 2007. Meastar freisin go mbeadh iarmhairt dhiúltach ag an gcreatlach scéil seo ar bhithéagsúlacht toisc go dtógfaí níos mó talún chun tithíocht agus seirbhísí a chur ar fáil a bheadh scaipthe thar cheantar níos éagsúla agus bheadh líon níos mó láithreán ainmnithe i mbaol. Réamhaithrisítear go mbeadh tionchar diúltach aige ar dhaonra toisc go mbeadh seirbhísí cosúil le hoideachas curtha ar fáil achair níos faide ó dhaoine mar gheall ar dhaonraí níos scaipthe agus bheadh éileamh níos mó ar sholáthar iompair phoiblí. Bheadh tionchar diúltach i gceist do shócmhainní ábhartha toisc go mbeadh daonraí níos scaipthe i gcontae scartha de réir toghcheantair agus bheadh ar shócmhainní ábhartha cosúil le soláthar uisce, leathanbhanda, fuíolluisce agus bonneagar bainistíochta dramhaíola freastal ar cheantar i bhfad níos mó.

Ní réamhaithrisítear go mbeadh aon iarmhairtí i gceist d'oidhreacht chultúrtha ná d'ithreacha/geolaíocht dá gcuirfí scaradh de réir toghcheantair i bhfeidhm. Tá oidhreacht chultúrtha dea-rialaithe i gCiarraí agus dá mbainisteofaí an Contae de réir toghcheantair, ní chuirfí isteach ar an rialú docht atá i bhfeidhm cheana féin. Ní bheadh tionchar ag scaradh de réir toghcheantair ar ithreacha agus geolaíocht. Bheadh tionchar dearfach aige ar aer agus aeráid toisc nach mbeadh scaradh de réir toghcheantair spreagtha ag forbairt daonra agus d'fhanfadh scaipeadh daonra mar atá sé faoi láthair. Bheadh astú aeir bainteach ó na daonraí seo scaipthe fós. D'fhéadfadh an tionchar ar an tírdhreach a bheith dearfach nó diúltach toisc go mbeadh forbairtí níos scaipthe, rud a laghdódh tionchair shuntasacha forbairtí móra agus a choinneodh íomhá na timpeallachta tuaithe, ach bheadh níos mó tithíocht scaipthe rud a d'fhéadfadh dul i gcion go diúltach ar charachtar an tírdhreacha.

Lonnaíochtaí le LAPanna sonracha

Réamhaithrisítear go mbeadh iarmhairtí diúltacha ar uisce agus bithéagsúlacht i gceist dá gcuirfí an chreatlach scéil maidir le LAPanna lonnaíochtaí i bhfeidhm. Mar aon leis an gcreatlach scéil a bhaineann le scaradh de réir toghcheantair, bheadh daonra níos scaipthe ina chúis le líon níos mó d'ionaid chóireála fuíolluisce níos lú, roinnt acu a bheadh ar mhéid chomh beag nach mbeadh sé de cheanglas orthu ceadúnú cóireála fuíolluisce a fháil ón EPA. Mar sin, bheadh riosca níos mó i gceist maidir le cáilíocht uisce. Meastar freisin go mbeadh iarmhairt dhiúltach ag an gcreatlach scéil seo ar bhithéagsúlacht toisc go dtógfaí níos mó talún chun tithíocht agus seirbhísí a chur ar fáil a bheadh scaipthe thar cheantar níos éagsúla agus bheadh líon níos mó láithreán ainmnithe i mbaol. Bheadh tionchar diúltach i gceist do shócmhainní ábhartha toisc go mbeadh daonraí níos scaipthe sa chreatlach scéil seo, cé go mbeadh siad ag 87 lonnaíocht ainmnithe, agus bheadh ar shócmhainní ábhartha cosúil le soláthar uisce, leathanbhanda, fuíolluisce agus bonneagar bainistíochta dramhaíola freastal ar cheantar i bhfad níos mó.

Ní réamhaithrisítear go mbeadh aon iarmhairtí i gceist d'oidhreacht chultúrtha ná d'ithreacha/geolaíocht. Ní réamhaithrisítear go mbeadh aon iarmhairtí i gceist d'oidhreacht chultúrtha ná d'ithreacha/geolaíocht dá gcuirfí an chreatlach scéil seo i bhfeidhm. Tá oidhreacht chultúrtha dea-rialaithe i gCiarraí agus dá mbainisteofaí an Contae de réir creatlach scéil a bhainfeadh go sonrach le lonnaíochtaí, ní chuirfí isteach ar an rialú docht atá i bhfeidhm cheana féin. Ní bheadh tionchar ag an gcreatlach scéil seo ar ithreacha ná ar gheolaíocht.

Bheadh tionchar dearfach aige ar aer agus aeráid toisc go gcoinneodh agus go bhforbródh an chreatlach scéil seo na lonnaíochtaí reatha atá scaipthe ar fud an chontae in áit ionaid ard-dlúis daonra a fhorbairt. Bheadh astú aeir bainteach ó na daonraí seo scaipthe fós. Bheadh tionchar dearfach aige ar dhaonra toisc go bhfuil an chreatlach scéil dírithe ar lonnaíochtaí reatha agus chuimseodh an plean ceantair áitiúil do gach lonnaíocht saincheisteanna a bhainfeadh le cáilíocht beatha. Mar a luadh cheana, bheadh tionchar diúltach aige ar na seirbhísí do na lonnaíochtaí seo mar shócmhainní ábhartha mar gheall ar leathadh an daonra. Bheadh tionchar dearfach aige ar an tírdhreach toisc go gcuimseodh LAP gach lonnaíochta caighdeáin do mheasúnacht tírdhreacha i ngach LAP. D'fhéadfadh iarmhairt dhiúltach a bheith i gceist, áfach, mura gcuirfí na caighdeáin chéanna i bhfeidhm sna LAPanna uile.

Ceantair feidhmiúcháin shonraithe

Réamhaithrisítear go mbeadh tionchar dearfach ag an gcreatlach scéil a bhaineann le ceantair feidhmiúcháin ar cháilíocht uisce. Bheadh seirbhísí cóireála fuíolluisce níos láraithe sa chreatlach scéil seo agus bheadh ionaid níos mó le P.E. níos mó ná 500 i gceist agus mar sin bheadh siad faoi réir na rialacháin EPA um cheadúnú fuíolluisce. Bheadh tionchar dearfach aige ar an daonra freisin mar d'fhorbródh an chreatlach scéil seo ceantair láraithe cosúil le mol Thrá Lí-Chill Airne agus na ceantair phríomhúla/thánaisteacha agus mar sin bheadh daonraí le dlús níos airde ann. Cuirfear bonneagar ar fáil do na ceantair sin agus beidh tionchar dearfach aige sin ar sholáthar sócmhainní ábhartha. Tá cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh go maith sa Chontae, ach bheadh líon níos mó gluaisteán príobháideach agus astuithe aeir níos mó sna hionaid daonra níos dlúithe cruthaithe ag an mol agus ag na ceantair feidhmiúcháin. Meastar freisin go mbeadh tionchar diúltach ag an gcreatlach scéil seo ar bhithéagsúlacht toisc go mbeidh gá le tailte breise le haghaidh forbairtí cónaitheacha agus seirbhíse mar gheall ar fhorbairt ionaid daonra agus lonnaíochtaí níos dlúithe, agus caillfear gnáthóga mura mbainfear úsáid iomlán as láithreáin athfhorbraíochta.

Ní mheastar go mbeadh tionchar ag an gcreatlach scéil seo ar oidhreacht chultúrtha, ithreacha, geolaíocht agus sócmhainní ábhartha. Tá oidhreacht chultúrtha dea-rialaithe i gCiarraí agus dá mbainisteofaí an Contae de réir creatlach scéil a bhainfeadh go sonrach le lonnaíochtaí, ní chuirfí isteach ar an rialú docht atá i bhfeidhm cheana féin. Ní bheadh tionchar ag an gcreatlach scéil seo ar ithreacha ná ar gheolaíocht. Ní mheastar go mbeadh aon tionchar aige ar shócmhainní ábhartha toisc go bhfuil an chreatlach scéil ag forbairt na lonnaíochtaí reatha níos mó ina bhfuil fóntais agus seirbhísí á bhforbairt i láthair na huaire.

## 16.4 An Straitéis Roghnachais

Bunaithe ar an measúnú ar an gcomhshaol déanta le haghaidh na trí chreatlach scéil mhalartacha, fuarthas gur chóir do Chreatlach Scéil 3, a léiríonn an cur chuige maidir leis na ceantair feidhmiúcháin mhoil, a bheith mar straitéis roghnachais an Chontae. Aithníonn an chreatlach scéil seo an chobhsaíocht ar gá í a bhaint amach idir an comhshaol, cáilíocht beatha agus forbairt.

**Figure 16.1 Alternatives Assessment**

| | Geographical Extent | Area Segregation Options | Environmental Objectives Assessment | Existing Environmental Baseline Impact Assessment | Compliance with National Spatial Policy and Regional Planning Guidelines |
|---|---|---|---|---|---|
| Alternatives Decision | No option available, geographical extent fixed to county scale. | 1. Segregate county by set electoral areas with specific LAPs | Less favoured | Less favoured | Less favoured |
| | | 2. Segregate county by settlements with specific LAPs | Least favoured | More favoured | Less favoured |
| | | 3. Segregate county by defined functional areas based on economies and settlements | More favoured | More favoured | Most favoured |

Environmental Assessment

**KEY:**

| Assessment Impact Ratings | |
|---|---|
| Positive Impact | |
| Negative Impact | |
| No impact anticipated | |
| Positive or negative | |
| Uncertain | |

| Electoral Area Segregation | |
|---|---|
| Water | |
| Biodiversity | |
| Cultural heritage | |
| Population | |
| Soils and geology | |
| Material Assets | |
| Air and climate | |
| Landscape | |

| Settlement Area Segregation | |
|---|---|
| Water | |
| Biodiversity | |
| Cultural heritage | |
| Population | |
| Soils and geology | |
| Material Assets | |
| Air and climate | |
| Landscape | |

| Functional Area Segregation | |
|---|---|
| Water | |
| Biodiversity | |
| Cultural heritage | |
| Population | |
| Soils and geology | |
| Material Assets | |
| Air and climate | |
| Landscape | |

| Electoral Area Segregation | |
|---|---|
| Water | |
| Biodiversity | |
| Cultural heritage | |
| Population | |
| Soils and geology | |
| Material Assets | |
| Air and climate | |
| Landscape | |

| Settlement Area Segregation | |
|---|---|
| Water | |
| Biodiversity | |
| Cultural heritage | |
| Population | |
| Soils and geology | |
| Material Assets | |
| Air and climate | |
| Landscape | |

| Functional Area Segregation | |
|---|---|
| Water | |
| Biodiversity | |
| Cultural heritage | |
| Population | |
| Soils and geology | |
| Material Assets | |
| Air and climate | |
| Landscape | |